



Príomhbhord Iascaigh agus Boird Iascaigh Réigiúnacha Tuarascáil Bhliantúil Dheiridh 18 mí dar críoch 30 Meitheamh, 2010.



Príomhbhord Iascaigh agus Boird
Iascaigh Réigiúnacha

Ullmhaithe agus Curtha Faoi Bhráid ag Príomhbhord Iascaigh agus Boird Iascaigh Réigiúnacha

Ráiteas Misin

A chinntiú go ndéantar acmhainní nádúrtha luachmhara na n-iascach intíre agus na slatiascaireachta mara a chaomhnú, a bhainistiú, a fhorbairt agus a chur chun cinn as a gceart féin agus tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíocht gheilleagrach inbhuanaithe, fóntas siamsaíochta agus cruthú poist.

Na Boird Iascaigh

Gníomhaireachtaí reachtúla is ea na Boird Iascaigh atá freagrach as na hiascaigh intíre in Éirinn agus feidhmíonn siad faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Is iad príomhfheidhmeanna an Phríomh-Bhoird Iascaigh ná:

- Comhairle a thabhairt don Aire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha maidir le beartais a bhaineann le hiascaigh intíre a chaomhnú, a chosaint, a bhainistiú, a fhorbairt agus a fheabhsú;
- Sainseirbhísí tacaíochta a thacú, a chomhordú agus a sholáthar do na seacht mBord Iascaigh Réigiúnacha; agus,
- Comhairle a thabhairt don Aire ar conas a chomhlíonann na Boird Iascaigh Réigiúnacha a bhfeidhmeanna.

Tá na seacht mBord Iascaigh Réigiúnacha freagrach as na hiascaigh intíre ina réigiúin féin a chaomhnú, a chosaint, a fhorbairt, a bhainistiú agus a chur chun cinn. Tá sé de dhualgas orthu comhordú agus comhoibriú lena chéile chun seirbhís iascach náisiúnta a sheachadadh, ag glacadh le prionsabail na hinbhuanaitheachta agus na bithéagsúlachta agus ag caomhnú na speiceas ar fad atá sna héiceachórais uisce intíre.

Comhaltaí an Phríomh-Bhoird Iascaigh

An tUas. David Mackey (Cathaoirleach)

Mary Bohan, Uasal	An tUas. Éamon de Buitléar
An tUas. Paddy Byrne	An tUas. Eamon Cusack
Paula Carroll, Uasal	An tUas. John Henry McLaughlin
An tUas. Myles Kelly	An tUas. Naul McCole

An Fhoireann Bainistíochta Shinsearach

An Dr. Ciaran Byrne	An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Dr. Cathal Gallagher	Stiúrthóir na Seirbhísí Seachtracha
An tUas. David Byrne	Stiúrthóir Cur Chun Cinn agus Margaíochta
An tUas. Kieran Murphy	Stiúrthóir Acmhainní Daonna
Nuala O'Byrne, Uasal	Stiúrthóir Airgeadais agus TFC
An Dr. Cathal Gallagher	Stiúrthóir Taighde agus Forbartha

Clár Ábhair

Ráiteas ón gCathaoirleach

Tráchtaí ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

An Príomh-Bhord Iascaigh

Seirbhísí Seachtracha

Acmhainní Daonna

Airgeadas/TFC

Taighde agus Forbairt

Cur Chun Cinn agus Margaíocht

Boird Iascaigh Réigiúnacha / Comharchumann Iascaigh

Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir / Comharchumann Iascaigh an Oirthir

Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt / Comharchumann Iascaigh an Deiscirt

Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt / Comharchumann Iascaigh an Iardheiscirt

Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne / Comharchumann Iascaigh na Sionainne
Uachtaraí agus Íochtaráí

Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair / Comharchumann Iascaigh an Iarthair

Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt / Comharchumann Iascaigh an Iarthuaiscirt

Bord Iascaigh Réigiúnach an Tuaiscirt / Comharchumann Iascaigh an Tuaiscirt

Aguisíní

Aguisín 1. Forbairt iascach agus suirbhéanna a tugadh fúthu sa bhliain 2009/2010.

Aguisín 2. Tuarascáil na bliana 2009/2010 um rialú ar thruailliú agus cáilíocht uisce.

Aguisín 3. Tuarascáil stocála éisc na bliana 2009/2010.

Aguisín 4a. Tuarascáil um cheadúnais iascaireachta agus iascaigh faoi bhainistiú na mBord 2009.

Aguisín 4b. Tuarascáil um cheadúnais iascaireachta agus iascaigh faoi bhainistiú na mBord 2010.

Aguisín 5. Tuarascáil chosanta agus faireachais 2009/2010.

Aguisín 6. Tuarascáil foirne 2010.

Aguisín 7. Comhaltaí na mBord Iascaigh Réigiúnach 2010.

Aguisín 8. Díolachán ceadúnais slatiascaireachta agus logleabhair a seoladh ar ais i ngach Bord Iascaigh Réigiúnach sa bhliain 2009.

Aguisín 9a. Sonraí ar dhíolachán ceadúnais slatiascaireachta i ngach Bord Iascaigh Réigiúnach sa bhliain 2009.

Aguisín 9b. Sonraí ar dhíolachán ceadúnais slatiascaireachta i ngach Bord Iascaigh Réigiúnach sa bhliain 2010.

Aguisín 10. Gabhálacha tráchtála agus slatiascaireachta de bhreac geal agus bradán de réir abhann ó thorthaí logleabhair sa bhliain 2009.

Aguisín 11. Speicis mhuirí clibeáilte agus athghafa suas go dtí Mí na Nollag 2009.

Fig 1. Píchairt den ghabháil bradán agus breac geal thráchtála agus slatiascaireachta ag báid faoi inneall sa bhliain 2009.

Fig 2. Barra-chairt den chéatadán logleabhar seolta ar ais i ngach Bord Iascaigh Réigiúnach sa bhliain 2009.

Fig 3. Píchairt de náisiúntacht na slatiascairí a cheannaigh ceadúnais iascaireachta bradán sa bhliain 2009.

Fig 4. Píchairt de dhiúscairt na mbradán gabháilte i líon tarraingthe sa bhliain 2009.

Ráiteas ón gCathaoirleach

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil Dheiridh don Phríomh-Bhord Iascaigh agus do na Boird Iascaigh Réigiúnacha a chur i láthair don tréimhse ocht mí déag, ó Eanáir 2009 go dtí Meitheamh 2010. Tá mionchur síos sa tuarascáil ar an obair a rinne na Boird agus ar na seirbhísí a chuir na Boird ar fáil le linn na tréimhse sin.

I ndiaidh don Rialtas fógairt i Mí Dheireadh Fómhair 2008 go gcomhchuimseofaí an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha i ngníomhaireacht nua iascaigh náisiúnta, bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe Athstruchtúraithe (GFA) chun dréacht-doiciméad Ceann Bille a fhorbairt, a bheadh mar bhonn reachtaíochta, chun an ghníomhaireacht nua a bhunú. Ghlac an Rialtas go foirmiúil leis na moltaí leis an tseirbhís iascaigh a chuíchóiriú i lár na bliana 2009 agus ceapadh an Dr. Ciarán Byrne mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ainmnithe na gníomhaireachta nua i Mí Lúnasa 2009.

I ndiaidh plé a dhéanamh leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste maidir leis an trasdul ón bPríomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha go hIascaigh Intíre Éireann ar 1ú Iúil 2010 glacadh leis go mbeadh an cur chuige is stuama ná sraith cuntas a ullmhú do na sé mhí déag amháin don tréimhse Eanáir 2009 go dtí Meitheamh 2010. Chuaigh sé sin ar aon dul le díscaoileadh na mBord agus le bunadh Iascaigh Intíre Éireann. Tá na cuntais seo á n-iniúchadh faoi láthair agus mar sin de, tá cuntas déanta orthu ag deireadh gach cuid den Bhord Iascaigh Réigiúnach i ndrucht-fhormáid neamhiniúchta.

Tréimhse dhúshlánach don Phríomh-Bhord Iascaigh agus do na Boird Iascaigh Réigiúnacha ab iad na sé mhí déag ó Eanáir 2009 go dtí Meitheamh 2010, mar a bhí ann don earnáil phoiblí i gcoitinne, agus d'earnálacha an gheilleagair níos forleithne den chuid is mó. Ina ainneoin sin uile, d'éirigh le foireann na mBord le clár oibríochtaí gnó-dhírthe cuimsitheach a sheachadadh i bpríomhachair chaomhnaithe, fhorbartha, chosanta agus dhul chun cinn.

Chomhlíon an Príomh-Bhord Iascaigh na riachtanais rialachais uile de réir mar a leagadh amach i gCód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit, a foilsíodh

Meitheamh 2009. Seachadadh na seirbhísí go léir le linn na tréimhse sin agus éiteas an Phríomh-Bhoird Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha “luach ar airgead” á aithint, mar shampla úsáideadh áiseanna soláthair láraithe de chuid Gníomhaireacht an Rialtais um Sholáthar (GSA) chun réimse maith trealaimh oibriúcháin a cheannach, rud a bhí in ann méid suntasach airgid a choigilt. Comhlíon an Bord gach riachtanas beartais maidir le Taisteal.

D’aithin an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha freisin an méid suntasach a thug turasóireacht agus slatiascaireacht siamsaíochta do gheilleagar na hÉireann chun feabhas a chur ar cháilíocht saol na ndaoine. Le linn na tréimhse sin lean na Boird ag obair lena gcomhpháirtithe turasóireachta agus leis an tionscadal le Straitéis Mhargaíochta do Thurasóireacht Slatiascaireachta a sheachadadh agus le slatiascaireacht caitheamh aimsire a fhorbairt do chách.

Bhí méadú suntasach sa bhliain 2009 ar obair monatóireachta ar an gClár um Chreat-Treoir Uisce (CTU) agus cuireadh tús le cláir mhonatóireachta freisin le linn na bliana 2009 chun oibleagáidí ag Éirinn a chomhlíonadh de réir larscríbhinn II de Threoir maidir le Gnáthóga agus Rialacháin Eascann. Leanadh obair ar an dá chlár le linn an chéad chuid de 2010. D’éirigh le seachadadh na gclár sin mar gheall ar thiomantas agus ar obair na foirne i ngach Bord.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí eile an Bhoird as a dtiomantas agus tacaíocht a thug siad le linn na tréimhse seo. Agus an bhliain seo an ceann deireanach a bheas ann, ba mhaith liom buíochas agus ardmholadh toilteanach ó chroí a ghabháil le comhaltaí, le lucht bainistíochta agus le foireann an Phríomh-Bhoird Iascaigh agus na mBord Iascaigh Réigiúnach le linn na mblianta anuas. Tríd an bhfuinneamh, obair dhíograiseach agus lán-tiomantas a léirigh siad, tá feabhas doscrista déanta ar mhaithe le hearnáil iascaigh intíre Éireann. Cé go raibh na hocht mí déag deacair do chách, ba mhaith liom foireann agus lucht bainistíochta na mBord a mholadh as an dóigh ar fhreagair siad in aghaidh na ndúshlán a bhí acu.

Dúshlán mór eile a bheas ann sa dara leath 2010 don earnáil iascaigh intíre, ach don chéad uair ó bhunaíodh an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha sa bhliain 1980, áfach, tabharfaidh gníomhaireacht nua amháin

iascaigh intíre aghaidh ar na dúshláin, Iascaigh Intíre Éireann. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun gach rath a ghuí ar obair na Gníomhaireachta nua agus nach bhfuil aon dabht agam go bhfaighidh sé lántacaíocht ó na sealbhóirí uile a bhfuil baint acu leis an earnáil iascaigh intíre ina cuid oibre agus dianiarrachtaí sna blianta romhainn.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, Éamon Ryan TD, agus le hoifigigh na Roinne as a dtacaíochta leanúnach.



David Mackey
Cathaoirleach
Nollaig 2010

Trácht ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Dr. Ciaran Byrne

Leagtar amach sa tuarascáil seo an obair a rinne an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha le linn ocht mí déag ó Eanáir 2009 go dtí Meitheamh 2010 chun bainistíocht na n-earnálacha iascaigh intíre agus slatiascaireachta farraige a chur chun cinn in Éirinn Tréimhse an-dúshlánach a bhí ann, ach rathúil do na Boird le líon tionscnamh ollmhór nua tosaithe agus seachadta.

Glac le gach Bord le Cód Cleachtais Leasaithe um Rialachas Chomhlachtaí Stáit a foilsíodh Meitheamh 2009. Sna blianta 2009/10, fuair na Boird Iascaigh deontas Stáitchiste €42 milliún nuair a ghlactar 18 mí cistiúcháin san áireamh, as a leathroinneadh €28.3 milliún nó 67.5% den deontas iomlán i dtreo costais a íoc.

Iascaigh Intíre Éireann

I ndiaidh fógairt go gcomhchuimseofaí an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha i ngníomhaireacht nua iascaigh náisiúnta i Mí Dheireadh Fómhair 2008, bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe Athstruchtúraithe (GFA), chun an trasdul seo a chur chun cinn. Tháinig an grúpa seo le chéile ar bhonn reatha le linn an chéad leath de 2009, rinne forbairt ar cheann bile do reachtaíocht iascaigh intíre nua agus rinne plean riaracháin ar thrasdul chuig an ngníomhaireacht nua. I lár na bliana 2009, ghlac an Rialtas go foirmiúil leis an moladh leis an tSeirbhís Iascaigh a chuíchóiriú agus i Mí Lúnasa 2009 ceapadh Príomhfheidhmeannach Feidhmiúcháin an Phríomh-Bhoird Iascaigh mar Príomhfheidhmeannach Feidhmiúcháin ainmnithe na Gníomhaireachta nua agus an post aige bheith ag obair i gcomhar leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha agus le Bainistíocht shinsearach na mBord chun Iascaigh Intíre Éireann a bhunú.

Acmhainní Daonna

Choinnigh an Bord caidreamh tionsclaíoch seasmhach, sholáthair an Clár Oiliúna Náisiúnta agus thug tacaíocht sláinte & sábháilteachta do na Boird Iascaigh Réigiúnacha. Ba é an leibhéal céanna soláthair seirbhíse a choinneáil agus tacaíocht agus seirbhísí a chur ar fáil don phobal agus do gach Bord Iascaigh Réigiúnach in ainneoin laghdú dáiríre ar chistiúchán agus in aghaidh toirmeasc earcaíochta san earnáil phoiblí ar na príomhdhúshláin ar tugadh aghaidh orthu le linn na tréimhse.

Taighde & Forbairt

Thug eolaithe na Rannóige Taighde agus Forbartha clár taighde agus forbartha, mar a bhí leagtha amach i bplean gnó an Bhoird in 2009 agus 2010, rud thug léiriú níos fearr lenár dtuiscint ar speicis na n-iasc fionnuisce agus éisc shiamsaíochta mara. Tréimhse rathúil a bhí ann freisin maidir le comhoibriú eolaíochta le comhghníomhaireachtaí, Oifig na nOibrithe Poiblí, Uiscebhealaí Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Foras na Mara. Cuireadh a lán de na tionscadail tábhachtacha taighde agus forbartha ar fáil le linn na tréimhse seo toisc an comhoibriú rathúil seo. Mar aon leis sin, chuir eolaithe na Rannóige seirbhís chomhairle agus tacaíochta uileghabhálach ar fáil do na Boird Iascaigh Réigiúnacha.

Toisc maoiniú a chuir ár Máthair-Roinn ar fáil, bhí foireann an Phríomhbhord Iascaigh agus foireann na mBord Iascaigh Réigiúnach in ann tabhairt faoi sceideal iomlán suirbhéireachta ar an gCreat-Treoir Uisce le linn 2009 agus 2010. Mar chuid den obair sa chlár monatóireachta faireachais rinneadh sampláil ar 23 loch, 54 láithreán abhann agus 23 láithreán idirchrosach agus suas le ceithre fhoireann mhonatóireachta de chuid an Phríomh-Bhoird Iascaigh agus na mBord Iascaigh Réigiúnach ag obair go comhuaineach. Tá an Chreat-Treoir Uisce ar cheann de na tionscadail is tábhachtaí le tabhairt faoi san earnáil éisc intíre mar seo é an chéad suirbhé náisiúnta de speicis na n-iasc go léir. Cuirfidh sé mórchuid sonraí tábhachtacha ar fáil, ní hé amháin go gcomhlíonfar ceanglais na hÉireann maidir le héisc sa Treoir, ach tabharfar tuiscint uileghabhálach do bhainisteoirí iascaigh ar líon éisc agus a dinimicí athraitheacha. In éineacht leis an gCreat-Treoir Uisce, thosaigh eolaithe ón Rannóg in éineacht le comhghleacaithe as gníomhaireachtaí eile ar chlár mhonatóireachta do Rialacháin maidir le heascanna agus don Treoir um Ghnáthóga mar tá oibleagáidí tuairiscithe reachtúla ag Éirinn faoi cheachtar de chodanna reachtaíochta na hEorpa seo.

Margaíocht Slatiascaireachta

Rinne an Rannóg Margaíochta Slatiascaireachta an-dul chun cinn le linn na tréimhse ar an Straitéis Mhargaíochta Turasóireachta Slatiascaireachta i gcomhpháirtíocht leis na príomh-geallshealbhóirí lena n-áirítear na Boird Iascaigh Réigiúnacha, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann. D'oibrigh foireann na Rannóige i gcomhar le geallsealbhóirí tábhachtacha eile lena n-áirítear Gníomhaireacht na Lochanna agus Uiscebhealaí Éireann chun Éire a chur chun cinn mar phríomh-cheannscríbe slatiascaireachta.

D'fhreastail foireann um chur chun cinn slatiascaireachta ón bPríomh-Bhord Iascaigh agus ó na Boird Iascaigh Réigiúnacha ar líon taispeántas slatiascaireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áirítear sa dul chun cinn Ireland Angling Show, Birr Castle Country Fair agus National Ploughing Championships. Chuir taispeántais ag na seónna sa bhaile agus thar lear araon méadú ar fheasacht ar an táirge slatiascaireachta agus bíonn méadú ar líon na gcuariteoirí de thairbhe ar Éirinn a chur chun cinn mar phríomh-cheannscríbe slatiascaireachta.

Le linn 2009 seoladh faisnéis faoin slatiascaireachtó láithreán gréasáin PBI chuig láithreán gréasáin slatiascaireachta nua, www.fishinginireland.info. Cinntíonn an láithreán gréasáin seo go gcuirtear cáilíocht agus éagsúlacht an táirge i láthair i ndóigh is fearr do thurasóirí slatiascaireachta agus faoi láthair is é an príomhláithreán gréasáin maidir le faisnéis faoi shlatiascaireacht in Éirinn.

Bainistíocht Bradán

Lean an díriú láidir ar chaomhnú Bradán fiáin na hÉireann sa bhliain 2007 toisc chinneadh an Rialtais chun tosaíocht a thabhairt don chaomhnú seachas an marú agus leagadh amach cuótaí fómhair do gach abhainn bradán ainmnithe. Ar an iomlán gabhadh 24,278 bradán le linn 2009 ag gach modh iascaireachta, a léiríonn laghdú de 22% ar an ngabháil iomlán sa bhliain 2008. Díoladh 18,314 ceadúnas slaite bradán do shlatiascairí as sé thír is daichead difriúil. Bliain an-deacair a bhí ann in 2009 do gach earnáil sa gheilleagar agus léiríodh é seo trí laghdú 8.7% i ndíolachán na gceadúnas slaite i gcomparáid le 2008.

Ba é 6,757 bradán agus 45 breac geal (os cionn 40 cm) an ghabháil thráchtála don bhliain 2009. Ba é 17,521 fómhair slatiascaireachta na mbradán sa bhliain 2009 agus 11,422 bradán a gabhadh agus a scaoileadh. Mar sin de, as 28,943 bradán san iomlán a gabhadh le slatiascaireacht, scaoileadh thart ar 40% dóibh ina dhiaidh sin. Ba chuma ann sa chead leath de 2010 go leanfadh na cúrsaí maithe bradán go ginearálta i líon aibhneacha, ach de bhrí nach bhfuil ach an chéad leath de 2010 clúdaithe sa tuarascáil seo, roimh lascaigh Intíre Éireann a bhunadh, ní féidir mionchur síos a thabhairt anseo.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chathaoirleach David Mackey, le comhaltaí an Bhoird seo, le bainistíocht agus foireann na mBord lascaigh Réigiúnach, mura mbeadh an chabhair go léir a fuarthas uathu siúd ní bheadh mórán den obair, go bhfuil cuntas fúithi sa doiciméad seo, déanta, agus oifigigh ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha. Thug siad go léir treoir agus tacaíocht don Phríomh-Bhord lascaigh le linn na tréimhse clúdaítear sa tuarascáil seo. Is é seo an uair dheireanach a dhéanfaidh an Phríomh-Bhord lascaigh agus na Boird lascaigh Réigiúnacha tuarascáil bhliantúil, mar ar 1 Iúil 2010 bunófar lascaigh Intíre Éireann go hoifigiúil agus lánscofar na Boird lascaigh. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le gach duine i bhfoireann an Phríomh-Bhoird lascaigh agus na mBord lascaigh Réigiúnach as an obair shármhaith agus tiomantas a léirigh siad don earnáil iascaigh intíre le linn a dtréimhsí oifige, is é trína sáriarrachtaí go bhfuil bail chomh maith sin ar a dtrasdul isteach go lascaigh Intíre Éireann. Ba mhaith liom freisin foireann iomlán an Phríomh-Bhoird lascaigh a mholadh dá sármhaitheas agus tiomantas leanúnach don obair a dhéanann an Bhord. Ag féachaint ar aghaidh ar na dúshlán dáiríre os ár gcomhair, táim muiníneach as agus dóchasach go gcabhróidh fuinneamh, tiomantas agus saineolas na foirne ar fud na seirbhíse iascaigh linn chun aghaidh a thabhairt ar aon chonstaicí romhainn agus iad a shárú.



Dr. Ciaran Byrne

Príomhfheidhmeannach

An Príomh-Bhord Iascaigh.

An Príomh-Bhord Iascaigh

Seirbhísí Seachtracha

Is é cuspóir straitéiseach na Rannóige Seirbhísí Seachtracha ar a gcuirtear aithne i bPlean Straitéiseach an PBI (2008-2010) ná “seirbhís chosanta agus chaomhnaithe iascach a sheachadadh atá d’ardchaighdeán agus éifeachtach agus pleanáil ghnó straitéiseach agus ceannasaíocht oibríochtúil láidir a sholáthar do na Boird Iascaigh.”

Déanann an Rannóg dícheall an sprioc seo a bhaint amach trí;

- Beartais a chur chun feidhme maidir le speicis éisc agus éiceachórais intíre.
- Tacaíocht/comhairle theicniúil agus bainisteoireachta a sholáthar don RCFAN (An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha) agus do ghníomhaireachtaí ábhartha maidir le hiascaigh a chosaint agus a chaomhnú.
- Próiseas pleanála straitéiseach agus gnó an PBI a bhainistiú agus tacaíocht a sholáthar do na Boird Iascaigh Réigiúnacha san earnáil seo.
- Seirbhís do chustaiméirí agus luach ar airgead thar barr a sheachadadh.
- Beartais a bhainistiú agus a sheachadadh a bhaineann le hiascaigh an Stáit.

Trí phróiseas pleanála gnó an PBI shainigh an Rannóg Seirbhísí Seachtracha spriocanna sonracha intomhaiste do 2009 agus 2010 agus tugtar cuntas i gcodanna na tuarascála a leanas ar ghníomhartha na rannóga in aghaidh na spriocanna sin.

Mar gheall ar chúrsaí geilleagracha athraithe, ar thoirmeasc earcaíochta na hearnála poiblí agus brú ón mbuiséad bhí athbhreithniú leanúnach de dhíth ar an bplean gnó, ar chaitheamh agus ar na spriocanna. In ainneoin bheith ag feidhmiú i dtimpeallacht dheacair, seachadadh na cláir náisiúnta a phléigh le caomhnú na n-iascach agus le clibeáil na mbradán agus na mbreac geal, as a raibh an rannóg freagrach oibríochtúil, seachadadh in am agus de réir na mbuiséad.

Tugadh tacaíocht do chosaint agus do chaomhnú gach speiceas intíre trí fhorbairt leanúnach na mbeartas bunaithe ar chomhairle eolaíochta agus bainistíochta agus

trí reachtaíocht a achtú i gcomhpháirtíocht leis na BIR (Boird Iascaigh Réigiúnacha), RCFAN agus páirtithe eile leasmhara.

In ainneoin cúinsí eacnamaíochta lean an Rannóg Seirbhísí Seachtracha ag díriú ar seachadadh luach ar airgead maidir lena trealamh agus seirbhísí a cheannach. Bhí an Rannóg in ann bheith ag obair le soláthraithe chun cáilíocht agus tacaíocht a fheabhsú agus laghdú suntasach sna costais a bhaint amach.

Chomhordaigh an Rannóg Seirbhísí Seachtracha an próiseas pleanála gnó 2009/2010 laistigh den PBI chomh maith le méadracha fheidhmíochta ráithiúla a sheachadadh, mar a shonraítear sa Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse idir an Príomh-Bhord Iascaigh, na Boird Iascaigh Réigiúnacha agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

An tSeirbhís Náisiúnta um Chosaint Iascach

Déanann an Rannóg Seirbhísí Seachtracha forbairt agus feidhmiú an plean náisiúnta um chosaint iascach intíre a chomhordú, plean ina gcorpraítear feidhm chosanta na mBord Iascaigh Réigiúnach, na Seirbhíse Cabhlaigh, an Aerchóir agus an Garda Síochána. Oibríochtaí agus straitéisí coisctheacha frithghníomhacha is iad oibríochtaí agus straitéisí an phlean cosanta náisiúnta, lena n-áirítear iad seo a leanas

- Cumhacht bhactha, atá bunaithe ar fhaisnéis, a chinntíonn go mbíonn na seirbhísí cosanta le feiceáil go mór in uiscí ina mbíonn an bhagairt gníomhaíochta neamhdhlíthiúil is mó ann.
- Reachtaíocht a fhorfheidhmiú trí chiontóirí a ionchúiseamh agus líonta, trealamh, táclaí agus gabhálacha neamhdhlíthiúla a choigistiú.
- Na hacmhainní cosanta mara (patróil MÁP, Seirbhíse Cabhlaigh, RIB Réigiúnacha) agus na heitiltí cosanta muirí go léir a chomhordú go héifeachtach.
- Sceidil ama chomhaontaithe do phleananna patróil na mBord Réigiúnach le haghaidh patról MÁP, Cabhlaigh agus an Aerchóir.

Agus é faoi réir iallach buiséid shocraigh na Boird Iascaigh gan na Mór-Árthaí Patróil a fheidhmiú (LPVs) don séasúr 2009, agus chun cailliúint na gcumas cosanta seo a chúiteamh, mhéadaigh na Boird iarrachtaí maidir le bailiú faisnéise, mhéadaigh líon

na bpatról muirí a rinneadh leis na Báid Phatróil Dhocta (RIBs) agus mhéadaigh líon na n-aerphatról tacaíthe ag an Aerchór.

Shocraigh Iascaigh Intíre Éireann clár MÁP a chur i bhfeidhm sa dara leath 2010.



Patról muirí RIB

Seirbhísí Soláthair

Éascaíonn an Rannóg Seirbhísí Seachtracha ceannach gach feithicil don Phríomh-Bhord Iascaigh agus do na Boird Iascaigh Réigiúnacha. Sa bhliain 2009, cuireadh tairiscint agus ceannach i gcrích do 13 fheithicil, agus fuarthas coigilt 19% den phraghas miondíola molta, ag soláthar luach ar airgead, comhlíonadh le rialachas corparáideach agus gan an bpróiseas tairisceana a dhúbláil dá réir. Sa bhliain 2010 eisíodh tairiscintí maidir le suirbhé iomlán ar 42 RIB na mBord agus ar chártaí breosla.

Comhordaíonn an Rannóg Seirbhísí Seachtracha ceannach agus cothabháil Trealamh Chosanta Phearsanta (TCP), trealamh sábháilteachta agus trealamh seachtrach ginearálta don Phríomh-Bhord Iascaigh freisin. Tá an trealamh uile seo faoi bhainistíocht ag áis stórais an Bhoird i Sord. Cinntíonn sé seo fáil ag an bhfoireann oibríochtúil sheachtrach ar threalamh feidhmiúil lánseirbhísithe. Sa bhliain 2009 cuireadh próiseas agus áiseanna ar fáil chun Trealamh Chosanta

Phearsana a chothabháil, a sheirbhísiú, a ghlanadh agus a stóráil iontu. Cheannaigh an Rannóg Seirbhísí Seachtracha ansin trealamh aimsir bháistí, cultacha tirime agus trealamh tumadóireachta trí sholáthraithe sainroghnaithe ag Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais (GSR).

Ar son Thionscadal an Chreat-Threoir Uisce (TCTU), chuir an Rannóg Seirbhísí Seachtracha an Conradh i gcrích maidir le cúig 16 Troigh Stiúdbhád agus leantóir, le húsáid i suirbhéanna na lochanna móra. Agus mar thacaíocht don tionscadal céanna, cuireadh sonraíocht agus tairiscint i gcrích do shoitheach beag farraige a bhí riachtanach dá gclár monatóireachta inbhearaigh.

Sa bhliain 2009 chuir PHI athbhreithniú i gcrích ar straitéis leictre-iascaireachta agus ar cheannach trealamh; as sin bronnadh Conradh chun comhairle a thabhairt ar riachtanas teicniúil an trealamh, forbairt a dhéanamh ar Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha (SOPs), forbairt a dhéanamh ar chlár oiliúna caighdeánacha agus athbhreithniú ar sholáthraithe trealamh. In éineacht leis sin cuireadh athbhreithniú sábháilteachta bliantúil agus seirbhísiú trealamh leictre-iascaireachta an Bhoird i gcrích. Tá an próiseas maidir le bainistíocht trealamh leictre-iascaireachta á chomhroinnt agus á chur i bhfeidhm sna BIR (na Boird Iascaigh Réigiúnacha).

Thug an Príomh-Bhord Iascaigh na seirbhísí tacaíochta do na Boird Réigiúnacha mar seo a leanas:

- Soláthraítear fógraí sábháilteachta muirí agus seirbhís chomhairle mara.
- Deimhniúchán teicniúil agus sábháilteachta do na Báid Inséidte Theanna (RIB) go léir.
- Comhairleacht deartha agus tógála do na báid nua go léir.
- Sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach le haghaidh saintrealamh.

An Scéim Clibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal Fiáin

Tá an scéim clibeála bradán fiáin agus breac geal fiáin ina naoú bliain anois agus soláthraíonn an PBI seirbhís pleanála, forfheidhmithe agus monatóireachta dó. Bhí

baint ag an mBord le straitéisí a fhorbairt, le reachtaíocht a athbhreithniú, agus seirbhísí agus comhairle a sholáthar le cur ar chumas rolla amach na n-athruithe i mbainistíocht na mbradán.

Sa bhliain 2009, agus é bunaithe ar chomhairle eolaíoch mhol bainistíocht iascaigh iascaireacht bradán agus breac geal a dhúnadh ar 79 abhainn¹ agus a oscailt ar 72 abhainn (roghanna gabhála agus scaoilte san áireamh²). Leanadh leis an gcóras clibeanna donna geolbhach¹ mar bheart caomhnaithe breise, in áiteanna ar measadh go raibh gá ann chun stoc bradán geimhreadh ilmhuirí a chosaint agus chun monatóireacht ar chuótaí slatiascaireachta a éascú lena chinntiú nach sáraítear cuótaí abhainn-bhunaithe.

Céim eile i dtreo bhainistíocht sonraí fíor-ama agus in uathoibriú na dtuarascálacha bainistíochta is ea an córas ceadúnaithe ar líne. Giniúint ghabhálacha slatiascaireachta fíor-ama is é cuspóir an PBI le cinnteoireacht níos fearr agus níos éifeachtaí a éascú do gach geallsealbhóir a bhfuil baint aige i mbainistíocht bradán. Is é Bunachar Sonraí Bradán an áis TF a mbaintear úsáid as chun faisnéis a ghabhail ar cheadúnú agus ar ghabhálacha bradán. Cuireann an áis ghréasáin-bhunaithe seo ar chumas ag an slatiascaire ceadúnas bradán a cheannach sa bhaile am ar bith, lá agus oíche, agus seolann an Bord Iascaigh Réigiúnach sainithe an ceadúnas agus clibeanna chuig an gcustaiméir. Sna blianta 2009/2010 cuireadh córais cheadúnaithe breise ar líne ar fáil do líon mór-asraonta miondíola níos mó. Tá bunachar sonraí ag PBI agus baintear úsáid as le gabháil tráchtála agus siamsaíochta bradán agus breac geal a thaifeadadh. Chun mionstaitisticí a fhail féach tuarascálacha bliantúla maidir le Staitisticí ar Bhradáin Fiáine agus ar Bhric Ghil Fhiáine, atá ar fáil ar láithreán gréasáin Iascaigh Intíre Éireann.

Próiseas Stampa Caomhnaithe Bradán

An 4^ú Nollaig 2006, fuair an Príomh-Bhord Iascaigh Ordú Aireachta faoi ailt 18A, 19(4) agus 20(3) den Acht Iascaigh 1980 a threoraigh an Bord ullmhú agus cur i bhfeidhm cláir athshlánaithe a chomhordú, clár chun stoc bradán a athshlánú, agus tosaíocht a thabhairt do na haibhneacha siúd atá faoina dteoireannacha

¹ Fodhlí uimh. c.s. 301, 2008 maidir le bradán agus breac geal a chaomhnú

² Fodhlí uimh. 846, 848, 849, 850, 852 -2008 maidir le bradán agus breac geal a chaomhnú.

caomhnaithe i limistéir chaomhnaithe speisialta agus a bhfuil ionchas athshlánaithe is mó iontu. Bhí sé beartaithe ciste a sholáthar don chlár seo as na fáлтаis ón stampa caomhnaithe bradán a bhí mar chuid de na táillí ceadúnais bradán. Tá an Rannóg Seirbhísí Seachtracha freagrach as bainistíocht, comhordú agus tuairisciú a dhéanamh ar an gciste seo.

Sa bhliain 2009, ba ionann an chuid stampa caomhnaithe bradán agus 50% de na táillí ceadúnais agus leanadh leis seo in 2010. (Bailíodh timpeall is €650K in 2009 le dáileadh ar thionscadail atá le déanamh in 2010.) Déantar an tloncam a ghintear ón gCiste Stampa Caomhnaithe Bradán a ath-infheistiú chun athshlánú ár stoic bradán agus gnáthóga a chur chun cinn, agus indéantacht an tionscadail, fáil ar chistiúchán agus luach ar airgead a thabhairt san áireamh.

Sa bhliain 2009, tugadh faoi a lán tionscadal ar fud na tíre agus thug siad aghaidh ar achair amhail bruach aibhneacha a chosaint agus a ghlanadh, meánna síolraithe bradán a chruthú agus a chothabháil, struchtúir i sruthanna a fheabhsú agus linnte a thógáil, baic a bhaint, suirbhéanna ar líon náisiúnta gealóg agus líon na n-iasc a áireamh. Chuidigh na tionscadail a rinneadh faoin gclár stampa caomhnaithe bradán le méadú a chur ar líon na ngealóg agus marthanacht na ngilidíní chuig an gcéim ghealóige. Chun liosta iomlán na dtionscadal a rinneadh faoin gciste stampa caomhnaithe bradán a fhail féach an bróisiúr ar láithreán gréasáin Iascaigh Intíre Éireann

An Scéim Dreasahta Gabhála agus Scaoilte

Leanadh leis an scéim dreasahta náisiúnta don thríú bliain chun slatiascairí a spreagadh páirt a ghlacadh i ngabháil agus scaoileadh agus iad ag slatiascaireacht le bradán Atlantach fiáin a ghabháil. Is é is feidhm atá sa scéim slatiascairí a aithint a rinne gabháil agus scaoileadh sa séasúr slatiascaireachta le linn 2009.

Gabhadh agus scaoileadh timpeall is 10,000 bradán le linn na bliana 2009. Rinne buaiteoir na scéime gabhála agus scaoilte 2009 44 bradán a ghabháil agus a scaoileadh ar Abhainn Bhaile Easa Dara. Leanann na bronntaí le linn an tséasúir 2010.

Iascaigh Stáit

Tá thart ar 171 iascach Stáit faoi bhainistíocht ag an bPBI. Tá próiseas caighdeánach agus trédhearcach i bhfeidhm chun Iascaigh Stáit a thairiscint agus a cheadúnú. Tá beartais ag an bPBI cinntiú go bhfuil fáil oscailte ag an bpobal ar gach acmhainne an Stáit. Chun é seo a bhaint amach éilimid ar aon chumann slatiascaireachta a dhéanann bainistíocht ar iascach ticéid laethúil/seachtainiúil/séasúr a chur ar fáil go héasca ag na slatiascairí turasóireachta, agus ag cinntiú gur féidir le gach duine, daoine áitiúla agus turasóirí araon, sult a bhaint as iascaigh Stáit. Ní chuirtear de cheangal ar an bPBI iascach a bhronnadh ar an tairiscint is airde.

Tá mionsonraí ar líon na n-iascach faoi cheadúnas agus gan cheadúnas sna blianta 2007-2010 sa tábla thíos. Ina theannta sin, cuirtear iad siúd atá faoi bhainistíocht na mBIR san áireamh. Ba é tabhairt ceadúnas bhliantúil a ba chúis leis an titim sna ceadúnais leanúnacha ionas go dtógfar gach cumann ar ais chuig an bpointe céanna, ag súil leis na hathruithe ar bheartas fad ama ón bpróiseas athbhreithnithe. Déanann na BIR bainistíocht idir go díreach nó go hindíreach ar líon maith iascach agus léirítear thíos iad.

Bliain	Faoi cheadúnas				Gan ceadúnas	Iomlán
	Bainistíocht ag BIR	Ceadúnas Nua	Ceadúnas leanúnach	Iomlán		
2010	23	60	18	101	5	106
2009	19	52	26	97	3	100
2008	13	43	32	88	5	93
2007	12	43	33	88	3	91

Ceadúnais Iascaigh Stáit 2007-2010

Bhí bunachar sonraí nua ag Iascaigh Stáit an-éifeachtach ar fad in 2009. Rinneadh taighde ar shean-chuir síos agus ar chuir síos neamh-chomhlíonta ar iascaigh ag úsáid GIS agus rinneadh nuashonrú ar an mbunachar sonraí. Rinneadh athbhreithniú agus doiciméadú ar na rátaí iascaigh uile agus tá bunachar sonraí suas chun dáta mionsonraithe ann faoi láthair. Cuireadh tús le léarscáiliú in 2010 agus tá sé ag leanúint ar aghaidh go fóill.

Mar chuid den Athbhreithniú ar Bhainistíocht na n-Iascach Stáit cuireadh tuarascáil ar Chleachtas Reatha le chéile agus cuireadh i láthair an Bhoird Meitheamh 2009, agus mionsonraí ann ar leis na hIascaigh Stáit agus ar an dóigh a ndéantar bainistíocht orthu. Cuireadh tuarascáil Dea-Chleachtais Idirnáisiúnta le chéile Bealtaine 2010 agus cuireadh i láthair an Bhoird é, agus mionsonraí ann ar chleachtais bhainistíochta na n-Iascach go hidirnáisiúnta. Tabharfar moltaí maidir le beartas nua ar bhainistíocht iascaigh Stáit bunaithe ar na tuarascálacha seo, ar reachtaíocht na hEorpa agus na hÉireann agus ar chomharliúchán poiblí níos moille sa bhliain 2010. Tabharfar iad seo d'fhoireann Athbhreithnithe Iascaigh Stáit lena n-athbhreithniú agus lena tabhairt suas chun dáta agus lena nglacadh ina dhiaidh.

Seirbhís do Chustaiméirí

Ar sheoladh An Tionscnaimh Bainistíochta Straitéisí i Mí Feabhra 1994, sainithníodh soláthar seirbhíse ardchaighdeán don phobal a bhí ar na príomhchuspóirí. Moladh sa doiciméad 'Delivering Better Government', a foilsíodh Bealtaine 1996, Tionscnamh Seirbhíse Ardchaighdeán a thabhairt isteach do chustaiméirí agus do chliaint na Státseirbhíse agus sa bhliain 1997 seoladh an Tionscnamh darbh ainm Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí.

Leanann an Príomh-Bhord Iascaigh cur leis an gClár Athchóirithe agus leis an tionscnamh 'Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí' (SAC), trí sheirbhís shármhaith a sholáthar do mhuintir na hÉireann. Freagraíodh gach ceist custaiméirí in 2009/2010 go tráthúil chun ár gceangaltais a chomhlíonadh faoi chairt chustaiméirí an Phríomh-Bhoird Iascaigh agus de réir Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus an tionscnaimh Sheirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí (SAC)

Léiríonn staitisticí ón láithreán gréasáin go bhfuair breis agus 525,000 cuairteoir, méadú 18% ó anuraidh, rochtain ar 2,333,000 leathanach - méadú 17% thar 2008.

Díríodh breis agus 1,085 ceist maidir le slatiascaireacht agus inneachar an láithreáin chuig an láithreán gréasán le linn na bliana, méadú 30% thar 2009. Táthar ag súil le leanúint na dtreochtaí seo faoin láithreán gréasáin nua, www.fisheriesireland.ie

Cuirfidh an Bord Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí ar aghaidh le linn na bliana seo chugainn de réir ár gCairte Custaiméirí, agus cuirfidh feabhas breise ar sheirbhís a sheachadadh a léiríonn sásamh custaiméirí agus luach ar airgead.

Acmhainní Daonna


Oiliúint agus Forbairt

D'infheistigh an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha (PBI agus na BIR) €85k ina gClár Náisiúnta Forbartha & Oiliúna sa tréimhse. Díríodh ar phríomhriachtanais forbartha agus oiliúna na heagraíochta sa phlean, a fhorbraítear go bliantúil, agus le hionchur ón bPríomh-Bhord Iascaigh & ó na Boird Iascaigh Réigiúnacha. Ba iad na príomhábhair forbartha agus oiliúna a díródh orthu sa phlean náisiúnta oiliúna mar a leanas:

- Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta
- Oiliúint feasachta maidir le Cosaint Leanaí
- Tacaíocht d'oideachas tríú leibhéal don Ardteastas Náisiúnta i mBainistíocht lascach agus do chlár eile;
- Clár Forbartha Bainistíochta do bhainisteoirí meánacha

D'éirigh leis an gceathrú ghrúpa foirne de chuid BIR (7 san iomlán) sa chúrsa Ardteastas Náisiúnta i mBainistíocht lascach in I.T. Shligigh i Mí na Nollag 2009. Roghnaíodh naonúr macléinn a d'fhreastal ar an gcúrsa as iarratasóirí Lár-Oifige Iontrála.

Ba é 1,398 líon iomlán na laethanta do PBI & BIR don bhliain 2009, nó 3 lá ar an meán do gach comhalta foirne (lena n-áirítear laethanta a caitheadh ag freastal ar an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach)



Figiúr 1: Líon na laethanta oiliúna don bhliain 2009.

Saoráil Faisnéise (SF) 2009

Fuair an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha 26 iarratas nua ar fhaisnéis sa bhliain 2009, faoi na *hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003*. Seo a leanas mionsonraí ar na hiarratais:

- Cliaint: 3
- Eile: 10
- Iriseoir: 9
- Grúpa Gnó/Leasmhara 4

Seo iad a leanas cinnteoireacht ag an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha i rith na bliana 2009 maidir le faisnéis a eisiúint faoi na *hAchtanna um SF 1997 agus 2003*:

- Ceadaíodh 21 iarratas
- Ceadaíodh 4 iarratas i bpáirt
- Diúltaíodh iarratas amháin
- Rinneadh achomharc inmheánach in aghaidh cinnidh amháin

Cuirfear sonraí ar Shaoráil Faisnéise don tréimhse Eanáir 2010 go Meitheamh 2010 i dTuarascáil Bhliantúil Iascaigh Intíre Éireann 2010.

Luach Saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

Ceaptar luach saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin an Phríomh-Bhoird Iascaigh de réir scála an Phríomhoifigigh (níos airde), a bhfuil raon ann ó: €90,355 to €110,844. Ceaptar luach saothair na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Phríomh-Bhoird Iascaigh de réir scála an Phríomhoifigigh (caighdeánach), a bhfuil raon ann ó: €84,132 to €103,472.

Caidrimh Fostaithe

Díríodh príomhaird le linn na tréimhse ar chaidreamh fostaithe dearfacha leanúnacha a choimeád i dtimpeallacht dhúshlánach oibríochta. Baineadh é seo amach i gcomhar leis na Ceardchumainn ábhartha.

Díríodh aird ar leith le linn na tréimhse ar iarmhairtí fhógairt an Rialtais sa Bhuiséad 2008, go ndéanfar an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha a chumaisc ina Údarás Náisiúnta amháin, Iascaigh Intíre Éireann. Lean an Rannóg Acmhainní Daonna ar aghaidh ag obair i gcomhar le hoifigigh na Ranna sa Ghrúpa Forfheidhmithe Athstruchtúraithe (GFA), agus chuir le forbairt na reachtaíochta i ndiaidh Acht Iascaigh Intíre 2010 a achtú.

Ag leanúint ar aghaidh ó fhorbairt na reachtaíochta, bunaíodh líon foirne feidhmithe chun Iascaire Intíre Éireann a bhunú. Ba é an Rannóg Acmhainní Daonna i gceannas ar an bhfoireann a ceapadh chun plan foirne a fhorbairt don Údarás Nua. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo agus táthar é a chur i gcrích in 2010.

Earcaíocht

Chuir toirmeasc an Rialtais ar earcaíocht agus ar ardú céime isteach ar chlár earcaíochta an Bhoird sa chéad leath den bhliain 2009. Agus iarracht á déanamh gur comhlíonadh na cuspóirí reachtúla bunriachtanacha, athcheapadh líon foirne ar thionscadail eolaíochta malartacha laistigh den Bhord. Baineadh an t-athcheapadh seo amach le comhoibriú iomlán agus i gcomhar leis na Ceardchumainn ábhartha. D'éirigh leis an mBord ceadú a fhail foireann a cheapadh ar líon príomhról sa dara leath den bhliain. Fógraíodh na poist sin de réir gnáthnósanna imeachta agus líonadh trí chomórtas oscailte.

Sláinte & Sábháilteacht

Bliain éilitheach eile a bhí ann in 2009 agus chonacthas dul chun cinn sa bhreis i mbainistíocht sábháilteacht sláinte agus inrochtaine. Chonacthas sa bhliain seo go ndeachaigh an Bord thar na riachtanais dhlí maidir leis an Acht um Míchumas, 2005 agus d'éirigh leis an iarratas chuig Kanchi do bhronntaí Inniúlachta O2 2010.

Baineadh leas as acmhainní a thiomnú ar bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre. Áirítear sna príomhghníomhartha sa bhliain 2009 mar a leanas:

- An Clár Work Positive a chur i gcrích, tionscadal bhainistíocht rioscaí toilteanach a chomhordaigh an tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta.
- Ráitis maidir le sábháilteacht ar láithreáin shonraithe a fhorbairt d'Fheirmeacha Éisc de chuid an Phríomh-Bhoird Iascaigh.
- Clár sláinte ceirde a chur i bhfeidhm.
- Bainistíocht leanúnach an Chláir Chúnaimh um Fhostaithe (CCF) go náisiúnta agus an tseirbhís a chur chun cinn don fhoireann.
- Clár sláinteachais cheirde a chur i gcrích, lena n-áirítear brath radóin, leibhéil soilsiú agus monatóireacht ar aer agus ar thorann.
- Comhchoistí ionadaithe sláinte agus sábháilteachta áitiúla agus príomh-chomhchoistí a fhorbairt.
- Trealamh cosanta pearsanta a athbhreithniú agus a mheas.
- Rinneadh oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta agus ionductú le foireann an Phríomh-Bhoird Iascaigh agus na mBord Iascaigh Réigiúnach.
- Bainistíocht rioscaí leanúnach ar fheirmeacha éisc, in oifigí, saotharlanna agus stórais an Phríomh-Bhoird Iascaigh.
- Tugadh tacaíocht, comhairle, scrúdaithe, sainathint guaiseacha, measúnú rioscaí agus moltaí do na Boird Iascaigh Réigiúnacha ar iarratas le linn na bliana.
- D'éirigh le forbairt a dhéanamh ar threoirleabhar teicniúil maidir le tógáil seastán slatiascaireachta mar thoradh ar Phlean Earnála na Roinne a chur i bhfeidhm. Rinneadh forbairt freisin ar phlean aslonnaithe éigeandála pearsanta le sábháilteacht gach úsáideoir príomhoifig an Bhoird a chinntiú.

Airgeadas & TCF

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Bainistíocht Airgeadais Ghinearálta

Ullmhaíodh cuntais an Bhoird agus cuireadh isteach iad agus ár n-oibleagáidí reachtúla á chomhlíonadh go hiomlán againn de réir ailt 10.2(iii) den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Cuntais Airgeadais

Beidh dhá shraith Cuntas Airgeadais sa bhliain 2010, a chéad chuid don tréimhse 18 mí Eanáir 2009 go dtí Meitheamh 2010 agus an dara sraith Cuntas Airgeadais don tréimhse 6 mhí Iúil 2010 go dtí Nollaig 2010 a bhaineann le hlascaigh Intíre Éireann. Cuireadh tús leis an bpróiseas iniúchta, ar na ráitis airgeadais 2009-10 i nDeireadh Fómhair 2010, críochnófar deireadh na bliana 2010 iad. Áirítear dréacht-ráitis neamhiniúchta sa tuarascáil seo.


Iniúchadh Inmheánach

Rinneadh athbhreithniú iomlán ar an gCód Cleachtais sa bhliain 2009 mar gheall ar an gCód leasaithe á eisiúint. Rinneadh forbairt ar bheartas nua maidir le Bainistíocht Ciste, Sceithireacht agus Bainistíocht Rioscaí in 2009/10 agus rinneadh athbhreithniú ar gach beartas eile agus nuashonrú de réir mar ba ghá.

Cistiúchán don tréimhse 2009/10

Sna blianta 2009/10, fuair na Boird Iascaigh deontas Stáitchiste €42 milliún nuair a ghlactar 18 mí cistiúcháin san áireamh, as a leathroinneadh €28.3 milliún nó 67.5% den deontas iomlán i dtreo costais a íoc. Leathroinneadh €3.8 milliún do threoir an AE agus do chlár náisiúnta, a chomhordaigh an Bord. Ghin na Boird €8.3 milliún freisin as foinsí eile le linn na tréimhse 18 mí Eanáir '09 -Meitheamh '10, a ath-infheistíodh i mbainistíocht, caomhnú agus cosaint na n-lascach Intíre.

Ghin an ciste le Stampa Caomhnaithe Bradán €0.86 milliún le linn na tréimhse 18 mí Eanáir '09 -Meitheamh '10. Déanfar an ciste seo a íoc amach in 2010–2011 le hath-infheistíocht i mbainistíocht, caomhnú agus cosaint na n-lascach Intíre.



Figiúr 2: Cistiúchán an Phríomh-Bhoird agus na mBord Réigiúnacha don tréimhse 2009-2010

Bainistíocht Réadmhaoine

Sa bhliain 2010, cuireadh an t-éileamh árachais don tSaotharlann agus don bhriseadh isteach ag an bpríomh-oifig i gcrích agus socraíodh ina iomláine leis an gcuideachta árachais é.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Straitéis / Córais TFC

Lean an Bord ar aghaidh lena chórais TFC a fhorbairt agus a fheabhsú agus le hinfheistíocht a sholáthar dóibh mar a aithnítear sa straitéis TFC

Taighde agus Forbairt

Sainaithin an Rannóg Taighde agus Forbartha i bPlean Straitéiseach an PBI (2008-2010) a príomhchuspóir straitéiseach mar “seirbhísí ardchaighdeán cost-éifeachtúla taighde agus forbartha eolaíochta feidhmí a fhorbairt agus a sheachadadh chun riachtanais chustaiméirí an Bhoird a chomhlíonadh”.

Bainfidh an Rannóg an cuspóir straitéiseach seo amach trí;

- taighde eolaíochta a dhéanamh ar iascaigh chun buntáistí geilleagracha agus oidhreacht a sheachadadh trí inbhuanaitheacht agus caomhnú na n-iasc a chinntiú ina n-éiceachórais féin
- taighde a dhéanamh in éineacht le comhghníomhaireachtaí chun comhairle a sholáthar maidir le feidhm an éiceachórais i ngnáthóga na n-iascach uisceach a bhainistiú agus a thuiscint.
- comhlíonadh na nósanna imeachta oibriúcháin a chinntiú, a chomhchuibhíonn lenár dtimpeallacht agus lenár n-oidhreacht chultúrtha.
- Cáilíocht agus éagsúlacht na n-éiceachóras uisceach a thacú agus a chaomhnú agus comhlíonadh le reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh agus náisiúnta a chinntiú.
- seirbhís chomhairle a sholáthar do chuideachtaí ábhartha.

Gach bliain déantar forbairt ar Phlean Gnó mar bhuaicphoint inár dtimthriall pleanála ina bhfuil sonraí ar na cuspóirí intomhaiste sonracha nó bunspríocanna ionchais don bhliain romhainn. Déantar achoimre sa tuarascáil seo ar chuid den obair a rinne an Rannóg Taighde agus Forbartha taobh lenár bpríomhspríocanna agus lenár n-obair ineachadta sa phlean don tréimhse Eanáir 2009 go dtí Meitheamh 2010.

Le linn na tréimhse a chlúdaítear sa tuarascáil seo chuir an cor chun donas sa gheilleagar agus na srianta buiséadachta comhthorthaí agus toirmeasc earcaíochta isteach ar gach aon táirgí sa Roinn Taighde agus Forbartha. Dá bharr sin rinneadh athbhreithniú ar ár bplean gnó i dtosach agus cuireadh tosaíocht ar na tionscadail agus ar acmhainní. I gcomhairle leis na BIR agus RCFAN An Roinn Cumarsáide Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha) cuireadh tosaíocht ar thionscadail a bhí tiomanta ag ceanglais reachtaíochta agus aistríodh acmhainní a bhí ar fáil do na

tionscadail sin. Áirítear sna tionscadail tosaithe obair ar an Treoir um Ghnáthóga, an Creat-Treoir Uisce, an Plean Bainistíochta Náisiúnta um Eascanna, Salmainidí, Speicis Ionracha, Staidéar bainistíochta na n-iascach agus athchóiriú na ngnáthóg. Chun ár gclár taighde bunúsach a chur i gcrích rinneadh forbairt ar phacáistí oibre ó na réimsí taighde díthosaithe i gcomhoibriú le Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste Ollscoile, Corcaigh agus le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste. Tá sé seo mar aon leis na tionscadail atá á soláthair cheana féin trí chomhpháirtithe straitéiseacha le gníomhaireachtaí náisiúnta eile lena n-áirítear Foras na Mara (FM), an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF), Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) agus roinnt gníomhaireachtaí náisiúnta lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Chomhshaoil (GC), an tAontas Eorpach (an tAE), Eagraíocht an Atlantaigh Thuaidh um Chosaint Bradán (NASCO) agus Comhairle Chomhairleach na hEorpa um Iascaigh Intíre (CCEII).

I dteannta le sainordú na Rannóige Taighde agus Forbartha, taighde feidhmeach a dhéanamh, cuirtear de dhualgas orainn freisin comhairle a sholáthar dár Máthair-Rannóg, an Rannóg Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádirtha Tháinig méadú mór ar an ról seo le linn 18 mí seo caite nuair a cuireadh comhairle ar fáil maidir le mórchuid na speiceas fionnuisce intíre agus le saincheisteanna a bhaineann leis an mbruachchonair

Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don tacaíocht agus saineolas a fhaightear ónár gcomhghleacaithe sna Boird Iascaigh Réigiúnacha (na BIR) agus d'éirigh leis an Rannóg Taighde agus Forbartha mórghníomhartha a bhaint amach agus í ag obair i gcomhar leis na comhghleacaithe seo. Bímid ag obair i gcomhar le foireann na mBord Iascach Réigiúnach chun tionscadail taighde náisiúnta a sheachadadh agus freisin chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanais taighde réigiúnacha.

AN CLÁR NÁISIÚNTA UM MEASÚNÚ STOC ÉISC

1) Tionscadal CAISIE

Cuireadh tús leis an tionscadal ‘Speicis ionracha uisceacha a shrianadh agus líon nádúrtha dúchasach a aischur in Éirinn’ sa bhliain 2009. Is é is príomhchúspóir atá sa tionscadal cur le cailleadh bithéagsúlachta a stopadh in Éirinn trí thionchair bhreise a chosc ar bithéagsúlacht dhúchasach ó speicis ionracha uisceacha ardtionchair trí mhodhanna srianta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, trí chlár comhpháirtíochta leis na geallshealbhóirí agus trí fheasacht a spreagadh, agus beartas a fhorbairt agus a scaipeadh. Tá sé seo á dhéanamh trí Thionscadal Life+ ar a dtugtar CAISIE, acrainm ar *‘the control of aquatic invasive species in Ireland’*.

Bagairt atá ag méadú go mór in uiscebhealaí na hÉireann is iad speicis ionracha agus ní mór tabhairt fúthu go práinneach. Sa bhliain 2005, bhunaigh speiceas ionrach darbh ainm *Lagarosiphon Major* é féin i Loch Coirib. D’éirigh leis an bplanda seo ón Afraic Theas é féin a cur faoi go hionsaitheach i líon méadaithe suíomhanna ar an loch agus tá tionchar diúltach dáiríre ar an éiceachóras i Loch Coirib. Sainíodh an tionscadal Life+ chun dul i ngleic le fás agus leathadh *L. Major* chomh maith le speicis ionracha eile sa Chanáil Mhór agus i gCanáil na Bearú.

Tionscadal Eorpach-chistithe is é an Tionscadal Life+ seo agus tabharfaidh fócas d’obair taighde agus bainistíochta, rud a chuirfidh cláir ar an eolas amach anseo, cláir a dhíríonn isteach ar speicis ionracha in Éirinn agus ar fud an domhain. Tá ról chomh-airgeadaí ag Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Aibreán 2013 is é spriocdháta beartaithe an tionscadail CAISIE agus dáta tosaithe sceidealta d’Eanáir 2009, mar gheall ar thoirmeasc earcaíochta Rialtas na hÉireann, níor socraíodh foireann iomlán tionscadail go dtí Deireadh Fómhair 2009.



Ar chlé: Tumadóir le ceathramhán samplacha agus clúdach grinnill locha geoteicstíle

Ar dheis: *Grianghraf fo-uisce Lagarosiphon Major*

Rinneadh forbairt ar threochlár mionsonraithe ag taispeáint príomhtháirgí insoláthraithe le linn tréimhse an tionscadail. Bunaíodh Grúpa Comhairleach an Tionscadail agus tabharfaidh sé treoir don tionscadal le linn na trí bliana amach anseo. Lainseáil an tAire Conor Lenihan an Tionscadal Life+ i Mí Feabhra 2010 agus bunú fheachtas Margaíochta agus Meán chun feachtas a spreagadh ar speicis ionracha. Tá sonraí iomlán ar obair a cuireadh i gcrích agus ar ghníomhaíochtaí tionscadal ar fáil ar an láithreán gréasáin tiomnaithe CAISIE (www.caisie.ie).



Lainseáil aire CAISIE

2) An Clár Náisiúnta um Éisc Spórt Muirí

Tá an clár fadtéarmach seo, a cuireadh tús leis sa bhliain 1972, á fheidhmiú i gcomhpháirtíocht le Rannóg Slatiascaireachta agus Margaíochta an PBI agus le líon mór scipéirí slatiascaireachta. Leanadh leis an gclár, atá dírithe don chuid is mó ar speicis loingeánacha, sa bhliain 2009. Rinneadh gach taifead páipéir cruachóip a dhigitiú agus dul chun cinn suntasach ar bhunachar sonraí a chur i gcrích chun 40,000 taifead clibeála agus athghabhála a stóráil. Déanfar na tacair shonraí seo a lárú sa phróiseas seo lena shábháilteacht a chinntiú agus ligfidh sé anailís iomlán a dhéanamh ar na sé speiceas thábhacht in uiscí na hÉireann mar a sainithníodh i bPlean Gníomhaíochta an AE um Shiorcanna agus Roic: sioc gorm, gearrthóir, bráthair (anglait), sciata, roc dústríochta agus roc garbh. Chuir an toirmeasc earcaíochta ar earnálacha poiblí isteach ar dhul chun cinn ach seachadfar an bunachar sonraí agus athbhreithnithe ar na speicis seo ag obair i gcomhar le comhpháirtithe straitéiseacha i Scoil na Bitheolaíochta agus Eolaíocht an Chomhshaoil Nollaig 2010.

3) Clár na nGarbhiasc

i) Uiscebhealaí Éireann (UE):

Tá an Príomh-Bhord Iascaigh (PBI) ar conradh ag Uiscebhealaí Éireann chun seirbhísí bainistíochta comhshaoil agus iascaigh a sholáthar maidir leis an gCanáil Ríoga, an Chanáil Mhór, Córas Loingseoireachta na Bearú agus Uiscebhealach na Sionainne-Éirne. Léirítear dualgais reachtúla Uiscebhealaí Éireann sa chlár agus an cuspóir atá aige gnáthóg ardchaighdeán uiscebhealaí a chur ar fáil i gcomhréir lena húsáid ag líon forleathan éagsúil grúpaí úsáideoirí. Aithnítear riachtanais bhainistíochta iascaigh agus chomhshaol na n-uiscebhealaí seo sa chlár freisin.

Ina theannta sin, tugann an clár aird chuí ar dhualgais a chuireann an Chreat-Treoir Uisce air. Déantar canáil a shainaithint sa CTU mar Chorp Uisce Saorga (CUS) a sainaithnítear in Alt 1 den Treoir mar 'a body of water created by human activity' (corp uisce atá cruthaithe ag gníomhaíocht daonna'. Chun ról loingseoireachta agus siamsaíochta a aithint, ní mór CUS a mheas maidir lena 'n-acmhainneacht éiceolaíochta' seachas lena 'stádas éiceolaíochta', rud a bhaineann le coirp uisce nádúrtha amhail lochanna agus aibhneacha.

Léirigh anailís ar threoracha fadtéarmacha i stádas stoc éisc agus ar struchtúr na bpobal, léirigh sí roinnt athruithe i bpobail éisc ar an gCanáil Ríoga agus ar an gCanáil Mhór araon. Go sonrach, mar thoradh ar an leathadh leantach i réimsí agus i líonta róistí rinneadh homaiginiú coibhneasta na bpobal éisc ar an dá chanáil.



Deascán canála a shampláil do CTU

Idir 2009 agus Meitheamh 2010 stócaladh breis agus 12,000 iasc isteach sa Chanáil Ríoga agus sa Chanáil Mhór. Cuireadh thart ar 2,300 ruán isteach sa 16^ú leibhéal sa Chanáil Ríoga ag Cill Choca roimh an gComórtas Sóisearach Canálacha, urraithe ag Uiscebhealaí Éireann, a reáchtáladh i Mí Lúnasa 2009. Idir Eanáir agus Meitheamh 2010, rinne foireann an PBI 10 n-imeacht sábhála iasc ar leith san iomlán sa Chanáil Ríoga agus sa Chanáil Mhór. Rinneadh na gníomhaíochtaí sábhála iasc chun tionchar a mhaolú ar oibríochtaí cothabhála riachtanacha ar phobail na n-iasc cónaithe. Athlonnaíodh breis agus 44,000 iasc, meáchan tomhaiste de 1100kg iontu, chuig gnáthóga cóngaracha neamh-éifeachtacha. Ag láithreán amháin ar an gCanáil Mhór, athlonnaíodh breis agus 1300 gliomach fionnuisce, atá faoi chosaint ag reachtaíocht an AE agus náisiúnta go slán sábháilte sa chanáil.

B'éigean líon mór oibríochtaí sábhála iasc a dhéanamh trí dhreideáil ghnáthamh agus oibríochtaí cothabhála ar an dá chanáil agus ar Uiscebhealach na Sionainne-Éirne. Léirigh anailís ar mhaicrinveirteabrach agus ar phlandaí uisceacha a coilíníodh i gcodanna nua-dhreideáilte de chanáil na Bearú, a rinneadh thar thréimhse 18 mí,

gur féidir le hathshlánú éiceolaíochta bheith sciobtha a bheag nó a mhór i ndiaidh dreideáil a dhéanamh air. Bainfear úsáid as na torthaí chun straitéisí bainisteoireachta a chur ar an eolas amach anseo.



Uiscebhealach na Canála Móire-Bhearú sa bhliain 2009, 6 mhí iar-dhreideáilte

Bailíodh samplaí uisce, le haghaidh Monatóireachta Comhlíonta faoin gCreat-Threoir Uisce, ar 40 láithreán ceithre huair sa bhliain 2009, agus lean an clár seo le linn 2010. Bailíodh samplaí inveirteabrach uisceach ag na láithreáin seo freisin san earrach agus san fhómhar, agus rinneadh pobail phlandaí uisceacha a mheas le linn na tréimhse samplála san fhómhar. Rinneadh anailís ar shonraí a bailíodh le linn na tréimhse 2006-2009 agus baineadh úsáid as le hacmhainneacht éiceolaíochta reatha a mheas. Measadh go raibh an mhórchuid de na canálacha de Dea-Acmhainneacht Éiceolaíochta (DAE agus fuair trí Chorp Uisce Shaorga (CUS) Dea-Acmhainneacht Éiceolaíochta trí aistarraingt. Rinneadh sonraí a bailíodh le haghaidh monatóireachta CTU a ionchorprú isteach i dtacair shonraí agus chuidigh le háis idirnáisiúnta monatóireachta agus measúnachta a fhorbairt.

4) An Clár um Bradán, Breac Geal & Eascann

Cuid thábhachtach d'fheidhm taighde fheidhmigh de chuid PBI is iad cláir oibre ar na speicis imirceacha seo agus tá PBI ag cur leis go suntasach maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle bhainisteoireachta don Aire agus do na comhchoistí náisiúnta éagsúla, agus iad bunaithe ar mheasúnacht eolaíoch iontaofa.

Ón mbliain 2007, rinneadh bainistíocht ar stoic bradán in Éirinn ar bhonn abhantraí aonair agus tosaíocht faoi láthair is ea measúnacht a dhéanamh ar stoic ag leibhéal na n-abhantrach le fáil amach má sháraíonn na stoic teorainneacha caomhnaithe sonracha san abhainn.



Tionscadal Ceilteach Breac Geal a bunaíodh ar Thrá Loch Garman, líonta sa chúlra

Rinneadh bric gheal ar bhord farraige an iarthair a mheas le 20 bliain anuas le linn monatóireacht a dhéanamh ar fhíniú muirmhiolta. Cuireadh tús le tionscadal nua sa bhliain 2009, An Tionscadal Ceilteach Breac Geal, cistithe faoi INTERREG IV, a dhíríonn isteach don chuid is mó ar phobail bhreac geal ar chóstaí an oirthir agus an deiscirt.

Is é an chomhairle is deireanaí maidir leis an eascann Eorpach ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) go bhfuil an stoc taobh amuigh de na teorainneacha bitheolaíochta agus nach bhfuil na hiascaigh reatha inbhuanaithe. Tá baint ag an PBI i gcláir éagsúla atá ag scrúdú stádas na n-eascann in Éirinn.

Bradán, Breac Geal agus Breac Fíochmhar

i) Innéacs Bradán Óga a Fhorbairt

Baineadh úsáid as líonmhaireacht na ngilidíní cóngarach do láithreacha sceathraí in achair scarbháin roimhe mar innéacs ar líon bradán ar Abhainn na Buaise i dTuaisceart na hÉireann. Tá teicníocht leictre-iascaireachta (ar a dtugtar leictreashlatiascaireachta uile abhantrach) bunaithe ar na prionsabail seo á forbairt d'aibhneacha bhradán na hÉireann le hinnéacs a thabhairt ar líonmhaireacht na mbradán óg ar bhonn uile abhantrach ar féidir úsáid a bhaint aisti le measúnacht a dhéanamh ar theorainneacha caomhnaithe na mbradán a bhaint amach. Tugadh faoi leictre-iascaireachta ag 978 láithreán i 47 abhantrach in 2009 chun líonmhaireacht agus dáileadh na ngilidíní a mheas. San iomlán, rinneadh suirbhé aonair ar 81 abhantrach sna chéad trí bliana sa mheasúnacht sin, lean leis an gclár le linn an tséasúir shamplála 2010.

Tugadh torthaí na chéad trí bliana don Bhuanchóiste Eolaíochta (2009), agus, i ndiaidh anailís staidrimh a dhéanamh orthu, mhol an Bhuanchóiste Eolaíochta gur féidir scéim 'Gabháil agus Scaoileadh' a cheapadh ar aibhneacha ar a measadh nach mbeadh barrachas bradán iontu le linn 2010, ach go mbeadh innéacs na ngilidíní ≥ 17 . Mar gheall air seo mhol an Bhuanchóiste Eolaíochta 8 n-abhainn a oscailt ar bhonn gabhála agus scaoilte in 2010.

Tá acmhainneacht mhaith sa teicníocht chun stoc bradán a mheas agus is dócha go léiríonn sí stádas stoc bradán níos fearr in aibhneacha nach féidir úsáid a bhaint as slatiascaireacht chun líon stoc bradán a mheas (is é sin, áiteanna a bhfuil teorainn ar shlatiascaireacht nó in aibhneacha níos lú). Beidh cúpla bliain sonraí de dhíth chun tacar sonraí urrúnta a thógáil, as ar féidir feidhmiú na n-abhantrach aonair agus treochtaí a mheas. Tá leictre-iascaireachta ar fud na n-abhantrach tábhachtach freisin chun faisnéis a thabhairt faoi dháileadh agus líonmhaireacht na ngilidíní do bhainisteoirí. Is féidir go mbaineann easpa nó líonmhaireacht íseal na ngilidíní le

ceisteanna cáilíochta an uisce, le baic, nó le damáiste ar ghnáthóga agus is féidir scrúdú a dhéanamh ar achair a bhfuil líonmhaireacht íseal ann.

ii) An Clár um Ghéineolaíocht na mBradán:

Tá comhpháirtíocht straitéiseach ar bun idir PBI agus UCC a bhaineann le gnéithe éagsúla ghéineolaíocht bradán. Ón mbliain 2007, rinneadh bainistíocht ar stoic bradán ar bhonn abhantraí aonair agus tosaíocht anois is ea measúnacht a dhéanamh ar stoic ag leibhéal na n-abhantrach le fáil amach má tá stoic bhradán thar na teorainneacha caomhnaithe sonracha san abhainn. Ina theannta sin, is eagán obair a dhéanamh ar ghéiniticí bradán a chomhdhéanann pobal bradán singil a mheas. Baineann an tionscadal úsáid as géineolaíocht na mbradán le bainisteoireacht chéille na stoc bradán in Éirinn a sholáthar agus le tuiscint níos fearr a sholáthar ar na nithe a chomhdhéanann pobal bradán agus ar an dóigh a n-oiriúnaítear na pobail sin.

Áirítear bunlíne náisiúnta géiniteach na mbradán a thabhairt suas chun dáta, ábhar géiniteach ar aibhneacha beaga a bhailiú agus a anailísiú agus ábhar géiniteach ar craobh-aibhneacha na n-aibhneacha móra a bhailiú agus a anailísiú sa saothar. Tá saothar ag leanúint ar aghaidh freisin maidir le coimpléasc stoic na mbradán sa deisceart (Abhann na Bearú, na Feora, na Siúire & na hAbhann Móire) chun idirdhealú géiniteach a dhéanamh ar na pobail aonair bradán seo.

iii) An Tionscadal Ceilteach Breac Geal

Cineál farraige den bhreac donn is ea an breac geal agus spriociasc mór-éilimh atá ann in iascaigh shlatiascaireachta sna haibhneacha agus in uiscí thart ar chósta na hÉireann. Cuireadh tús le sampláil na mbreac óg sa bhliain 2009 i gcomhpháirtíocht leis na BIR chun samplaí a chur ar fáil do bhunlíne géiniteach na mbreac geal agus thosaigh cumainn shlatiascaireachta samplaí a bhailiú ar na haibhneacha tosaíochta. Tugtar le tuiscint sa lá atá inniu ann go mbíonn líon na mbreac geal íogair comhshaoil dá gcomhdhéanamh agus do stádas a gcuid stoc. Mar gheall ar ghnéithe stairiúla na saolta éagsúla in éineacht lena líonta forleathana, táscaire uathúil íogair ar athrú sa chomhshaol is iad na bric ghil, ag comhtháthú freagairtí thar na gnáthóga éagsúlachta.



Clúdach Scála CSTP d'iascairí (tosaigh agus cúl)



Breac geal a gabhadh le cuileog bhréige

Is iad na príomhaidhmeanna atá sa tionscadal tuiscint a fháil agus cur síos a dhéanamh ar stoic bhreac geal i Muir Éireann agus ar a ngnáthóg fionnuisce gaolmhara agus scrúdú a dhéanamh ar úsáid a bhaint as éagsúlacht i saol stairiúil na mbreac geal mar áis chun athrú aeráide a bhrath agus tuiscint a fháil ar iarmhairtí athrú aeráide. Le tuilleadh eolais a fháil féach www.celticseatrout.com

iv) Staidéar ar Bhreac Fíochmhar

Bric locha mhóra is iad bric fhíochmhara agus táthar le fios go bhfuil siad difriúil go géiniteach ón ngnáthstoic breac donn. Tá na héisc seo á shaothrú ag slatiascairí

agus níl a lán faisnéise againn maidir lena mbitheolaíocht nó lena suíomhanna sceite i lochanna móra na hÉireann. Cuireadh tús le tionscadal rada-theiliméadrachta sa bhliain 2005 chun bric fhíochmhara a chlibeáil i Loch Coirib, chun iarracht a dhéanamh ar chlaiseanna sceathraí a aimsiú leis an stoc a chosaint san fhadtéarmach. Idir na blianta 2005 agus 2007, clibeáladh ochtó breac fíochmhar i Loch Coirib. Trí úsáid a bhaint as rad-rianaithe ag am sceathraithe, fuarthas gur taifeadadh 82% de na bric chlibeáilte in Abhainn Chonga. Léiríodh gurb í an abhainn seo, craobh-abhainn Loch Coirib, an príomhshuíomh sceathraithe do bhric fhíochmhara in abhantrach Loch Coirib. Mar thoradh ar na torthaí ón staidéar seo, tugadh fodhlí caomhnaithe isteach ar an Abhainn Chonga sa bhliain 2008 chun pobal na mbreac sceathraithe a chosaint.

Aistríodh an staidéar go habhantrach Loch Measca sa bhliain 2008 nuair a rinneadh radchlibeáil ar 32 Breac fíochmhar chun claiseanna sceathraí a aimsiú. Clibeáladh 35 Breac fíochmhar sa bhreis sa bhliain 2009. Chonacthas gurb í Canáil an Chonga, a nascann Loch Measca le Loch Coirib, príomhshuíomh sceathraithe na mBreac fíochmhar as Loch Measca. Rinneadh taifid freisin ar sceitheadh na mBreac fíochmhar in abhainn Ghleann Sál agus in abhainn Carhernagower Chuir rad-raonú agus cuidiú ó na hAerchór ar aimsiú feabhas mór ar aimsiú na n-aisc rad-chlibeáilte. Cuirfear an tionscadal i gcrích le clibeáil 40 breac fíochmhar in 2010. Ligfidh saolré trí bliana do na clibeanna na héisc a aimsiú go dtí 2012. Moltar as torthaí an tionscadail beartais chaomhnaithe a thabhairt isteach chun Bric fhíochmhara a chosaint ar phríomhshrúthanna sceathraí Loch Measca.

v) Eascanna: EELIAD 7^ú Creat-Chlár AE Chistithe

Is comhpháirtithe iad an Príomh-Bhord Iascaigh i gclár taighde AE chistithe dar teideal, *European Eels in the Atlantic (Eascanna Eorpacha san Atlantach): Assessment of Their Decline*. (Measúnacht Ar a Laghdú). Is é is aidhm atá sa tionscadal staidéar a dhéanamh ar na fáthanna ar laghdú ar na stoic eascanna Eorpacha agus déanfar imscrúdú ar éiceolaíocht agus bitheolaíocht na n-eascann le linn a n-imirce mhuirí, agus conas a bhaineann siad le báil na n-eascann agus le pobal an bhunúis. Cuimseofar an fhaisnéis isteach in ábhair shamplacha chun na fíricí is tábhachtaí a aimsiú, a chuireann isteach ar tháirgeadh eascanna geala agus ar imirce rathúil. Tríd an chuspóir seo a bhaint amach, tabharfar bealach chun rath

dóchúil Phlean an AE um Eascanna a Athshlánú, a mheas, ionas gur féidir gníomhaíochtaí bainistíochta a dhíriú don mhéid is éifeachtaí chun stoic eascanna a chaomhnú ar fud na hEorpa, agus chun dinimicí ar struchtúr an phobail eascanna agus rath atáirgthe a fháil amach.

Tá clár mórscála á thabhairt faoi leis na bealaí imirce agus iompraíocht na n-eascann geal le linn a n-imirce sceathraí a fháil amach, agus fachtóirí éiceolaíochta a chinneadh a chuireann tionchar ar líon agus ar cháilíocht na n-eascann atá ag imeacht as abhantracha. Mar chuid den chlár seo, leanadh leis an obair i nDeireadh Fómhair 2009 nuair a clibeáladh 50 eascann mhór (>80cms) ag iascach eascann na Gaillimhe. Cuireadh clibeanna stórála isteach sna heascanna a dhéanfaidh taifid ar dhoimhneacht agus ar theocht. Nuair a fhaigheann na heascanna bás ar muir, snámhfaidh na clibeanna inmheánacha san fharraige mhór agus tiocfaidh siad ar tír, agus de ghnáth faightear thart ar 10-15% acu agus seoltar ar ais iad. Is féidir gach sonra a íoslódáil ó na clibeanna a fuarthas ar ais.



Eascann á thomhas agus á chlibeáil

Rinneadh clibeáil ar eascanna as abhantracha a raibh an seadán boilg snámha *Anguillicola crassus* iontu agus ar eascanna as abhantraí a bhí saor ón seadán. Leanann an chlibeáil seo ar aghaidh ón saothar clibeála satailíte mórscála a tugadh faoi i nGaillimh sa bhliain 2008. Tabharfar faoi chlibeáil satailíte arís níos moille sa bhliain 2010 ag iascach eascanna na Gaillimhe.

Le linn shaothar seachtrach clibeála de chuid EELAD Deireadh Fómhair 2009, bhí ceardlann ar siúl le bitheolaí clúiteach Seapánach, an tOllamh Katsumi Tsukamoto, agus tá comhoibriú ar bun lena thaighde agus leis an saothar atá á thabhairt faoi sa tionscadal EELAD. Foilsíodh páipéar san Irisleabhar, SCIENCE, dar teideal **Oceanic Spawning Migration of the European Eel, (*Anguilla Anguilla*)** mar thoradh ar an

saothar a tugadh faoi in 2006 & 2007 leis na clibeanna satailíte eascanna i nGaillimh. Don chéad uair riamh, thug faisnéis faoin imirce agus faoin iompraíocht na n-eascann san fharraige mhór tuiscint luachmhar ar imirce mhuirí na n-eascann le linn a n-imirce sceathraí chun na Mara Sargasaí.

vi) Tiomsú Faisnéise faoi Abhantracha Gnáthóg-Bhunaithe agus Sonraí Stairiúla ar Eascanna Atá mar Thaca le Pleananna Bainistíochta Eascanna (PLEAN - EASCANN):

Is é an chomhairle is deireanaí maidir leis an eascann Eorpach ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) go bhfuil an stoc taobh amuigh de na teorainneacha bitheolaíochta agus nach bhfuil na hiascaigh reatha inbhuanaithe. Mhol CITM gur chóir plean athshlánaithe a fhorbairt do stoc eascann iomlán na hEorpa mar ábhar práinneach agus gur chóir saothrú agus gníomhaíochtaí daonna eile, atá ag cur isteach ar an stoc, a laghdú is mó agus is féidir. Éilítear i Rialacháin nua an AE maidir le stoc eascann na hEorpa a athshlánú, ní mór an céimshrian sceathraí reatha (mar eascann gheal) a thomhas in aghaidh an mheastacháin chéimshriain is fearr a bheadh ann mura mbeadh tionchair antrapaigineacha tar éis dul i gcion ar an stoc. Glacadh leis gurb iad na sonraí a bailíodh roimh an bhliain 1980 na sonraí is fearr a léiríonn bunleibhéil táirgeachta na n-eascann.

Sa tionscadal seo bailíodh gach sonra stairiúil ar eascanna ó aibhneacha, lochanna agus uiscí idirchrosacha a bhí ar fáil agus tugadh na sonraí seo don phróiseas bainistíochta eascann i mbunachar sonraí GIS gnáthóga bunaithe uileghabhálach. Comhordaíodh sonraí ó mhórchuid de na mór-abhantracha agus tugadh faoi phróiseas anailíse bhearna forleathan. Thuairiscigh an tionscadal trí chomhpháirtí seo i Mí na Nollag 2009

vii) An Clár Náisiúnta um Monatóireacht Eascann

Éilítear i bPlean an AE um Athshlánú Eascann (AE 2007: COM (2005) 472) ar gach Ballstát plean bainistíochta a chur isteach maidir le hathshlánú stoc eascann na hEorpa. Cuireadh tús leis an obair deireadh na bliana 2008 agus leanann sé ar aghaidh in 2010, i gcomhar leis na Boird Iascaigh Réigiúnacha agus Foras na Mara, chun Plean Náisiúnta um Monatóireacht Eascann a bhunú agus a sheachadadh. Ghlac Coimisiún an AE an Plean Náisiúnta um Monatóireacht Eascann ag Éirinn

Meitheamh 2009. Déantar sa phlean seo cur síos ar chlár cuimsitheach monatóireachta agus measúnacht ar ghníomhaíochtaí bainistíochta agus ar a gcur i bhfeidhm, agus clár measúnachta ar stoic eascann.



Clibeáil Eascann bhuí (PIT) i Loch Cuilinn

Leagadh síos liosta cuspóirí monatóireachta faoin gClár Náisiúnta Mhonatóireachta:

i) Meastachán ar chéimshrian na n-eascann geall

Sa bhliain 2009, baineadh úsáid as trí shuíomh (Abhantracha Choirib, Sionainne agus Éirne) chun stoc eascann geal a mheas. Rinneadh suirbhé ar mharc-athghabháil sna trí shuíomh le líon na n-eascann geal a bhíonn ag éalú ó na habhantracha a fháil amach.

ii) Tá monatóireacht á déanamh ar stoic eascann buí chun

- a.* monatóireacht a dhéanamh ar thionchar ar dhúnadh iascach ag an stoc eascann buí.

b. Bunlíne sonraí a bhunú chun athruithe i stoic eascann a rianú le himeacht ama.

1. Rinneadh diansuirbhéanna líonta fyke i 5 loch sa bhliain 2009 chun líon na n-eascann i ngach loch a fháil amach. Tugadh samplaí eascann ar ais don tsaotharlann le tuilleadh anailís a dhéanamh orthu. Is iad na cúig loch mar seo a leanas:

- Loch Coirib Íochtarach
- Loch Dearg Íochtarach
- Loch Fíoch
- Loch Con
- Loch Cuilinn

2. Rinneadh Suirbhé Marc-athghabhála Sainspásúil in Inbhear Phort Láirge. Ba é aidhm an staidéir dlús na n-eascann a fháil amach sna pobail laistigh de ghnáthóg eascann tábhachtach.

iii) Idir-chalabhrúchán le sampláil ag an gCreat-Treoir Uisce (CTU). Thuairiscigh torthaí ar shuirbhéanna CTU ón bhliain 2008 agus ón bhliain 2009 a bhaineann le heascanna i dTuarascáil Bhliantúil an Chumainn Eolaíoch Eascann I Mí Mheithimh 2010 rinneadh staidéar idir-chalabhrúcháin idir an CTU agus an Clár Monatóireachta Eascann i Loch Éirne Uachtarach agus i Loch Rí.

iv) Forleithne Seadán agus Cáilíocht na n-Eascann a Mheas

Rinneadh anailís ar shamplaí eascann a fuair CTU agus an Clár Monatóireachta Eascann le haghaidh forleithne agus líon na seadán sa bhliain 2009. Ag deireadh na bliana 2010 beidh pictiúr iomlán ar fhairsinge na seadán ar fáil. Baineadh otaililí ó na samplaí uile agus déanfar fás na n-eascann sna habhantracha éagsúla a mheas sa bhliain 2010.

v) Déan comparáid ar stoic reatha agus stoc stairiúla na n-eascann buí. Baineadh úsáid as an 'bPlean Eascann' chun comparáid a dhéanamh idir na suirbhéanna stairiúla a rinneadh i Loch Coirib agus Loch Con agus an suirbhé reatha a rinne CTU sa bhliain 2009. Bhí laghdú sa Ghabháil gach Aonad Iarrachta do Loch Con (1972 go dtí 2009) agus do Loch Coirib Íochtarach (1969 agus 2009).

vi) Earcaíocht

Cuireadh clár náisiúnta monatóireachta luathóg i Mí Aibreáin 2010. Bunlíne tacair shonraí a bheas sa chlár seo chun aon athrú ar an bpobal luathóg a thomhas le himeacht ama. Is iad mar a leanas liosta na n-aibhneacha ar a ndearna an clár suirbhé; Coirib, Baile Easa Dara, Bearú, an tSláine, Oireamh, Life, an Eidhneach, Máigh, agus Abhainn na Féile.

Tabharfaidh torthaí an chláir mhonatóireachta eascann atá á thabhairt faoi ag an PBI agus na BIR faisnéis eolaíochta luachmhar mar chomhairle ar phlean bainistíochta na n-eascann ag Éirinn, ar a ndéanfar a mheas sa bhliain 2012.

TREORACHA EORPACHA - OIBLEAGÁIDÍ NÁISIÚNTA

1) An Treoir maidir le Gnáthóga (TG)

Is é tarchuir an tionscadail seo chun chlár monatóireachta náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar na speicis atá luaite sa Treoir maidir le Gnáthóga ón AE agus i Leabhar Dála Dearga na Veirteabrach Éireannach. Clúdaítear sa Treoir maidir le Gnáthóga speicis lena n-airítear bradán Atlantach, sead alósach, sead Chill Airne agus fhallacsach, loimpre abhann agus srutháin, agus pollán. Chomh maith leis seo, díríonn an clár ar ruabhreac agus smealt, mar atá luaite sa Leabhar Dála Dearga.

Tá oibleagáid, faoi reachtaíocht chur chun feidhme na hÉireann, ar an Aire RCFAN tabhairt faoi monatóireacht maidir leis na heisc atá luaite sa Treoir maidir le Gnáthóga. Caithfidh Éire measúnacht stádais a chur ar fáil, a chlúdóidh an limistéar iomlán náisiúnta, don AE gach 6 bliana maidir leis na speicis iasc atá luaite. Níl bunachar sonraí iomlán ann ruabhric agus smealta iomlán ann, le comharthaí soiléire ar laghdú i líon na ruabhreac i bpríomhlochanna le fiche bliain anuas. Tá an cuma ar an scéal go bhfuil smealt roinnte go spruánach sa chóras uisce fud fad na tíre.

Déantar an clár as sraith pacáistí oibre bunaithe ar speicis. Taobh istigh de gach speicis, déanann sraitheanna breise fo-phacáistí nasc le fuinneoga timpeallacha éagsúla atá ar fáil chun chéimeanna difriúla i saol na speiceas a shampláil.

Tá an clár fruilithe go gníomhach ar shraith chomhghnásanna sampla a fhorbairt chun eolas inchomparáide agus cainníochtúil a chur ar fáil chun go ndéanfaí codarsnacht iondobharlach agus idirdhobharlach ar stádas iasc le linn agus idir blianta.

Sa bhliain 2009, rinneadh sampláil pollán ar Loch Dearg, i sineirge le foireann monatóireachta iasc de chuid Chreat-Threoir Uisce. Rinneadh sampláil freisin sead anadromach idir óg agus aosta i LCSeanna an deiscirt agus an oirthir le foireann oibre Bhord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir agus an Deiscirt. Rinneadh sampláil abhantraí iomláin de loimpre óg ar sé chóras, ag comhoibriú le foireann oibre Bhord Iascaigh Réigiúnach. Ar dhá chóras acu siúd, Abhainn na hÚine (BIR na Sionainne)

agus Buannaid na Garbhóige (BIR IT), rinneadh an suirbhé páirce ag an bhfoireann áitiúil, i rannpháirtíocht le lucht gaolmhara thionscadal PBI.

Rinneadh sampláil abhantraí iomláin de bhradán ar réimse abhantracha ag foireann bhradáin PBI, ag comhoibriú le comhoibrí BIR. Rinneadh an mhonatóireacht i gcomhthéacs ghnóthaithe TC agus déid le measúnacht stádas bradán do Threoir maidir le Gnáthóga.

Chrúthaigh suirbhéanna ar dhá loch Thír Chonaill de chuid BIR Tuaisceartach sonraí maidir le daonraí ruabhric agus chrúthaigh sampláil inbhearach eolas maidir le daonraí smealta in uiscí áirithe.

Léirigh an tionscadal grúpa eilimintí monatóireachta agus eile, chomh fada le 2013, a ba chóir creat a chur ar fáil ar son nuashonrú stádais chuimsithí don AE.

Críochnaíodh tuairisc, bunaithe ar fhiosrúcháin a rinneadh i 2009, in Aibreán 2010. Beidh riachtanas bliantúil leanúnach don glár náisiúnta seo. Táthar ag dúil leis an gcéad thuairisc stádais don AE i 2013.

2) An Chreat-Treoir Uisce (CTU)

I 2007, chuir an Príomh-Chord Iascaigh (PBI), le cuidiú ó na Boird Iascaigh Réigiúnacha, tús le clár monatóireachta iasc le sláinte na n-aibhneacha, lochanna agus na n-inbhear/murlach in Éirinn a mheas. Tá an obair seo riachtanach chun riachtanas Chreat-treoir Uisce (CTU) an AE, a bunaíodh i 2000 agus a chomhoiriúnaíonn bainistíocht chaighdeán uisce, a chomhlíonadh. Is iad bunchuspóirí na CTU, a trasúidh i ndlí na hÉireann trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce) 2003 (I.R. Uimh. 722 de 2003), ná stádas na n-uiscí atá d'ardchaighdeán nó de chaighdeán maith a chosaint agus a choinneáil, cosc a chur ar mheath breise na n-uiscí agus uiscí atá i ndrochstaid cheana a athshlánú chun stádas maith a bhaint amach dóibh ar a laghad roimh dheireadh na bliana 2015. Sonraíonn an Treoir go ndéanfar monatóireacht éisc sna láithreáin go léir a roghnaíodh le haghaidh Monatóireachta Faireachais (MF). Dearadh an clár le haghaidh monatóireacht faireachais iasc, a d'fhorbair an PBI, chun go gclúdófar na cineálacha dobharlach a mhaireann in uiscí na hÉireann, agus clúdaíonn sé monatóireacht na ndaonraí iasc

ar 181 láithreán abhann, 73 inbhear/murlach (uiscí idirchríosacha) agus 73 loch. Baintear úsáid as an eolas a bhailítear i ngach suirbhé chun ‘stádas éiceolaíoch’ a thabhairt ar gach dobharlach, i réimse idir ard-stádas agus droch-stadas, leis an gcuspóir go mbeidh ar a laghad stádas éiceolaíoch maith i ngach dobharlaigh na hÉireann faoi 2015. Cuideoidh an sonraí a bhailítear le clubanna slatiascareacht agus úinéirí iascaigh a gcuid iascaigh a bhainistiú níos fearr agus chun fhorbairt suntasach iascaigh a chur chun cinn.

Rinneadh obair fhorleathan mar chuid den chlár monatóireachta faireachais éisc CTU idir 2009 agus Meitheamh 2010 - rinneadh suirbhé ar 25 loch, 70 láithreán abhann agus 23 dhobharlach idirchríosach ar fud na tíre. Úsáideadh suas le ceithre fhoireann monatóireachta CTU ag an am céanna de chuid an Phríomh-Bhoird Iascaigh agus na mBord Iascaigh Réigiúnach chun obair sheachtrach a dhéanamh. Rinneadh na suirbhéanna ag úsáid sraith modhanna caighdeánacha Eorpacha; leictriascaireacht is ea an príomhmhodh suirbhéireachta a úsáidtear sna haibhneacha agus úsáidtear teicnicí éagsúla líontóireachta sna lochanna agus inbhir. Chuir an drochaimsir le linn 2009 isteach ar an bhforbairt, go háirithe sna limistéir abhann inar chur uisceleibhéil arda i rith mhionna an tsamhraidh cosc ar chríochnú cuid mhór de na suirbhéanna; fós, bailíodh cuid mhór eolais.



Leictiascaireacht don CTU



Toise samplaí éisc CTU ar an láthair oibre

Taifeadadh timpeall is 55,000 iasc le linn na suirbhéanna i 2009/2010 - cuireadh aithne ar na héisc seo go léir, rinneadh iad a chomhaireamh agus rinneadh cuid áirithe díbh a thomhas agus a mheá. Baineadh gainní de na héisc freisin chun a n-aois a fháil amach. Coimeádadh roinnt de na héisc chun anailís bhreise a dhéanamh

orthu i saotharlann an PBI. Rinne an fhoireann na samplaí éisc go léir a tógadh le linn na tréimhse samplála a phróiseáil le linn mhíonna an gheimhridh. Foilsíodh réamhthuarascálacha maidir le gach dobharlach a rinneadh suirbhé air i 2009 ar láithreán gréasáin éisc CTU (www.wfdfish.ie) agus athchuirfear é le tuarascálacha níos mine nuair a beidh deireadh le cúrsaí próiseála ar shonraí na n-iasc uile.



Ag próiseáil na samplaí éisc ag an CTU.

Cuireann an clár náisiúnta CTU le haghaidh monatóireacht eisc tacar sonraí iontach luachmhar agus cuimsitheach ar fáil d'aibhneacha, lochanna agus uiscí idirchriosacha ag baint úsáide as modhanna caighdeánaithe a cheadóidh luacháil ar threochtaí fadtéarmacha i gcomhdhéanamh, flúirse agus struchtúr aoise na speiceas. Beidh an t-eolas seo spéisiúil don GCC, Príomh-Bhord Iascaigh, Boird Iascaigh Réigiúnacha (BIR), úinéirí iascaigh, lucht eagraithe na slatiascaireachta agus don phobal cuí. Úsáidfear an fhaisnéis ón gclár monatóireachta chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht nó ar ghnéithe eile na mbeart rialaithe sna Pleananna Bainistíochta Abhantraí CTU. Sannadh aicme stádais éiceolaíochta (ard, maith, measartha, bocht, olc) do na lochanna agus na haibhneacha go léir ar a ndearnadh suirbhé le haghaidh na CTU roimh an bhliain 2008. Cuireadh na torthaí seo faoi

bhráid na bPleananna Bainistíochta Abhantraí. D'fhoilsigh na Ceantair Abhantraí na pleananna seo i Mí na Nollag 2008.

Críochnaíodh an chéad chlár monatóireachta eisc CTÚ rollach thrí bliana agus cuireadh tús le clár nua thrí bliana i 2010. Déanfar athshuirbhé ar shuíomhanna abhann, loch agus uisce idirchriosach a rinneadh suirbhé orthu i 2007, chomh maith le roinnt suíomhanna nach ndearna an suirbhé orthu roimhe toisc an drochaimsir. Ligfidh an mhonatóireacht seo ar dhobharlaigh gach trí bliana dúinn athruithe ar bith i ndaonraí na n-iasc i láthair a aithint agus tabharfaidh sí deis feidhmiú éifeachtúil na gcláranna beart, a cuireadh i bhfeidhm chun stádas eiceolaíoch na ndobharlach díghrádaithe a fheabhsú, a mheas.



Sampláil Inbhir CTU

Tá tuairiscí miona na suirbhéanna ó 2007, 2008 agus réamhthuarascálacha ó 2009 ar fáil ar láithreán gréasáin thiomnaithe éisc CTU (www.wfdfish.ie). Is féidir tuairisc achoimre ón gclár monatóireachta eisc ó 2008 & 2009 a léamh ar líne freisin. Tá bunachar sonraí de na hiasc uile a gabhadh á forbairt faoi láthair, agus beidh flúirse,

bithmhais agus léarscáileanna dailte na speiceas ar fáil freisin ar láithreán gréasáin an CTU chomh luath is a críochnófar iad.

AN CLÁR NÁISIÚNTA COMHSHAOIL AGUS BITHÉAGSÚLACHTA

1) Speicis Ionracha

Stádas na Canála Ríoga agus na Canála Móire:

Tá leathnú á dhéanamh i gcónaí ar líonra canálacha na hÉireann agus i gceann tamaill bhig athbhunófar an nasc chuig Abhainn na Sionainne tríd an Chanáil Ríoga. Líonra dea-nasctha is ea an líonra seo a sholáthraíonn bealach réidh do speicis phlandaí ionracha, maicrinveirteabraigh agus éisc leathadh. Áirítear ar roinnt de na speicis fadhbacha a d'fhéadfadh a bheith ann cheana sna canálacha seo, cé nach bhfuil ach leibhéil réasúnta íseal ann don chuid is mó: Tím uisce chaol, Mionfhiaile Nua-Shéalannach, Raithneach uisce, Diúilicín riabhach agus Déas. Tá speicis bruachánacha ag éirí níos flúirsí agus d'fhéadfadh leo cur isteach ní hé amháin ar an mbithéagsúlacht dhúchasach ach ar úsáid siamsaíochta a bhaint as na canálacha freisin. Glúineach bhiorach is ea an speiceas bruachánach is tábhachtaí. Leanadh ar aghaidh le monatóireacht leanúnach ar stádas na speiceas seo idir 2009 agus 2010; tá clár bainistíochta agus rialaithe ina leith curtha i bhfeidhm.

Stádas agus imdháileadh Plubán (Leuciscus cephalus) in Abhainn na hUíne: lasc neamhdhúchasach is ea an plubán a scaoileadh saor don chéad uair le déanaí in Abhainn na hUíne. Gabhadh 25 mhórphlubán ag úsáid leictir-iascaireachta sna blianta 2006 agus 2007. Thaispeáin an scrúdú a rinneadh ar na héisc seo gurb éisc sláintiúla iad agus go raibh an chuid is mó acu in ann sceitheadh. Thaispeáin an suirbhé freisin go bhfuil cuid mhór d'Abhainn na hUíne oiriúnach mar ghnáthóg don phlubán, inar féidir leis an speiceas é féin a bhunú, a fhorbairt agus a iomadú. Is féidir leis an plubán taisteal go nádúrtha ó Abhainn na hUíne go dtí abhainnchórais mhóra eile *via* Loch Rí agus Abhainn na Sionainne agus ciallaíonn sé seo gur féidir leis an speiceas a bheith níos flúirsí in Éirinn.

Sa bhliain 2008, níor thaifeadaigh suirbhé leictriascaireachta forleathan ach dhá phlubán. Gabhadh an dá phlubán san abhainn íochtarach, i limistéar ina raibh an t-uisce ag dul go réasúnta tapa. Feistíodh dhá chlib raidió leis na héisc agus scaoileadh saor iad. Ba é an cuspóir ná go mbuailfeadh na plubáin 'Judas' seo lena

scoileanna nádúrtha féin agus go mbeifí in ann a suíomhanna agus a bpatrúin gluaiseachta a aithint. Bheadh sé níos éasca dá bhrí sin an chuid is mó de na plubáin ionracha a bhaint ón abhainn. Thaispeáin torthaí na hoibre monatóireachta leanúnaí a rinneadh ar an dá iasc clibeáilte gur fhan siad sa chuid sin den abhainn inar gabhadh iad agus nach ndearna siad teagmháil le plubán ar bith eile. I mí na Bealtaine 2009 rinneadh suibhre leictriascaireachta ag an PBI & BIR chun plubán ar bith a bhí fágtha in Abhainn na hUíne a bhaint de. Níor gabhadh ach an dá iasc leis na gclib raidió agus baineadh den abhainn iad. Móltar, bunaithe ar an thoradh seo, gur éirigh le ruaigeadh na bplubán ó Abhainn na hUíne. Chinntigh suirbhé monatóireachta a rinneadh ag deireadh Aibreáin 2010 go raibh siad imithe.

Tím Uisce Chaol (*Elodea nuttallii*)

Taifeadadh *Elodea nuttallii*, Meiriceá Thuaidh ó dhúchas, don chéadair i bhfiántas na hÉireann go luath sna 1980í agus ó shin catagóiríodh é mar speiceas ionrach príomh nó ard-thionchar. Cinntíodh daonraí fásmhara i roinnt áiteanna ar fud na hÉireann. Is féidir leis an bhfásra dlúth, mothrach seo, a dhéantar ag an speiceas ionrach seo, dul chun ceantracha mór sruthchúrsa a líonadh agus, más féidir, cuirfidh sé speiceas plandaí uiceacha dúchasacha faoi chois nó cuirfidh sé deireadh leo ar fad.

Deimhníodh *Elodea nuttallii* don chéadair gcóras an Abhann Lí le linn mheasúnacht le haghaidh suirbhé stoc éisc a rinneadh ar thaiscumar Inis Cara sa bhliain 2004. Léirigh suirbhéanna iarteachtacha a rinneadh ar thaiscumar Charraig an Droichid I 2005 & 2006 daonraí substaintiúla den speiceas. I 2009, le hiarraidh ESB, rinneadh suirbhé le fairsinge iomlán an fhínithe *E. nuttallii* i gcóras Lí san iomlán a thomhas.

Thángthas ar an tím ionrach b'fhaide thuas an abhainn in uiscí éadoimhne ar an Ghaorthadh, in aghaidh an tsrutha ó thaiscumar Charraig an Droichid. Léirigh an chuid a bhí fágtha den chóras Lí, thíos an sruth ón bpointe seo, daonraí forleathan *E. nuttallii*, agus chonacthas go raibh sé lonnaithe san gcuid is mó de na nideoga a bhí ar fáil dó, lena n-airítear taiscumair Charraigh an Droichid agus Inniscara, an príomh-Abhainn Lí thíos an srutha ó thaiscumar Inis Cara agus trasghearrthacha canáil a bhuaileann leis an Abhainn Lí ag Tobar Rí an Domhnaigh i gCathair Chorcaigh.



Finiú *Elodea nuttallii*, Loch Kilcreeny, Co. Muineacháin, Grianghraf le caoinchead BIRT.

Tá an poitéinseal ag *Elodea nuttallii* droch-thionchar bheith aige ar áineas agus ar áiseanna i gcóras an Abhainn Lí, ar a thaiscumair ach go hairithe. Toisc go scarann an fialus óna fhréamhacha san fhómhar, is féidir le raftaí móra fásra bheith scaoilte síos an sruth agus is féidir go gcuirfidh sé seo isteach ar fheidhmiú na dtuirbíní nó píopaí iontógála a líonadh ag roinnt feistí de chuid ESB.

Cé go bhfuil na féidearthachtaí smachta le dul in éadan *E. nuttallii* measartha teoranta, beidh sé riachtanach an méid fialusa i láthair san abhantrach a laghdú agus mar sin an chontúirt a bhaineann le scaipeadh an fhialusa go cúrsaí uisce eile a laghdú freisin. Moltar go gcóireáiltear, ar bhonn roghnaíocha, áiteanna sainithe, áiteanna ina bhfuil an-fhás ar an fhialus, ag baint úsáide as modhanna meicniúla agus sú solais agus go ndéanfar monatóireacht chainníochtúil ar an thorthaí de réir ama. Bá chóir, i gcomhcheangail le heolas ar bhitheolaíocht agus éiceolaíocht an phlanda, go gcuideodh na staidéir seo le roghanna bainistíochta amach anseo.

I 2009 rinneadh suirbhé do *E. Nuttallii* i gceantar an Chabháin i gcomhar le BIRT. Fuarthas daonraí móra. Rinneadh na suíomhanna seo a mharcáil i bhformaid GIS le haghaidh oibre leantaí suirbhé i 2010.

Sabhaircín uisce reatha

Chinntíodh gur thángthas ar phlanda ionrach gallda nua agus contúirteach, *Lugwigia grandiflora* (Sabhaircín uisce reatha), ag an bPríomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha i lochán i gCo. Chiarraí. Lean áit agus ainmniú an phlanda tuairisc ó úinéir talún aireach agus dícheallach ar Abha na Snadhma. Is é seo an chéad uair a taifeadadh an planda gallda ionrach seo in Éirinn. Agus é bunaithe i gcóras uisce, téann an planda ard-ionrach seo in iomaíocht leis agus i mbun na bplandaí eile agus déantar damáiste don ghnáthóg dúchasach. Is speiceas ionrach iontach gauiseach é seo a scrios an ghnáthóg uisceach dhúchasach i roinnt tíortha Eorpacha eile. Déantar nasc idir é agus laghdú suntasach plandaí dúchasacha ag roinnt suíomhanna sa Fhrainc. Is féidir go gcuirfidh láithreach an sabhaircín uisce reatha le laghdú i leibhéil ocsaigine tuaslagtha san uisce. Faoi choinníollacha áirithe, is féidir leis droch-thionchar bheith aige seo ar stoc na n-iasc.

Mar gheall air seo, rinneadh suirbhé ar locháin i gceantar Sneem i gCo. Chiarraí ag PBI agus BIRID agus tugadh le fios trí speiceas ionrach breise eile ón ndúliosta. Ba iad *Myriophyllum aquaticum* (Lionán cleiteach) agus *Crassula helmsii* (Mionfhiaile Nua-Shéalannach) agus *Lagarosiphon major* (tím uisce catach).

Polasaí Forbartha an Speiceas Ionrach

I 2009, thosaigh an PBI próiseas le haghaidh polasaí forbartha de na speicis ionracha. Tá an cháipéis plásaithe le bheith críochnaithe i 2010.

2) Athshlánú Aibhneacha Bradán

Feabhsú Abhann

Sa bhliain 2008, chuir an PBI tús le mórchlár feabhsaithe abhann - An Clár Comhshaoil um Fheabhsú Abhann (C.C.F.A.) - i gcomhar le Rannóg Seirbhísí Innealtóireachta de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Mar chuid den chlár seo cuirfear feabhas ar dhobharcheantar abhann draenáilte ar fud na hÉireann. Is í OOP atá freagrach as na córais seo a chothabháil. Mar chuid de na cláir seo, atá

beartaithe iad a chur chun feidhme thar cúig bliana, déanfar conair na habhann a athshlánú, agus ní hé cainéal na habhann amháin.

Tá sé beartaithe oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar sé dhobharcheantar ar dtús, eadhon córais Abhainn na Bóinne, Abhainn na Gaillimhe, Abhainn na Níthe, Abhainn na Máighe, Abhainn na Mainge agus Abhainn na Muaidhe. Críochnaíodh an obair ar na córais seo i 2009; mar chuid den chlár 2010 tá na habhantracha in úsáid agus tá ranna difriúla caolta faoi scrúdú.

In ord aimsire glactar leis na céimeanna seo a leanas mar chuid den chlár;-

1. Déantar suirbhé ar na cainéil chun aithne a chur ar na háiteanna ina d'fhéadfadh oibreacha caipitiúla feabhas a chur ar chonair na habhann
2. Déantar cláir oibreacha a cheapadh
3. Cuireann foireann OOP na cláir chun feidhme.
4. Déanann foireann PBI monatóireacht ar na hathruithe a bhaineann le moirfeolaíocht agus éiceolaíocht na habhann agus déanann siad athbhreithniú freisin ar athruithe a bhaineann le líonta éan, ialtóg agus mamach beag i gconair na habhann.

Áirítear ar ghnéithe breise de chuid an chláir, clár iniúchta le haghaidh foirne meaisín OOP chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le nótaí treoracha comhshaoil agus buan-nósanna imeachta oibríochtaí de chuid OOP. Ina theannta sin, forbrófar agus cuirfear clár oiliúna nua chun feidhme faoi shaincheisteanna comhshaoil ábhartha de chuid na foirne OOP. Is é sprioc an chláir iniúchta monatóireacht a dhéanamh ar tríú amháin de na criúnna innill gach bliain. Rinneadh forbairt ar chlár oiliúna don fhoireann agus cuireadh gach ball foirne faoi oiliúint go luath sa bhliain 2010.

I dteannta le staidéir eolaíochta a bhaineann le bithéagsúlacht agus eilimintí hidrimhoirfeolaíochta, cabhróidh an CCFA le staidéir bhreise nó leanúnacha atá tábhachtach do ghníomhaíochtaí bainistíochta cainéil de chuid OOP. Tugadh faoi staidéir idir na blianta 2005 agus 2007 ar an tionchar a bhíonn ag oibreacha bainistíochta cainéil ar loimpre agus gliomach fionnuisce. Cuireadh iarratais isteach

freisin ar Mheasúnachtaí Tionchair Éiceolaíochta (MTÉaí). Leanadh ar aghaidh leis an obair seo sa CCFA. D'fhoilsigh OOP an tuarascáil gliomaigh fhionnuisce sa bhliain 2009. Tá staidéir athshlánaithe iar-thionchair a dhéanamh i gcónaí faoin CCFA agus táthar ag súil leis go leanfar ar aghaidh leis an obair measúnaithe seo ar feadh tréimhse eile.

3) Anailís Uisce

Cuireann Saotharlann an Phríomh-Bhoird Iascaigh seirbhís scúdaithe chomshail agus tacaíochta ar fáil ar fud na tíre do Bhoird Iascaigh Réigiúnacha agus do chliant éilí, ar nós Uiscebhealaí Éireann. Scoiltear an coimpléasc saotharlainne atá ann anois i gceithre fhó-shaotharlann (príomh-cheimic, ICP-MS, micribhitheolaíocht agus bitheolaíocht) agus áit oifige.

Déantar anailís ar shamplaí bunaithe ar tharluithe truailithe agus bás éisc sa sa tsaotharlann. Déantar anailís ar shamplaí uisce ó shuíomhanna uile monatóireachta eisc CTU (aibhneacha, lochanna, uiscí chriosacha). Ghlac Uiscebhealaí Éireann conradh leis an PBI chun anailís a dhéanamh ar shamplaí uisce ó shuíomhanna uile monatóireacht CTU i ndobharlaigh shaorga mar ata riachtanach de réir reachtaíocht (2000/60/CE agus IR. Uimh. 722 don bhliain 2003). Baintear úsáid freisin as an sonraí a ghintear maidir le cáilíocht uisce ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoi i neart tuairiscí, mar shampla, Tuarascáil ar Cháilíocht Uisce Locha, Tuairisc Chailíochta Uisce in Éirinn, Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil, Tuarascáil ar Tháscairí Comhshaolacha, Tuarascáil Fosfair, srl. Déanann an tsathaorlann anailís reachtúil ar cheadúnais feirme eisc PBI.

Tá an PBI páirteach i gcláir monatóireachta leanúnacha atá atá ag tarlú ar roinnt príomh-dhobharlaigh intíre. Baineann an mhonatóireacht seo le hanailís fhisiciceimiceach ar an láthair oibre agus anailís bhaictéareolaíoch agus tilleadh analíse ceimicí i sathaorlann an PBI. Is é cuspóir na monatóireachta chun foinsí truailithe a aithint agus a scriosadh, ag caomhnú na n-uiscebhealaí seo mar acmhainn aeraíochta luachmhar.

Dúnadh an tsaotharlann ar fheadh seacht mí ó Nollaig 2008 go Meitheamh 2009 le hathghléasadh. Le linn an ama sin cuireadh samplaí uisce amach go saotharlann

sheachtrach (2199 sampla uisce). Osclaíodh an tsathaorlann arís ag tús mhí Iúil agus rinneadh anailís ar 1216 sampla uisce san iomlán ó shin amach. Fuair an PBI MSPCI DRC-e Elan (Mais-Speictriméadar Plasma Cúpláilte go hlonduchtach) úrscothach sa bhliain 2009. Cuirfidh an gléas seo le modhanna anailíse, a mhaireann chéanna féin, a úsáidtear i saotharlann an PBI. Coimisiúnaíodh an gléas i rith an tsamhraidh 2009 agus tugadh oiliúint don fhoireann maidir le feidhmiú agus le húsáid an ghléis.

Cur Chun Cinn & Margaíocht

Foireann Slatiascaireachta agus Margaíochta, 2009 go Meitheamh 2010

Ba thréimhse ama ocht mí déag dearfach é seo d'fhoireann Slatiascaireachta agus Margaíochta an Phríomh-Bhoird Iascaigh. Lean muid ag obair i mbealach comhordaithe lenár gcomhghleacaithe sna Boird Iascaigh Réigiúnacha, comhpháirtithe turasóireachta, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann, gníomhaireachtaí rialtais agus an tionscal chun an Straitéis Margaíochta um Thurasóireacht Slatiascaireachta (SMTS) a chur chun feidhme.

Deimhníodh caidrimh oibre níos dlúithe le Gníomhaireacht na Lochanna, leis an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF) i dTuaisceart Éireann agus leis an tionscal agus feabhsaíodh iad chun an SMTS a chur ar aghaidh agus chun comhchláir oibre a fhorbairt nuair ab iomchuí.



Iriseoir Slatiascaireachta Mike Weaver ar Abhainn na Gabhala

I dteannta le páirt a ghlacadh sna taispeántais chur chun cinn, lean an Bord ar aghaidh leis an gclár taithíoch forleathan d'iriseoirí ó thar lear in éineacht leis na Boird Iascaigh Réigiúnacha (BIR), Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann. Ghlac comhaltaí an tionscail páirt sa chlár seo freisin.

Thug 11 iriseoir ó cheithre mhargadh, ón Fhrainc, ón nGearmáin, ón Ísiltír agus ón RA cuairt ar an tír seo. Go dtí seo chuir na hiriseoirí seo ábhar DVD ar 'Flaidireachta Liúis' le céile; 15 airteagal foilsithe chomh maith le 45 leathanach eagarthóireachta (agus foilseofar cuid airteagal breise i 2010/11).



Shane O'Reilly at an angling show in Utrecht, November 2009

Ar a bharr seo scríobh na Comhairleoirí Duántachta airteagal d'irisí éagsúla agus do láithreán gréasáin an Phríomh-Bhoird Iascaigh ag cur 38 n-airteagal eile agus 84 leathanach eagarthóireachta ar fáil. Thosaigh an t-oifigeach um eolas duántachta ag scríobh tuairiscí duántachta d'iris Bric agus Bradáin ar bhonn míosúla agus foilsítear suas le ceithre leathanach a chlúdaíonn an chuid is fearr do ghéimiascaireacht na hÉireann go míosúil chomh maith le roinnt grianghraf.

Chlúdaigh airteagail gnéithe d'iascaireacht bradáin, gailléisc agus bric in Éirinn a léirigh saineolas na gComhairleoirí Duántachta reatha. Chuir na hairteagail béim faoi léith ar chur chun tosaigh na n-abhann agus na n-inbhear nach bhfuil mórán clú orthu lasmuigh d'Éirinn.

Ba ionann luach fógraíochta €248,000 agus luach na tuairisceoireachta i riocht nuachta sna turais agus sna hailt seo, a léiríonn toradh ollmhór ar infheistíocht agus luach sármhaith ar airgead.

Lean an Bord ar aghaidh freisin leis an tslatiascaireacht siamsaíochta in Éirinn a thacú agus a fhorbairt trí fhaisnéis a sholáthar do shlatiascairí ar fud na tíre ar conas ba chóir dóibh iascaireacht, cathain agus cén áit. Tá páirt ríthábhachtach i gcónaí ag láithreán gréasáin an PBI agus ag an tsainchomhairle a sholáthraíonn foireann an Bhoird sa tseirbhís seo a sheachadadh do shlatiascairí Éireannacha agus do shlatiascairí cuairte araon.

D'oibrigh na Boird agus ár gcomhghleacaithe oideachais as lámha a chéile sa bhliain 2008 agus d'éirigh leo an tábhacht a bhaineann lenár n-acmhainn iascach agus a áit inár n-oidhreacht nádúrtha a chur in iúl do dhaoine óga ar fud na tíre tríd an gClár Náisiúnta Oideachasúil "lasceolas". Tá sé beartaithe an clár seo a leathnú agus b'fhéidir é a athfhorbairt sa bhliain 2010.

Imeachtaí Cur Chun Cinn Thar Lear

Sa bhliain 2009/10, in éineacht le Turasóireacht Éireann agus le Fáilte Éireann, d'fhreastal muid ar roinnt imeachtaí cur chun cinn slatiascaireachta sonraithe sa RA, sa Fhrainc, san Ísiltír, sa Ghearmáin agus sna SAM. Ag na himeachtaí seo, chuir na Boird an tír seo chun cinn mar cheannphointe iascaireachta turasóireachta seo trí na rudaí is fearr atá á sholáthar againn.

D'fhreastal an Príomh-Bhord Iascaigh ar 12 chur chun cinn thar lear lena n-áirítear:

- 4 imeacht sna SAM,
- 4 imeacht sa Fhrainc,
- 2 imeacht san Ísiltír,
- imeacht amháin sa Ghearmáin,
- imeacht amháin sa RA (an margadh is mó atá againn).

Imeachtaí Cur Chun Cinn ar Oileann na hÉireann

Áiríodh ar na taispeántais chur chun cinn a freastalaíodh orthu le linn na mblianta 2009 /10 Taispeántas Slatiascaireachta na hÉireann (faoi dhó), Féile Tuaithe Chaisleán Bhiarra, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, agus Taispeántas Ghníomhaireacht na Lochanna (faoi dhó).

Ardaíonn tinreamh ag na dtaispeántais/na himeachtaí in Éirinn agus thar lear araon meabhraíocht na táirge slatiascaireachta agus mar thoradh air seo bíonn méadú i líon na gcuariteoirí trí chur chun cinn na hÉireann mar phríomh-phointe slatiascaireachta.

Tugann sé an deis don bPríomh-Bhord Iascaigh poitéinseal/éileamh an mhargaidh a mheasúnú i ngach earnáil agus spriocanna oifige a fhorbairt do mhargaí sainiúla. Feidhmíonn na figiúirí tinrimh mar phríomh-threoracha maidir le hathruithe sa mhargadh.

Cuidíonn eolas a fhaightear le díriú níos fearr ar ranna inmharthana i roinnt margaidh. Chomh maith leis seo ceadaíonn sé forbairtí i margaidh/dtíortha a bhíonn in iomaíocht le cheile a mheas agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Mar ábhar tábhachtach freisin tugann sé cead don fhoireann oibre teagmháil a dhéanamh le baill éagsúla an tionscail ó thíortha eile, iriseoirí ach go hairithe.

Forbairt agus Feidhmiú an Láithreáin Ghréasáin

Léiríonn staitisticí an láithreáin ghréasáin go bhfeidhmíonn na láithreáin seo go maith go dtí deireadh mhí Mheithimh 2010. Tugadh 759,000 gcuarit ar an láithreán, méadú de 13% thar ocht mí déag, ar breis is 3,000,000 leathanach - méadú de 21% idir mí Eanáir agus deireadh mhí Iúil 2009.


Cuireadh breis is 2,662 fhiosrúchán, idir fiosrúcháin shlatiascaireachta agus fiosrúcháin maidir le hábhar an láithreáin ghréasáin, chuig an láithreán gréasáin le linn na bliana, méadú de 30% thar ocht mí déag.

Tá ag éirí go han-mhaith le leaganacha Fraincise, Gearmáinise agus Ollainnise an leathrainn ghréasáin shlatiascaireachta i rith an ama. Tá áit ag gach ceann de na

láithreáin ghréasáin seo sa deich dtoradh is coitianta le hinnill chuardaigh ábhartha. Tugadh áit chomhsheasmhach do na leaganacha Gearmáinise agus Ollainnise ag Google na Gearmáine agus Google na hÍsiltíre sa chúig thoradh is coitianta atá acu. Cuirtear tuairiscí slatiascaireachta reatha leis na láithreáin ghréasáin ar bhonn seachtainiúla chun cinntiú a dhéanamh go mbíonn eolas reatha na margai seo ag úsáideoirí.

Rinne an PBI láithreáin ghréasáin Bhoird Iascaigh Réigiúnacha an Tuaiscirt, an Iardheiscirt, an Deiscirt agus an Oirthir a chothabháil agus a bhainistiú go dtí bunú Iascaigh Intíre na hÉireann. Tugadh comhairle agus tacaíocht do Bhord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt, Slatiascaireacht Siamsaíochta na hÉireann agus an clár oideachais lasceolas chun a láithreáin ghréasáin a chothabháil agus a bhainistiú.

I dteannta leis an obair seo, d'fhorbair an PBI láithreán gréasáin don don tionscadal Saoil+ Caisie, a chuireann faisnéis agus tuarascálacha ar fáil don phobal - slatiascairí, geallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara eile. Forbraíodh láithreán gréasáin do Sheachtain Mheabhraíocht na Slatiascaireachta lena áirítear suas leis na sonraí uileghabhálacha ar na himeachtaí uile a bheartaítear don tseachtain agus gailearaí grianghraf ó na himeachtaí éagsúla. Dearadh agus forbraíodh láithreán gréasáin d'Iascaigh Intíre Éireann i mí na Bealtaine agus Meitheamh na bliana 2010.



Measúnú Láithreán Gréasáin PBI

Bróisiúir Náisiúnta Slatiascaireachta

I 2008 le comhoibriú le Fáilte Éireann chuir muid sraith nua bróisiúr slatiascaireachta le chéile. Bhí siad dar teideal bradán agus breac geal, breac donn fiáin, liús, an gharbhascaireacht agus an tslatiascaireacht mara. Ba é aidhm na mbróisiúr seo chun sonraí a thabhairt do chuairoteoirí ó thar lear ar an tslatiascaireacht is fearr in Éirinn trí ionaid bharr feabhais do gach cineál iascaireachta. Rinneadh athbhreithniú agus athscríobh ar na mbróisiúir seo i 2009/10.

Foilseacháin de chuid na mBord Iascaigh Réigiúnach

- Eolaí slatiascaireachta mara thar cheann Bhord Iascaigh Réigiúnach an Iar-Thuaiscirt. Bróisiúr 68 leathanach le léarscáileanna agus cur síos ar na háiteanna agus na hionaid slatiascaireachta is fearr sa réigiún agus eolas slatiascaireachta ginearálta. Ba chóir go meallfar turasóireacht intríre agus gallda chun na háite leis an mbróisiúr.
- Eolaí Liús-iascaireachta thar cheann Bhord Iascaigh Réigiúnach an Tuaiscirt. Broisiur 72 leathanach le léarscáileanna agus cur síos ar na háiteanna agus na hionaid slatiascaireachta is fearr sa réigiún agus eolas slatiascaireachta ginearálta. Ba chóir go meallfar turasóireacht intríre agus gallda chun na háite leis an mbróisiúr.
- Eolaí slatiascaireachta ar Abhainn na Siúire i bhFraincis. Leagan amach céanna an bhróisiúir is a bhí ag an leagan Béarla a bhí ann cheana féin le húsáid i margadh na Fraince.

Mórfhoilseacháin Bhreise

- Achoimrí Tionscadail Thaighde, cáipéis 52 leathanach ag déanamh achoimre ar na bpríomh-thionscadail thaighde atá idir-lámha ag foireann PBI.

Foilseacháin Eile

- Fleaigí taispeána: Fleaigí slatiascaireachta corparáideacha agus géiniseach le húsáid ag seónna bolscaireachta.
- Teastais lasc na Míosa do Seascares.
- Teastais lasc na Seachtaine don PBI.
- Teastais Ailse Cíche don PBI/do BIRO.
- Cáipéis Abháinn Bhradáin Oscailte/Dúnta.
- Dearadh Logo, tionscadal Bric Mara Ceiltigh.

- Tuairisc Bhliantúil CTU.
- Tionscadal Atlás na n-Iasc.
- Paca Buiséad na Roinne Airgeadais.
- Tuairisc um Iascaigh Stáit.
- Ábhair chur chun cinn tionscadal Saoil+.

An Clár Náisiúnta Oideachais “lasceolas”

Comhfhiontar idir an Príomh-Bhord Iascaigh, na Boird Iascaigh Réigiúnacha agus Ionaid Oideachais na Carraige Duibhe agus Mhuineacháin is ea “lasceolas”, clár a seoladh don chéad uair sa bhliain 2005. Tá mórathrú tagtha ar an mbealach ina nglacann múinteoirí agus mic léinn araon leis an gcuraclam toisc an comhchur chuige seo, le haghaidh foghlama gníomhaí.

I 2009/10 ag comhoibriú le deich n-ionad oideachais lonnaithe sna seacht BIR, ghlac 152 scoil páirt. Meastar ón bhfigiúr go raibh timpeall ar 5,086 scoláire aonarach páirteach sa tionscadal tras-churaclam seo. Bhí Ionad Oideachasúil Chabháin páirteach ann freisin, go seachtrach ón bpríomh-obair agus dhéileáil siad le 27 scoil agus 2,282 scoláire breise.

Tá an clár faoi fhorbairt leanúnach ón a bhunú. Chun an clár a sheachadadh i mbealach a bhí athchóirithe chun éifeachta i 2008, ceapadh beirt comhordaitheoirí tiomnaithe, duine ón PBI agus duine ó Ionad Oideachasúil na Carraige Duibhe. Moladh gur éirigh lena gceapacháin agus úsáideadh arís iad i 2009/10.

Bhí an t-aischothú ar ‘lasceolas’ ó gach áit dearfach. I ngach réigiún níorbh fhéidir leis an PBI freastal ar an leibhéal suime atá ann sa tionscadal. Mar sin táthar ag súil go leanfar leis an bhforbairt i 2010/11 nuair a bheidh an tionscadal faoi choimirce Iascaigh Intíre na hÉireann.

Mar gheall ar deá-thoradh an chomórtais a cuireadh ar bun don gcéadúair i 2007, cuireadh ar siúl arís é ag leibhéal Réigiúnach agus Náisiúnta araon. Fuarthas méid mór iarratas ó fud fad na tíre.

Ba í Scoil Náisiúnta Robertson, Co. Thír Chonaill, buaiteoirí an Chomórtais Náisiúnta 'lasceolas' i 2010. Bronnadh a nduaiseanna orthu ar Aoine 11ú Meitheamh 2010 ag oifig PBI i Sord. Ba é 'The E-elusive Eel' ainm an tionscadail a bhain a nduais náisiúnta dóibh. Rinne an obair seo ceartú agus cur síos ar saol agus beatha na hEascainne úr-uisce.

Faoi láthair tá forbairt á dhéanamh ar phleananna ceachta úra chun scóip 'lasceolais' a leathnú. Tá Gníomhaireacht na Lochanna ag cur an tionscadail ar siúl i réigiún s'acu i 2010/11.

Oiliúint

Bhí an roinn gníomhach i roinnt imeachtaí oiliúna. Chuidigh muid cúrsa um Teastas in Oiliúint na Slatiascaireachta a thabhairt, leibhéal 1 & 2. Chuir Gníomhaireacht na Lochanna urraíocht ar fail agus chuir iascaireacht páirce cothroime an cúrsa ar siúl le tacaíocht ón PBI. Tugadh tacaíocht do thrí lá bunaithe ar 'Intreoir na Flaidireachta' dírithe ar mná, agus iad ar siúl i rannpháirtíocht le Boird Iascaigh Réigiúnach an Oirthir chomh maith le hoiliúint le linn na féile Bradáin i mBéal an Átha agus lá oiliúna do bhuaiteoirí 'lasceolais' 2009.

Meáin agus Cumarsáid

Eisíodh 41 eisiúint phreasa ar son an PBI & BIR agus an SSE. Thug na meáin slatiascaireachta tuairisc ar bhunús an ábhair ach chlúdaigh an preas náisiúnta agus réigiúnach cuid eile.

Chomh maith leis na hairteagail a foilsíodh ag na Comhordaitheoirí Slatiascaireachta foilsíodh sé airteagal san iomlán ar son na meáin slatiascaireachta le linn na bliana, nuachtán náisiúnta amháin (Irish Daily Mail) agus iris timpeallachta (The Environment). Stiúradh dhá chlár raidió faoi léith do Seascares de chuid RTÉ, clár bunaithe ar Ghradaim Choistí Móréisc na hÉireann agus clár ar an gcosc ar iascaireacht na n-iascann. Léan muid freisin mar ranníocóir leanúnach don gclár *Seascares* de chuid RTÉ.

Bhí scannánú na gconcar do chlár páistí na Breataine Bige comhordaithe ag an PBI agus BIRID. Idirbheartaíodh clúdach teilifíse 2010 le léiritheoirí *Living the Wildlife* de

chuid RTÉ. Cuireadh tús leis an scannánaíocht le Tarrtháil Canála go mall sa bhliain 2009 and críochnófar é seo go luath sa bhliain 2010 le scannánaíocht an tionscadail Bric Mhara Ceiltigh agus an tionscadail bric Ferrox i 2010.

Rinneadh scannánú ar chuid de na himeachtaí tarrtháil chanála do *Living the Wildlife* de chuid RTÉ in Eanáir. Mar thoradh phléigh foireann oibre ó tionscadal Uiscebhealaí Éireann bitheolaíocht na n-iasc aistríodh leis an léiritheoir. Craoladh an clár seo de *Living the Wildlife* ar 4ú Bealtaine.

Dhear an PBI agus BIRI, ar son Lá Fheile Pádraig, flóta agus ghlac páirt i dtrí pharáid timpeall réigiún BIRI chun teachtaireacht speiceas ionrach chur chun cinn don bpobal i gcoitinne. Bhain an flóta trí chorn airgid sa pharáid Strule.

Rinneadh cur chun cinn náisiúnta ag an PBI ar mhaithe le Seachtain Mheabhraíocht lascaigh leis na réigiúnacha a bhí ag déileáil leis na meáin áitiúla. Ba é Alan Quinlan a rinne an lainse náisiúnta lena áirítear fógra raidió ar *Today FM*. Mar thoradh air seo ‘craoladh’ an fógra seo ar *YouTube* agus fuarthas freagra iontach dearfach.

Lainseáladh leabhar Mháirtín Uí Ghrádaigh ‘*Brown Trout in Ireland*’ ag Sean Power, T.D. Aire Stáit ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Cuirtear tuairiscí slatiascaireachta mara le chéile agus cuirtear chuig an nuachtán mara ‘Irish Skipper’ iad.

Chun ár seasamh i margaí éagsúla a mhéadú agus le cur le Forbairt Slatiascaireachta Éireannaí baineadh triall as Twitter ó mí na Feabhra. Cé gur uirlis teoranta é caithfear a rá go raibh sé úsáideach i roinnt cásanna agus bainfear úsáid as san am atá le teacht.

Logleabhar Slatiascaireachta Mara & Clár Clibeála na nIasc Spórt Muirí

Ghlac na BIR páirt arís sna scéimeanna seo a sheachadadh i gcomhoibriú lena gcéile sa bhliain 2009, in éineacht leis an PBI. Soláthraíonn na scéimeanna seo faisnéis eolaíochta agus margaíochta tábhachtach.

Staitisticí ó Logleabhair Slatiascaireachta Mara

D'eirigh go breá arís leis an gclár clibeála agus logleabhar. Toisc an drochaimsir le linn na bliana bhí na figiúirí clibeála agus logleabhair ní b'ísle. Tá roinnt scipéirí go fóill ag fágáil na slatiascaireachta agus ag tabhairt faoi thurais fámaireachta agus éiceolaíochta. Ciallaíonn sé seo go bhfuil laghdú go fóill ag teacht ar an méid daoine ag glacadh páirte sa chlár logleabhair. Ar nóta níos dearfaí, tá slatiascairí breise á n-earcú againn i gcónaí chuig an gclár clibeála.

Clár Clibeála na nIasc Spórt Muirí

Ghlac breis is 50 scipéir agus roinnt slatiascairí tiomnaithe páirt i gClár Clibeála na nIasc Spórt Muirí 2009. Clibeáladh agus scaoileadh saor breis is 1,000 iasc, lena n-áirítear siorc gorm agus craosaire, gearrthóir, sciata agus roc. Ón mbliain 1970 ar aghaidh, clibeáladh agus scaoileadh saor breis is 40,000 iasc mara ar an iomlán, lena n-áirítear beagnach 20,000 siorc gorm. Is é an clár is mó den chineál seo san Eoraip anois agus an dara clár is mó ar domhan i ndiaidh na SAM.

ATHBHREITHNIÚ NA SLATIASCAIREACHTA

Bradán

Don gcéadúair le blianta fada anuas, níor gabhadh an chead bhradán den séasúr ar Abhainn na Drobhaoise i dTír Chonaill ach i gCo. Chiarraí a gabhadh é. Gabhadh iasc 10 bpunt ar an loch meánach i gCill Airne ar 20ú Eanáir.

Tuairiscíodh roinnt bradán i mí na Feabhra ar Loch Melvin agus ar Abhainn na Drobhaoise chomh maith le roinnt iasc ó Loch Luíoch. Faoi dheireadh mhí Mhárta, tháinig feabhas ar an iascaireacht go hairithe san iar-dheisceart, áit a tuairiscíodh iasc maith ar an Laune agus na hAibhneacha Carragh uachtaracha agus ar Loch Luíoch.

Bhí cúrsaí iascaireachta go maith i mí Aibreáin i gCora Iascaigh na Gaillimhe lena áirítear cúig iasc d'iascaire ó Áth Cliath sa fhlaidireacht in aon lá amháin. Tuairiscíodh freisin iasc a bhí beagnach 23 punt ó Iascach Abhainn Conga ag barr Loch Corib. Tuairiscíodh iascaireacht earraigh mhaith ó Abhainn na Muaidhe i lár

Aibreáin lena áirítear iasc 15 punt agus tháinig feabhas ar an iascaireacht sa dara leath den mhí gach ait.

Tháinig bíseach ar chúrsaí iascaireachta le linn na Bealtaine agus chonacthas bláthán roimh dheireadh na míosa, ar Abhainn na Muaidhe ach go hairithe. Faoi dheireadh mhí Mheithimh, tuairiscíodh beagnach 1,800 bradán ón Muaidh. Is cinnte gur chuidigh an fhearthainn leanúnach i rith chuid eile an tsamhraidh le hiascaireacht bradáin fud fad na tíre le tuilte ar thromlach ár n-aibhneacha agus iascaireacht mhaith lena laghdú. Is féidir gurb é Lúnasa, mí spóirt nach bhfuil mórán tairbhe ann de ghnáth, an mhí ab fhearr le tuilte beaga leanúnacha mar thoradh na haimsire anróití mar chúis an spóirt iontaigh i dtromlach ár bpríomh-iascaigh Bhradán.

Lean an sport ar aghaidh ar feadh mhí Mheán Fómhair le hiascaireacht iontach maith mar ábhar na dtuairiscí iascaigh. Bhí an iascaireacht ar Abhainn na Muaidhe thíos rud beag le linn na míosa seo agus bhí lánsuim an tséasúir de 7300 iasc thíos go mór ón mbliain seo chaite. Ba rud dearfach é freisin chun cháil na hiascaireachta a thuairisciú ar an Abhainn na Feoire, Na Siúire agus an Dubhabhain sa Réigiún Deisceartach. Chuir iasc 32 punt (an ceann is mó ó 1991), a gabhadh le linn na seachtaine deireanaí den séasúr ar an Abhainn Na Feoire, dea-chríoch leis an séasúr.

Ar an chéad lá den mbliain 2010, ba in Abhainn na Drobhaoise i dTír Chonaill a ghabh slatiascaire Inis Cheithlinn an chéad Bhradán na bliana ag 10 bpunt. Bhí cúrsaí iascaireachta iontach comhsheasmhach suas go mí Meithimh. Gabhadh bradán deas ar Loch Luíoch ar an gcéad lá, 17ú Eanáir, agus bhain slatiascairí i mbun iascaireachta i rith earraigh sult as sport iontach bradán chomh maith le roinnt mór-bhric mhara. Bhí tús iontach den séasúr ag an nDubhabhainn agus tuairiscíodh an líon éisc b'airde a taifeadadh riamh go hairithe ar lascach *Fortwilliam* i mí na Bealtaine. Bhí an iascaireacht iontach maith ag an lascach is fearr atá againn, ar an Muaidh, i mí na Bealtaine agus bhí tús leis an mbláthán I mí Meithimh agus de bhrí go raibh iasc le fáil fud fad an abhantraí bhí an-spórt ag na slatiascairí.

Breac Geal

Arís eile lean Loch Luíoch ar aghaidh ag barr an liosta móreisc le 24 ón 26 iasc a taifeadadh. Glacadh an dá mhóriasc eile ón gCóras Luíoch, ceann ar an Amhainn Comaraigh agus ceann ó Loch na Móna. Gabhadh neart móreisc (iasc níos troime ná 6 phóna) go mall i mí Aibreáin agus Bealtaine ar ar 16ú Aibreáin, gabhadh iasc 12 phóna 7 n-unsá ag slatiascaire Eilvéiseach ar an dtoghárdán agus cruthaíodh curiarracht nua don loch. Sa fhlaideacht, taifeadadh dhá iasc eile níos troime ná 10 bpunt ag slatiascairí sa RA le linn na míorsa. Cruthaigh na huisceleibhéil arda iascaireacht iontach comhsheasmhach ar an Luíoch don gcuid eile an tsamhraidh le hiascaireacht iontach maith á taifeadadh i mí Lúnasa.

In áiteanna eile tuairiscíodh breac geal d'ardchaighdeán ón inbhear na hÉirne go luath i Márta. I mí Iúil, tuairiscíodh iascaireacht breac iontach ó Loch na Ceathrún Móire agus ar an Abhainn Mór, Co. Mhaigh Eo. I mí Lúnasa, tuairiscíodh ar raibh an iascaireacht go han-mhaith ó Loch Bhéal Tráigh. Ag tús Mheán Fómhair, bhí cúrsaí iascaireachta ag han-mhaith ar chóras Bhaile na hInse le spórt iontach ar an Eidneach ach go hairithe.

Léirítear gabhadh iasc 8 bpunt (an iasc is mó le 24 bhliain) an dul chun cinn ata á dhéanamh ag córas Delphi, leis na torthaí is fearr ag teacht ón Loch Dubh.

Ní raibh ach drochthuirisc amháin i mbliana, Ba é sin an laghdú suntasach i líon na mbreac geal i gceantar Iarthair Chorcaigh, áit nach raibh an iascaireacht go maith ar Abhainn Bandan nó ar roinnt aibhneacha sa cheantar.

Ba é Loch Luíoch is mó a bhí go mór chun tosaigh go luath i séasúr iascaireachta na mbreac geal i 2010, áit ar tuairiscíodh neart móreisc níos troime ná 6 phunt eile ar bhonn seachtainiúla ó thús an Mhárta. Mar is gnách, bhí Bealtaine ar an mí ab fhearr agus don dara bhliain i ndiaidh a cheile, cruthaíodh curiarracht nua an locha nuair a ghabh slatiascaire Corcaigh breac geal 12 phunt 14 unsa agus é i mbun toghárdáin. Tuairiscíodh roinnt breac geal in iar-thuaisceart Mhaigh Eo i Meitheamh agus ar aibhneacha iarthar-Chorcaigh bhíothas ag dúil leis an gcuid ab fhearr den iascaireacht sa dara leath den séasúr.

Aibhneacha agus Lochanna Breac Donn Fiáin

Thosaigh Loch Luíoch go maith i rith lár na Feabhra, ach chuir an aimsir fhuair an ruaig ar chuid de na slatiascairí níos moille sa mhí. Cuireadh moill ar iascaireacht ar an gCanáil Conga i mbliana nuair a cuireadh fodhlí i bhfeidhm a d'athraigh an chéad lá go dtí an 17ú Márta. Bhí iascaireacht iontach maith ar fad ar Aibhneacha Kells blackwater and the Fane i rith luathsheachtainí an tséasúir.

Tuairiscíodh breac ferrox deas 15 phunt 6 unsa ó Loch Measca ar an dtochardán i rith an chéad sheactain i Márta. Bhí an iascaireacht 'lacha-flaidireachta' ar fheabhas ar na lochanna mór iartharacha, (Luíoch, Measca agus Luíoch) agus na lochanna meántíre breac (Loch Uail, Loch Síleann agus Loch Ainninn).

B'earrach maith é d'iascaireacht bric go maith sna lochanna agus sna haibhneacha go ginearálta agus léan seo ar aghaidh go dtí tús na Bealtaine nuair a bhí iascaireacht olóige go han-mhaith.

Thosaigh 'Cuil Bhealtaine' ar an gcéad sheactain i mí na Bealtaine ar Loch Dearg i gCo. Thiobraid Árann agus gabhadh iasc iontach naoi bpunt 14 unsa ar an ndap. Bhí an chúil thuas go luath ar Loch Luíoch agus de réir mar a tharla sé ba shéasúr maith Chuil Bhealtaine é. I lár na tíre tuairiscíodh go raibh roinnt breac den gcéad scoth ar Loch Rí do slatiascairí a raibh eolas iascaireachta an locha móra seo acu. Mar is gnách, bhí cúrsaí iascaireachta go maith ar Loch Síleann ag cuil Bhealtaine a lean ar aghaidh go dtí deireadh mhí Meithimh nuair a mheall titim mhaith cnait dádaigh na bric chuig bréagáin na slatiascairí. Ba 10 bpunt é an iasc ab fhearr a glacadh ar an gcnat dádach agus scaoileadh saor é arís.

Lean 'Cuil Bhealtaine' ar aghaidh go dtí mí Meithimh ar Loch Dearg freisin, áit a raibh iascaireacht na gcnat dádach ar fheabhas.

Go luath sa samhradh taifeadadh móriasc neamhghnách, breac 6 phunt 9 n-unsá, ar an Abhainn Dothra i mBaile Átha Cliath sa fhlaidireacht.

Bhí aimsir an tsamhraidh fliuch go ginearálta, le huisceleibhéi arda le linn mhí Iúil agus Lúnasa agus mar thoradh air seo bhí iascaireacht na n-aibhneacha go holc le

linn na míonna seo. Ba é Loch Síleann an t-aon iascach a raibh iascaireacht mhaith leanúnach ann, go hairithe iascaireacht tráthnóna.

Bhí cúrsaí go holc ag comórtas Chorn Domhanda Bliantúil ar Loch meascaí cé go raibh líon ollmhór iomaitheoirí thar cheithre lá agus ghabh an buaiteoir seacht mbreac maith ar an lá deireanach. Tháinig feabhas ar iascaireacht Loch Luíoch agus lochanna breac eile le linn Lúnasa agus i Meán Fomhair. Bhí uisceleibhéil go fóill ard le fearthainn leanúnach ach tháinig bíseach ar an iascaireacht ar aibhneacha agus b'ionann scéal na hiascaireachta maithe seo ar bhunús na lochanna i lár na tíre agus na lochanna iartharacha lena n-áirítear Loch Gearrtha.

Bhí dea-chríoch ag séasúr breac iontach ar lochanna breac i lár na tíre, le hiascaireacht mhaith á cruthú ag na gcuil fliucha. Mar nóta scóir, ba bhliain mhaith í do mhórbhradáin na n-aibhneacha, le 14 níos troime ná cúig phunt, agus an Chanáil Conga agus an Abhainn Na hÚine ar na haibhneacha ab fhearr.

Caithfidh gurb é earrach 2010 ar cheann de na tréimhsí ama ab fhearr ar ár n-aibhneacha iontacha breac le blianta fada anuas. Chuir aibhneacha ar nós na Bóinne, na Life, Na Feoire and Na Siúire, neart flaidireacht iontach ar fáil do slatiascairí ón dtír seo agus thar lear. Tháinig méid ollmhór ológ agus gcuileanna eile amach as an ubh i rith chuid luath an tséasúir agus le cuid mhór slatiascairí ag scaoileadh saor na rudaí a gabhadh ar na haibhneacha seo agus neart aibhneacha beaga, tá feabhas tagtha ar ár mbreaciascaireacht. Tháinig méid ollmhór cuileoga lacha amach as an ubh ag tús na Bealtaine ar na lochanna breac i lár na tíre agus ar na lochanna móra iartharacha agus bhain slatiascairí sult as tréimhse iontach iascaireachta. Gabhadh breac 15 phunt 2 unsa, curiarracht nua Loch Síleann, agus scaoileadh saor é i Márta. Bhí iascaireacht na cuile Bealtaine rud beag teallach ar fud na tíre ach san iomlán bhí roinnt iascaireachta maithe ar súil ar Loch Síleann, Loch Dearg, Loch Rí agus ar na lochanna iartharacha. Rinne scríbhneoir clúiteach na slatiascaireachta, Dennis Moss, achoimre in *Trout and Salmon* ar a shéasúr chuile Bhealtaine féin le 13 lá iascaireachta inar ghabh agus scaoil sé saor 35 iasc, 25 ar Loch Rí agus 10 ar Loch Síleann. Bhí deich n-iasc a ghabh sé níos troime ná cheithre phunt, cúig iasc níos troime ná cúig phunt, iasc amháin níos troime ná 6 phunt agus bhí an iasc ab fhearr 8 bpunt 12 unsa, iasc breá, ó Loch Síleann. Bhí

breac amháin iontach suntasach a taifeadadh ar Loch Coirib i mí na Bealtaine. Ghabh cuairteoir de bunadh na Polainne breac 25 punt 2 unsa agus scaoil sé saor é, na breac ba mhó a gabhadh in Éirinn le breis is cead bliain.



Breac 25 punt 2 unsa, breac donn ba mhó le breis agus cead bliain, a scaoileadh saor beo ar Loch Coirib i mí na Bealtaine 2010

Lúis

Bhí séasúr iontach ag an spórt iascaireachta clúití seo ag cuid de na hionaid is clúití ar fud na tíre. I liosta na mbeithíoch, tuairiscíodh iasc amháin locha níos troime ná 30 punt ó Loch Cé ach tá liosta na n-aibhneacha iontach tarraingteach freisin le taifead déanta ar 22 bheithíoch, an tSuca ag barr an liosta sin le deich n-iasc. Bhí bunús na n-iasc eile a taifeadadh le fáil ar Abhainn Na hÚine, an tSionainn agus ar Abhainn Bearrúin. Ba é lúis 33.5 punt ó Loch Sraoilleán in iarthar Corcaigh a gabhadh in Eanáir ar cheann de na hiasc ab fhearr a tuairiscíodh le linn na bliana.

Gabhadh cuid mhór éisc thar 20 punt san gcéad thrí mhí den mbliain. Bhí cuid mhór comórtas ar siúl in áiteanna airithe go rialta eagraithe ag Cónaidhm na hÉireann um clubanna na Slatiascaireachta Liús agus bhí an iascaireacht iontach maith. Thuairiscigh cuairteoirí de chuid na slatiascaireachta, go hairithe iad siúd de bhunadh na Fraince agus na hÍsiltíre, éisc mhóra ó ionaid ar na lochanna ar abhantracha na Sionainne agus na hÉirne go speisialta.

Tá an-fhás ag teacht ar fhlaidireacht na slatiascaireachta liús agus tá fás ag teacht ar úsáid na mbád bolg freisin. Chuir tréimhse an fhómhair agus luath-thréimhse an gheimhridh tuilleadh iascaireacht liús ar fáil don séasúr agus taifeadadh cuid mhór liús maith ag ionaid abhann agus locha.

Lean an slatiascaireacht liús ar aghaidh i 2010 ar phríomhlochanna agus ar phríomhaibhneacha ar fud na tíre agus bhain slatiascairí sult as spórt iontach fiú i rith an tsneachta throm go luath sa bhliain. Tuairiscíodh liús thar 20 punt ar bhonn seachtainiúla idir lochanna agus aibhneacha araon agus ba é móriasc breá 32 punt 4 unsa ón tSuca an iasc ab fhearr a tuairiscíodh. Ní raibh laghdú ar bith ann i gcaighdeán ha hiascaireachta le linn na tréimhse sceite i Márta agus ag tús Aibreáin and ba é iasc thar 35 punt an iasc ab fhearr a tuairiscíodh ón tSionainn. B'fhiú a rá freisin gur taifeadadh méid liús thar 20 punt sa fhlaidireacht lena n-áirítear an iasc ab fhearr de 28 bpunt a gabhadh ar Loch Dearg. Bhí an t-ábhar gafa chomh maith sin, ó thus go deireadh na tréimhse, gur taifeadadh eisc iontacha a gabhadh ag cuairteoirí na slatiascaireachta. Rinne beirt Fhrancach a bhí ag iascaireacht i gceantar na lochanna Killeshandra taifead ar bhreis is 200 liús suas le 20 punt taobh istigh de chuig lá iascaireachta a gabhadh ar sciathán meallta ag tús na Bealtaine. De réir mar a chuaigh an samhradh ar aghaidh go dtí deireadh Meithimh bhí níos lú slatiascairí i mbun iascaireachta liús mar ba chóir a bheith ag am sin na bliana.

Slatiascaireacht Garbhiasc

Bhí tús ciúin leis an séasúr cé go raibh iascaireacht suntasach roistí agus hibridí ar an tSionainn agus an Abhainn Bearrúin. I Márta tuairiscíodh na chéad mhóréisc ó Co. an Chláir, brain mhóra níos troime na 8 bpunt. Tuairiscíodh tuilleadh roistí agus hibridí a gabhadh ó áiteanna eile ar an tSionainn ag teacht chun na Casca. Bhí cúrsaí iascaireachta go maith ag roinn na huisce té ag Lansboro agus gabhadh mórchúramáin, mór-roistí agus in uaireanta brain freisin.

I mí na Bealtaine bhí cúrsaí iascaireachta go hiontach, tréimhse inar gabhadh cúramáin, roistí agus roinnt mórbhain (suas le 9 bpunt) ó cuid mhór ionad i gCo. An Cabháin. Gabhadh roiste de 200 punt in Abhainn na Scairbhe le linn na míosa agus tuairiscíodh tuilleadh mórbhain ón uisce té ag Lanesboro.

Ag deireadh mhí na Bealtaine agus an coicís ag tús an Mheithimh a gabhadh brain an-mhaith i Longfort (suas le 300 punt in aghaidh an lae), mórchúramáin ag Droichead na Sionainne agus mór-ruáin ag Carraig an Droichid i gCo. Corcaigh.

Gabhadh roinnt mór-charbáin ar an Loch i gCorcaigh le linn na tréimhse seo. Níos moille sa mhí, taifeadadh na cúramáin ba throime riamh ah Lochanna Raithean agus Bhéal Átha hÓ. Bhí an iascaireacht go maith ag féilí faoi leith ar an Mór-Chanáil ag an gCorrchoill agus Éadan Doire. Bhí an iascaireacht go maith ag ionaid i Longfort agus Loch Dearg, áiteanna inar gabhadh cuid mhór bran, cúramán agus hibridí go mall i mí Meithimh. Níor chuir an drochaimsir ag tús mhí Iúil isteach ar an iascaireacht agus gabhadh cuid mhór bran lena n-áirítear líon bran ollmhóra de 450 punt in aon lá amháin i Longfort. Bhí iascaireacht na gcúramán ar fheabhas lena háirítear roinnt mórchúramáin a taifeadadh i lochanna beaga cheantar An Bhaile Mhoir. Bhain trom comórtas dochreidte de 549 bpunt 10 n-unsá de charbán an fheile thrí lae ag Gaulmoylestown in aice leis an Mhuileann gCearr go mall sa mhí. Cuireadh neart féilte slatiascaireachta ar siúl i gceantar an Chabháin i Meán Fómhair lena n-áirítear comórtas bliantúil Rí Briotanach na gClubanna agus in ainneoin uisceleibhéil an-arda gabhadh éisc iontacha ag na bhfeiltí go léir. Go mall i mí Mheán Fómhair, Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna chuir uisceleibhéil arda isteach ar slatiascairí ach ag ionaid i Longfort a tuairiscíodh méid mór bran go leanúnach chomh maith le roinnt hibridí, roistí agus cúramáin. San iomlán ba shéasúr iontach maith ar fad é ar mhaithe le heisc mhóra sna speicis garbhéisc uile i rith na bliana in ainneoin na haimsire anróití le linn bhunús an tsamhraidh agus an fhómhair.

Níor mheall an chéad dhá mhí de 2010 mórán slatiascairí garbhiasc ach reáchtáladh roinnt comórtas sraithe an gheimhridh ar na lochanna go príomha agus ar chuid aibhneacha. Thuas in Inis Ceithleann ar Loch Éirne, gabhadh roinnt méid roistí, bran agus hibridí do na comórtas lena n-áirítear trom thar 100 punt a bhain i gcomórtas a bhí teoranta do bhaoithe amháin i mí na Feabhra. Gabhadh cuid roistí iontacha a taifeadadh ag gnáth-chomórtas a bhí ar siúl ar Abhainn Bearrúin le linn an earraigh. Faoi thús na Bealtaine, bhí tuilleadh slatiascairí Éireannacha agus gallda ag iascaireacht ag bunús na bpríomh-ionad slatiascaireachta garbhéisc agus rinneadh

taifead d'iascaireacht bran agus roistí thar 100 punt. Taifeadadh roinnt mór-iascaireacht cúramán idir Bealtaine agus Meitheamh ar lochanna beaga go príomha i gceantar an Chabháin, Liatroma agus Muineacháin ach go hairithe.

Slatiascaireacht Mara

Bhí an iascaireacht go maith ag tús an tséasúir agus tuairiscíodh go raibh an iascaireacht cladaigh go maith feadh chósta Chill Mhantáin agus Loch Garman i rith fheile chósta an gheimhridh a mheall cuid mhór cuairteoirí Sasanacha. I mí na Feabhra, tuairiscíodh basán 14 phunt ó Chiarraí. Bhí sé mall i mí na Feabhra nuair a luadh iascaireacht bad san tuairiscí agus taifeadadh 6 mhóriasc ag Cuan an Deirg i Co Aontroma, tús an chineáil iascaireachta seo sa cheantar. Lean an iascaireacht mhaith basán ar aghaidh go dtí mí an Mhárta nuair a tuairiscíodh móréisc in áiteanna áirithe i gCorcaigh agus i gCiarraí lena n-áirítear iasc breá de 14.7 phunt ag Eochaill. Ba í deá-aimsire an earraigh cúis leis an méadú ar líon na mbád amuigh ar an bhfarraige go luath sa séasúr agus bhí mangach maith in aice le Cill Fheadáin agus taifeadadh mórbhleitheach curiarrachta i gCorcaigh i mí an Mhárta.

Tuairiscíodh murlais ó Cho. An Chláir ag tús mhí Aibreáin agus bhí domhainiascaireacht mhaith ar chósta iarthar Chorcaigh lena háirítear crothóg mhór a gabhadh ag Cúirt Mhic Shéafraidh. I mí Aibreáin agus Bealtaine thuairiscigh slatiascairí cladaigh agus báid iascaireacht mhaith i réimse speiceas.

Tuairiscíodh tréimhse bhreisiúil i sead Twaite ar an Abhainn Berrúin ag Naomh Maoilinn lena háirítear éisc mhóra. Bhí iascaireacht mhaith i gCoill ruis, Oilean Valentia agus Cuan an Deirg, áiteanna inar gabhadh móreisc do shlatiascairí báid i mí na Bealtaine.

Tuairiscíodh an chéad ghearrthóir na bliana sna Dúnaibh ag deireadh mhí na Bealtaine. Bhí an dhomhainiascaireacht go hiontach ag bunús na n-ionad le líonta móra gearrthóirí, sciata, agus mangach taifeadta chomh maith le réimse maith speiceas. Faoi dheireadh Mheithimh, chuaigh an aimsir in olcas agus mar thoradh uirthi seo cailleadh laethanta cairtfhostaithe, ach bhí iascaireacht chladaigh ardchaighdeánach go fóill ag bunús na n-ionad san oir-dheisceart, deisceart agus i gceantracha cladaigh iartharacha. Gabhadh céad-shiorc an tséasúir ar 16ú Meithimh

agus go dtí an la inniu is é an iasc is mó a gabhadh in uiscí na hEorpa. Gafa in inbhear na Sionainne, ba shiorc sé gheolbhach é de 1056 punt (480 cileagram) gabhadh é ag cuairteoir na hEilvéise. Taifeadadh céad-shiorc gorm na bliana sna Dúnaibh i gCo Thír Chonaill sa dara sheachtain d'Iúil. Ar chéad sheachtain de Lúnasa ghabh gasúr 12 bhliain d'aois gearrthóir 46 punt ag Bá Átha Cliath, cuireadh clib air agus scaoileadh saor arís é.

In áiteanna eile bhí an aimsir rud beag níos deise agus bhí an dhomhainiascaireacht chomh maith leis an iascaireacht cladaigh faoi lánseoil agus réimse leathan speiceas taifeadta fud fad na tire. I lár mhí Lúnasa, chuaigh an aimsir in olcas arís agus cailleadh tuilleadh laethanta cairtfhostaithe mar thoradh na haimsire. D'ainneoin seo bhí an iascaireacht ar fheabhas ar an laethanta arbh fhéidir leis na mbáid dul chun iascaireachta mara.

Ba bhliain iontach é do shlatiascairí milléid liatha agus taifeadadh neart móriasc ag ionaid timpeall na gcóstaí iartharacha agus oirthearacha. Bhí na siorcanna, sciataí, roic, concair agus na pollóga uile mar chuid den ndomhainiascaireacht agus gabhadh neart móriasc lena linn. Caithfear aird a dhíriú ar iasc amháin, gearrthóir 68 bpunt a taifeadadh ag Loch Cairlinn i Meán Fómhair. B'fhómhair maith é le séasúr an tSiorca Gorma á fhadú go dtí deireadh Dheireadh Fómhair agus chomh maith leis seo taifeadadh sciata mór thuas i Cuan an Deirg (níos troime ná curiarracht na hÉireann) ach níor éilíodh é. Go díreach suas go lár na Samhna bhí iascaireacht báid agus chladaigh timpeall an chósta iomláin agus taifeadadh réimse mór speiceas ann.

Thosaigh slatiascaireachta mara go hiontach in 2010 le roinnt báid chairtfhostaithe amuigh i mbun iascaireachta ar an gcéad sheachtain na bliana i gCorcaigh agus Aontroim le slatiascairí ag déanamh taifid ar roinnt mhaith langa, trosc agus concar. I mí na Feabhra rinneadh taifead curiarrachta poitéinsiúla ar chadóg a gabhadh in aice le Halla an Aontais i gCo Corcaigh. Thosaigh séasúr an mhilléid léith go luath le taifead roinnt móriasc a gabhadh in iarthar Chorcaigh ag slatiascairí cladaigh. Ag teacht mhí Aibreáin bhí tuilleadh bád chairtfhostaithe ar ais i mbun iascaireachta ná mar a bhí sna blianta roimhe agus bhí réimse an-mhaith iascaireachta faoi lánseoil timpeall an chósta ar fad. Tuairiscíodh roinnt basán iontach ó Loch Garman, Corcaigh agus timpeall imeallbhoird Chiarraí ach go hairithe. Taifeadadh gearrthóir

freisin i mí na Bealtaine i dTuaisceart Thír Chonaill. Cuireadh clib agus scaoileadh arís curiarracht phoitéinsiúil, sciata a mheastar a bhí thar 230 punt, i Cuan an Deirg, Co Aontroma. Ag tús mhí Meithimh bhí an séasúr faoi lánseoil agus bhí bunús na mbád cairtfhostaithe ag feidhmiú timpeall na bpríomh-ionad slatiascaireachta mara fud fad na tíre. Taifeadadh an chéad Shiorc Gorm na bliana sa chéad sheachtain i mí Meithimh ag Cúirt Mhic Shéafraidh. Bhí buachphointí eile ann i mí Meithimh, lena n-áirítear mórphollóg i bPort Corcaigh, ballaigh mhóra agus taifeadadh gur gabhadh 70 gearrthóir taobh istigh de lá go leith ag Cuan an Deirg i gCo Aontroma.

Siamsaíocht na Slatiascaireachta Éireann

Cuidíonn muid le himeachtaí a eagrú a chomhordú agus a chur ar siúl. Tugadh tacaíocht de réir mar a iarradh orainn é, lena hairítear pleaneáil agus eagrú na n-imeachtaí, fógraíocht na n-imeachtaí agus stiúradh láithreán gréasáin an PBI.

Seachtain Náisiúnta na Slatiascaireachta/Seachtain Feasachta Iascach

Níos luaithe sa bhliain moladh ócáid Náisiúnta Slatiascaireachta a eagrú. Cuireadh dátaí éagsúla chun tosaigh agus faoi dheireadh thiar thall tharla sé i mí Mheán Fómhair. Ach ní raibh tacaíocht réigiúnach leanúnach iomlán ann (réigiún amháin nach raibh ag glacadh páirte agus dhá réigiún eile a bhí teoranta lena gcuid comhoibrithe). D'éirigh leis an rud a cuireadh ar siúl agus glacadh leis. Mar thoradh air seo rinneadh pleanáil ar son ócáide bliantúla, Seachtain Feasachta Iascach. Ba é sprioc na seachtaine seo chun deis a ofráil do dhaoine triall a bhaint as an tslatiascaireacht.

Ghlac na réigiúnacha uile páirt agus forbraíodh an ócáid. Roghnaíodh an thréimhse 22 - 30 Bealtaine mar sheachtain na hócáide. Cuireadh clár 126 chlár ar fáil, réimse lena hairítear taispeántais coicareachta go comórtais slatiascaireachta tráigh. Glacadh gur éirigh go breá leis an tseachtain agus cuirfear ar siúl arís é i 2011.

AN PRÍOMH-BHORD IASCAIGH

**DRÉACHT-CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS NEAMHINIÚCHTA DO NA 18 MÍ GO DTÍ 30
MEITHEAMH 2010**

	Nótaí	18 mí go dtí 30 Meitheamh 2010	Bliain dár críoch 31ú Nollag 2008
		€	€
Ioncam			
Maoiniú ón Stát agus ón AE			
Deontais Oibriúcháin		10,992,602	10,118,887
Glanchistiúchán iarchurtha le haghaidh pinsean	12c	942,057	482,654
Lúide: Ioncam leithdháilte do na Boird Iascaigh Ré	1b	-	(700,002)
		<u>11,934,659</u>	<u>9,901,539</u>
Ioncam Eile	2b	3,259,169	2,505,798
Aistriú ó / (go dtí) Cuntas Caipitil	10	<u>435,394</u>	<u>428,339</u>
		<u>15,629,222</u>	<u>12,835,676</u>
Caiteachas			
Riarachán	3	5,666,393	4,154,620
Oibríochtaí	4	9,018,435	7,496,732
		<u>14,684,828</u>	<u>11,651,352</u>
Barrachas / (Easnamh) don tréimhse		944,394	1,184,324
Barrachas / (Easnamh) amhail 1 Eanáir		<u>1,126,041</u>	<u>(58,283)</u>
Barrachas / (Easnamh) ag deireadh na tréimhse		<u>2,070,435</u>	<u>1,126,041</u>

Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH

Riarachán agus Rialachas Corparáideach

Cuimsíonn an tuarascáil seo an tréimhse ocht mí dhéag dár críoch 30 Meitheamh 2010. Ón 1 Iúil corpraíodh na PríomhBhoird Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha mar ghníomhaireacht nua amháin ar a dtugtar lascach intíre na hÉireann.

I rith na tréimhse ocht mí dhéag, bhí farasbarr ioncaim thar chaiteachas ag an mBord €131,817 ina ráitis airgeadais. I rith na tréimhse ocht mí dhéag ceannaíodh sócmhainní €241,644 iomlán. Mar a fheictear ó na dréachchuntais ní raibh pingin rua i gceist i ndáil leis na tionscadail AE-chistithe. Tá na cuntais seo sa dréachtfhormáid agus tá siad faoi réir a ndeimhnithe ag an ArdReachtaire Cuntas agus Ciste.

Choinnigh an Bord le plean gnó mionsonraithe ina chuid oibre don bhliain agus is minic a sháraigh sé ar na spriocanna a socraíodh. Sainmhíníonn agus aibhsíonn ár gcairt chustaiméara leibhéal na seirbhíse a mbeadh súil agat ón mBord agus tá sí infhaighte, in éineacht lenár gcód iompair ghnó, ar ár suíomh idirlín: www.fishingireland.net

Tugadh isteach lánchosc san earnáil phoiblí a d'fhág go raibh laghdú i líon na foirne sealadaí ag an bpointe táirgthe ag príomhthréimhsí i rith na bliana. Is é dearcadh an Bhoird áfach, gur feidhmíodh a acmhainní go héifeachtach arna dheimhniú ag na gnóthachtálacha iomadúla a shonraítear sa tuarascáil bhliantúil agus sa phlean gnó.

Fuair an Bord 5 achainí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise i rith na tréimhse ocht mí dhéag.

D'fhreastail an Bord ar na gnóthachtálacha riachtanacha arna leagan amach faoin Tagarmharcáil. Tá go leor limistéar, a aithníodh faoin Dul chun cinn á Choimeád, a chuir an Bord i gcrích. Tá limistéir eile faoin Dul chun cinn á Choimeád á saothrú go honnghníomhach agus cuirfear i gcrích iad cuíosach luath amach anseo.

Rinne an Bord de réir cheanglais an Achta Mhíchumais 2005 sa mhéid gur baineadh amach an sprioc 3%. Feabhsaíodh roinnt struchtúr ag riaradh ar an rochtain mhíchumasaithe i gContaethe Mhuineacháin agus na Mí.

Rialaithe Inmheánacha

Thar ceann Bhord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir, dearbhaím go bhfuil an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm aige.

Táim sásta go bhfuil córais an Bhoird réasúnta agus feiliúnach do chás an Bhoird ag tabhairt airde ar mhéid, leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus oibríochtaí an Bhoird. Ní féidir leis na córais, áfach, dearbhú iomlán a thabhairt nach ndéanfar earráidí ábhartha.

Tá coiste iniúchta ceaptha ag an mBord agus na dualgais seo a leanas air;

- a) Athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis bhliantúla airgeadais sula gcuirtear chuig an mBord iad.
- b) Plé mar is cuí le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- c) Plé le haon fhadhb nó le haon cheist ón iniúchadh inmheánach agus seachtrach agus aon ní a bheas na hiniúcháirí ag iarraidh a phlé leis an gcoiste (mura mbeadh an lucht bainistíochta ar fáil).
- d) Athbhreithniú a dhéanamh ar litir bainistíochta na n-iniúcháirí seachtracha agus ar fhreagra an lucht bainistíochta.
- e) Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus aird ar leith a thabhairt ar chistí de chuid an AE.
- f) Príomhthorthaí na n-imscrúduithe inmheánacha agus freagra an lucht bainistíochta a bhreithniú.

g) Ábhair chuí eile a bhreithniú, a leagfaidh an Bord síos.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an choiste iniúchta go foirmiúil agus ó bhéal don Bhord de réir mar is cuí agus cuireann sé/sí moltaí an choiste iniúchta in iúl don Bhord.

Déanann an Bord na cinntí móra straitéiseacha agus tagann sé le chéile go rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus pleananna. Ní fheidhmíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach leis an údarás a thugann an Bord dó chun éifeacht a thabhairt do pholasaithe agus cinntí an Bhoird. Tá comhairleoirí gairmiúla an Bhoird ar fáil dóibh nuair a theastaíonn sin.

Cloíodh leis na treoirlínte ar luacháil agus bainistíocht na dtograí caiteachais caipitil, mar a dhéantar i gcás na dtreoirlínte ar íocaíocht na bPríomhOifigeach Feidhmitheach.

Chinn an Bord ar an gCód Cleachta do Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus déanann an Bord de réir fhorálacha an Chóid.

Rinne an Bord de réir gach ceanglais i ndáil le polasaí taistil.

Ta lámhleabhar nósanna imeachta mionsonraithe curtha le chéile anois agus coinníonn an lucht bainistíochta súil ghéar ar gach idirbheartaíocht mhór. Bíonn réiteach le déanamh ar na foinsí móra ioncaim san iomlán agus, nuair is féidir, roinntear na dualgais foirne go cuí ag cur rioscaí agus an líon teoranta foirne san áireamh. Tá na nósanna imeachta áirithe seo i bhfeidhm chun rialú éifeachtach airgeadais a chinntiú.

I. Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun gach earra agus seirbhís a cheannach, chun sonraisc a cheadú i leith earraí agus seirbhísí agus chun íocaíocht a údarú i ndáil le hearraí agus seirbhísí. Cuireadh leis na nósanna imeachta seo ó am go ham agus cuireadh moltaí ó na hiniúchtaí inmheánacha i bhfeidhm. Tá sé mar pholasaí ag an mBord glacadh le tairiscintí do gach seirbhís ghairmiúil.

II. Ullmhaítear cuntais agus buiséid mhíosúla ar feadh na bliana. Uair sa ráithe, déanann an coiste iniúchta athbhreithniú ar chuntais an luchta bainistíochta. Tá córas cuntasáíochta ríomhairithe á fheidhmiú ag an mBord atá in ann réimse leathan eolas airgeadais agus cuntasáíochta a sholáthar.

III. Ullmhaítear buiséid in aghaidh na bliana agus ráitis ioncaim agus caiteachais in aghaidh na míosa chun iad a chur i gcomparáid le figiúirí an bhuiséid.

IV. Chomh maith leis na Boird Iascaigh eile, tá córas iniúchta inmheánaigh curtha i bhfeidhm ag an mBord. Mar chuid den chóras seo déanann gnólacht sheachtrach iniúcháirí iniúchadh bliantúil ar ghnóthaí airgeadais an Bhoird. Tá tuarascálacha curtha ar fáil, agus tá freagra tugtha ag an lucht bainistíochta orthu agus gníomh déanta de réir na moltaí a fuarthas. Bhreathnaigh coiste iniúchta an Bhoird, agus an Bord féin de réir mar is cuí, ar na dréacht-tuarascálacha agus tuarascálacha deiridh. Tháinig iniúcháirí agus an coiste iniúchta le chéile gan lucht bainistíochta an Bhoird a bheith leo agus i láthair luchta bainistíochta an Bhoird ag amanna eile. Thuairiscigh Cathaoirleach agus comhaltaí eile an choiste iniúchta chuig an mBord maidir lena bplé agus na torthaí. Bunaithe ar na tuarascálacha seo, táim sásta gur chuir an Bord córas cuí rialaithe airgeadais i bhfeidhm.

Ba mhaith liom a dheimhniú gur athbhreithnigh an Bord ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar thuarascálacha a sholáthair iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an coiste iniúchta.

John Chambers

Cathaoirleach

BAINISTÍOCHT AGUS CAOMHNÚ AN IASCAIGH

Oibreacha Méadaithe na Gnáthóige

Príomhthréith den bhliain 2009 ba ea an bháisteach an-trom a thit i rith míonna an tsamhraidh a choisc comhlánú go leor oibreacha insrutha. Príomhthréith den chuid luath den bhliain 2010 ba ea na coinníollacha geimhriúla an-oighreata agus fuar ar lean earrach agus samhradh luath tirim iad. Tharla 8 clár méadaithe abhann le hinfheistíocht iomlán €15,960. Forbraíodh 3,700 méadar aibhneacha agus sruthanna a chuimsigh obair ar na haibhneacha Máiteog, Bórú, Doirín, Cill Damháin, Life, Níth agus Átha Féin. Suiteáladh áiritheoir éisc ar Abhainn Átha Féin ag Baile Lias. Forbraíodh 212 snámh slatiascaireachta ar lochanna agus aibhneacha.

Bainistíocht agus Stiúradh na Timpeallachta

Bheartaigh an Bord imscrúduithe i ndáil le saincheistean na timpeallachta agus mheasúnaigh sé éifeachtaí féideartha na bhforbairtí ar ghnáthóga iascaigh. Cuireadh 938 togra faoi bhráid na n-údarás áitiúil ábhartha i ndáil le hiarratais phleanála a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar an iascach. Baineann na hiarratais seo le hiomad tograí éagsúla ó fhorbairtí cónaitheacha, talmhaíocha agus tráchtála go dtí cleachtaí feidhmithe talún. Tograí foraoiseachta a bhí in 128 díobh seo. Rinneadh caint ar phleananna forbartha údaráis áitiúil sa Réigiún.

Beartaíodh 1350 iniúchadh i rith na bliana, bhí 209 díobh seo mar fhreagra ar ghearáin a fuair an Bord. De thoradh na n-iniúchtaí seo, eisíodh 54 litir foláirimh agus tionscnaíodh ionchúiseamh amháin. Bhí 7 teagmhas maraithe éisc, an ceann ba shuntasá ar an Abhainn Dubh i Loch Garman áit ar maraíodh na céadta breac donn agus breac geal sa bhliain 2009 agus lotnaidicidí mar bhunúdar amhrasta. Sa bhliain 2010, tharla marú eisc ar Loch Pheadair i mBaile Mhuineacháin áit ar maraíodh 60 garbhiasc. Calcadh i bpiopa a ritheann thar Loch Pheadair ba chúis leis an teagmhas seo a dheisigh Comhairle Contae Mhuineacháin. Maraíodh 40 iasc ar Abhainn na Tulcha in Aibreán 2010, de thoradh ábhar salaithe ag dul isteach san abhainn.

De réir na treochta le dhá bhliain anuas, bhí meath i líon na dtionscadal tithíochta agus tráchtála agus san fhorbairt bhonneagair cistithe go poiblí. Bhí 3 tionscadal náisiúnta bóithre á dtógáil lena n-áirítear tionscadail na mótarbhealaí M3 agus N4 agus nuachóiriú an M50. Bhí 12 breise ag tréimhse na pleanála. Tarrtháladh 1,400 iasc ó aibhneacha agus craobhaibhneacha a raibh éifeacht ag forbairtí bóithre orthu i rith 2009. Rinneadh faireachán freisin ar stoic éisc in 18 sruth i limistéar Mhórcheantair Átha Cliath.

FORBAIRT AN TÁIRGE / INFHEISTÍOCHT NA HACMHAINNE

Rochtain

Tharla líon mór tionscadal agus 14 tionscadal méadaithe na saoráide slatiascaireachta arna gcomhlánú i rith na bliana agus infheistíocht €91,663 ann. Cruthaíodh 9 teaghlaim slatiascaireachta ar aibhneacha éagsúla ar fud an Réigiúin. Tharla obair shuntasach ar Lochanna Ioma agus Mhucnú agus 254 spás breise slatiascaireachta á gcruthú an chuid is mó díobh seo ar Loch Mhucnú i Muineachán.

Suirbhéithe

Beartaíodh oibreacha leictre-iascaigh ar go leor d'aibhneacha an Réigiúin agus 193 suirbhé salmainide agus infheistíocht €69,931 i rith na tréimhse 18 mí. Beartaíodh 457 measúnú ar stoc eisc i rith an 18 mí. Tugadh faoin gclár Leictre-iascaigh ar Leibhéal an Dobharcheantair i gcomhar leis an bPríomhBhord Iascaigh. Ba é aidhm na teicnící iascaigh cúig nóiméad stoic na mbradán óg a luacháil chun críocha bainistíochta. Choisc an t-uisce ard an t-iascach ar go leor láithreán, tháirg roinnt láithreán uimhreacha an-mhaith maidir le bradáin óga agus bhí roinnt eile níos lú ná mar a bhíodhas ag súil.

Chabhraigh an Bord freisin leis an PBI ina chlár faireacháin agus suirbhé faoin gCreat-Treoir Uisce. Chuir sé i bhfeidhm freisin go leor suirbhéithe raidió bradán agus clibeála PIT ar fud an réigiúin. Tharla clár clibeála liús i ndúiche Dhroichead Átha agus tugadh faoi shuirbhéithe garbhiasc freisin.

Clár Breac Mhuir Meann

Seoladh tionscadal mór agus gníomhaireachtaí sa Bhreatain Bheag agus in Éirinn páirteach ann chun gnéithe éagsúla de shaolré agus bitheolaíocht líon breac Mhuir

Meann a mheasúnú. Tá sé á chistiú ag Tionscadal Idir-Réigiúnach AE Éireann/na Breataine Bige agus Ollscoil Bangor i gceannas air agus an Bord mar pháirtí sa tionscadal. I rith na bliana tugadh faoi shuirbhéithe i bpáirt le geallchoimeádaithe áitiúla ar feadh chósta an oirthir chun faisnéis a chur ar fáil don tionscadal seo.

FORBAIRT AN TÁIRGE

Margaíocht agus Promóisean

D'fhreastail an Bord ar 9 príomh-phromóisean slatiascaireachta sa bhaile agus thar lear. Bhí an tuairisciú ar na nuachtáin agus ar na meáin i rith na bliana an-rathúil agus 229 mír san iomlán taifeadta i rith na bliana 2009 agus sa chéad leath de 2010. D'áirigh sé seo tuairisciú príomhailt ar na nuachtáin náisiúnta agus cláir raidió agus teilifíse mar Nationwide agus Eco Eye de chuid RTÉ 1.

Séasúr na Slatiascaireachta

Príomh-thréith de shéasúr na slatiascaireachta sa bhliain 2009 ba ea go raibh tamall an-tirim i mí Meithimh ar lean samhradh an-fhliuch ar fad agus geimhreadh an-oighreata é sa bhliain 2010 ar tháinig earrach agus samhradh tirim ina dhiaidh sin sa bhliain 2010. D'fheabhsaigh na coinníollacha slatiascaireachta le samhradh beag na ngéanna i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair. Go hiondúil bhí tuairisc mhaith ar iascach na mbreac donn ar fud an Réigiúin go háirithe ar aibhneacha Átha Féin agus na Life. Bhí tuairisc mhaith ar iascach na ngarbhiasc agus na liús agus lochanna i gCábhán agus i Muineachán ag táirgeadh roinnt gabhálacha fantaiseacha. In ainneoin na ndroch-choinníollacha aimsire don iascach báid do go leor den séasúr bhí an tslatiascaireacht mara go maith agus tháirg féile na mbád beag i Ros Láir 42 speiceas éisc.

An tOideachas agus cláir Mheabhraíochta Iascaigh

Bhí 18 mí an-rathúil ag Tionscnamh Slatiascaireachta Átha Cliath agus 1,044 ógánach rannpháirteach i gcúrsaí slatiascaireachta samhraidh 3 lá an DAI agus cabhair á tabhairt do dhéagóirí ó chlubanna iascaigh óige ar bhonn rialta. Tharla 13 féile slatiascaireachta lena n-áirítear comórtas teilgin chuileoige bréige ar Abhainn na Life, comórtas faoi dhaoine cáiliúla ar na meáin, lárionad iascach chuileoige Tinnahinch, comórtais teilgin chuileoige bréige na mban, sraith de chomórtais ar

Loch Mhucnú lena n-áirítear craobhchomórtas na bpóilíní Uile Éireann, an corn Ceilteach, Fishmaniak polish completion, féile na mBád beag Ros Láir agus comórtas na n-ógánach Tionscnamh Slatiascaireachta Átha Cliath.

Bhí 58 scoil san iomlán rannpháirteach sa chlár oideachasúil ‘Something Fishy’ do ranganna a cúig agus a sé agus chuimsigh sé léirithe, cuairteanna scoile, scaoileadh ubháin na mbreac isteach in aibhneacha áitiúla agus turais allamuigh. Bhí 185 cuairt chuig scoileanna a d’fhág gur thug an Bord cuairt ar 2,300 leanbh go hachomair. Ba í Scoil Náisiúnta Nun’s cross ar Áth na Fuinseoige Co. Chill Mhantáin an buaiteoir Réigiúnach sa bhliain 2009 agus Scoil Náisiúnta St. Clare i gCrois Araid sa bhliain 2010.

Bhí Seachtain Meabhraíochta an Iascaigh an-rathúil agus go leor imeachtaí á dtionól ar fud an Réigiúin i mBealtaine 2010. Chuimsigh sé seo taispeántas slatiascaireachta óige de chuid club slatiascaireachta mara Bhinn Eadair ag ar fheidhmigh an tAire Conchúir Ó Luineacháin agus d’fhreastail 3,000 duine. Tionóladh laethanta teilgin chuileoige bréige i gCill Mhantáin agus i Loch Garman. Bhí sraith de chonairí abhann agus locha ar Loch Ioma agus i Lárionad Slatiascaireachta Toberona i nDún Dealgan.

LÍONRÚ / BAINISTÍOCHT AN DOBHARCHEANTAIR

Bainistíocht Dobharcheantair Abhóca

Fanfaidh an maolú molta ar abhainn Abhóca go dtí 2027 agus foilsíodh tuarascáil achomair aighneachtaí Dhúiche Abhantrach an Oirthir ag deireadh na bliana a luaigh go raibh sé dodhéanta go teicniúil an abhainn a leasú roimh 2015 de bharr na sreibhe thar tír agus an uisce thalún. Spreag an Bord go gníomhach agóidí ina aghaidh seo ach ní raibh aon toradh ar seo.

Shuiteáil Comhairle Contae Chill Mhantáin logálaí sonraí i gcomhairle leis an BIRO, an EPA agus an GSI ag Droichead de Faoite ar abhainn Abhóca. Níor tarrtháladh an oiread sin gealóg ar abhainn Abhóca ná mar a rinneadh sa bhliain 2008 de bharr na leibhéal an-ard uisce. Sa bhliain 2010 áfach, tarrtháladh níos mó ná 5,300 gealóg, a

léiríonn acmhainn mhillteanach abhann Abhóca mar abhainn bhradán agus tábhacht an chláir tarrthála gealóg seo.

RIALÚCHÁN

Bhí an Life oscailte do mhí Eanáir 2009 ar bhonn gabh agus scaoil amháin agus bhí sí dúnta le haghaidh an chuid eile den séasúr. Sa bhliain 2010, bhí sí oscailte do Lá Cinn Bhliana amháin agus bhí sí dúnta le haghaidh an chuid eile den séasúr. Bhí aibhneacha na Bóinne agus an Ghlais Chroinn oscailte ar bhonn gabh agus scaoil amháin. Bhí an tSláine dúnta maidir le slatiascaireacht bradán agus breac geal ach cheadaigh fodhlí nua áfach iascach na mbreac geal faoi 40cm agus d'fhéadfaí 2 iasc a choinneáil in aghaidh an lae ón 1 Iúil ar aghaidh, a chruthaigh an-rathúil. D'fhág an rialúchán seo go raibh níos mó slatiascairí ar an gcóras agus gabhadh agus scaoileadh 253 breac geal sa bhliain 2009. Bhí an Casán oscailte freisin ar bhonn gabh agus scaoil ón 1 Iúil agus scaoileadh 70 iasc sa bhliain 2009. Ar an mBóinn, gabhadh agus scaoileadh 360 bradán agus breac geal sa bhliain 2009. Bhí abhainn Átha Féin oscailte don tslatiascaireacht agus 238 iasc a bhí sa ghabháil. Sa bhliain 2009, díoladh 1,251 ceadúnas bradán agus seoladh ar ais 87% de logleabhair slatiascaireachta sa bhliain 2009. Agus é seo á scríobh tá 70% de na logleabhair slatiascaireachta seolta ar ais agus tá litir chuimhneacháin dheireanach seolta amach.

Bhí an séasúr sceite an-deacair maidir le comhaireamh na glaineachta de bharr leibhéil iomlaoideacha an uisce agus go leor tuile ar fud an Réigiúin. Tá sé le tuiscint ó na comhairimh ghlaineachta seo gur cosúil go bhfuil na leibhéil sceite beagáinín thíos ó bhlianta roimhe seo.

Airgead Stampála Caomhnaithe

Sa bhliain 2009, leithdháileadh €97,500 ar Bhord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir chun staidéar indéantachta a bheartú le haghaidh áiritheoir éisc iomlán ar an mBóinn, bealach éisc ar an Abhainn Bhán agus oibreacha méadaithe gnáthóige bradán i ndúiche Loch Garman. Comhlánaíodh an staidéar indéantachta ar an mBóinn. Tá curtha isteach ar an dá thionscadal eile de bharr na leibhéil ard uisce

agus ceisteanna comhaontaithe leis na húinéirí talún agus plean ag an mBord na hoibreacha seo a chomhlánú i séasúir 2010 agus 2011.

Sa bhliain 2010, leithdháileadh €107,000 chun áiritheoir éisc a shuiteáil ar an gCasán. Tá an Bord tagtha ar chomhaontú leis na húinéirí talún agus tá innealtóirí aige chun pleananna don áiritheoir a ullmhú. Tá sé d'aidhm ag an mBord na hoibreacha seo a chomhlánú sa bhliain 2011.

Ionchúisimh

Bhí iarracht gan fasach chun ár n-uiscebhealaí intíre a phatróladh i rith na n-ocht mí dhéag in ainneoin na gcorruithe ar na hacmhainní. Bhuaigh an Bord trí chás déag iascaigh neamhdhlíthiúil, trí cinn díobh faoi iascach neamhdhlíthiúil bradán agus deich gcinn faoi gharbhiascach neamhdhlíthiúil i gCábhán agus i Muineachán. €9,900 a bhí sna fíneálacha iomlána a tugadh sna cásanna seo agus €17,087 a bhí sna costais a dámhadh. I gcás amháin i Muineachán gearradh téarma príosúnachta ar chosantóir agus bhí tuairisciú leathan ar na nuachtáin lena n-áirítear alt san fhoilseachán RA 'Angling Times'.

Comhlánaíodh 51,017 daonuaireanta ar phatróil aibhneacha, lochanna agus mara a bheartú. Rinneadh 172 seiceáil ar dhéileálaithe éisc, bialanna agus óstáin. Sa bhliain 2009, gabhadh 1,310 slat líonta agus 8 bád. Tionscnaíodh 36 ionchúiseamh agus eisíodh 82 fíneáil ar an láthair. Don chéad sé mhí de 2010 eisíodh 17 fíneáil ar an láthair.

RIARACHÁN / RIALACHAS CORPARÁIDEACH

D'urscaoil an Bord a chuid feidhmeanna reachtúla, ghearr sé an ráta iascaigh, d'eisigh sé ceadúnais, bhailigh sé rátaí, d'ullmhaigh sé meastacháin agus cuntais agus chuidigh sé le reachtaíocht nua agus ar feitheamh. D'fhreastail sé ar a dhualgais reachtúla, riaracháin, airgeadais agus rialachais chorparáidigh. Chuidigh ceapadh na n-iniúcháirí inmheánacha le córas stiúracha inmheánacha an Bhoird.

Iascaigh an Bhoird

Bhí 2,250 laethanta slaite go hachomair ar Loch Breacáin i rith 2009 agus cruthaíodh €1,000 ioncam. Scaoileadh 3,000 breac donn agus breac dea-dhathach isteach i Loch Ioma agus i Loch Breacáin i rith séasúr na slatiascaireachta.

Cumann Forbartha Iascaigh an Oirthir

Chas Cumann Forbartha Iascaigh an Oirthir ar a chéile faoi dhó i rith na tréimhse ocht mí dhéag agus ní bhfuair sé aon iarratas ar dheontais ó chlubanna slatiascaireachta. Leithdháileadh €3,910.33 ar an gcumann i rith na bliana; níor leithdháileadh aon chistí áfach ar na clubanna seo mar chabhair dheontais.

An tSláinte agus an tSábháilteacht / Oiliúint

D'fhreastail ball foirne amháin ar an gcúrsa Dioplóma Iascaigh i Sligeach. Bhí beirt bhall foirne rannpháirteach sa chúrsa MeánBhainistíochta. Ar an oiliúint eile ar ar fhreastail an fhoireann bhí an gharchabhair, leictre-iascach, áiritheoirí éisc, tiomáint ceithre roth amach ó bhóithre poiblí, clár clibeála PIT/raidió, cumhdach leanaí, bainistíocht TF agus airgeadais.

DRÉACHT-CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS NEAMHINIÚCHTA DO NA 18 MÍ GO DTÍ 30 MEITHEAMH 2010

Ioncam	Nótaí	18 Mí dár críoch 30ú Meithimh 2010	Bliain dár críoch 31ú Nollag 2008
		€	€
Ioncam an Oireachtais	1	4,394,603	3,144,680
Ioncam Eile	2	336,409	380,848
Glanchistiúchán iarchurtha le haghaidh pinsean	14 (c)	816,255	619,582
		<u>5,547,267</u>	<u>4,145,110</u>
Aistriú ó Cuntais Caipitil	12	240,739	(132,833)
		<u>5,788,006</u>	<u>4,012,277</u>
Caiteachas			
Riarachán	3	902,720	745,460
Oibríochtaí	4	4,753,470	3,558,929
		<u>5,656,190</u>	<u>4,304,389</u>
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		131,816	(292,112)
Barrachas amhail 1ú Eanáir 2009		<u>103,751</u>	<u>395,863</u>
(Easnamh)/barrachas amhail 30ú Meithimh 2010		<u>€ 235,567</u>	<u>103,751</u>

Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt

Réamhfhocal

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Bhord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt den bhliain 2009 agus ó Eanáir go Meitheamh 2010 a thíolacadh.

Mionsonraíonn an tuarascáil oibríochtaí agus imeachtaí an Bhoird i rith 2009 agus ó Eanáir go Meitheamh 2010 trasna réimse leathan a chuid freagrachtaí.

Fágann bunú Iascach Intíre na hÉireann ar 1 Iúil 2010 go gcuimsíonn an tuarascáil seo na hocht mí déag dheireanacha de tharchur an Bhoird seo. Is é seo an deichiú bliain d'oibríocht an Bhoird reatha agus lean na baill agus an fhoireann chun a gcuid oibre a dhéanamh de réir na gcaighdeán eiticíúil is airde agus rinne siad de réir critéir an Rialachais Chorporáidigh do chomhlachtaí reachtúla sa tréimhse seo.

I rith 2009 agus 2010 rinne baill an Bhoird agus an fhoireann fheidhmitheach ról an-éifeachtach i bpróiseas athstruchtúraithe seirbhís an iascaigh mar a d'fhógair an tAire Ó Riain i nDeireadh Fómhair 2008.

Ghoill bás antráthach Paddy Power, ball den Bhord a shíothlaigh i mBealtaine 2009, go mór ar an mBord. Ball dílis tiomanta ba ea é a thug seirbhís luachmhar le 27 bliain don iascach intíre.

Sa deireadh thiar gabhaim buíochas le mo chomhleacaithe Boird agus le foireann an Bhoird as an tacaíocht leanúnach a thug siad dom i 2009/2010 agus mo bheannacht chuig gach éinne ag súil le haistriú réidh go dtí Iascach Intíre na hÉireann.

Joe Teesdale

Cathaoirleach

Réamhrá

Ullmhaíodh an tuarascáil seo 2009 agus an chéad sé mhí de 2010 de réir cheanglais Alt 11 den Acht Iascaigh (Leasú) 1999.

Thosaigh an t-iascach bradán tráchtála arís sa bhliain 2009. Bhí iascach sciob-lín ar siúl ar an bhFeoir in éineacht le hiascach lín tarraingthe ar an Abhainn Dubh. Bhí an Bhearú dúnta do gach cineál iascaigh, ceadaíodh an tslatiascaireacht bhradán do mhí Mheán Fómhair ar an bhFeoir a fhad agus a bhí gabh agus scaoil i bhfeidhm ar an tSiúir.

Lean foireann an Bhoird chun bainistíocht éifeachtach iascach an Réigiúin a thacú agus a chur chun cinn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Cathaoirleach an Bhoird an tUasal Joe Teesdale agus a chomhleacaithe Boird as a gcúnamh agus a gcomhar i rith 2009/2010.

Buíochas speisialta freisin don fhoireann ghairmiúil thiomanta uile as an obair mhór, an dílseacht agus an tseirbhís a thug siad sa tréimhse seo agus as a chinntiú go mbeidh aistriú réidh go dtí iascach Intíre na hÉireann.

Brian Sheerin

PríomhOifigeach Feidhmitheach

RIARACHÁN AGUS RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Cur i gCrích an Chóid Chleachta do Rialachas na gComhlachtaí Stáit

Is feasach gach ball den Bhord agus is amhlaidh a dhéanann siad go hiomlán de réir fhorálacha an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, agus de réir Chóid an Iompair Ghnó.

Rinne gach ball den Bhord Nochtadh Leasanna de réir fhorálacha alt 3 Aguisín A, den Chód Cleachta.

Is feasach gach fostaí den Bhord agus déanann siad go hiomlán de réir fhorálacha an Chóid Iompair Ghnó d'fhostaithe.

Chomhlíon an Bord gach riachtanas um beartas Taistil.

Tá na cóid iompair ghnó chothrom le dáta infhaighte ach iad a iarradh agus is féidir cóip de gach cód dá shórt a fháil trí shuíomh idirlín chomhlacht an Bhoird.

Tá Cairt Chustaiméara suite ag an mBord agus í curtha suas ar shuíomh idirlín an Bhoird.

An Tuarascáil i dtaca le halt 10.2 den Chód Cleachta:

Ní raibh aon fhorbairtí suntasacha ó thaobh na tráchtála a chuaigh i bhfeidhm ar an mBord i rith na bliana. Níor bhunaigh an Bord aon fhochoimplachtaí, ní raibh sé rannpháirteach in aon chomhfhiontair nó ní bhfuair sé aon scaireanna.

Rinne an Bord de réir gach nós imeachta cuí don tuairisciú airgeadais, don iniúchadh inmheánach, d'fháil agus do dhiúscairt na sócmhainní.

Tá ráiteas ar chóras stiúrtha inmheánach airgeadais an Bhoird, de réir cheanglas 10.2 (iii) den Chód infhaighte freisin i dtathag na Ráiteas Airgeadais.

Mar a luadh thuas, tá na Cóid Iompair Ghnó do Bhaill an Bhoird agus do na Fostaithe suite agus tá cloíte leo.

Táthar ag déanamh de réir pholasaí an Rialtais ar íocaíocht PhríomhOifigeach Feidhmitheach an Bhoird.

Ní íoctar aon táillí le baill Bhoird sa chaoi nach bhfuil aon fheidhm ag treoirlínte an Rialtais ar íocaíocht táillí na stiúrthóirí.

Go nuige seo ní raibh aon imeachtaí suntasacha iarchlár comhardaithe. Rinne an tArdReachtaire Cuntas agus Ciste cuntais an Bhoird don bhliain 2009 a iniúchadh in éineacht leis an gcéad sé mhí den bhliain 2010. Tharla an t-aistriú go dtí lascach Intíre na hÉireann ar 1 Iúil 2010.

Rinneadh de réir na dTreoirlínte do luacháil agus bainistíocht na dTograí Caiteachais Chaipitil.

Chinn an Bord ar an gCód Cleachta agus déanann an Bord de réir fhorálacha an Chóid.

Obair Bhail an Bhoird

Lean gach ball (cé is moite de Paddy Power Suaimhneas Síoraí lena Anam Bealtaine 2009) ina gcuid post aníos go dtí 30 Meitheamh 2010 ar chuireadh an Aire Chumarsáidí, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus athbhreithniú na hEarnála Iascaigh Intíre agus treoir an Aire go n-oibreoidh an fochoiste den Ghrúpa Idirchaidrimh le hoifigigh na Roinne agus tograí á bhfoirmiú le ceadú ag an Rialtas ar feitheamh. D'iarr an tAire ar an mBord cead a thabhairt don POF a bheith rannpháirteach i bpróiseas athstruchtúraithe na Seirbhíse Iascaigh agus bhí sé féin agus an LPOF Ms Suzanne Champion rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas seo.

Ag an Mórchrúinniú Bliantúil sa bhliain 2009 agus 2010, thogh an Bord an tUasal Joe Teesdale mar Chathaoirleach agus an tUasal Mary Ferns mar LeasChathaoirleach.

Cruinnithe Boird

Sa bhliain 2009, chas an Bord ar a chéile 10 uair agus bhí cruinniú breise i mBaile Átha Cliath leis an Teachtaí Seán Power TD Aire Stáit RCFAN. Chas an Bord ar a chéile 6 uair sa bhliain 2010 agus bhí an cruinniú deireanach ar 18 Meitheamh 2010.

Ba é céatadán tinrimh iomlán na gcruinnithe de chuid bhaill an Bhoird 82% (2009) agus 88% sa bhliain 2010.

Fochoistí

Chas Fochoiste Iniúchta an Bhoird ar a chéile 4 uair sa bhliain 2009 agus 3 uair sa bhliain 2010. Chas Fochoistí le haghaidh Eascann, leithdháileadh na gCeadúnas, agus Dúichí Iascaigh ar a chéile freisin i rith na tréimhse seo. Thuairisc gach coiste chuig an mBord iomlán.

Iniúchtaí

Rinne an tArdReachtaire Cuntas agus Ciste Cuntais an Bhoird don bhliain 2009 a iniúchadh in éineacht le cuntais an chéad sé mhí de 2010 i Meán Fómhair 2010. Bunaíodh lascach Intíre na hÉireann ar 1 Iúil.

Chomhlánaigh Iniúcháirí Inmheánacha an Bhoird, Sheehan Quinn and Co. iniúchadh inmheánach d'oibríochtaí an Bhoird i 2009 agus chas siad le Fochoiste iniúchta an Bhoird de réir an Chóid Chleachta do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Rinne na hiniúchtaí uile, oibríochtaí fochoiste agus Boird de réir fhorálacha an Chóid Chleachta do Rialachas Corparáideach na gComhlachtaí Stáit, an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001.

Comhionannas

I rith na bliana 2009 rinne an Bord de réir fhorálacha uile na gcód Dea-chleachta agus de réir na reachtaíochta a bhaineann leis an gcomhionannas.

Saoráil Faisnéise

Fuair an Bord 6 achainí le haghaidh faisnéise faoi reachtaíocht Saorála na Faisnéise i rith na tréimhse 2009/2010. Chuidigh an Bord freisin leis an PBI i dtiomsú na faisnéise maidir le hachainíocha Saorála Faisnéise a bhí i bhfeidhm i gcás gach Bord Iascaigh eile.

Páirtíocht

Tá dhá ghrúpa pháirtíochta suite ag an mBord. Pléann grúpa amháin le saincheisteanna neamh-IR. Tá gach limistéar agus grád rannáin ionadaithe. Tá an dara grúpa suite chun oibriú i bpáirtíocht le SIPTU agus cuimsíonn sé stíobhaird cheardlainne, rúnaí brainse áitiúil SIPTU agus an bhainistíocht. Casann an dá ghrúpa ar a chéile uair amháin gach ráithe.

Chuathas i gcomhairle leis na Grúpaí i rith na tréimhse seo 2009/2010 agus d'eagraigh siad laethanta oiliúna, ceachtanna tógála foirne, imeachtaí sóisialta agus chruinnigh siad airgead do chumainn charthanachta áitiúla mar Hospice srl.

Forbairt agus Oiliúint na Foirne

Bhí foireann an Bhoird rannpháirteach i gcláir forbartha agus oiliúna éagsúla i rith 2009/2010. Mar chuid de chlár oiliúna agus uasoiliúna, bhí oiliúint ar siúl sa Bhainistíocht Tionscadail, san ArdTiomáint, sa Bhainistíocht Stiúrthóireachta, sa Gharchabhair, sa tSábháilteacht Mhara, i gcúrsaí Liagóra srl. Tugann an Bord lántacaíocht don Teastas sa Chúrsa Bainistíochta Iascaigh in Institiúid na Teicneolaíochta Shligigh, agus chéimigh Ray Byrne ann sa bhliain 2010.

Tugann an Bord aitheantas do chúnamh an Bhainisteora Oiliúna agus HR ag an PBI agus d'oiliúnóirí inmheánacha an Bhoird féin.

An tSláinte agus an tSábháilteacht

Freastalaíonn an fhoireann uile sna foirne oibre agus sna dúichí éagsúla ar chruinnithe míosúla faoin tSláinte agus an tSábháilteacht. Chas an Coiste Sábháilteachta ar a chéile go ráithiúil agus tá measúnuithe priacal ar siúl go leanúnach. Chuir an Coiste Sábháilteachta aighneachtaí an-éifeachtach faoi bhráid i ndáil le Lámhleabhar Sábháilteachta nua an Fhostaí agus fuair an fhoireann uile tíolacadh ón aonad HR sa PBI i ndáil le hionchuir an Bhoird. Tuairiscíodh timpiste/teagmhas amháin san áit oibre i rith 2009. Tuairiscíodh é seo chuig na Gardaí de bhrí gur bhain sé le gluaisrothar ceithre roth a tiomáineadh in éadan baill foirne agus a bhuail uime. Thug lucht Athbhreithnithe na Sláinte agus na

Sábháilteachta cuireadh don POF chun páipéar a thíolacadh ag an gcomhdháil náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Tá an POF freisin ina bhall de SERAC, fochoiste den HSA, an comhlacht reachtúil in Éirinn don tSláinte agus an tSábháilteacht.

Saoráidí

D'fhorbair an Bord foirgneamh nua as an bpíosa in Eastát Tionsclaíoch Bhaile an Loingsigh, Carraig na Siúire, d'Fhoireann Oibríoch Phort Láirge Thiar agus d'oscail an Teachtaí Conchúir Ó Luineacháin TD, Aire Stáit RCFAN é seo go hoifigiúil ar 25 Bealtaine 2010.

Clár LIFE

Bhí an Bord an-ghníomhach in ullmhú aighneachta agus i gcistiú a dhaingniú do Chlár Life i bpáirt le CeannFhoireann Dhúiche Ealla. Clár AE é seo a athbhunóidh agus a chuirfidh le líon na ndiúilicíní péarla fionnuisce, Bradáin an Atlantaigh agus Dobhráin (Aguisín 11 speicis AE Treoir na nGnáthóg) Cuidíní (Aguisín 1 speicis AE Treoir na nÉan) agus fospeiceas den ghabha dubh atá ceantrach in Éirinn i ndobharcheantar na hAbhann Duibhe Uachtaraí.

Plean Bainistíochta na nEascann

Bhí an Bord rannpháirteach i nGrúpa Oibre na nEascann a chomhlánaigh pleananna RBD le cur faoi bhráid an AE roimh Eanáir 2009. Scoir an t-iascach eascann uile in Éirinn. Chuir an Bord ar fáil cúnamh praiticiúil agus teicniúil i gclár faireacháin agus taighde an iascaigh eascann inbhearaigh ar inbhear Phort Láirge.

ATHBHREITHNIÚ AR IMEACHTAÍ

Bainistíocht agus Cosaint an Iascaigh

Bhí an stádas seo a leanas ag na ceithre abhainn sa réigiún i rith na tréimhse 2009/2010.

Abhainn	2009 Cuóta	2010 Cuóta	Líonta Tráchtála
An Abhainn Dubh	4,403	5,504	Séasúr Iomlán
An Fheoir	465	2,277	4 Seachtaine & S Iomlán
An tSiúir	C&R	C&R	-----
An Bhearú	Dúnta	Dúnta	-----

Bhí an tréimhse seo gnóthach ach go háirithe don fhoireann a bhí ag obair sa chosaint ag deimhniú go raibh leibhéal ard comhlíontachta leis an reachtaíocht ábhartha uile. Beartaíodh patróil rialta bád abhann, inbhir agus RIB in éineacht le líon mór patról soghluaiste agus cos thar an réigiún iomlán. Le linn na tréimhse seo d'eisigh an Bord 66 fineáil ar an láthair do shlatiascairí. Rinne an Bord slatiascairí a ionchúiseamh freisin faoi gan logleabhair slatiascaireachta a sheoladh ar ais agus d'eisigh sé 74 fineáil ar an láthair faoin gcoir chéanna. Tionscnaíodh 26 ionchúiseamh ar an iomlán sa tréimhse seo. Choigistigh an Bord 3600 slat líonta agus níor ghabh sé aon bhád. D'fhreastail an Bord ar a chuid spriocanna uile i ndáil le comhaontú an leibhéil seirbhíse aige ag tiomnú níos mó ná 26463.5 daonair do phatróil locha, abhann agus cósta. Bheartaigh an fhoireann freisin 69 seiceáil ar dhéileálaithe éisc, 49 seiceáil ar Bhialanna agus 28 seiceáil ar Óstáin/Tithe Aíochta.

An Earnáil Tráchtála

Sa bhliain 2009 bhí séasúr gairid ann don iascach sciob-lín ar an bhFeoir agus 211 a bhí sa ghabháil. Bhí an séasúr rialta i bhfeidhm don sciob-líon agus don líon tarraingthe araon ar an Abhainn Dubh agus 432 a bhí sa ghabháil. Sa bhliain 2010 801 a bhí sa ghabháil sciob-lín ar an bhFeoir agus ar an Abhainn Dubh 1,097 a bhí sa sciob-líon agus 340 sa líon tarraingthe.

Coistí Dúiche

Thionóil an Bord, de réir Rialúchán 2009, dhá chomhchruinniú Choiste Dúiche agus tionóladh dhá cheann freisin sa bhliain 2010.

An Ghabháil Slatiascaireachta 2009

Sa bhliain 2009, díoladh 2321 ceadúnas slaite i réigiún an Deiscirt. Ghin siad seo ioncam €154094 don Bhord agus is i ndáil le Stampáil Chaomhnaithe a bhí 50% dó seo a tarchuireadh go dtí an PBI de réir Treoir Rialtais faoi ailt 18A, 19(4) agus 20(3) den Acht Iascaigh 1980.

Díol na Slat Iascaigh 2009						
Éire ar fad	Dúiche	21 Lá	Óige	1 Lá	W	Uimh. Iomlán
376	893	750	111	191	0	2321

Díol na Slat Iascaigh 2009

Tá an ghabháil slaite don bhliain 2009 léirithe sa tábla thíos.

Dúiche	Abhainn	Speiceas	Gabháil Tuairiscithe
Lios Mór	An Abhainn Dubh (Mumha)	Bradán	2227
Port Láirge	An Fheoir	Bradán	87

Gabhálacha slaite

Seoladh ar ais na Logleabhar

Ní mór a thabhairt faoi deara nach léiríonn na figiúirí seo ach na logleabhair a seoladh ar ais chuig an mBord. Den 2321 ceadúnas agus logleabhar a díoladh san iomlán, níor seoladh ar ais ach 80% go hachomair chuig an mBord. Léireofar figiúirí 2010 i dTuarascáil Bhliantúil 2010.

AN BHAINISTÍOCHT TIMPEALLACHTA

Caighdeán an Uisce

I rith 2009, scrúdaigh foireann Timpeallachta an Bhoird raidhse áitreabh údaráis áitiúil, foraoiseachta, innealtóireachta sibhialta, feirme agus tionsclaíoch le haghaidh láithreán iarbhir nó féideartha den truailliú gnáthóige iascaigh agus cúraimí caighdeáin uisce. Tháinig de thoradh na scrúduithe seo gur braitheadh roinnt sárúithe gnáthóg iascaigh agus caighdeáin uisce ar ghá freagraí éagsúla a thabhairt orthu a réimnigh ó ionchúiseamh go dtí foláirimh agus comhairlí. Bheartaigh an Bord

ionchúisimh rathúla in aghaidh Chomhairle Contae Laoise agus Comhlacht Tógála BAM.

Pleanáil

Caitheann foireann an Bhoird cuid mhór dá gcuid ama le hobair onnghníomhach agus choisctheach a chuimsíonn limistéir na Pleanála Fisiciúla (iarratais phleanála, pleananna forbartha, SEA srl.), Ceadúnú (IPPC, WPA, Dramhaíl, Réamhchladach, Uiscechultúr, srl.), Tionscadail Bhonneagair (bóithre, uisce dramhaíola agus monarchana cóireála uisce, líonta talún, astarraingt, srl.), Foraoiseacht (plandáil, leagan, leasú, NWS, bóithre, srl.) agus scrúduithe gnácha (patróil aeir, spotseiceálacha), rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre éagsúla, coistí srl.

I rith na tréimhse seo 2009/2010 thug an Bord 9 tíolacadh ag cúrsaí oiliúna, cruinnithe agus comhdhálacha.

CUMAINN FORBARTHA IASCAIGH

Cumann Forbartha Iascaigh Breac agus Garbhiasc an Deiscirt

D'íoc an Bord €35000 leis an gComharchumann i rith 2009 a bhaineann le cistiú maitseála don bhliain 2008. De réir Ordú an Rialtais scoir oibríochtaí an Chomharchumainn ar 30 Meitheamh 2010 agus thug an Comharchumann ar ais cistí neamhchaite £134,607.98 don IFI.

FORBAIRT

Scéimeanna Faoisimh Tuile

Bhí trí scéim mhóra faoisimh tuile ar siúl go leanúnach ar feadh na bliana. Ba iad seo Mala, Cluain Meala agus Mainistir Fhear Maí. Tá an obair ar scéim Chluain Meala faoi lánseoil agus Céim 1 den scéim beagnach comhlánaithe. Comhlánaíodh oibreacha móra maidir le ballaí a choinneáil ar feadh bhruacha na habhann agus suiteáladh lintéir ar na craobhaibhneacha ag dul isteach sa príomhchainéal. Comhlánaíodh an obair seo go léir leis an gcur isteach íosta don ghnáthóg uisciúil. Thosaigh Céim 2 den scéim i rith 2010 agus thángthas ar chomhaontú leis an OPW

ar na modhanna atá le húsáid don obair ábhartha uile ar Bhruacha na hAbhann agus arís níor chóir go mbeadh ach an cur isteach íosta i rith na n-oibreacha seo.

I gcás scéim Mhala, níl ach beagán oibre i gceist ar an bpríomhchainéal ach bhí oibreacha móra ar siúl ar go leor de na craobhaibhneacha go háirithe ar Bhruach ó Thuaidh na hAbhann. Chuimsigh na hoibreacha seo tógáil na gcainéal forsceite, lintéir choinneála, roinnt atreoruithe beaga ar chainéal na habhann agus tógáil na gclaífort. Tá obair ar an mBruach ó Dheas pleanáilte don bhliain seo chugainn agus cuimseoidh sí atreoruithe abhann agus cainéil forsceite. Comhlánaíodh an obair seo go léir de réir comhaontaithe agus leis an gcur isteach íosta don timpeallachta uisciúil.

Thosaigh an scéim i Mainistir Fhear Maí go deireanach sa bhliain 2009 agus ní bheidh ach an cur isteach íosta aici ar an bpríomhchainéal de bhrí gurb é tógáil na mbac cosanta príomhchomhbhall na scéime seo. Níltear ag cur isteach ar aon chraobhaibhneacha agus níl le tógáil ach ballaí beaga coinneála ag béil na bpíopaí draenála ar feadh bhruach na habhann.

Bealach Éisc

Chuir an Bord cúnamh teicniúil ar fáil agus bheartaigh sé oibreacha ar roinnt bealaí éisc. Thóg an Bord freisin roinnt struchtúr rampaí cloiche ar mhionchóir.

Áiríonn samplaí rampa cloiche ar an Uidhir a comhlánaíodh i gcomhar le hOibrithe FAS Chluain Meala.

Thóg daoine príobháideacha freisin rampaí cloiche le cúnamh na gclubanna slatiascaireachta ar Abhainn Rí.

Thángthas ar chomhaontú leis an OPW agus geallchoimeádaithe eile maidir le dearadh bhealach éisc nua do chora Chluain Meala. Tosóidh tógáil an bhealaigh éisc seo i rith Céim 2 den scéim faoisimh tuile. Thángthas ar chomhaontú maidir le dearadh rampa beag cloiche ar an taobh ó dheas de Chora Lady Blessington i

gCluain Meala. Tógfar seo nuair a cheadaíonn na leibhéil uisce. Tá aontaithe faoi bhealach éisc le húinéir Chora an tSráidbhaile agus tógfar í in am is i dtráth.

Tá roinnt tionscadal eile d'aistriú na gcoraí nó do sheach-chainéil timpeall na gcoraí ag tréimhse na pleanála agus an deartha. Orthu seo tá Abhantrach na hAbhann Duilliúr, cora ar Abhainn Sráidbhaile in aghaidh srutha den chumar leis an mBearú agus an Chora ag Caisleán Chill Chaoi gar do Ath Í.

Bóithre

Lean an obair ar na mótarbhealaí nua agus na mogalraí bóithre le scrúduithe rialta agus cruinnithe le conraitheoirí agus innealtóirí deartha. I dtreo dheireadh na bliana bhí an chuid is mó de na mótarbhealaí sa réigiún seo comhlánaithe agus fanann roinnt oibre ar liosta fadhbanna comhaontaithe.

De bharr na leibhéal ard uisce, na tuile agus an trácht tógála a bhain leis na mótarbhealaí, thit roinnt de na lintéir agus de dhroichid na súl cloiche níos sine ar fhobhóithre agus ar mhionbhóithre agus ba ghá iad a dheisiú. Thángthas ar chomhaontú leis na húdaráis áitiúla, le conraitheoirí agus geallchoimeádaithe eile maidir le cláir oibre chun na droichid seo a dheisiú nó a athsholáthar.

Oibreacha Feabhsaithe na nGnáthóg

Beartaíodh oibreacha móra ar an tSiúir in aghaidh an tsrutha de Dhurlas Éile. I gcomhar le hoibreacha draenála a rinne Comhairle Contae Thiobraid Arann ó thuaidh a bhí an obair seo. D'áirigh na gnéithe iascaigh den tionscadal tógáil na sraonairí, na linnte, na sleamhnuithe agus na limistéar scarbháin. Beartaíodh freisin roinnt cosanta bruaigh agus prúnála fásra. Aistríodh freisin cora fholctha a bhí ag cruthú roinnt dhomhain locháin chun gnáthóg fheabhsaithe a chruthú do bhradáin agus do bhric. Comhlánaíodh an obair seo go léir chun sástacht na ngeallchoimeádaithe uile lena n-áirítear an club áitiúil slatiascaireachta.

Chuimsigh obair ar an Deighnín, ar lean ó bhlianta roimhe seo, cosaint an bhruaigh go príomha chun creimeadh na n-ithreacha cré isteach i limistéir sceite fairsinge a chosc. Beartaíodh an obair seo i gcomhar leis an NPWS agus úinéirí talún áitiúla.

Tugadh faoi chlar beag cosanta bruaigh agus cothabhála bruaigh ar an Abhainn Dubh Uachtarach gar do Chnoc na Graí d'fhonn beirtreach luachmhar a chosaint agus téarnamh na ngilidíní bradán go dtí céim na ngealóg a chur chun cinn.

Tá an Chathair ainmnithe mar lárionad dearscnaitheachta do shlatiascaireacht an bhric dhoinn. Fágann sé seo go mbainfidh na háiseanna uile mar óstáin, Leaba agus Bricfeásta agus saoráidí áitiúla, tairbhe as slatiascaireacht an bhric sa limistéar seo.

Coinníonn an tSiúir ag an gCathair stoc dearscnaitheach breac donn agus tá saoráidí maithe slatiascaireachta ann. Bhí maoiniú infhaighte ag Fáilte Éireann d'oibreacha feabhsaithe i limistéar na Cathrach. Moladh go bhforbrófaí roinnt de bhruach na habhann chun an rochtain do shlatiascairí a fheabhsú a chuirfeadh san áireamh slatiascairí na riachtanas speisialta mar chathaoireacha rothaí agus áiseanna siúil. Forbraíodh plean chun réimse 1.5 km de bhruach abhann a fhorbairt chun 3 bá rochtana cathaoir rothaí a chuimsiú ar chaighdeán bhailchríoch tarra agus smiota agus baic sábháilteachta ballaí cloiche. Comhlánaíodh an tionscadal i gcomhar leis an údarás áitiúil, Coillte, Fáilte Éireann agus an club áitiúil slatiascaireachta agus d'oscail an Teachtaí an Dr Martin Mansergh TD Aire Stáit ag An Roinn Airgeadais é ar 22 Bealtaine 2010.

An Chreat-Treoir Uisce

Cuidíodh leis an bPríomhBhord Iascaigh i suirbhéithe an Chreat-Treoir Uisce ar gach mórdhobharcheantar. Seoladh na suirbhéithe leictre-iascaigh seo i rith an tsamhraidh faoi mar a cheadaigh coinníollacha aimsire agus leibhéil uisce. Thug an chuid is mó de na láithreáin a ndearnadh suirbhé orthu torthaí buntáisteacha agus níor tháinig aon fhadhbanna móra sa bhealach.

Promóisean

D'fhreastail an fhoireann ar roinnt imeachtaí promóisin slatiascaireachta a chuimsigh Aontaí Tíre CLA i mBiorra agus i Shanecastle i gContae Aontroma, Oxford RA, an Craobhchomórtas Treafa Náisiúnta agus seónna eile sa Sord i mBaile Átha Cliath.

Cuireadh an fhógraíocht freisin ar irisí slatiascaireachta agus ábhar promóisin. Thosaigh obair freisin ar Threoir Slatiascaireachta Gairbhe na Bearú agus tá Treoir Slatiascaireachta Breac na Siúire infhaighte anois san Fhraincís.

Scéimeanna Hidrileictreacha

Fuarthas roinnt iarratas le haghaidh scéimeanna molta hidrileictreacha. Ag dobharcheantar na Feorach ag Castletown, Cill Chainnigh, Ceannanas Mór agus Baile Mhic Andáin a bhí siad seo. Measadh roinnt láithreán a bheith mí-oiriúnach. Obair ar siúl atá i roinnt eile agus beifear ag cur isteach ar chead pleanála. Tá láithreán amháin ag cora Ghlais Chroinn á thógáil.

Maidir leis an mBearú fuarthas dhá iarratas. Ceann amháin atá á thógáil sa Sráidbhaile agus ceann atá ag céim an deartha gar do Bhuiríos. Tá roinnt Scéimeanna Hidrileictreacha ag Dobharcheantar Abhainn na Siúire a scrúdaíodh agus fuarthas togra do scéim nua d'Abhainn na Glaise gar do Chill tSíoláin. Tá an tionscadal seo anois ag céim an deartha.

Tionóladh roinnt cruinnithe le hInnealtóirí na Roinne, úinéirí na gcoraí, baill Fuinneamh Inchothaitheach Éireann (SEI) agus CeannFhoireann Chill Chainnigh. Is d'fhonn próiseas a chur ar bhonn foirmiúil agus coinníollacha a chomhaontú ar shuiteáil HidriScéimeanna ar mhionchóir na cruinnithe seo. Bhí an obair seo cuiditheach ag tabhairt treoir d'infheisteoirí agus d'fhorbróirí féideartha i ngach gné de thógáil agus oibríocht na scéimeanna hidrileictreacha ar mhionchóir.

Áiritheoirí Éisc

Maidir leis na háiritheoirí éisc i mbliana díriodh go príomha ar shuiteáil Áiritheoir na Siúire. Lean an obair le hInnealtóirí na Roinne ar athruithe ar dhearadh na cora crumpa d'fhonn fónamh do cheanglais Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus mionsonraí tógála. Fuarthas teastas ceadaithe Alt 47 ón OPW. Fuarthas údarú don tógáil freisin ó Sheirbhís na bPáirceanna Náisiúnta agus an Fhiadhúlra.

Seachadadh na haonaid choincréid a chuimsíonn an struchtúr fisiciúil don láithreán agus tá an chomhairle leis na geallchoimeádaithe agus na húdaráis áitiúla ar siúl go leanúnach.

Suiteáladh an tÁiritheoir DIDSON ar an bhFeoir síos an abhainn de Bhaile Mhic Andáin ach de bharr na gcoinníollacha uisce aird agus réamhfhadhbanna le hionstraimíocht níorbh fhéidir na torthaí a fuarthas a dheimhniú. D'úsáid ball foirne a bhí ag freastal ar Chúrsa Bainistíochta Iascaigh i Sligeach deis na hoibre seo mar chuid dá thionscadal deireanach. Aistríodh an t-áiritheoir seo go dtí craobhabhainn ar an mBearú ag Caisleán Pholl an Mhóintigh roimh thuilte an gheimhridh ar an bhFeoir. Tá sé ag oibriú i gcónaí agus déanfar anailís ar an bhfaisnéis a gheobhfar in am is i dtráth.

Tá an t-áiritheoir ar an Abhainn Dubh ag Cluain Dalláin ag oibriú agus íoslódáladh faisnéis ar bhonn rialta.

Cláir Oideachais

Tharla dul chun cinn i bhforbairt chlár oideachais an Bhoird i mbliana. Tugadh cuairt ar roinnt scoileanna agus soláthraíodh ceardlanna agus iad sonraithe do thimpeallacht gach scoil. I roinnt cásanna tugadh ranganna amach go dtí sruthanna in aice láimhe áit ar bhreathnaigh na daltaí próiseas an leictre-iascaigh agus láimhseáil na n-iasc. Caitheadh am freisin ag comhoibriú leis na lárionaid oideachais i gCorcaigh, Loch Garman agus Cill Chainnigh i soláthar an chláir Something Fishy. Thíolaic an fhoireann clár ceardlainne dhá lá do mhúinteoirí i Lárionad Oideachais Chill Chainnigh.

Lean an obair i gcomhar leis an gclub slatiascaireachta i mBallyshunnock ag cur ar fáil ceardlanna oideachasúla ar thimpeallacht uisciúil an taiscumair agus roinnt bunphrionsabail den tslatiascaireacht do scoileanna i gCathair Phort Láirge agus an ceantar máguaird. Arís chruthaigh an clár seo an-rathúil.

Seachtain Meabhraíochta na Slatiascaireachta

Ba í seo an chéad bhliain ar tugadh isteach an tseachtain meabhraíochta seo ar Leibhéal Náisiúnta agus gach réigiún rannpháirteach. Bhíothas ar aon intinn gur bhain fadhbanna le sceidealadh na seachtaine go deireanach i Lúnasa/ go luath i Meán Fómhair 2009 maidir le luchtanna féachana sprice a mhealladh, ach bhí toradh an-rathúil ag an mBord. Chuimsigh imeachtaí 2010, arna n-eagrú ag deireadh Bealtaine Tús Slatiascaireachta Cladaigh sa Phasáiste agus Eochaill, Tús

Slatiascaireachta Breac i Loch Cappagh Dún Garbháin agus Loch Dhoire Bhile Durlas Éile agus Oiliúint sa tSlatiascaireacht Gharbh ag Loch Oaklands Ros Mhic Thriúin agus Taiscumar Ballyshunnock. D'fhreastail an saol mór, grúpaí gasóg, cliaint de chuid an IWA agus Seirbhísí Siciatrachta ar na himeachtaí seo.

**DRÉACHT-CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS NEAMHINIÚCHTA DO NA 18 MÍ GO DTÍ
30 MEITHEAMH 2010**

Ioncam	Nótaí	18 Mí dár críoch 30ú Meithimh 2010	Bliain dár críoch 31ú Nollag 2008
		€	€
Ioncam an Oireachtais	1	3,943,434	2,785,728
Ioncam Eile	3	438,382	211,463
Glanchistiúchán iarchurtha le haghaidh pinsean	12 (c)	705,727	580,461
		<u>5,087,543</u>	<u>3,577,652</u>
Aistriú ó Cuntais Caipitil	11	(115,265)	111,321
		<u>4,972,278</u>	<u>3,688,973</u>
Caiteachas			
Riarachán	4	1,872,594	1,440,160
Oibríochtaí	5	3,357,161	2,339,727
		<u>5,229,755</u>	<u>3,779,887</u>
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		(257,477)	(90,914)
Barrachas amhail 1ú Eanáir 2009		333,251	424,165
(Easnamh)/barrachas amhail 30ú Meithimh 2010		75,774	333,251

I

Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt

Lean an Bord ar aghaidh lena shaineolas i roinnt príomhréimsí a chur chun cinn, agus tríd is tríd bhí 18 mí an-rathúil acu i 2009/2010.

Tháinig feabhas arís ar thuairimí agus ar fheasacht na ngeallsealbhóirí maidir leis an timpeallacht d'iascaigh intíre agus fuair an Bord a lán nótaí tráchtá tairbheacha agus dearfacha ón bpobal i gcoitinne agus ó shlatiascairí.

D'oibrigh an earnáil líon tarraingthe bradáin tráchtála agus an Bord as lámha a chéile chun an tionscal a fhorbairt agus a bhainistiú isteach sa todhchaí.

Bhí ardchaighdeán géimiascaireachta, garbhiascaireachta agus slatiascaireachta mara le linn 2009/2010. Agus cé nach raibh ach meánlíon bláthán ann i 2009, bhí líonta ar fheabhas ann i 2010.

Bhí a lán ratha suntasaigh ag slatiascaireacht turasóireachta. Dea-scéal atá ann do thodhchaí na slatiascaireachta turasóireachta san Iardheisceart agus in Éirinn i gcoitinne. Bhí ardchaighdeán slatiascaireachta mara arís, a spreag an-suim eagarfhocail inti. Is í an tslatiascaireacht bas an príomhtháirge slatiascaireachta mara i gcónaí. Bhí níos mó ratha ag slatiascaireacht bas ná aon táirge slatiascaireachta turasóireachta eile.

Ráiteas ón gCathaoirleach

De réir alt 10.2 den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, ba mhaith liom tuairisc a thabhairt díbh maidir le staid reatha na hoibre atá á dhéanamh chun an Cód a chur chun feidhme i mBord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt. Ghlac an Bord leis an gCód agus tá sé beartaithe aige cloí go hiomlán leis. Ghlac an Bord leis an gCód i 2003 agus tá sé beartaithe aige cloí leis an gCód go hiomlán. Bheartaigh an Bord nach ndéanfar maolú a lorg faoi Alt 1.3 den Chód. I dtús na bliana 2003, d'iarr an Bord ar an bPríomh-Bhord Iascaigh cabhrú leis chun Creat-Chód Dea-Chleachtais a ullmhú do Rialachas Corparáideach sna Boird Iascaigh, Creat-Chód Iompair Ghnó a ullmhú do chomhaltaí agus fostaithe na mBord Iascaigh agus

Prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin a ullmhú do chustaiméirí agus cliaint na mBord Iascaigh (atá ar comhréir leis an bhfuil leagtha amach in Aguisíní an Chóid). I 2004, ghlac an Bord le Cód Iompair do Chomhaltaí an Bhoird, agus tá a Chairt Chustaiméirí le fáil ar a láithreán gréasáin. Bhain lucht bainistíochta an Bhoird úsáid as an cabhair seo agus cuireadh Dréacht-Chód Iompair Ghnó le chéile le haghaidh Fostaithe. Rinne an Bord scrúdú ar an ndr éacht-chód seo agus d'iarr sé ar an gcoiste feidhmiúcháin é a thabhairt chun críche tar éis dul i gcomhairle agus comhordú leis na Boird Iascaigh eile. Tugadh an Cód seo chun críche agus ghlac an Bord leis.

Maidir le 10.2 den Chód ach go háirithe, ba mhaith liom cur in iúl daoibh; Nár bhunaigh an Bord aon fhochuideachtaí agus ní bhfuair sé aon scaireanna. Idir na blianta 2003 agus 2009/2010, bhunaigh an Bord coiste de dhroim na rialachán clibeála agus cuóta.

Sna blianta 2005, 2006, 2007, 2008 agus 2009/2010 bhí an Bord ina bhainisteoir ar chiste le haghaidh taighde ar Chuan Chorcaí agus bhailigh sé airgeadh go seachtrach don chuspóir seo. Tá sé beartaithe ag an mBord an taighde a leathnú chuig Iascaigh eile ar fud an réigiúin de réir mar a bhíonn iomthosca oiriúnach.

1. Tá dianiarracht á déanamh ag an mBord ar bhonn leanúnach chun a riachtanais go léir a chomhlíonadh maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, soláthar agus diúscairt sócmhainní, agus tá sé den tuairim go ndearnadh é sin i 2009/2010.
2. Soláthrófar an Ráiteas deiridh do 2009/2010 leis na cuntais iniúchta tar éis comhaontaithe leis na hiniúcháirí seachtracha.
3. Tá Cód Iompair Ghnó i bhfeidhm anois do Stiúrthóirí agus Fostaithe chomh maith le Cairt Chustaiméirí.
4. Cloítear le Beartais an Rialtais maidir le pá do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Bhord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt agus d'fhostaithe eile an Bhoird.

5. Cloítear le Treoirínte an Rialtais maidir le hÍocadh de Tháillí Stiúrthóra. Ní dhéantar íocaíochtaí le comhaltaí an Bhoird sa réigiún faoi láthair.
6. Chomhlíon an Bord gach riachtanas i dtaca le beartas Taistil.
7. Cuireadh an Cód i bhfios dúinn mar gheall ar an bpróiseas Athbhreithnithe Iniúchta Inmheánaigh.
8. Ag an bpointe seo, níl imeachtaí suntasacha iar-chláir chomhardaithe tar éis tarlú. Ní mór d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh ar ár gcuntais 2009/2010.
9. Tuigimid nach mbaineann na Treoirínte um Measúnú agus Bainistíocht do Thograí Caiteachais Caipitiúla le gníomhaíochtaí an Bhoird don bhliain 2009/2010.
10. Deimhním gur comhlíonadh an Cód Cleachtais agus tá sé beartaithe ag an mBord leanúint ar aghaidh le lán-chomhlíonadh an Chóid.

Maidir le hAlt 10.1. - Socruithe Tuairiscithe, iarann an Bord gur chóir an staid reatha a choinneáil ina ndéantar cuntais an Bhoird a sholáthar tráth nach déanaí ná trí mhí ó dheireadh na bliana roimhe sin i gcomórtas le dhá mhí mar a leagtar amach san alt seo. Cuirtear de cheangal ar an mBord a Thuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú níos luaithe ná mar a leagtar amach i 10.1 (iii). Cuirtear de cheangal air freisin a Thuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Phríomh-Bhoird Iascaigh roimh dheireadh na tríú míosa den chéad bhliain eile. Molaimid gur chóir spriocdháta amháin a leagadh amach don Bhord i leith míreanna (ii) agus (iii) den alt seo, is é sin deireadh Mhí Márta. Ghlac an Bord go hiomlán leis an gCód maidir le Sócmhainní a Dhiúscairt agus Rochtain Tríú Páirtithe ar Shócmhainní. Faoi alt 5.5, thug an Bord faoi thaifead a choimeád de na sócmhainní go léir de bhreis is €200 a dhéantar iad a dhiúscairt do stiúrthóirí, fostaithe nó a gclanna. Tá riachtanas fós i bhfeidhm ag an mBord gur chóir cead foirmiúil a fháil uaidh sula ndéantar sócmhainní de bhreis is €2,000 a dhiúscairt do na daoine seo.

Ellen Godfrey.
Cathaoirleach

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Foireann an Bhoird

I 2009/2010 bhí 32 ball foirne lánaimseartha agus 7 ball foirne sealadacha fostaithe ag an mBord.

Chuaigh an Bord i mbun a fheidhmeanna de réir na dtreorach ‘Eitic in Oifigí Poiblí’, agus mar atá leagtha amach sna treoracha sin. Is eochairphrionsabail iad an rialachas corparáideach agus ‘luach ar airgead’ don Bhoird, don lucht bainistíochta agus don fhoireann.

Lean Coiste Iniúchta an Bhoird ar aghaidh ag feidhmiú go héifeachtúil agus rinne monatóiriú gur chloígh an Bord le treoirlínte maidir le Rialachas Corparáideach in iniúchadh inmheánach, soláthar, diúscairt sócmhainní, comhlíonadh cánach agus pleanáil straitéiseach agus corparáideach.

Plean Forbartha Cúig Bliana

Cuirtear plean forbartha cúig bliana an Bhoird chun feidhme i gcónaí, ina dhírítear ar an gcomhshaol a chosaint trí fhorbairt inbhuanaithe; bunaítear an plean seo go príomha ar chlár oideachasúla. Cabhraíonn Glanchaillteanas a Sheachaint agus baincéireacht maolaithe go mór leis an bplean atá á chur ar aghaidh i gcónaí. Feictear ar Bhithbhaincéireacht mar mhodheolaíocht mhalartach inoibrithe le bithéagsúlacht na hÉireann a chosaint.

Plean Gnó Bliantúil

D'éirigh leis an mBord comhpháirteanna a phlean gnó a bhaint amach i 2009/2010. Cé go raibh a lán dúshlán ann i rith na bliana d'éirigh leis an mBord a phríomhchuspóirí a bhaint amach agus a chlár a chur chun feidhme laistigh de bhuiséad.

BAINISTÍOCHT AGUS CAOMHNÚ IASCACH

Forbairt Inbhuanaithe

Rinne an Bord dul chun cinn suntasach ina thionscnaimh forbartha inbhuanaithe agus lean sé ar aghaidh lena chlár feasachta oideachais trí ‘Something Fishy’ agus trí phróisis ilgheallsealbhóra i gcoitinne. Cuirtear an tSamhail Bainistíochta

Iomlánaigh, a forbraíodh don Abhainn Mhór i gCiarraí, chun feidhme go leanúnach in áiteanna eile. Cé go mbaineann dúshlán le MSPanna, soláthraíonn siad fiordheis chun iascaigh an réigiúin a bhainistiú. Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin ag an mBaincéireacht Maolaithe.

Dobharshaothrú

Lean an Bord ar aghaidh ag coinneáil súil ar chlár monatóireachta an réigiúin le haghaidh míolra mara. Chabhraigh an Bord le Cumann Oisrí Thrá Lí.

Cosaint iascach

De bharr na hoibre a rinne foireann chosanta an Bhoird cuireadh tús le roinnt ionchúiseamh agus urghabhadh méid mór trealamh slatiascaireachta agus iasc neamhdhlíthiúil i 2009/2010. Bhí an córas 'Fíneáil ar an Láthair' fós an-éifeachtach. Lean an pobal i gcoitinne ag tabhairt faisnéise don Bhord a chabhraíonn go mór leis chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla sa réigiún.

Fíneálacha ar an Láthair (OTSF)

D'eisigh an Bord 27 OTSF i gCiarraí agus 160 OTSF i gCorcaigh i 2009/2010.

Aonad Cosanta Taistil

Chabhraigh an tAonad Cosanta Taistil atá ag an mBord go mór le cosc a chur ar ghníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhlíthiúla i 2009/2010. Soláthraíonn an tAonad saoráid freagartha tapa don Bhord a chabhraíonn go mór lena hoibríochtaí cosanta. Ghlac an pobal i gcoitinne agus slatiascairí go maith leis an Aonad.

Staitisticí cosanta

Réigiún Chorcaí

Iomlán na líonta urghabháilte	1859m san iomlán
Éisc urghabháilte	3 urghabháil bhaise
Ionchúisimh ar cuireadh tús leo	19
Trealamh urghabháilte	150 mír

Réigiún Chiarraí

Iomlán na líonta urghabháilte	10,400 m
Éisc urghabháilte	15 bhas agus bradán
Ionchúisimh ar cuireadh tús leo	9
Trealamh urghabháilte	11 mhír

Clár PWC (Soitheach Uisce Pearsanta)

Bhí an-rath le clár PWC an Bhoird i 2009/2010. Chuir cumais mhearfheagartha an tsoithigh gné breise le clár cosanta an Bhoird atá bunaithe ar an bhfarraige. Fuair roinnt ball foirne oiliúint ar a n-oibríocht chuig na caighdeáin idirnáisiúnta is airde. Léiríodh éifeachtúlacht chostais na soitheach seo go soiléir le linn na tréimhse.

An Clár Náisiúnta Áiritheora Éisc

Bhí áiritheoirí ag feidhmiú sna láithreáin seo a leanas le linn na bliana;

Iascach an Choireáin
An Abhainn Mhór, Ciarraí
Abhainn na Bandan
Abhainn na Snadhma
An Mhaing (áiritheoir nua)

Tá sonraí d'ardchaighdeáin á sholáthar i gcónaí ag clár áiritheora an Bhoird maidir le gluaiseachtaí bradán agus breac geal san lardheisceart. D'uasghrádaigh an Bord a chlár áiritheora le linn na bliana agus déantar na sonraí a íoslódáil agus a bhailíochtú anois nuair a ghabhtar na héisc.

Shuiteáil an Bord áiritheoir modúlach nua éisc ar an Maing i 2009/2010. Tá áiritheoir na Mainge ag feidhmiú go han-mhaith faoi láthair agus é an-tairbheach maidir le cainníochtú stoic salmainide ar an abhainn.

Clibeanna agus Cuótaí

Ní raibh fadhbanna ar bith ag an scéim clibeála bradán fiáin agus breac geal fiáin le linn 2009/2010.

Bhí aischur 100% de logleanbhair ó iascairí tráchtála i 2009 agus i 2010.

Bhí céatadán de 79% i dtaca le logleabhair ó shlatiascairí.

Le linn 2009, eisíodh iomlán de 227 fineáil ar an láthair do dhaoine ar theip orthu a logleabhair a sheoladh ar ais don séasúr 2008, agus cuireadh tús le 22 ionchúiseamh mar gheall air sin.

Le linn 2010, eisíodh iomlán de 124 fineáil ar an láthair do dhaoine ar theip orthu a logleabhair a sheoladh ar ais don séasúr 2009, agus cuireadh tús le 20 ionchúiseamh mar gheall air sin.

Gabhálacha Bradán Tráchtála 2009/2010

I 2009 ba é 1302 iasc an ghabháil thráchtála bhradáin do Cheantar Chorcaí agus 1782 iasc do Cheantar Chiarraí.

I 2010 ba é 1518 iasc an ghabháil thráchtála bhradáin do Cheantar Chorcaí agus 4076 iasc do Cheantar Chiarraí.

BAINISTÍOCHT AGUS RIALÚ COMHSHAOIL

Comhshaol Uisceach

Fuair an Bord 300 tuairisc de nádúr comhshaoil le linn na tréimhse ocht mí déag. I measc na dtuairiscí seo bhí gearáin maidir le heisilteach a scaoileadh go díreach isteach san uisce ó fhoinsí talmhaíochta, tionsclaíocha agus údaráis áitiúil, toisc nach raibh na coinníollacha pleanála á chomhlíonadh, ábhair a caitheadh amach in aice le sruthchúrsaí agus aibhneacha a athraíodh iad go fisiciúil trí dhraenáil agus trí ghairbhéal a bhaint astu.

Nóta Tráchtála: Leanadh ar aghaidh arís i 2009/2010 le baint d'ábhair ón leaba abhann a chuireann isteach ar sceathrach bradáin agus ar thalamh altrán, a dhéanann comhghéilleadh ar éiceachórais an leaba abhann agus cobhsaíocht an bhruaigh.

Tharla roinnt sceite siolta ó mhórláithreáin forbartha innealtóireachta sibhialta sa réigiún. D'oibrigh an Bord le conraitheoirí chun bearta rialaithe a fhorbairt le

haghaidh uiscí fabhtaithe ach fuarthas amach gurb iad na bearta is éifeachtaí chun sceití a chosc ná dea-bhainistíocht láithreáin, saoráidí rialaithe siolta a chothabháil agus stop a chur le hoibreacha nuair a bhíonn an aimsir go dona.

Fuarthas an chuid is mó de na tuairiscí ón bpobal i gcoitinne agus na cinn eile ó oifigigh iascaigh, slatiascairí agus comhaltaí an Bhoird. Leagtar amach na tuairiscí seo thíos:

Gníomhaíocht	2009/2010 (18 mí) %
Draenáil & asbhaint gairbhéil	21
Talmhaíocht (sciodar/sadhlas srl)	8.6
Sceití Tionsclaíocha/Tráchtála	8.0
Oibreacha/Sceití Údaráis Áitiúil	20.3
Astarraingt/Leibhéil uisce ísle	3.6
Oibreacha Foraoiseachta	2.0
Sceití ó Ghníomhaíochtaí Tógála	4.3
Cúraimí Pleanála	6.3
Sláinte/Galar Éisc	5.3
Eotrófú	5.0
Eile*	15.3

* Lena n-áirítear tuarascálacha gan bunús, truailliú bolaidh, dumpáil neamhúdaraíthe, saincheisteanna bealaí éisc, imeachtaí nádúrtha, srl.

Ionchúisimh

Éisteadh le 5 chás a bhí fós gan éisteacht le linn na bliana, tugadh dhá chás chun críche agus scríosadh tríú cás amach agus bronnadh na costais agus speansais ar an mBord. Cuireadh tús le 7 gcás eile a bhaineann le himscrúduithe comhshaoil, tugadh 4 cinn go rathúil chun críche agus na cinn eile gan éisteacht fós. Bhí gach cás bainteach le hoibreacha draenála agus ionsrutha.

Sladanna ar Éisc

Níor taifeadadh sladanna ar éisc le linn 2009. Seo an chéad bhliain nár taifeadadh aon sladanna ar éisc, agus seans go bhfuil bainistíocht feabhsaithe ar eisilteach agus ardleibhéal báistí ina gcúiseanna leis sin le linn tréimhse an tsamhraidh atá an

tábhachtach de ghnáth. Maidir leis na sé mhí go dtí 1 Iúil 2010, taifeadadh trí mhionslad ar éisc, dhá cheann a bhí bainteach le damáiste fisiceach mar gheall ar oibríocht tuirbín, agus ní fios cad a bhí taobh thiar den tríú ceann.

Aighneachtaí

Cuireadh aighneachtaí isteach maidir leis na pointí seo a leanas:

- a) 34 larratas ar Cheadúnas Sceite um an tAcht um Thruailliú Uisce/Cheadanna Bainistíochta Dramhaíola.
- b) 6 achomharc do An Bord.
- c) 35 larratas ar Cheadúnais Chladaigh/Dhobharshaothraithe.
- d) 215 Aighneacht Foraoiseachta ar iarratais a bhaineann le scéimeanna bunaithe, glanleagain agus coillearnaí dúchasaí.
- e) 15 Phlean Forbartha SEA/Dhréachtphlean Forbartha.
- f) 5 aighneacht maidir le Doiciméid agus Treoirínte Beartais Náisiúnta agus Réigiúnacha.
- g) 1 aighneacht ar Thogra Ordaithe Astarraingthe Uisce.

Údaruithe Rannóg 18 RTC + Taighde

D'eisigh an Bord 16 Údarú le linn na bliana.

Oibreacha Sibhialta/Forbairt Iascaigh

Rinneadh measúnú ar 203 togra oibre sibhialta. Mar chuid den obair seo rinneadh imscrúduithe, reáchtáladh cruinnithe agus comhairliúcháin agus/nó seoladh aighneachtaí isteach mar ab iomchuí. Baineadh na héisc ó 5 áit difriúla chun malairt slí abhann agus oibreacha tógála le haghaidh droichead seachtrach a éascú.

Clár Oideachsúil/Feasachta

Rinneadh feachtas poiblíochta agus feasachta ar Speicis Ionracha Uisceacha le linn an gheimhridh, a díriodh ar an bpobal i gcoitinne, ionaid gharraíodóireachta agus cumainn slatiascaireachta.

Tugadh cuairt ar 19 scoil mar chuid den Chlár Oideachais Something Fishy. Tugadh tacaíocht don chlár dreasachta óige i gCiarraí le cur i láthair agus turas allamuigh.

Tugadh tacaíocht do sheachtain feasachta iascaigh le faisnéis ar an gcomhshaol uisceach agus ar speicis ionracha.

Coistí Comhshaoil agus Grúpaí Oibre

Ionadaíodh leas an Bhoird ag roinnt cruinnithe stiúrtha comhshaol agus grúpa bainistíochta san Iar-Dheisceart.

Suirbhéanna ar Stoc Iasc

Rinneadh suirbhéanna ar roinnt aibhneacha ar fud an réigiúin chun cinntí an Bhoird ar thogra draenála agus pleanála a thacú agus chun eolas a chur ar an mBord faoi thionchar eachtraí truallithe agus cur isteach ar ghnáthóga. Rinneadh suirbhéanna freisin chun Clár Athshlánaithe Bradán Abhainn na Laoi a thacú.

Pleanáil

Rinneadh 299 aighneacht chuig na húdaráis phleanála iomchuí ar shaincheisteanna Pleanála maidir lena dtionchar féideartha ar iascaigh. I mórán cásanna, bhí comhairliúchán réamhphleanála le forbróirí agus áiríodh riachtanais iascaigh sa dearadh forbartha. Cuireadh sé achomharc chuig An Bord Pleanála le linn na tréimhse.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Fuair an Bord iarratas amháin faoin Acht um Shaoráil Faisnéise i 2009/2010.

Riachtanais Fuinnimh

Is ball de Thionscadal Éicilipéid Ghleann na Laoi agus Mhaigh Chromtha é an Bord agus lean sé ar aghaidh lena chlár feabhsaithe fuinnimh. Ina theannta sin, tá seacht bhfeithicil PVO mionathraithe á úsáid ag an mBord, mar chuid dá thionscnamh fuinnimh inbhuanaithe, rud a laghdaíonn lorg CO₂ an Bhoird.

Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá a chlár maidir le bealach isteach do dhaoine faoi mhíchumas á chur chun feidhme i gcónaí ag an mBord.

Ionad Iascaigh na bhFearnán (FFC)

Bhí Ionad Iascaigh na bhFearnán an-rathúil le linn an bliana. Reáchtáladh roinnt cúrsaí oiliúna i seomra oiliúna FFC. Tríd an áis seo a úsáid, ligeadh don Bhord trealamh oibríochta a choinneáil agus a stóráil in áit slán agus sábháilte.

Oiliúint

D'fhreastail foireann an Bhoird ar roinnt cúrsaí oiliúna le linn na bliana, a bhí sa FFC don chuid is mó.

Clár Athshlánaithe Bradán Abhainn na Laoi

Lean an Bord go rathúil le Clár Athshlánaithe Bradán Abhainn na Laoi. Fuair an clár seo tacaíocht suntasach ó gheallshealbhóirí áitiúla agus é ag dul ó neart go neart.

PMDS

Chuaigh clár PMDS 2009/2010 an Bhoird ó neart go neart. Luaigh foireann go raibh an próiseas luachmhar acu, a ligeann d'aiseolas breise a bhí ina chuidiú le seachadadh Phlean Forbartha an Bhoird.

Sláinte agus Sábháilteacht

Reáchtáil an Bord roinnt cruinnithe Sláinte agus Sábháilteachta foirne le linn na bliana. Rinneadh scrúduithe chuimsitheacha ar threalamh chun oibríochtaí sábháilte a chinntiú.

Margaíocht agus Cur Chun Cinn

Bhí bliain rathúil ag an mBord maidir le margaíocht agus cur chun cinn, agus rinneadh roinnt foilseachán. Freastalaíodh ar shé sheó trádála i 2009/2010, beirt i SAM, ceann amháin sa RA, ceann amháin sa Fhrainc agus beirt san Ísiltír. Tháinig roinnt áithrithintí ó na seónna seo agus gineadh a lán suime.

Léiríonn sonraí logleabhair slatiascaireachta go bhfuil fás an-dearfach i slatiascairí SAM chun na tíre seo mar gheall ar na seónna trádála sna Stáit Aontaithe, in ainneoin na ndúshlán eacnamaíoch atá roimh na Stáit Aontaithe.

Scríobhadh roinnt alt tionscnaimh d'fhoilseacháin éagsúla agus bhí slatiascaireacht bas ina ábhar coitianta i measc na n-iriseoirí.

Bainistíocht Dobharcheantar

Tá Bainistíocht Dobharcheantar, próiseas ar ghlac an Bord go hiomlán leis, ag dul ó neart go neart. Cé go raibh díospóireacht suntasach le linn na bliana ar roinnt gnéithe a bhaineann le bainistíocht dobharcheantar, tá comhbhainistíocht le bheith an uirlis bhainistíochta de rogha ag bainisteoirí iascaigh.

Próisis Ilgheallsealbhóra (MSPanna)

Lean an Bord ar aghaidh leis an bpróiseas ilgheallsealbhóra a fhorbairt agus a chur ar aghaidh agus iascaigh intíre an réigiúin á bhainistiú aige. Rinneadh móriarracht córais a fhorbairt ar féidir iad a úsáid chun faisnéis a scaipeadh.

Feasacht Oideachais Poiblí

Thug an Bord faoi roinnt clár feasachta poiblí/scoile. Ceapadh na cláir seo chun cumas a fhorbairt agus chun caidrimh a chothú agus glacadh go maith leo i measc na ngrúpaí i gceist.

Líonrú agus Comhpháirtíocht

Lean an Bord ar aghaidh lena bhunús líonra a fhorbairt i 2009/2010. De réir an Bhoird, tá an bhainistíocht chomhoibritheach agus comhpháirtíochtaí comhoibritheacha rithabhachtach chun seirbhís sruthlíneach a sheachadadh.

IASCAIGH AN BHOIRD

Garbhascaireacht - Loch Inis Cara

Bhí bliain an-rathúil ag Loch Inis Cara, atá á bhainistiú ag BSL agus ag BIRID agus is léir ó na táscairí go bhfuil méadú ag teacht ar an méid turasóirí a thugann cuairt ar an loch. Bhí an tslatiascaireacht liús agus bran go maith go háirithe le linn na bliana. D'éirigh go han-mhaith leis na báid a chuaigh ar patról ar an loch chun cleachtais mhídhleathacha shlatiascaireachta ar an loch a chosc. Reáchtáladh comórtais slatiascaireachta éagsúla ar an loch le linn na bliana agus de réir gach tuairisce gabhadh a lán iasc.

Lochanna Bainistithe Breac

Bhí bliain rathúil ag lochanna bainistithe Breac dea-dhathach an Bhoird. Cuireadh stoc de 74,000 Breac dea-dhathach isteach sna lochanna. Léiríonn aiseolas gur bhain daoine sult as iascaireacht ar na lochanna agus gabhabh roinnt iasc mór le linn na bliana.

Díolacháin Ceadúnais le haghaidh lascach an Bhoird

Díoladh ceadúnais de €172,073.00 ar an iomlán, seachas na Lochanna Bainistithe, le haghaidh lascach an Bhoird.

Slascaireacht Mara

De réir tuairiscí ó shlatiascairí le linn na bliana bhí an tslatiascaireacht mara ón mbád agus ón gcladach de chaighdeán ard. Thug a lán slatiascairí ó mhórthír na hEorpa, agus ón Ísiltír go háirithe, cuairt ar an tír seo arís. Ar an gcuma céanna, thug a lán slatiascairí ón RA cuairt ar an tír seo freisin. Gabhadh roinnt iasc eiseamail ó bháid chairtfhostaithe i 2009/2010.

TIONSCADAIL SPEISIALTA

Tionsnaimh Eorpacha

Rinne an Bord iarracht cláir Eorpacha nua a aimsiú go gníomhach le linn 2009/2010. Cuireadh iarracht LIFE isteach, dar teideal BRUACH NA hABHANN, a dhéanann imscrúdú ar ról na BITHBHAINCÉIREACHTA agus NA mBOGACH TÓGTHA i gcaomhnú de Bhithéagsúlacht na hÉireann.

Glanchailteanas a Sheachaint

Tá clár ‘Glanchailteanas a Sheachaint’ de chuid an Bhoird leanúnach. Tugadh roinnt cur i láthair le linn na bliana.

Cláir Slatiascaireachta Turasóireachta

Rinne an Bord roinnt clár forbartha slatiascaireachta turasóireachta a thabhairt chun críche, i gcomhar le comhairlí contae Chiarraí agus Chorcaí.

DRÉACHT-CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS NEAMHINIÚCHTA DO NA 18 MÍ GO DTÍ 30 MEITHEAMH 2010

Ioncam	Nótaí	18 Mí dár críoch 30ú Meithimh 2010	Bliain dár críoch 31ú Nollag 2008
		€	€
Ioncam an Oireachtais	1	3,883,570	2,635,518
Ioncam ó PBI			96,634
Ioncam Eile	2	601,847	484,730
Glanchistiúchán iarchurtha le haghaidh pinsean	11	460,978	478,100
		<u>4,946,395</u>	<u>3,694,982</u>
Aistriú ó Cuntais Caipitil	10	75,405	(232,911)
		<u>5,021,800</u>	<u>3,462,071</u>
Caiteachas			
Riarachán	3	1,466,361	1,093,627
Oibríochtaí	4	3,897,402	2,822,099
		<u>5,363,763</u>	<u>3,915,726</u>
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		(341,963)	(453,655)
Barrachas amhail 1ú Eanáir 2009		<u>407,983</u>	<u>861,638</u>
(Easnamh)/barrachas amhail 30ú Meithimh 2010		<u>66,020</u>	<u>407,983</u>

I

Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne

Ráiteas ón gCathaoirleach

Léirigh an tréimhse ocht mí déag go dtí 30 Meitheamh 2010 (2009/10) tréimhse dheiridh mhaireachtála an Bhoird. Díscaoileadh an Bord ar 30 Meitheamh 2010 agus cuireadh Iascaigh Intíre na hÉireann ina ionad ar 1 Iúil 2010. Ghlac Iascaigh Intíre na hÉireann dualgais agus sócmhainní de chuid an Bhoird Láir agus de chuid seacht mBord Iascaigh Réigiúnach. Aistríodh gach ball foirne chuig an eagraíocht nua.

Soláthraíonn an Tuarascáil seo achoimre ar réimse leathan na ngníomhaíochtaí a raibh an Bord agus a fhoireann, mar aon lena gheallshealbhóirí, páirteach iontu. Is é príomhaidhm lenár bPlean Straitéise agus Gnó ár n-éisc agus a dtimpeallacht a chosaint. Dá bhrí sin, is iad forfheidhmiú de reachtaíocht a bhfuil tionchar ar iascaigh aici agus díghrádú den timpeallacht éisc a chosc príomhdhualgais na foirne. Chaith an Bord cuid mhór ama agus acmhainní ar éagsúlacht de staidéir eolaíocha inár n-uiscí, agus an cuspóir ann ár dtuiscint a mhéadú agus dáil ár n-acmhainn iascaigh a fheabhsú. Dhírigh an Bord freisin ar fheasacht agus tuiscint ar ár iascaigh intíre agus fharraige a chruthú trí shraith de ghníomhaíochtaí tionscnaimh a eagrú le linn na tréimhse, lena n-áirítear Seachtain Feasachta Iascaigh, a reáchtáladh i 2009 agus i 2010.

Agus a Phlean Gnó seachadta go rathúil aige, chomhlíon an Bord a chuid riachtanas i dtaca le Rialachas Corparáideach mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá an Bord tiomanta seirbhís éifeachtach agus trédhearcach a sholáthar, mar a bhfuil lorg ar luach ar airgead. Leagtar amach príomhghnéithe dár gcomhlíonadh maidir le Rialachas Corparáideach sa Tuarascáil seo. Agus ár ndualgas á chomhlíonadh, fuair mé an-chúnamh ó chomhaltaí an Bhoird, CEO agus Foireann agus gabhaim buíochas leo mar gheall ar a ndianobair agus a ngealltanas le linn 2009/2010. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil frieisin leis an PBI agus le Boird Iascaigh Réigiúnacha eile, leis an Roinn Cumarsáide Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (RCFAN) agus lenár ngeallshealbhóirí mar gheall ar a gcúnamh agus a dtacaíocht leanúnach.

Michael Callaghan

Cathaoirleach

Rialachas Corparáideach

Is cúis áthais dom Tuarascáil 2009/2010 de chuid Bhord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne a chur i láthair. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar oibríochtaí agus gníomhaíochtaí an Bhoird le linn na bliana trasna réimse leathan freagrachtaí.

Bhí easnamh caiteachais thar ioncaim de €520,700 i ndrúacht-ráitis airgeadais an Bhoird. Le linn 2009/2010, ceannaíodh sócmhainní ar luach €464,684 san iomlán. Drúacht-chuntais is ea na cuntais seo atá faoi réir deimhnithe ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Tagann comhaltaí an Bhoird, comhaltaí tofa agus ainmnithe de chuid an Aire araon, le chéile gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais an Bhoird, chun straitéisí a fhoirmliú agus chun treoir a thabhairt dó. Ionadaithe na ngeallsealbhóirí i ndobharcheantar na Sionainne is ea comhaltaí an Bhoird.

Bhunaigh an Bord fochoistí a dhíríonn ar Fhorbairt beartas, Maoirseacht iniúchta agus Bainistíocht iascach.

Téann an Bord i ngleic le daoine gairmiúla seachtracha chun Iniúchadh Inmheánach a dhéanamh ar a hoibríochtaí, de bhreis ar an ngnáthiniúchadh ag an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Tá Beartais agus Nósanna Imeachta an Bhoird sonraithe go soiléir, agus díríonn siad ar ghairmiúlacht, freagracht agus leithscaradh dualgas.

Glacann an Bord le Plean Gnó bliantúil, atá drúachtaithe chun a chinntiú go gcloítear leis an gcomhaontú seirbhíse idir an Bord agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha.

De réir chinneadh an Rialtais, chuaigh an Bord i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG), dá mba chuí sin, maidir le gníomhaíochtaí forbartha agus cuir chun cinn.

Tá Clár Riosca agus Straitéis Bainistíochta Riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord. Chloí an Bord leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí agus ghlac sé leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Aithníonn comhaltaí uile an Bhoird agus is dóigh go gcloíonn siad go hiomlán le forálacha an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001, agus an Cód Iompair Ghnó. Rinne comhaltaí uile an Bhoird a Leasanna a Nochtadh de réir fhorálacha alt 3, Aguisín A, den Chód Cleachtais. Aithníonn fostaithe uile an Bhoird agus cloíonn siad go hiomlán le forálacha an chód Iompair Ghnó le haghaidh fostaithe. Tá na Cód Iompair nuashonraithe le fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird.

Chomhlíon an Bord gach riachtanas um beartas Taistil.

Níor chuir aon fhorbairtí suntasacha tráchtála isteach ar an mBord le linn na bliana. Níor bhunaigh an Bord fochuideachtaí ar bith, níor ghlac sé páirt i gcomhfhiontair nó níor cheannaigh sé scaireanna. Cloíonn an Bord leis na nósanna imeachta iomchuí ar fad le haghaidh tuairiscithe airgeadais, iniúchta inmheánaigh, soláthair, breithmheasa agus bainistíochta caiteachais chaipitiúil agus diúscartha sócmhainní.

Tugtar tuairisc freisin sna Ráitis Airgeadais ar chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais de chuid an Bhoird, de réir riachtanais 10.2 (iii) den Chód.

Cloíonn an Bord le beartais an Rialtais maidir le pá Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird agus le treoirlínte maidir le táillí stiúrthóra. Ní íoctar táillí den saghas seo le comhaltaí an Bhoird.

Rinne an dá Chumann Forbartha Iascach, atá bunaithe i Réigiún na Sionainne, Obair forbartha agus caomhnaithe Iascach ar réimse leathan tionscadal. Sholáthair an dá Chumann tuarascáil bhliantúil agus cuntais bhliantúla de réir a riachtanas. Cuireadh deireadh leis na Cumainn ar chur i bhfeidhm den Acht um Iascach Intíre agus aistríodh aon chistí iarmharacha go dtí IFI.

Fuair an Bord sé iarratas Saorála Faisnéise agus thug sé freagra orthu le cabhair ón bPBI.

Chloí an Bord freisin le riachtanais an Achta um Míchumas 2005 toisc gur éirigh leis an sprioc 3% a bhaint amach agus í a shárú; is daoine faoi mhíchumas iad 7% d'fhoireann an Bhoird de réir an sainmhínithe atá leagtha amach san Acht um Míchumas 2005. Chríochnaigh an fhoireann go léir oiliúint feasachta míchumais agus cuireadh cláir i bhfeidhm chun cabhrú le slatiascairí faoi mhíchumas.

Tugann an Bord aitheantas don chomhoibriú agus don chabhair a fuair sé ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, Boird Iascaigh eile, BSL, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chabhlaigh, an tAerchór, Clubanna Slatiascaireachta, Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha, Údaráis Turasóireachta, OOP, agus a gheallsealbhóirí go léir.

Clúdaíonn Réigiún Iascach na Sionainne iascaigh slatiascaireachta mara agus intíre i ndobharcheantar Abhainn na Sionainne ó dhobharcheantar Abhainn na Féile i gCiarraí Thuaidh agus na haibhneacha i gCo. an Chláir a théann siar i dtreo an Atlantaigh go dtí foinse na habhann i gCo an Chabháin. Téann an teorainn chósta ó Cheann Chiarraí go Ceann Caillí i gCo. an Chláir. Clúdaíonn an Réigiún limistéar talún 17,776 km cearnach a chuimsíonn 18 limistéar údaráis áitiúil.

Ráiteas Misin

“Acmhainní nádúrtha luachmhara na n-iascach intíre agus na slatiascaireachta mara sa réigiún a chaomhnú, a fhorbairt, a bhainistiú agus a chur chun cinn as a gceart féin agus i mbealach inbhuanaithe mar mhaithe le pobail áitiúla”

Agus an Plean Gnó 2009/2010 agus na Comhaontuithe Seirbhíse (SLAnna) atá i bhfeidhm aige leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (RCFAN) á chomhlíonadh ag an mBord, d'éirigh leis a chuspóirí a bhaint amach i sé phríomhearnáil. Tá an Bord tiomnaithe don chomhpháirtíocht agus dá chuspóirí a chomhlíonadh i mbealach ardchaighdeánach agus gairmiúil.

Caomhnú Gnáthóige

An ghnáthóg éisc a chosaint trí sheirbhísí Comhshaoil Iascach a sholáthar de réir riachtanas agus de réir na n-acmhainní atá ar fáil, i gcomhpháirtíocht lenár ngeallsealbhóirí.

Tá Cailíocht Uisce agus caillteanas gnáthóige fós mar mhorfhactóir teorannaithe i dtaca le hathshlánú de leibhéil nádúrtha stoc éisc sa Réigiún. Bhí feabhas beag i 2009/10 sna réimsí seo, ach tá sé le feiceáil fós cén tionchar a bheidh ann ó mhórimeacht tuile ar an tSionainn. Cé go dtuigeann an Bord go hiomlán tionchair sheiftithe ar mhuintir an dobharcheantair, d'fhéadfadh tionchair fhadtéarma a bheith ar leibhéil stoc iasc sa dobharcheantar mar gheall ar an mian atá ann codanna móra ár sruthanna agus ár n-aibhneacha a dhraenáil. Tá an Bord tiomanta oibriú leis na gníomhaireachtaí stáit éagsúla chun damáiste don acmhainn iascaigh a íoslaghdú agus chun pleananna inbhuanaithe tuile a fhorbairt ag an am céanna. Chuathas i gcomhairle leis an mBord faoi roinnt tionscadal fuinnimh gaoithe molta agus scéimeanna beaga hidrileictreacha a d'fhéadfadh tionchair fhéideartha a bheith acu ar an ngnáthóg iascaigh. Tá na tionscadail go léir seo inbhuanaithe go teoriciúil i dtaca leis an gcomhshaoil. Ach, mar atá léirithe ag tionscadail fheirme ghaoithe go ginearálta, bíonn caillteanas dáiríre de ghnótha iascaigh de thairbhe mórsciorrtha talún. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh ídiú suntasach de stoc éisc a bheith ann mar gheall ar ghaibhniú uisce le haghaidh cumhachta uisce, leachtíompar agus bás na n-iasc atá gafa sna tuirbíní ina dhiaidh sin.

Leanadh ar aghaidh le monatóireacht chomhshaoil le linn 2009/2010 ag na láithreáin a bhí faoi tionchar an dá sleamhnú móna a tharla go déanach i 2008. Rinneadh suirbhé ón aer agus ón talamh ar fho-abhneacha Loch Aillionn, agus cumadh clár athshlánaithe d'Abhainn Gharbh agus d'Aibhneacha eile i ndobharcheantar Loch Aillionn le dul i ngleic le tionchair ón sciorradh talún a tharla ag Gléib Gharbhach. D'idirbheartaigh an Bord socrú le forbróir na feirme gaoithe i gceantar Abhainn Gharbh agus baintear úsáid as na cistí seo chun an abhainn a athshlánú.

I 2009 rinne an Bord imscrúdú breise ar mhionsciorradh talún eile ag Gléib Gharbhach theas, a leagann béim ar leochaileacht na n-ithreacha móna agus ar a n-

oiriúnacht d'fhorbairt de chineálacha áirithe, go háirithe an t-infreastruchtúr atá bainteach le feirmeacha gaoithe.



Sciorradh móna Ghléib Gharbhach ag Tullynamacduff, Co Liatroma

Tá bagairt suntasach éiceolaíoch fós ó speicis ionracha i ndobharcheantar na Sionainne. Tá athruithe sa reachtaíocht riachtanach maidir le díolachán agus leithdháileadh de phlandaí uisceacha chun coilíniú gan choinne ag plandaí neamhdhúchasacha a chosc. Tá smacht níos dlúithe ag calafoirt riachtanach freisin chun iompórtáil de speicis eachtrannacha isteach sa tír a chosc.

D'urghabh Oifigigh Fheidhmithe lascaigh i Luimneach carbán beo a iompórtáladh ón bhFrainc ó shliatiascairí Francacha. Fuarthas séaclaí ionracha Ponto-Caspian (*Hemimysis anomala*) i Loch Rí. Tá staidéir eolaíocha á ndéanamh ag an mBord, i gcomhar leis an bPríomh-Bhord Iascaigh agus Ollscoil na Banríona chun monatóireacht a dhéanamh ar dhinimic daonra an tséacla ionraigh agus chun impleachtaí éiceolaíocha níos leithne a mheas maidir lena dtabhairt isteach.

Le linn 2009/10 chaith an Bord a lán ama ar mhonatóireacht de scéimeanna nua bóithre a thrasnaíonn Réigiún na Sionainne. Cé go raibh cailleadh gnáthóige i gceist, d'éirigh leis an mBord a chinntiú go raibh an caillteanas sin íoslaghdaithe. Glacadh le prionsabal 'Glanchaillteanas a Sheachaint' i mórán cásanna agus athchóiríodh a lán ciliméadar d'aibhneacha. Táthar ag súil go gcríochnófar cuid mhór de na bóithre atá

á dtógáil le linn 2010, ach tá cuid mhór eile ag céim phleanála. Leanann an Bord ar aghaidh le mórán ionad cóireála fuíolluisce agus camrais ar fud an Réigiúin agus nuair ba riachtanach thug an t-ábhar os comhair na Cúirte nuair a aimsíodh sárú na reachtaíochta.

Forbraíodh ról tábhachtach comhoibríoch le hÚdaráis Áitiúla sa Réigiún áiteanna ar rinneadh damáiste suntasach do chúrsaí uisce mar gheall ar ghníomhaíochtaí mídhleathacha forbartha. Baineadh ordú forfheidhmithe rathúil amach i gContae Luimnigh i gcás forbartha amháin, a d'éiligh ar an bhforbróir an abhainn a athshuíomh. Tá an Bord ag obair le Comhairle Contae Uíbh Fhailí i dtaca le forbairt chosúil.

Rinne an Bord roinnt aighneachtaí agus cur i láthair mionsonraithe maidir le scéim soláthair Uisce Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, ar a dtugtar Scéim Soláthair Réigiúin Bhaile Átha Cliath anois. Tá an poitéinseal ag an scéim seo tionchar suntasach a bheith aige ar Réigiún na Sionainne, agus tá sé tábhachtach go bhfuil sé suite agus forbartha ar bhealach chun tionchar ar ghnáthóg iasc agus ar iascaigh a íoslaghdú. Mar gheallshealbhóir, measann an Bord nár chóir go mbeadh cead ag údaráis chathair Bhaile Átha Cliath uisce a asbhaint ón dobharcheantar gan táille. D'fhéadfadh cistí ó tháillí uisce a bheith aischurtha sa dobharcheantar trí thionscadail chomhshaoil.

Foilsíodh tuarascáil ar shuirbhé chun measúnacht a dhéanamh ag an tionchar féideartha atá ag forbairt leingseoireachta molta i Loch Aillionn ar an bpollán, atá íogar go héiceolaíoch.

Rialacháin a Chomhlíonadh

Éisc agus a ngnáthóg a chosaint trí a chinntiú go ndéantar rialacháin a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú.

Feidhm tábhachtach an Bhoird atá in acmhainn iascaigh a chosaint trí fhorfheidhmiú na nAchtanna Iascaigh agus Truaillíochta. Téann Oifigigh Iascaigh ar phatról ar éagsúlacht de ghnáthóga iascaigh ar fud dobharcheantar na Sionainne, ina measc aibhneacha slatiascaireachta bradáin oscailte ar an tSionainn íochtarach agus

iascaigh stoc measctha ar an tSionainn láir agus ar an tSionainn uachtarach. Tá na patróil seo ag iarraidh neamhchomhlíonadh a aimsiú, foinsí féideartha truaillithe a shainaithint, agus comhlíonadh le riachtanais chaomhnaithe chlibeála agus logleabhar a chinntiú. Déantar patróil freisin mar chuid de chomhaontú leis an ESB chun gníomhaíocht ar a n-iascaigh a mhonatóiriú.

I gceantar na Sionainne, cuireadh tús le 34 ionchúiseamh mar gheall ar sháruithe de na hAchtanna Iascaigh agus eisíodh breis agus 120 Fíneáil Ar An Láthair, an chuid ba mhó acu de thairbhe iascaireachta mídhleathaí. I Meitheamh 2009 gabhadh trí eangach déag in Inbhear na Sionainne, Clár Thiar agus in Abhainn na Féile. Ionchúisíodh roinnt iascairí mar gheall ar líontán mídhleathach a tháinig ó eachtraí i Meitheamh 2010. Tháinig méadú suntasach ar eachtraí tuairiscithe agus a fuarthas i 2009 agus go dtí seo i 2010 tá sé níos gnóthaí, de réir cosúlachta. Urghabhadh ceithre eangach in uiscí taoidmheara na Féile i bhFeabhra 2009, agus a lán eile sna míonna ina dhiaidh sin. Bhí gníomhaíocht mhídhleathach chomh coitianta sin i 2010. Urghabhadh eangach in Abhainn an Dúin Bhig agus caighean in Abhainn na Gáile i Nollaig 2009. Tá na hurghabhálacha seo lasmuigh den ghnáthrith bradáin, agus léiríonn siad an riachtanas atá ann le haghaidh láithreachta ar fud na bliana ag Oifigigh Fhorfheidhmithe Iascaigh. Buaicphointe mór le linn na tréimhse a bhí i ngabháil na ndaoine aonair a d'úsáid lampa agus ga le linn tréimhse sceathraí an bhradáin ar an Maoilchearn, agus tháinig ionchúiseamh rathúil mar gheall air seo.

Trí Fhíneálacha Ar An Láthair a úsáid, tá bealach níos éifeachtúla ann na dlíthe iascaigh do mhórán mionchionta a phóilíniú. Le linn patról gnáthaimh báid nó coise ar na huiscí intíre, trí Fhíneálacha Ar An Láthair a úsáid is féidir dul i ngleic go tapa le saincheisteanna saighdte beo, agus sáruithe d'fhodhlíthe liúis agus garbhiasc. Maidir le Loch Deirgeirt go háirithe, bhí alt ardphróifíle in Angling Times a mhionsonraigh proifisiúntacht an Bhoird i dtaca le forfheidhmiú na reachtaíochta iascaigh.

Feadh an imeallbhoird, rinneadh patróil trí bháid mhóra a úsáid (RIBanna), soithí mhóra phatróil (LPVs), agus thug an Cabhlach agus an tAerchór cúnamh. Cé nár aimsíodh aon sáruithe i 2009/10 bhí roinnt tuarascálacha maidir le hiascaireacht

mhídhleathach. Ligeadh d'úsáid níos éifeachtaí d'acmhainní mar gheall ar fhaisnéis a chomhroinnt agus comhoibriú le Boird Iascaigh Réigiúnacha in aice láimhe.

Leagadh béim in Aibreán 2009 ar an easpa reachtaíochta chun daonraí iasc dúchasacha a chosaint, nuair a d'aimsigh foireann grúpa iascairí Francach a bhí ag iascaireacht le haghaidh liúis agus carbán beo in úsáid acu mar bhaoite ar Loch Deirgeirt. D'iompórtáil na slatiascairí an carbán agus tá an cás leanúnach.

Iascach Trádálach Bradáin

Tharla líon tarraingthe trádálach in Aibhneacha an Chasáin agus na Féile. Baineadh comhlíonadh maith amach san earnáil thráctála le 100% de logleabhair aischurtha gan aon sárú den reachtaíocht le feiceáil. Eisíodh iomlán de 1470 clibeáil do 42 shealbhóir ceadúnais. Ba é 1,252 iasc an ghabháil iomlán d'iascach líon tarraingthe CFO 2009, laghdú suntasach ar bhlianta roimhe. Níor tuairiscíodh aon bhreac geal bheith gafa ag an iascach líon tarraingthe. Osclaíodh séasúr 2010 ar 1 Meitheamh, athrú ó bhlianta roimhe, agus go dtí seo ba shuntasach é an ghabháil. Níor glacadh gach ceadúnas a bhí ar fáil i 2010, mar gheall ar an drochghabháil le blianta beaga anuas.

Bainistíocht agus caomhnú eascainne

Tar éis don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha Pleananna um Bainistíocht Náisiúnta Eascainne a ghlacadh, cuireadh bearta caomhnaithe i bhfeidhm a éilíonn acmhainní suntasacha an Bhoird agus comhoibriú le Gníomhaireachtaí eile. Cuireadh tús le clár gaiste agus iompair chun eascainní gaistithe a iompar (faoi Alt 14 údarú) ó áiteanna uachtaracha na Sionainne go dtí faoin damba ar an bPairtín. I 2009, gaistíodh agus iompraíodh breis agus 24 tonna d'eascann gheal ó áiteanna ceadúnaithe ar Loch Rí, Abhainn na hUíne, An Riasc agus Cill Dalua, agus cuireadh isteach in Abhainn na hUinseann thíos faoi Chora an Phairtín. Tarlóidh clár cosúil i 2010.

Cuireadh cosc ar iascaireacht tráchtáil le haghaidh eascann faoi reachtaíocht 2009 agus le cinntiú go ndéantar patróil locha chomhlíonta ar gach loch mór na Sionainne ó Mheán Fómhair 2009 ar aghaidh. Gabhadh roinnt eangach ar phríomhlochanna na Sionainne le linn an tsamhraidh.

Rinneadh comhordú ar staidéir eolaíocha tríd an nGrúpa Náisiúnta Eolaíoch Eascainne. Rinne Ollscoil na hÉireann, Gaillimh staidreamh gabhála agus staidéir ghinearálta ar bhitheolaíocht na n-eascann, i gcomhairliúchán leis an ngrúpa seo.

Infheistíocht Acmhainní agus Forbairt Táirgí

Acmhainní a úsáid go héifeachtach chun riachtanais oibríochtúla a chomhlíonadh



Bradáin ag léim

Tionscadail Athchóirithe Aibhneacha

Rinneadh roinnt oibreacha athchóirithe aibhneacha ar fud Dobharcheantar na Sionainne. Athchóiríodh breis agus 5,000m de chainéal abhann i ndeich n-abhainn. Críochnaíodh oibreacha ar Abhainn na Crannaí in aice le Baile Átha Luain. Cuireadh roinnt struchtúr ionsrutha isteach agus soláthraíodh rochtain slatiascaireachta feadh bhuach na habhann trí fhálú agus trí chéimeanna agus crosairí draenacha a thógáil. Cuireadh tús le hoibreacha athchóirithe abhann ar fho-abhneacha móra na hAbhann na Máighe i gContae Luimnigh sa samhradh 2009 chun dul i ngleic leis an gcaillteanas de ghnáthóg éagsúil iascaigh a tharla mar gheall ar oibreacha draenála. Fuair cuid den obair seo maoiniú faoi Chiste Caomhnaithe Bradáin. I gCabhán, tugadh leapacha sceathraí agus linnte gairbhéil isteach i 2km d'Abhainn Bhaile Shéamais Dhuibh go dtí Latnaglochan.

Tionscadail Fhorbartha Iascaigh

Tógadh roinnt áiseanna breise chun cur le rochtain slatiascaireachta ar lochanna agus aibhneacha. Tógadh iomlán de 72 céim, droichead coise, agus ardán. Rinneadh na tionscadail seo i gcomhar le grúpaí forbartha áitiúla, clár LEADER, Comhairlí Contae agus an ESB. Déantar oibreacha forbartha feadh iascaigh bhradáin na Maoilchearna i gcomhar leis an ESB agus Grúpa Bainistíochta Dobharcheantar na Maoilchearna. Bhain oibreacha leanúnacha eile le cothabháil snámha, uasghrádú d'áiseanna slatiascaireachta, forbairt de rochtain ar shlatiascaireacht do dhaoine faoi mhíchumas agus cruthú de linnte chun cohóirt bhreise iasc a thacú.

Cothabháiltear cláir athstocála chun daonraí dúchasacha bradáin a fheabhsú agus le haghaidh forbartha slatiascaireachta, go háirithe d'iascaigh 'athlín agus iasc'. Maidir le hiascaigh fhiáine, is é polasaí an Bhoird cur leis na gnáthóga nádúrtha do bhradáin mar mhalairt ar athstocáil chun sláine ghéiniteach na stoc a chaomhnú. Rinneadh athstocáil de bhreac donn ag áiteanna roghnaithe, mar bhealach breise cur le daonraí fiáine agus chun slatiascaireacht áineasa agus turasóireachta a chur chun cinn. Tharla athstocáil le breac donn níos mó i lochanna traidisiúnta slatiascaireachta, amhail Loch Uail, Loch Uí Fhloinn agus i roinnt lochanna i gContae an Chláir.

Cuireadh breis agus 43 míle breac dea-dhathach isteach in iascaigh 'athlín agus iasc' i 2009/10. Ba iad Liús agus Carbán na speicis eile a stocáladh nó a athshuiteáladh. Stocáladh beagnach 900 míle breac donn isteach in iascaigh éagsúla.

Áiritheoirí Iasc

Rinne an Bord bainistíocht rathúil ar 3 áiritheoir iasc, áiritheoirí na Féile, na Máighe agus na Maoilchearna. Bhí na háiritheoirí an-luachmhar maidir le faisnéis a sholáthar chun bainistíocht de stoic bhradáin a éascú. Rinneadh roinnt uasghráduithe éagsúla ar an trealamh. Bhí dul chun cinn mall i dtaca le planáil a dhaingniú do shuiteáil d'áiritheoir ar Abhainn an Fhorgais, de thairbhe roinnt iarratas le haghaidh tuilleadh

faisnéise. Fuarthas cead pleánála i 2010; ach rinne an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra achomharc air seo chuig An Bord Pleánála.

Suirbhéanna Sceathraí Iasc

Rinneadh suirbhéanna áireamh claise ar fud an dobharcheantair in uiscí bradáin ó Abhainn na Féile agus na Gáile sa deisceart go dtí sruthanna tulca agus uiscí uachtair ag Loch Aillionn. Taifeadadh faisneis do mhapáil dhigiteach de na tailte sceathraí. Soláthraíonn sé seo faisnéis thábhachtach bhreise i gcláir mheasúnachta stoic agus é tábhachtach sa chomhthéacs de bhainistíocht iascaigh bhradáin. Ba chosúil go raibh na teochtaí fuara go luath i 2010 oiriúnach do sceathrach bradáin, de thairbhe gur thug ár n-oifigigh i bhfad níos lú bradán galrach faoi deara - bhí aischur níos mó de dhádacha chun na farraige freisin.

R-iascaireacht ar fud an dobharcheantair

Rinneadh suirbhéanna leictriascaireachta ar fud an dobharcheantair ar thrí dhobharcheantar i 2009 - dobhaircheantair na Gáile, an Fhoghais agus na Máighe. Soláthraíonn na suirbhéanna seo sonraí ar leibhéil stoic agus úsáidfear torthaí, mar aon le faisnéis eile, chun bainistíocht iascaigh a chur ar an eolas faoi chur chuige caomhnaithe, mar atá socrú de theorainneacha caomhnaithe bradáin.

Tionscadal Athshlánaithe Bradáin na Sionainne

Leanadh ar aghaidh le Tionscadal Athshlánaithe Bradáin na Sionainne trí Choiste Comhairleach an Bhoird agus Coiste Teicniúil Eolaíoch. Tar éis comhairliúcháin le gach geallshealbhóir agus le húinéir an iascaigh, an ESB, cuireadh dréachtstraitéis amach le haghaidh comhairliúcháin i 2009, agus foilsíodh leagan deiridh i 2010. I 2009 dhírigh an Coiste ar shuirbhéanna fuaimíochta uisce chun measúnacht a dhéanamh ar imirce suas bradáin trí mhórbhacainní ar an gcóras agus athbhreithnithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta do mhaolú in éadan bacainní ó dhambaí agus coraí leingseoireachta ar imircí iasc. Rinneadh cóimheas de shonraí suirbhéanna measúnachta éagsúla ó shuirbhéanna leictriascaireachta, suirbhéanna sceathraí bradáin agus cláir athstocála. Soláthraíonn sé seo faisnéis ar leithdháileadh spásúil de stoic reatha bhradáin ar fud córas na Sionainne. Rinneadh athbhreithnithe ar ábhar curtha i gcártlann, (lena n-áirítear anailís ghéiniteach), chun leithdháileadh stairiúil de bhradáin sa dobharcheantar a dhearbhu.

Tionscadal um Chaomhnú Acmhainní Uisceach an Atlantaigh (AARC)

Faigheann an tionscadal AARC maoiniú faoi chlár Cheantar an Atlantaigh 2007-2013, ar cuireadh tús leis go luath i 2010. Tharla cruinnithe pleanála i dtaca le hobair i nDobharcheantar na Sionainne faoi stiúir choiste Athshlánaithe Bradáin na Sionainne go déanach i 2009 agus go luath i 2010. I measc na bpríomhchlár oibre sa tionscadal ná:

- Fardal a dhéanamh ar acmhainn fisiceach na habhann ag comhtháthú na sonraí i gcóras faisnéise geografach ardghléine (GIS).
- Measúnacht a dhéanamh ar neart an phobail iarmharaigh.
- Measúnacht ghéiniteach a dhéanamh ar dhaonraí iarratasóra mar fhoinse an phoitéinsil is airde agus stoc goir is oiriúnaí don triail athchoilínithe.
- Bailiú agus coinneáil de stoc goir a dhéanamh.
- Clár de athchoilíniú cuidithe a dhéanamh.
- Monatóireacht ar an bpróiseas monatóireachta a dhéanamh.
- Clár d'imirce cuidithe thar na dambaí hidri-scéime a sholáthar.

Baineann an tionscadal le cur chuige comhpháirtíochta Eorpach i sé thír, a sholáthraíonn cur chuige ilghnéitheach lenár bhfaisnéis agus taighde a fheabhsú ar speicis thábhachtacha anadromacha éisc, agus chun cur chuige bainistíochta a fheabhsú do chaomhnú na speiceas seo. Tá lánsonraí agus faisnéis cothrom le dáta ar an tionscadal AARC ar fáil ag <http://aarcproject.org/>.

Comhpháirtíocht

Bainistíocht Dobharcheantair

Is é bainistíocht dobharcheantair iascaigh próiseas páirtíochta agus comhoibrithe le geallshealbhóirí éagsúla atá bainteach le bainistíocht agus forbairt dá n-aibhneacha áitiúla agus dá n-éiceachórais locha. Baineann sé le cur chuige pleanála straitéiseach agus bainistíochta comhtháite do dhobharcheantair ar leith go geografach (leibhéal fo-dhobharcheantair) as a dtagann forbairt de phlean forbartha dobharcheantair trí chomhaontú agus comhairliúchán poiblí.

Tá bainistíocht dobharcheantair iascaigh ar siúl ar Dhobharcheantar Abhainn na Maoilchearna le breis agus deich mbliana anuas. Dhréachtaigh coiste ionadaíochta

plean bainistíochta dobharcheantair d'Abhainn na Maoilchearna agus chuaigh se trí chomhairliúchán poiblí. Soláthraíonn an plan seo teimpléad do bhainistíocht na Maoilchearna maidir le hiascaigh, cothabháil dhraenála, foraoiseacht, cleachtais thalmhaíochta agus feabhsúcháin ar cháilíocht an uisce, agus soláthraíonn an próiseas bainistíochta dobharcheantair creat le haghaidh feabhsúcháin iascach na Maoilchearna trí phleanáil réamhghníomhach. Bhí a lán buaicphointí tábhachtacha i bpróiseas Bainistíochta Dobharcheantair na Maoilchearna, lena n-áirítear suiteáil de áiritheoirí éisc, páirtíocht an phobail le dul i ngleic le fiailí ionracha, imeachtaí oideachais agus feasachta (trí 'Clár Something Fishy' agus 'Seachtain Feasachta Iascaigh' na scoileanna) agus níos déanaí bronnadh rathúil de mhaoiniú bithéagsúlachta EU LIFE.

LIFE na Maoilchearna - EU LIFE+ Tionscadal Ná dúir

Tá an tionscadal Ná dúir UE LIFE €1.7 ar siúl. Tá rath an tionscadail mar thoradh díreach ar an gcur chuige comhoibríoch agus gealltanais Choiste Bainistíochta Dobharcheantair na Maoilchearna. Tá LIFE Maoilchearna á bhainistiú ag foireann tiomanta tionscadail ó Bhord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne le tacú ó OPW, Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Comhairle Contae Luimnigh. Cuirfear na cláir oibre ar an eolas ag Coiste Stiúrtha Tionscadail agus grúpaí éagsúla comhairleacha teicniúla atá comhdhéanta de shaineolaithe ábhartha agus comhaltaí Choiste Bainistíochta Dobharcheantair na Maoilchearna. Beidh Coiste na Maoilchearna ag feidhmiú freisin mar Ghrúpa Comhairleach Tionscadail freisin, ag soláthair ionchuir i reáchtáil straitéiseach LIFE na Maoilchearna.

Tá Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne ag cur Bainistíochta Dobharcheantair i bhfeidhm i bhfo-dhobharcheantair eile laistigh de Réigiúna na Sionainne. Bunaíodh Coiste Bainistíochta Dobharcheantair d'Abhainn na Máighe i gContae Luimnigh agus reáchtáladh an chéad chruinniú go déanach i 2009. Cuireadh tús leis an bpróiseas freisin d'fho-dhobharcheantair Abhainn na Suca agus Abhainn na Féile. Dréachtóidh na coistí ábhartha pleananna bainistíochta dobharcheantair don bheirt dhobharcheantar seo i 2010.

Tharla comhairliúcháin freisin i bhfo-dhobharcheantair eile chun dul i ngleic le saincheisteanna tábhachtacha éagsúla, agus d'fhéadfadh cur chuige bainistíochta

dobharcheantair cosúil a bheith riachtanach le dul i ngleic leis na saincheisteanna tosaíochta ábhartha. Is abhainn tábhachtach í Abhainn na hUinseann i gContae Luimnigh sa chomhthéacs de stoic bhradáin ar an tSionainn íochtarach. Bhí an-tionchar uirthi ó dhraenáil agus éilítear cur chuige nua d'fhaoiseamh tuile agus aird ar bhainistíocht éiceolaíoch. Forbraíodh pleananna athshlánaithe mionsonraithe d'Abhainn na hUinseann agus beidh comhairliúcháin feabhsaithe riachtanach i 2010.

Mar an gcéanna, bhí droch-cháilíocht uisce ag an Abhainn Jiggy i mBaile Ros Comáin, mar a bhí sainaitheanta i dtuarascálacha leanúnacha ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, agus rinneadh roinnt suirbhéanna i 2009 le breathnú ar chur chuige feabhsúcháin don fho-dhobharcheantar seo. Tá an Bord ag súil le forbairt ar na suirbhéanna seo trí chur chuige comhoibríoch le gníomhaireachtaí ábhartha sa réigiún i 2010.

Margaíocht agus Cur Chun Cinn

Bhí an Bord páirteach i roinnt seónna tionscnaimh san Eoraip agus turais iriseoirí istigh, atá deartha chun slatiascairí a tharraingt chuig an Réigiún. Tá sé seo mar chuid de thosaíochtaí tionscnaimh turasóireachta an Bhoird agus soláthraíonn deiseanna chun comhairle a sholáthar don rannóg thurasóireachta faoi fairsinge na ndeiseanna slatiascaireachta sa Réigiún. Cé go raibh líonta na slatiascairí íseal fós, bhí comharthaí de mhéadú ar roinnt iascach. Agus praghsanna ag titim, feiceann an Bord deis slatiascairí nua a tharraingt chun na tíre, agus méadóidh sé a chuid gníomhaíochtaí sa réimse seo sa bhliain atá le teacht.



Treoirínte Póca

Chuir an Bord tús le táirgeadh de shraith threoirlínte póca chun gach príomh-iascach dár gcuid a chumhdach. Foilsíodh Treoir Loch Síleann, an chéad cheann sa tsraith, agus leagan Loch Uail agus An Bhrosnach Bheag agus Abhainn na Camchuartha ar fáil anois. Tá Bróisiúr Slatiascaireachta Farraige beagnach réidh agus foilseofar é sa séasúr atá le teacht.

Slatiascaireacht

Tá líonta móra slatiascairí á dtarraingt ag slatiascaireacht chuig an Réigiún. Tá éagsúlacht leathan de dheiseanna slatiascaireachta ar fáil ag an Réigiún, agus cé go raibh a lán bagairtí roimhe, léiríodh sna séasúir 2009/10 go bhfuil an acmhainn seo i measc na gceann is fear sa tír. Leanann an acmhainn ar aghaidh le tairbhe eacnamaíoch inbhuanaithe a sholáthar do phobail áitiúla agus an poitéinseal ann i bhfad níos mó a sholáthar freisin. Leagtar roinnt buaicphointí ón séasúr amach thíos.

Bhí drochrith Bradáin san earrach 2009 ar Abhainn na Féile agus beagán iasc gafa sna seachtainí tosaigh. Bhí rith maith bláthán ar Abhainn na Maoilchearna in Iúil agus isteach i Lúnasa 2009, agus ní raibh Abhainn na Féile maith in ainneoin uisce mhaith iascaireachta a bheith ann, go háirithe i Lúnasa, atá ina mhí mhaith ar an iascach de ghnáth. Bhí drochrith san earrach 2010 mar gheall ar uisce íseal. Bhí figiúirí áiritheoirí iasc maith, agus tá patrún ag teacht chun cinn nuair a bhogann éisc ilfharraige níos déanaí sa samhradh.

Bhí iascaireacht mhaith don bhreac donn ar Loch Síleann agus Loch Uail go háirithe. Tréimhse an-deacair a bhí ann ar fud an réigiúin maidir leis an aimsir agus tuile. Cé nach raibh tabhairt amach na Cuile Bealtaine i 2009 chomh maith le blianta roimhe, bhí gabháil mhaith éisc trí bhobáil, agus bhí iascaireacht feabhsaithe sa chuid is mó d'iascaigh níos déanaí sa séasúr. Gabhadh éisc sa réimse 7 bpunt ar Loch Uail, Loch Síleann agus Loch Deirgeirt. Baineadh duais Chumann Iascaireachta Gharraí Uí Chinnéide don bhreac is troime de shéasúr na Cuile Bealtaine (ar Loch Deirgeirt) d'iasc 7 bpunt 1 unsa, gafa ag iascaire an Aonaigh ar 'wulff'.



Slatiascaire Chumann Iascaireachta Gharraí Uí Chinnéide leis an ngabháil

Go mall san earrach a bhí ann sular cuireadh tús dáiríre le séasúr na garbhiascaireachta i Réigiún na Sionainne, agus na tráthnónta níos faide agus aimsir níos teo ann. Tuairiscíodh gabhálacha ar fheabhas de Róiste mór, hibridí agus bran ar an tSionainn ó Dhroichead na Sionainne go Beannchar. Bhí áiteanna maithe eile ag an Abhainn na hUíne íochtarach ag Tommy Foxes. Bhí comórtas náisiúnta do shlatiascairí a bhfuil míchumas orthu ag ár rochtain do gach duine ag Dún Iomáin ar Abhainn na Suca ag deireadh seachtaine na Cásca. Bhí comórtas iascaireachta King of Clubs ar an tSionainn ag Port Omna, agus iascaireacht ag Féile Bheannchar bisithe go himleor do na slatiascairí pléisiúir a ghabh go maith sna huiscí cúil in aghaidh srutha ó Bheannchar agus le sruth ag Míleac. Rinneadh iascaireacht chúramáin eiseamail ag Béal Átha Liag agus ag Míleac go luath sa séasúr.

Ceann de bhuaicphointí d'iascaireacht an fhómhair ná Féile Chora Droma Rúisc, iascaireacht a mhair ceithre lá ag ceithre ionad ar an tSionainn Uachtarach. Thacaigh Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne Thacaigh an imeacht seo, ag soláthar maoirseachta agus ag ullmhú an ionaid don fhéile. Bhí dálaí garbhiascaireachta an-fhabhrach agus samhraidh Indiach ann i nDeireadh Fómhair 2009, ag soláthar dálaí foirfe, agus feabhsaíodh leibhéil uisce tar éis díleann an tsamhraidh. Bhí an séasúr cuile Bealtaine 2010 arís lag; seo á chur i leith na dteochtaí níos ísle.

Leantar ar aghaidh le slatiascaireacht liúis mar tháirge tábhachtach slatiascaireachta i Réigiún na Sionainne, agus flaidireacht ina foirm speisialaithe móréilimh de shlatiascaireacht liúis.

Bhí roinnt comórtas agus ardphróifíle Liúis agus imeachtaí eile sa réigiún i 2009/10. Bhí Féile Shlatiascaireachta Liúis na Cásca an-rathúil ag Cumann Slatiascaireachta Mhainistir na Búille & Dúiche ar Loch Cé ag deireadh seachtaine na Cásca 2009. Gabhadh roinnt liús den scoth agus éisc os cionn 20 punt gafa ag na trí shlat is fearr. Tharla an chéad bhabhta den chraobhchomórtas náisiúnta liúis ar Abhainn na hUíne go luath in Aibreán 2009. Taifeadadh iomlán de 212 liús ag 86 iomaitheoir. Tháinig ceathrar iriseoir slatiascaireachta is tríocha ón nGearmáin, ón mBeilg, ón bhFrainc, ó Éire agus ó thíortha eile go Baile Átha Luain in Aibreán 2009 chun measúnacht a dhéanamh ar oiriúnacht Loch Rí mar ionad iascaireachta Liúis agus chun Féile Idirnáisiúnta Liúis Loch Rí a sheoladh, a bhí ar siúl in Aibreán 2010. Bhí Dúshlán Slatiascaireacht Liúis Eorpach Bliantúil den scoth ann ag deireadh Mheán Fómhair 2009 ar Loch Deirgeirt agus ar an tSionainn íochtarach.

Bhí Réigiún na Sionainne chun tosaigh ag Duaiseanna Liúis Eiseamail 2009. An chuid is mó de na Liúis Eieamail a dheimhnigh Coiste Éisc Eiseamail, gabhadh iad i Réigiún na Sionainne, .i. ar chórais na Sionainne, na Suca agus na hUíne.

Oideachas agus For-Rochtain

Is príomhchuid de ghealltanas Bhord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne iad feasacht iascaigh agus chomhshaoil, maidir le cuid dá chuspóirí a bhaint amach. Cuirtear trí phríomhchlár i bhfeidhm tríd an gcóras scoile; clár Oideachais Iascaigh agus Comhshaoil de chuid Bhord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne, clár náisiúnta Something Fishy, agus clár Waterwise.

Ghlac breis is 5,000 dalta bunscoile páirt i gclár Oideachais Iascaigh agus Comhshaoil de chuid Bhord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne i 2009/10. Glacann leanaí bunscoile ón 3ú go dtí an 6ú rang páirt i gcuairt seomra ranga, ina mbíonn díospóireacht, cluichí spraoi, comórtas ealaíne, feithidí ón abhainn agus in amanna éisc bheo.

Roghnaíodh cúig scoil is fiche don Chlár Oideachais Scoile Something Fishy, ata níos mionsonraithe. Thug foireann ón mBord an oiliúint sna scoileanna roghnaithe agus thug na leanaí ar éagsúlacht de thurais allamuigh.

Chomhordaigh an grúpa **Save Our Lough Derg** an tionscnamh Waterwise, a thugann Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne le chéile chun clár praiticiúil a sheachadadh do leanaí áitiúla bunscoile. Baineann an clár freisin le cuairteanna ar fhoinsé Abhainn an Aonaigh agus leantar é le sruth go Loch Deirgeirt. I 2009 ghlac deich scoil páirt sa chlár.

Bunaíodh clár for-rochtana go foirmiúil le Clár Críochnaithe Scoil Ros Uí Bhriain i gCathair Luimnigh. D'oibrigh foireann an iascaigh leis an ngrúpa agus le leanaí na bunscoile chun suim san iascaireacht agus i bhfeasacht chomhshaoil a fhorbairt. Tá se mar bhunaidhm an chlár na leanaí a choinneáil in oideachas bunscoile trí chóras duaise de thurais allamuigh, turais iascaireachta agus cearlanna iascaireachta. Tharla imeachtaí lae le grúpaí eile ag Clóirtheach, Co. Uíbh Fhailí agus Tionscadal Óige Luimnigh.

Seachtain Feasachta Iascaigh

Faoi na ceathanna agus faoin ngrian, chuir Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne a imeacht bliantúil 'Seachtain Feasachta Iascaigh' ag deireadh mhí Aibreáin 2009.

Eagraíodh Seachtain Feasachta Iascaigh ar bhonn náisiúnta i 2010. Chomhtharlaigh an t-imeacht i 2010 le Seachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta agus baineadh sult as an aimsir ní ba dheise ag deireadh mhí na Bealtaine. Cuireadh a lán imeachtaí 'tabhair cara leat ag iascaireacht' ar siúl ar fud dhobharcheantar na Sionainne. D'fhreastail líon mór daoine ar na himeachtaí chun triail a bhaint as slatiascaireacht agus ar Loch Rí chuir an club áitiúil slatiascaireachta turais bháid ar fáil agus gabhadh liús ollmhór 38 punt meáchan ar Loch Dearg i mBaile Uí Bheoláin. Cuireadh oiliúint ar fáil do na slatiascairí níos fearr ar chaitheamh ar bhruacha na Maoilchearna láimh le Béal Átha Bó, Co. Luimnigh agus ar Loch Uail ar an Muileann gCearr.

D'eagraigh Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne comhdháil thábhachtach an dá bhliain sin, ag cruinniú na bpáirtithe leasmhara agus na ngníomhaireachtaí a bhfuil spéis acu in iascach agus i ngnáthóga éisc. Bhí an chomhdháil i 2009 dírithe ar "Bhainistiú Iascaigh le linn Aimsir Dhúshlánach" agus bhí comhdháil na bliana 2010 dírithe ar chúrsaí gluaiseachta éisc ar an tSionainn.

Acmhainní Daonna

Coinnigh le heagraíocht chumasach éifeachtach sholúbtha a fhorbairt

Tréimhse dhúshlánach don Bhord ba ea an tréimhse 2009/2010 mar go raibh neamh-athsholáthar post agus moilleanna suntasacha maidir le líonadh na bpost conartha atá maoinithe go seachtrach mar gheall ar an lánchosc ar earcaíocht seirbhíse poiblí.

Mar sin féin, d'éirigh leis an bhfoireann oibleagáidí seirbhíse an Bhoird sa tréimhse a chomhlíonadh trína díograis agus trí obair an Bhoird, lena n-áirítear líon mór staidéar eolaíochta agus an t-ualach oibre sa bhreis a tháinig chun cinn mar gheall ar an lánchosc ar iascaireacht eascann agus bearta bainteacha caomhantais.

Is ábhar cúraim don Bhord nach bhféadfaidh sé réimse leathan seirbhísí a sheachadadh sna blianta amach anseo de réir mar a laghdaítear líon na ndaoine san fhoireann, go háirithe ag leibhéal an oifigigh iascaigh.

Cuirtear béim leanúnach ar shábháilteacht agus ar shláinte a chur chun cinn san ionad oibre. Déanann an Bord athbhreithniúcháin chuimsitheacha ar threalamh agus ar shábháilteacht phearsanta. Le linn na bliana 2009, dhréachtaigh An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta ráiteas cuimsitheach sábháilteachta ag déanamh athbhreithniúchán ar na réimsí go léir d'oibrithe an Bhoird. Cuireadh béim ar leith i gclár oiliúna an Bhoird le linn na tréimhse ar shábháilteacht uisce agus ar láimhseáil báid, ag cinntiú go bhfuil gach ball den fhoireann allamuigh suas chun dáta ina scileanna.

Cuireadh ar fáil 450 lá oiliúna ar fad sa tréimhse 2009/10. Amach ó shábháilteacht uisce agus ó láimhseáil báid, cuireadh ar fáil cúrsaí i réimsí a fholáionn Garchabhair, Córas Faisnéise Geografaí agus Oiliúint finnéithe saineolacha.

D'oibrigh an Bord i bpáirtíocht leis na Boird Iascaigh eile chun clár oiliúna náisiúnta agus nua-aoisithe a sheachadadh. Tugadh faoi mhíreanna atá leagtha amach sa Chomhaontú Seirbhíse leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha.

Tá An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta i lánfheidhm san eagraíocht. Cuidíonn an córas seo le hathbhreithniú ar fheidhmiú gach duine agus ar a riachtanais agus ar a chuspóirí oiliúna atá i gcomhréir le plan gnó an Bhoird.

DRÉACHT-CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS NEAMHINIÚCHTA DO NA 18 MÍ GO DTÍ 30 MEITHEAMH 2010

Ioncam	Nótaí	18 Mí dár críoch 30ú Meithimh 2010	Bliain dár críoch 31ú Nollag 2008
		€	€
Ioncam an Oireachtais	1	4,708,285	3,257,846
Ioncam Eile	2	1,020,375	894,656
Glanchistiúchán iarchurtha le haghaidh pinsean	13 (c)	863,000	772,000
		<u>6,591,660</u>	<u>4,924,502</u>
Aistriú ó Cuntais Caipitil	12	78,542	58,901
		<u>6,670,202</u>	<u>4,983,403</u>
Caiteachas			
Riarachán	3	748,155	535,583
Oibríochtaí	4	6,442,747	4,387,016
		<u>7,190,902</u>	<u>4,922,599</u>
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		(520,700)	60,804
Barrachas amhail 1ú Eanáir 2009		364,904	304,100
(Easnamh)/barrachas amhail 30ú Meithimh 2010		(155,796)	364,904

I

Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair

CEANNCHEATHRÚ AGUS RIALACHAS CORPARÁIDIEACH

Réamhrá

Chomhlíon an Bord a dhualgais reachtúla le linn na tréimhse agus thionóil sé 14 cruinniú Boird agus roinnt cruinnithe fochoiste eile, mar aon le seacht gcruinniú coiste iniúchóireachta. Comhlánaíodh na cuntais agus cuireadh iad chuig an Roinn ar mhodh tráthúil agus seoladh an t-iniúchadh seachtrach don tréimhse idir an 31ú Lúnasa agus an 2 Meán Fómhair 2010. Comhlíonadh dualgais an Bhoird go léir le linn na bliana.

Phléigh an Bord ar 27 Eanáir 2009 an ráta iascaigh agus cuireadh an togra a bhain leis an ráta a chur ar €17.46 sa Euro chuig an Aire ina leith sin. Dhearbhaigh an tAire ar 3 Aibreán go mbeadh ráta €16.78 sa Euro in úsáid (an ráta céanna is an bhliain roimhe sin) mar gheall ar an bhfíric gur réamh-mheasadh go mbeadh díbhóilsciú ann in ionad boilscithe i rith na bliana. Mhol an Bord in Eanáir 2010 gur cheart go gcuirfí laghdú 5% an ráta iascaigh a bheidh á chur isteach do 2010.

Tá na dearbhuithe go léir i leith Eitice in Oifigí Pobail i bhfeidhm maidir leis na bail go léir den Bhord agus leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.



Oscailt Oifigiúil de Theach Breac, Gaillimh ar 27 Aibreán 2009 ó chlé go deas; Colm Cantillon (Ailtire) (Simon J. Kelly & Associates); An Comhairleoir Seamus Walsh; (Comhairle Contae na Gaillimhe); Michael D. Higgins TD; An Comhairleoir Mary Hoade; Frank Fahey TD (a chuir an searmanas i láthair); Lal Faherty (Cathaoirleach; Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair); An Comhairleoir Thomas Welby (Comhairle Contae na Gaillimhe); Greg Forde (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin; Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair); Shane Cuddy (Cuddy Developments Teo. - An Príomhchonraitheoir).

Airgeadas

D'ullmhaigh foireann an Bhoird cuntais an Bhoird i bpáirtíocht le cuntasóirí an Bhoird, Deacy and Associates.

Rinne gnólacht príobháideach, Moylan Mulcahy, an t-íniúchadh ar an mBord thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste idir 31 Lúnasa agus 2 Meán Fómhair.

Rinne gnólacht seachtrach, Sheehan Quinn, an t-íniúchadh Inmheánach ar an mBord ar 8 agus 9 Deireadh Fómhair 2009. Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar agus ghlac siad leis an tuairisc agus dhaingnigh an Bord na moltaí ar 8 Nollaig 2009.

Bainistíocht Iascach

Cuntair Nua

Fuair an Bord maoiniú ón Stampa Caomhantais agus ó fhoinsí eile le haghaidh roinnt cuntar éisc sa réigiún le linn na bliana. Chomh maith leis sin, suiteáladh agus coimisiúnaíodh an cuntar VAKI sa Chlochán a ceannaíodh an bhliain roimhe sin sa bhealach éisc ar Abhainn Ghlinne. Ba iad na cuntair i gCúil Finn, i nDamhros agus sa Chlochán na cuntair a cuireadh i gcrích i 2009. Tógadh suiteáil cuntair eile ar Abhainn Chill Cholgáin i mí Dheireadh Fómhair 2009 agus coimisiúnaíodh í i mí an Mheithimh 2010.

Tá an-eolas forbartha ag Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair ar thógáil agus ar fheidhmiú cuntair.



An chora chuntair nua ar Abhainn Chúil Finn, Leitir Geis, Conamara.

Is cuntair Logie iad go príomha na cuntair a suiteáladh (Damhros agus Cúil Finn) agus is cuntar Vaki é an cuntar sa Chlochán. Is teicneolaíochtaí cuntair an-difriúil iad seo ach ní féidir ach cineálacha áirithe cuntair a shuiteáil ar aibhneacha ar leith.

Bhí gá le tógáil na cora cuntair ar Abhainn Chill Cholgáin ar ghrinneall na habhann mar go bhfuil an ceantar i mbaol tuilte agus bhí gá le déanamh na hoibre ar mhodh nár chuir isteach ar chumas doirte na habhann. Baineadh é seo amach tríd an abhainn a leathnú agus trí ghrinneall na habhann a thochailt.



An chora shuite ar Abhainn Chill Cholgáin.

Bainistíocht ar Líobhógach Afracach - Loch Coirib

Choinnigh an Bord ag obair go dian ar bhainistíocht agus ar shrianadh fiaile ionrach, Líobhógach Afracach, ar Loch Coirib. Ciorraíodh an taighde eolaíoch ar feadh tréimhse mar go raibh an Príomh-Bhord Iascaigh ar lorg ceada le haghaidh fostaíocht foirne don tionscadal Life + ar speiceas ionrach, tionscadal ar tugadh maoiniú AE dóibh dá bharr. Níor tháinig an tionscadal eolaíoch i bhfeidhm go deireadh 2009. Choinnigh an Bord foireann ar an tionscadal a fhostú ar fud na tréimhse, ag baint úsáid as maoiniú a fuarthas ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear Comhairle Contae na Gaillimhe, Cumann Forbartha Iascaigh an Iarthair, An Chomhairle Oidhreachta, Oifig na nOibreacha Poiblí agus acmhainní an Bhoird féin.

Bhí an obair a rinne an fhoireann i mbá Rinneronn an-dearfach agus glanadh Barr Roisín, a clúdaíodh roimhe seo le fiaile, roimh an Earrach i 2009. Baineadh 400 tona

d'fhiaile agus cuireadh i gcrích níos mó ná 100 láithreán oclúide éadroime ar fud na tréimhse.



An príomhbhád gearrtha fiailí ag baint fiaile i gCorr na Móna, Co. na Gaillimhe.

CLÁIR TAIGHDE

Rinneadh roinnt tionscadal taighde le linn na bliana i gcomhar leis an bPríomhbhord Iascaigh.

(1) Gealóg Bhradáin - Abhainn Oirimh agus Abhainn Ghabhla

Sa turgnamh seo, micrichlibeáladh gealóg bhradáin i gConga agus impriontáladh in aibhneacha Oirimh agus Ghabhla. Úsáideadh dhá bhaisc éisc i ngach abhainn. Tugadh Slice TM do bhaisc amháin i ngach abhainn, rud a thugann cosaint do na héisc ó lonnaíocht míolta bradáin nuair a théann na héisc ar muir. Tugadh gnáthbhia don bhaisc eile éisc, agus déanfar monatóireacht ar rátaí marthanais na mbaisceanna éagsúla éisc sa bhliain atá romhainn.

(2) Breac Geal - Abhainn Oirimh

Rinneadh monatóireacht arís ar bhreac geal a bhí ag imirceadh ar muir ó fhodhobarcheantar Thamhnaigh Ard d'Abhainn Oirimh thar thréimhse imirce dádach

agus gealóg. Déantar é seo go bliantúil chuid cuidiú le sraith fhada sonraí a chur le chéile ar rátaí fáis agus ar phatrúin mharthanais na mbreac geal san abhainn seo.

(3) Gaistí

Leanann an Bord de bheith ag déanamh monatóireachta ar bhradán agus ar bhreac geal i gcóras Screebe (thar ceann úinéirí na n-iascach); Inbhir Mór agus Gabhla mar chuid den taighde comhleanúnach leis an bPríomhbhord Iascaigh.

(4) Breac Fíochmhar - Loch Measca agus Loch Coirib

Lean an Bord leis an gclár um Ghabháil agus Chlibeáil Breac Fíochmhar i 2009 agus i 2010. Ba í seo an bhliain dheireanach de chlár trí bliana a rinneadh ar Loch Coirib roimhe sin. Ar an iomlán, gabhadh agus clibeáladh 79 iasc thar na trí bliana agus rinneadh monatóireacht ar a n-imirce chun sceitheadh a dhéanamh thar an gheimhreadh i 2009 agus déanfar monatóireacht orthu le linn an gheimhridh atá le teacht. Go dtí seo, ní raibh na torthaí chomh cinntitheach agus a bhí an méid a breathnaíodh ar Loch Coirib, inar sceith 95% den bhreac fíochmhar in abhainn amháin.

(5) Eascanna

Roghnaíodh iascach na Gaillimhe mar cheann d'aibhneacha an Innéacs Náisiúnta le haghaidh measúnachta ar eascanna sa tréimhse. I 2009, rinneadh iascaireacht ar an ngnáthbhealach ar na heangacha i nGaillimh, a bhí ceadúnaithe mar iascach tráchtála roimhe sin, ach ar bhonn eolaíochta amháin. Clibeáladh agus scaoileadh eascanna in aghaidh srutha chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht gabhála na n-eangach. Clibeáladh eascanna eile mar chuid de dhá chlár ar leith clibeála - tháinig roinnt de na héisc a raibh clibeanna inmheánacha acu i dtír i dtíortha eile agus íoslódáladh na sonraí. Leanfaidh an t-iascach de bheith ina abhainn innéacs don todhchaí.

(6) Sampláil na Creat-Treorach Uisce

Lean an Bord de bheith ag tabhairt cúnaimh don Phríomhbhord Iascaigh maidir le sampláil na sruthanna agus na n-inbhear mar chuid de mheasúnacht na Creat-Treorach Uisce ar uiscí eile.

Plean Bithshlándála le haghaidh Loch Measca

Tar éis ullmhú an phlean bithshlándála le haghaidh Loch Measca cuireadh tús leis an bpróiseas um rolladh amach sa tréimhse.

Thionóil an Bord i gcomhar le Comhairle Contae Mhaigh Eo na chéad chruinnithe chun iarracht a dhéanamh ar na rialuithe riachtanacha le haghaidh “Saincheantar Bithshlándála” a chur i bhfeidhm do Loch Measc agus Loch Ceara. Is tionscadal nua é seo in Éirinn agus glacfaidh sé am go dtí go nglacfar leis an gcoincheap seo ar bhonn náisiúnta. I 2010 méadaíodh iarrachtaí um bithshlándáil mar chuid de phleanáil do Chomórtas Coirn Bhreac an Domhain a bhí le tionól i mí Lúnasa 2010 trí sholáthar na stáisiún glanta a éileamh do bháid a bheadh ag aistriú ó uisce eile go dtí an loch.

Mar chuid den ghné oideachais for-rochtana den chlár seo, rinneadh cur i láthair ar an ábhar seo os comhair an Choiste um Beartais Straitéiseacha ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus ar Chomhairle Cathrach agus ar Chomhairle Contae na Gaillimhe le linn na tréimhse.

Tionscadail Forbartha

Rinneadh líon suntasach de thionscadail forbartha sa tréimhse ar shruthanna thart ar Loch Measca agus Loch Ceara, go háirithe Aibhneacha Bhéal Átha hÉin, Bhaile an Tobair, Bhaile an Bhrúnaigh, an Róba, Bhaile an Róistigh agus Shraith na Long- bhí an clár seo cómhaoinithe ag na clubanna áitiúla slatiascaireachta agus ag Cumann Forbartha Iascaigh an Iarthair.

Bhain an clár seo, a chosain €27,800, torthaí den scoth amach agus léirigh sé an méid is féidir a bhaint amach nuair a chuireann an stát agus clubanna iascaireachta acmhainní measartha chun an éifeacht is fearr.



Abhainn Bhaile an Tobair roimh oibreacha forbartha.



Abhainn Bhaile an Tobair tar éis oibreacha forbartha.

Breac Geal

Chuaigh líon na mbreac geal a fuarthas i léig i gcóras Bhaile na hInse i dtéarmaí mharthanas na bhfionnóg, ach bhí roinnt iasc níos mó ag dul tríd an gcóras, rud a bhí an-mhaith. Ní mór a thabhairt faoi deara arís gur athstocáladh na cásanna le gealóga bradán sa tréimhse, tar éis an easpa bradán a bheith san fheirm bradán in aice leis ar feadh roinnt blianta. Bhí sé suntasach freisin go raibh troisc i ndá shuíomh i mBá Chuan na Beirtrí Buí gan cheadúnas, de réir dealraimh.

Lean an Bord de bheith ag déanamh comhfhreagrais leis an Roinn Talmhaíochta agus Iascaigh maidir le dobharshaothrú na mbradán agus maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistiú, ceadúnú agus rialacháin na bhfeirmeacha bradán sa Réigiún. Scríobh an Bord chuig an Roinn ar thrí ócáid déag ar an ábhar seo.

Earcaíocht Foirne

I rith na tréimhse a fógraíodh lánchosc ag an Roinn Airgeadais ar gach earcaíocht san earnáil phoiblí. Mar gheall air seo, ní raibh an Roinn in ann duine a earcú le cur in áit oibrí ginearálta agus oifigeach iascaigh a chuaigh ar scor i rith na tréimhse. Cailleadh roinnt ball eile a bhí ar chonarthaí sealadacha. I bhfómhar na bliana, fuair an Bord cead le haghaidh roinnt post sealadach, lena n-áirítear Cúntóir Riaracháin agus roinnt post a chaitheamh le sampláil na Creat-Treorach Uisce.

Scor

Le linn na tréimhse, chuaigh Michael Hamrogue ar scor tar éis 26 bliain seirbhíse leis an mBord, é ag obair i Loch Measca agus i Loch Ceara sa Réigiún- bhí 13 bhliain seirbhíse aige roimh ré leis an CIÉ. Chuaigh Paddy Glynn, oifigeach iascaigh in lascach na Gaillimhe, ar scor tar éis 33 bliain seirbhíse leis an mBord. Tugann an Bord buíochas ó chroí do Michael agus do Paddy as a gcuid seirbhíse fada le hiascach an Réigiúin agus leis an mBord.

Seachtain Feasachta Iascaigh

Thar an tréimhse, thionóil an Bord “Seachtain Feasachta Iascaigh”, tionscnamh a tosaíodh ag Bord Réigiúnach Iascaigh na Sionainne. Is tionscnamh í Seachtain Feasachta Iascaigh chun feasacht a ardú ar iascach agus ar an tseirbhís iascaigh sa Réigiún agus leathnaíodh an clár chun a bheith ina ócáid náisiúnta i 2010. Ar an iomlán, thionóil an Bord 30 ócáid sa dá bhliain, lena n-áirítear oscailt oifigiúil Cheanncheathrú na mBord agus rámháiocht do charthanacht ó Loch Ceara, trí Loch Measca agus Loch Coirib chuig Gort an Iascaigh in Oileán an Iarla. Bailíodh níos mó ná €9,000 san ócáid seo le haghaidh Cancer Care West. Bhí gníomhaíochtaí eile chomh héagsúil le hiascaireacht mhara i Leitir Geis, laethanta oscailte in áiteanna éagsúla go turais ar ghorlann bradán Chonga agus cócaireacht éisc in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo agus i Lóiste Eas Liath.



Grúpa daltaí scoile agus Iarbhaí éisc agus feithidí á dtaispeáint dóibh ó shampla srutha ag Oifigeach Iascaigh Kevin Kerrigan

Comhshaol

Le linn na tréimhse sin, ghlac an Bord imeachtaí dlí i gcoinne Chontae na Gaillimhe i ndáil le sladanna ar éisc ar an bhFairche ar an 8 Lúnasa 2008 agus ar an Doirín, ar Abhainn an Chláir i mí an Mhárta 2009. Cuireadh de láimh i 2009 an cás fada i ndáil le sladanna ar éisc i mBaile Átha an Rí ón 19 Iúil go dtí an 26 Iúil i 2006. Bhí na trí ionchúiseamh seo an-tábhachtach maidir le huasghrádú na n-ionad cóireála agus na gcóras cóireála a thabhairt chun tosaigh sna háiteanna seo faoi seach.

Le linn na tréimhse sin, aimsíodh liús freisin sna codanna uachtair de chóras Abhainn an Chnoic in aice le hUachtar Aird. Cé gur chosúil go raibh na héisc lonnaithe ansin ar feadh roinnt blianta, tá an Bord buartha go bhfuil líon an-bheag de bhreac i lochanna ina raibh stoc an-mhór de bhreac donn beag roimh ré. Is mionloch tábhachtach le haghaidh breac donn ó Loch Coirib í Abhainn an Chnoic.

Cumann Forbartha Iascaigh an Iarthair

Lean an Bord de bheith ag obair go dlúth le Cumann Forbartha Iascaigh an Iarthair agus fo-chonraíodh chuig an mBord Iascaigh roinnt tionscadal a bhí déanta ag an

gclub slatiascaireachta agus a bhí maoinithe ag an gCumann Forbartha, agus bhí luach iontach ar airgead mar thoradh air seo. Tugadh cuidiú le holltionscadal ar shruthanna Loch Measc agus Loch Ceara trí dheontas de €19,084 ón gComharchumann agus cuireadh €20,000 eile leis na hoibríochtaí um ghearradh fiailí ar Loch Coirib. Ar an iomlán, tugadh cúnamh deontais de €69,246.98 do níos mó ná 12 thionscadal sa Réigiún. B'ionann na díolacháin scairdheimhnithe agus €13,921.80 agus fuair an Cumann cúnamh deontais de €5,521.86 ón bPríomhbhord Iascaigh don bhliain 2008. Thug deontas an Chumainn an oiread tionscadal agus is féidir chun a chinntiú gur úsáideadh na cistí ar fad roimh lánscore na gComharchumann i mí Aibreáin 2010.

Tabhartas

I Nollaig 2009, fuair an Bord tabhartas ó dhuine gan ainm de 3 leabhar a bhaineann leis an dúshlán dlíthiúil idir muintir Ashworth (Edward agus Thomas) agus Patrick Brown agus 18 freagróir ainmnithe i ndáil le húinéireacht lascach na Gaillimhe. Ceanglaíodh agus ullmhaíodh iad seo i 1861. Chuimsigh na leabhair gach coimre dhlíthiúil i ndáil leis an urghaire a iarradh agus a deonaíodh d'úinéirí an Iascaigh agus leagtar amach sna leabhair stair úinéireachta neamhbhriste an Iascaigh ón mbliain 1228 go 1860. Léiríonn siad cuid an-tábhachtach de stair lascach na Gaillimhe agus tá an Bord thar a bheith buíoch den deontóir gan ainm a chuir iad ar fáil don Bhord trí ghnólacht aturnaetha na Gaillimhe, Desmond Fitzgerald & Sons, Bhearna, Co. na Gaillimhe. Tá dóchas go dtaispeánfar na leabhair i músaem poiblí i nGaillimh nó i gCaisleán an Bharraigh faoi dheireadh.

Foilseacháin

D'athchóirigh an Bord a láithreán gréasáin le linn na tréimhse chun a chinntiú go gcloífeadh sé leis an reachtaíocht um inrochtaineacht. Chríochnaigh an Bord foilsiú na nuachtlitreacha d'Iascaigh na Gaillimhe agus Oirimh chomh maith le bróisiúr agus mapa cúrsa d'Iascaigh Oirimh agus Lóiste Eas Liath. Tá cóipeanna díobh seo ceangailte nó tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird: www.wrfb.ie.

Ráiteas an Chathaoirligh

De réir chinneadh an rialtais i nDeireadh Fómhair 2007, 5180/20/13/0996, chuaigh an Bord i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le gníomhaíochtaí forbartha agus cur chun cinn le linn na tréimhse.

Tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Aithníonn comhaltaí uile an Bhoird agus is dóigh go gcloíonn siad go hiomlán le forálacha an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001 agus an Cód Iompair Ghnó.

Rinne comhaltaí uile an Bhoird a Leasanna a Nochtadh de réir fhorálacha alt 3, Aguisín A, den Chód Cleachtais.

Aithníonn fostaithe uile an Bhoird agus cloíonn siad go hiomlán le forálacha an Chód Iompair Ghnó le haghaidh Fostaithe.

Is féidir na cóid iompair ghnó nuashonraithe a fháil ar iarratas - is féidir cóip de na cóid a rochtain trí láithreán gréasáin an Bhoird.

Tá Cairt Chustaiméirí i bhfeidhm ag an mBord atá le fáil ar a láithreán gréasáin.

Tuarascáil maidir le halt 10.2 den Chód Cleachtais:

Níor chuir aon fhorbairtí suntasacha tráchtála isteach ar an mBord le linn na bliana. Níor bhunaigh an Bord fochuideachtaí ar bith, níor ghlac sé páirt i gcomhfhiontair nó níor cheannaigh sé scaireanna.

Chloígh an Bord leis na nósanna imeachta iomchuí ar fad le haghaidh tuairiscithe airgeadais, iniúchta inmheánaigh, soláthair agus diúscartha sócmhainní.

Tugtar tuairisc freisin sna Ráitis Airgeadais ar chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais de chuid an Bhoird, de réir riachtanais 10.2 (iii) den Chód.

Mar a shonraítear thuas, cuireadh Cóid Iompair Ghnó i bhfeidhm le haghaidh Comhaltaí agus Fostaithe an Bhoird agus cloíodh leo.

Chomhlíon an Bord beartas an rialtais ar phá an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin. Íoctar an CEO ar scála tuarastail Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin do Bhoird Iascaigh Réigiúnacha. Is scála 5 phointe é móide 2 incrimint fhadseirbhíse. Ag deireadh 2009 ba é €89,674 - €111,164 an scála seo - agus bhí an CEO ar phointe 5: €104,437. Ag 30 Meitheamh 2010 laghdaíodh an figiúr seo go dtí €97,417.

Chomhlíon an Bord freisin treoirlínte an rialtais ar íocaíocht de tháillí an stiúrthóra, de thairbhe nach n-íoctar táillí le comhaltaí an Bhoird.

Chomhlíon an Bord gach riachtanas um beartas Taistil.

Ag an bpointe seo, níl aon imeachtaí suntasacha iar-chlár comhardaithe. Síneadh cuntais an Bhoird go dtí tréimhse ocht mí déag suas go dtí lá dílisithe Iascaigh Intíre na hÉireann.

Chomhlíon an Bord Treoirlínte do Luachail agus Bainistíocht de Thograí Caiteachais Caipitil.

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais agus comhlíonann an Bord forálacha an Chóid.

DRÉACHT-CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS NEAMHINIÚCHTA DO NA 18 MÍ GO DTÍ 30 MEITHEAMH 2010

Ioncam	Nótaí	18 Mí dár críoch 30ú Meithimh 2010	Bliain dár críoch 31ú Nollag 2008
		€	€
Ioncam an Oireachtais	1	5,351,917	4,209,185
Ioncam Eile	1	1,300,229	982,469
Glanchistiúchán iarchurtha le haghaidh pinsean	10c	882,196	633,906
		<u>7,534,342</u>	<u>5,825,560</u>
Aistriú ó Cuntais Caipitil	11	216,124	(1,140,336)
		<u>7,750,466</u>	<u>4,685,224</u>
Caiteachas			
Riarachán	3	2,493,371	1,689,293
Oibríochtaí	4	5,046,415	3,579,852
		<u>7,539,786</u>	<u>5,269,145</u>
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		210,680	(583,921)
Barrachas amhail 1ú Eanáir 2009		89,218	673,139
(Easnamh)/barrachas amhail 30ú Meithimh 2010		€ 299,898	89,218

Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt

Ráiteas Misin

Tá an Bord tiomanta do chaomhnú agus forbairt inbhuanaithe iascach intíre, acmhainní slatiascaireachta mara agus sliogéisc mhoileascaigh an réigiúin, agus do bhainistiu na n-acmhainní luachmhara sin ar bhealach as a dtiocfaidh an toradh uasta don gheilleagar áitiúil, ar bhonn inbhuanaithe; agus ionad caithimh aimsire luachmhar mealltach a sholáthar do dhaoine áitiúla ag an am céanna.

Buiséad

B'ionann buiséad an Bhoird don tréimhse 18 mí agus tuairim €5.63m dár soláthraíodh €4.58m ón Státchiste agus an iarmhéid de €1.05m á bailiú ag an mBord trí dhíol na gceadúnas iascaigh, na gceadanna slatiascaireachta, bailiú na rátaí iascaigh srl.

Cosaint agus Caomhnú Iascach

Ag féachaint do líon na n-iascach ríluachmhar bradáin sa réigiún, agus do shainchúram reachtúil an Bhoird, b'amhlaidh a bhain tromlach saothair an Bhoird thar an tréimhse 18 mí le cosaint na n-iascach sin. Rinneadh patról ar gach abhainn mhór ar bhonn rialta d'fhonn a chinntiú go rabhthas ag comhall leis na dlíthe agus rialacháin iascach. Rinneadh patról ar bhonn rialta ar cheantar cósta an réigiúin chomh maith leis na huiscí intíre ar feadh an phríomhshéasúir bhradán, agus RIBí (Báid Inséidte Dolúbtha) an Bhoird ag feidhmiú ina mbeirteanna go ginearálta ar chúiseanna sábháilteachta. Ba bheag fianaise a bhí ann arís de ghníomhaíochta mhídhleathach ar feadh an chósta, ach in ainneoin sin is uile gabhadh 25 líontán mhídhleathacha sa bhliain 2009 ar farraige agus sna huiscí inbhearacha. Gabhadh 18 líontán bhreise le linn na gcéad sé mhí den bhliain 2010 áfach, go mór mór ó inbhir na hAbhann Móire agus na hAbhann Duibhe agus ó Bhá Thulacháin, rud a léirigh gníomhaíocht mhídhleathach mhéadaithe. Ba iad seo a leanas príomhghnéithe gníomhaíochtaí cosanta an Bhoird thar an tréimhse 18 mí.

- Cuireadh 3,249 lá foirne isteach i bpatról ar na huiscí intíre móide 172 patról báid bhreise.
- Bhí 355 ball foirne san iomlán i mbun patról farraige lenar áiríodh 28 patról dhá bhád agus 15 patról aon bhád.
- Cuireadh 300 lá foirne san iomlán isteach sna patróil chósta ar an talamh.
- Rinneadh patról freisin ar iascaigh oisrí an réigiúin, agus tugadh 61 lá foirne dóibhsean.
- Gabhadh 96 líontán mhídhleathacha, de 6,574 slat ar fad.
- Eisíodh 32 Fíneáil ar an Láthair san iomlán.
- Tionscnaíodh ionchúisimh i 28 cás (15 sa bhliain 2009 & 13 chuig 30 Meitheamh 2010) i ndáil le teagmhais iascaireachta mídhleathacha. Taifeadadh ciontuithe do 7 gcás agus díbheadh ceann amháin faoi thráth na tuairisce seo. Níl an fuílleach acu tagtha chun na cúirte go fóill de bharr na ndeacrachtaí a chonacthas le seirbheáil toghairmeacha i roinnt cásanna agus cur ar atráth roinnt cásanna eile ar feitheamh réiteach imeachtaí dlí gaolmhara.
- Forghníomhaíodh ceadúnú, clibeáil bradán, teorainn mála agus rialacháin chuóta ar fud an réigiúin, le seiceáil na leabhar slatiascaireachta/ceadúnais/turasleabhar i 6,852 cás.
- Rinneadh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha fodhlí breise ar iarratas an Bhoird, ag foráil do shíneadh an tséasúir choiscthe bhliantúil do shlatiascaireacht bradán i gcodanna sonracha de Loch Con, Loch Cuilinn agus Abhainn na Daoile idir 1 Feabhra agus 31 Bealtaine do na blianta 2009, 2010 agus 2011 d'fhonn stoic bhradán earraigh a chaomhnú.

Bainistiú na Stoc Bradán

Bainistíodh iascaigh bhradáin an réigiúin de réir beartais an rialtais óna dteastaíonn bainistiú an stoic bhradáin náisiúnta ar bhonn abhantraigh. Tháinig toirmeasc iomlán ar an iascaireacht bradáin ar líon beag aibhneacha, forghníomhú réimeas *Gabhála & Scaoilte* ar roinnt aibhneacha eile agus forghníomhú cuóta ar gach abhainn eile mar thoradh air sin. Bhí an iascaireacht tráchtála sa réigiún teoranta sa bhliain 2009 do 23 Saincheadúnas Líon Tarraingthe Áitiúil arna n-oibriú i mBá Thulacháin, in Iarthar Mhaigh Eo, agus gnáthcheadúnas líon tarraingthe amháin arna oibriú ar inbhear Abhainn na Daraí Duibhe. Ba chomhionann cúrsaí sa bhliain 2010 chuig 30 Meitheamh tráth faoinar eisíodh 22 saincheadúnas líon tarraingthe áitiúil do Bhá Thulacháin agus gnáthcheadúnas líon tarraingthe amháin d'Abhainn na Daraí Duibhe. Chinn CEO an Bhoird thiar sa bhliain 2009 agus CEO Feidhmeach an Bhoird sa bhliain 2010 - i gcomhréir leis an dlí, tar éis comhairliúcháin le Coiste Dúiche Iascach Bhaingear - ar leithdháileadh na gabhála ceadaithe iomláine d'iascairí tráchtála agus do shliatiascairí i ndáil leis an Abhainn Mhór, an Abhainn Dubh agus Abhainn na Daraí Duibhe. Rinne siad cinneadh ar na leithdháiltí aonair d'iascairí tráchtála le ceadúnas chun iascach ar na haibhneacha úd.



Baintear leas as gaiste gealóg ar Abhainn Ghleann na Muaidhe chun stoic bhradáin a mhonatóireacht



Tógadh droichead coise trasna cora cláir ar an Abhainn Mhór chun éascú do sheirbhísiú an trealaimh áirimh iasc ar an gcora féin

Dáileadh na clibeanna ansin i gcomhréir leis na leithdháiltí i ngach aon chás agus rinneadh monatóireacht rialta ar ghabhálacha ar fud an tséasúir chun comhlíonadh leis na leithdháiltí cuóta a chinntiú. I dteannta leis an ról cosanta sonrach a chomhlíonann an Bord, mar a thuairiscítear thuas, ba iad seo a leanas na príomhghnéithe oibre a rinneadh i ndáil le bainistiú na stoc bradán thar thréimhse 18 mí.

- D'eisigh an Bord 5,555 ceadúnas slatiascaireachta bradán agus eisíodh 25 ceadúnas tráchtála iascaireachta bradán sa bhliain 2009. 2,438 ceadúnas slatiascaireachta bradán breise agus 24 ceadúnas tráchtála iascaireachta bradán chuig 30 Meitheamh 2010.
- Leithdháileadh cuótaí d'iascairí tráchtála bradán i gcomhréir leis na rialacháin agus dáileadh clibeanna conablaigh ar gach sealbhóir ceadúnais dá réir.
- Ceadaiodh na ceadúnais tráchtála iascaireachta agus na tásacleabhair ar bhonn rialta chun comhlíonadh le cuótaí a chinntiú.

- Bhainistigh an Bord áiritheoirí iasc ar an nGarbhóg agus ar Abhainn Bhaile Easa Dara i nDúiche Shligigh, ar an Muaidh i nDúiche Bhéal an Átha agus ar an Muinchinn agus an Abhainn Mhór i nDúiche Bhaingear. Ní raibh na háiritheoirí ar an Muaidh ag feidhmiú sa bhliain 2010 de bharr ullmhúchan d'athchóiriú pleanáilte na cora. Rinneadh an t-áiritheoir ar an Abhainn Dubh (Dúiche Bhaingear) a chomhbhainistiú le húinéir iascaigh ar leis an t-ascach ar a bhfuil an t-áiritheoir suite. Cuireadh pleananna chun cinn do shuiteáil áiritheora iasc ar Abhainn na Daraí Duibhe (Dúiche Bhaingear).
- Dréachtaíodh pleananna cuimsitheacha agus fuarthas cead pleanála d'oibreacha athchóirithe agus nuachóirithe fairsinge ar chora bradáin na Muaidhe i mBéal an Átha. Soláthrófar cumas áirimh iasc an-fheabhsaithe leis na saoráidí nua, chomh maith le hathchóiriú an struchtúir reatha, agus éascófar do ghaistiú iasc leo chun críocha eolaíochta nuair is gá. Tugadh an próiseas tairisceana chun críche faoi 30 Meitheamh 2010, agus deonaíodh conradh deartha tógála sa tsúil oibreacha a thosú go luath i mí Iúil, 2010.
- Rinneadh suirbhéanna iascaireachta leictreo don ochtú bliain as a chéile i 2009 ag 35 suíomh innéacs ar an Abhainn Mhór, an Abhainn Dubh, Abhainn Ghleann na Muaidh, Abhainn na Daraí Duibhe agus an Abhainn Gharbh i nDúiche Bhaingear chun monatóireacht a dhéanamh ar stoic na n-iasc óg. Níor cuireadh tús le suirbhéanna na bliana 2010 sa tréimhse a chlúdaítear faoin tuarascáil seo.
- Rinneadh suirbhéanna iascaireachta leictreo don cheathrú bliain as a chéile sa bhliain 2009 ag 23 suíomh innéacs i nDúiche Bhéal an Átha (Abhantrach na Muaidhe den chuid is mó) d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar stoic iasc, agus cuireadh tús le clár comhchosúil den chéad uair i nDúiche Shligigh le 16 suíomh á n-iascach go leictreo. Níor cuireadh tús le suirbhéanna na bliana 2010 sa tréimhse a chlúdaítear faoin tuarascáil seo.
- Rinne foireann an Bhoird suirbhé 5 nóiméad ag 135 suíomh ar fud an réigiúin sa bhliain 2009 mar chuid de chlár ar fud na tíre chun measúnú a dhéanamh ar stoic bhradáin óg i gcórais abhann éagsúla. Níor cuireadh tús le suirbhéanna na bliana 2010 sa tréimhse a chlúdaítear faoin tuarascáil seo.

- Chuir foireann an Bhoird 48 lá foirne isteach in oibriú áiritheora gealóg ar an Daoil d'fhonn gluaiseacht na ngealóg a mhonatóireacht ar an gcraobh-abhainn mhór seo don Mhuaidh.
- Bhí gaiste gealóg i bhfeidhm freisin le linn na bliana 2009 ar Abhainn Ghleann na Muaidhe (féach an picitiúr) d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseacht na ngealóg ar an abhainn sin atá faoi bhun a teorann caomhnaithe do stoic bhradán agus inar infheistigh an Bord neart acmhainní le blianta beaga anuas. Imlonnaíodh an gaiste ar Abhainn Ghleann na Muaidhe idir mí Aibreáin agus tús mhí an Mheithimh sa bhliain 2010, ach níor taifeadadh aon ghealóg leis de bharr leibhéil an uisce bhí rí-íseal.

Forbairt agus Feabhsú Iascach

Chuaigh an Bord i mbun réimse oibreacha feabhsúcháin agus forbartha a bhí dírithe go príomha ar fheabhsú na stoc geal agus bradán agus ar sholáthar rochtana ní b'fhearr do shlatiascairí ar iascaigh. Rinneadh roinnt oibre freisin chun stoic liúis a fheabhsú ar iascaigh roghnaithe agus chun rochtain ar gharbhiascaigh a fheabhsú. Ba iad seo a leanas na príomhghnéithe den saothar a rabhthas ina bhun:-

- Chuathas i mbun céime breise de réiteach tor ar bhruach Abhainn an Chrompáin, ar craobh-abhainn sceathraí agus naíolainne thábhachtach í i gcóras Abhainn na Daraí Duibhe/Loch Bhéal Trá. Baineadh leas as buaintoir foraoise chun rosán a réiteach ar feadh achar 4.2km abhainn agus crainn leagtha a bhaint den abhainn í féin.
- Chuathas i mbun céime breise d'oibreacha feabhsúcháin ar feadh achar 3.2km d'Abhainn Shraithe na Pláighe leis na cistí a soláthraíodh ón gCiste Caomhnúcháin Bhradán, ar craobh-abhainn d'Abhainn Ghleann na Muaidhe in Iarthuaisceart Mhaigh Eo. Bhain na hoibreacha den chuid ba mhó d'athchóiriú bruach abhainn droch-chreimthe agus de chruthú gnáthóige do bhric agus bradáin óga chomh maith le feabhsú na gcodanna sceathraí den abhainn.



Saothar ar bun i leith atógáil bhruacha Abhainn Shraith na Pláighe, ar craobh-abhainn d'Abhainn Ghleann na Muaidhe í, in iarthuaisceart Mhaigh Eo, tar éis blianta de ghéarchreimeadh bruaigh.

- Chuathas i mbun oibreacha feabhsúcháin sna leapacha sceite i gcearnaí eile de Dhúiche Bhéal an Átha, ar Abhainn Chluanach Mór agus ar Abhainn Bhaile an Ghleanna, leis an mbeirt acu faoi bhun a dteorann caomhnaithe do stoic bhradán. Rinneadh oibreacha ar ní ba mhó ná 500 méadar de chainéal abhann ar Chluanach Mór agus timpeall 50 méadar ar Bhaile an Ghleanna.



Tógtar suíomh nua ar feadh na Muaidhe, in aghaidh srutha ó Bhéal an Átha, chun rochtain do shlatiascairí a fheabhsú

- Feabhsaíodh an rochtain ar feadh Abhainn na Muaidhe a thuilleadh freisin, le cuid den saothar sin á dhéanamh i gcomhar le Cumann Slatiascairí Bradán Bhéal an Átha. Tógadh 13 dreapa nua agus 9 droichead coise nua agus deisíodh 4 dhreapa eile le linn na bliana 2009. Leanadh ar aghaidh leis an saothar sin sa bhliain 2010 agus tógadh 4 dhroichead breise agus dreapa mór amháin eile.
- Rinneadh saothar réitigh bhruaigh fhairsing i gcodanna éagsúla d'abhantrach na Muaidhe le cúnamh Scéim Fostaíochta Pobail FÁS. Réitíodh ní ba mhó ná 22 km ró-rosáin den bhruch abhann/srutháin, agus baineadh 24 bac d'aibhneacha sa bhliain 2009. Réitíodh 2.4 km breise ró-rosáin de chainéal, agus baineadh 4 bhac sna sé mhí chuig 30 Meitheamh 2010.



Táthar ag tabhairt oibre chun críche ar thógáil cora guairneáin ar Abhainn Raithneacháin, ar craobh-abhainn d'Abhainn Bhaile Easa Dara i gCo. Shligigh í.

- Chuathas i mbun céime breise d'oibreacha feabhsúcháin ar chóras Abhainn Bhaile Easa Dara le cabhair ón gcistiú arna soláthar ag Ballysadare Fishing Club Ltd. Díródh na hoibreacha ar Abhainn an Raithneacháin, ar craobh-abhainn sceathraí agus naíolainne thábhachtach den chóras í. Feabhsaíodh beagnach 5 km de chainéal abhann san iomlán lenar bhain réiteach rosáin thiubh, baint na mbac, tógáil coraí guairneáin, tabhairt isteach gairbhéil agus feabhsú na leapacha sceite dá raibh ann.
- Rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar feadh chodán 520 méadar d'Abhainn na Cloiche Brice, ar craobh-abhainn Loch Con í. Áiríodh leis na hoibreacha athshuiteáil bruach abhann géar-chreimthe le harmúr carraige agus cruthú linnte agus scaoileadh gairbhéil bhalctha. Rinneadh oibreacha feabhsúcháin bhreise ar an abhainn seo le cúnamh ó Oifig na nOibreacha Poiblí.
- Tugadh isteach gairbhéal sceite sna codanna íochtaracha de Shruthán Thoraigh Bhán agus *Browne's Stream*, atá laistigh de dhobharcheantar Loch Con freisin.



I mbun oibre ar chosaint bhrúach Shrutháin na Cloiche Brice, ar craobh-abhainn Loch Con í

- Chuathas i mbun oibreacha cosanta bruaigh thar achar gairid (60 méadar) den lascaigh ag lúb ina raibh géarchreimeadh bruaigh ag tarlú. Rinneadh oibreacha feabhsúcháin insrutha ar achar 300 méadar ag an áit chéanna.
- Lean rialáil na stoc liús ar na príomh-iascaigh bhreac ar aghaidh mar ghé thábhachtach de shaothar an Bhoird. Tugadh 605 lá foirne san iomlán don ghníomhaíocht sin, ónar tháinig baint 2,847 liús, de mheáchan 6,404 kg (2.25 kg an meán). Athstocáladh 1,826 liús díobh siúd, de mheáchan 4,213kg (2.31 kg an meán) sna hiascaigh liús sa réigiún.
- Chonacthas leibhéal uisce rí-íseal ar an Daoil i mí an Mheithimh 2009 - in ainneoin an samhradh bheith fíor-fhlich trí chéile - a bhfuil neart súmairí inti i lár chúrsa na habhann. Tharrtháil an fhoireann nach mór 3,000 breac agus bradán d'fhonn bás na n-iasc a sheachaint, agus tugadh chun cuid íochtarach den abhainn iad. Tarrtháladh 5,250 salmainid eile i mí an Mheithimh 2010, agus coisceadh na súmairí ar feadh achar 100m den Daoil agus cuireadh sreabhadh san abhainn arís. Tarrtháladh 531 breac breise i ndobharcheantar Loch Arbhach le linn na tréimhse uisce íseal i mí na Bealtaine 2010.

- "Bearradh" ní ba mhó ná 1,000 breac sa bhliain 2009 ón Abhainn Bheag agus aistríodh isteach i Loch Arbhach iad (an dobharcheantar céanna) d'fhonn borradh a thabhairt do stoic bhreac fiáin sa loch. Bearradh 849 breac breise faoin gclár sin chuig mí an Mheithimh 2010 agus scaoileadh saor isteach i Loch Arbhach freisin iad.



**Athchúrsáiltear sean-chuisneoir agus leas á bhaint as mar mhion-aonad goir ar Shruthán an Chartrúin,
Loch Arbhach**

- D'oibrigh an Bord dhá aonad goir bhreac bheaga arís ar shruthanna i ndobharcheantar Loch Arbhach. Baineadh leas as na haonaid, arna n-athchúrsáil ó chuisneoirí as úsáid, chun breac a ghor i gcodanna den sruthán mar ar bheag sceathrach nádúrtha a tharla (féach an pictiúr). Scaoileadh saor 6,000 gilidín breac san iomlán (rathúlacht goir 70%) isteach i bhfo-shruthanna Loch Arbhach roghnaithe.

- Stocáladh ocht n-iascach sa réigiún le breac arna dtógáil i ngorlann le linn na tréimhse 18 mí. Scaoileadh saor 6,350 breac donn aosta san iomlán agus stocáladh 15,754 breac dea-dhathach d'aoiseanna éagsúla freisin.



Géiteoga breac nua-ghortha, le saic an bhuíocáin ceangailte leo, ag snámh san aonad goir

- Feabhsaíodh rochtain na slatiascairí go luath sa bhliain 2010 freisin ag Loch na Leibe mar ar tógadh trí dhroichead nua agus ar Abhainn Dhroim Chliabh mar ar tógadh trí dhreapa de chineál dréimire.
- Feabhsaíodh an rochtain ag báid ar Loch Muc (gar do Bhéal Easa) trí fheabhsú an fhánáin atá ann agus trí íslíú ghrinneall an locha in aice leis an bhfánán.
- Chonacthas rith measartha luathóg chun na Muaidhe leis na rabhartaí amach i mí Aibreáin 2010 mar chuid den chlár monatóireachta luathóg bliantúil ar an Muaidh. D'éirigh le foireann an Bhoird 6.5kg de luathóga a ghabháil, a iompraíodh in aghaidh srutha agus a scaoileadh saor ag ionaid éagsúla timpeall Loch Con.

Cosaint na Cáilíochta Uisce

Ba ghné fhíor-thábhachtach de shaothar an Bhoird í cosaint cháilíocht an uisce le linn na tréimhse. Leanadh ar aghaidh le himlonnú bheirt bhall foirne ar bhonn lánaimseartha do chosaint agus monatóireacht cháilíocht an uisce agus do chosc an truailithe san uisce. Leanadh ar aghaidh i gcaitheamh na bliana le clár cuimsitheach samplála; agus anailís á déanamh ar na samplaí i saotharlann an Bhoird i mBéal an Átha. Na forbairtí a bhféadfadh tionchar bheith acu ar cháilíocht uisce; rinneadh lánchinnte de go ndeachthas ina mbun ar bhealach éigin ina gcoiscfí nó ina n-íoslaghdófaí an tionchar úd. Rinneadh monatóireacht ar iarratais phleanála, agus taisceadh moltaí i ndáil leis na forbairtí a bhféadfadh cumas bheith acu tionchar diúltach a fheidhmiú ar uiscí. Cosúil leis sin, rinneadh cíoradh ar thograí um fhorbairtí foraoiseachtaí agus taisceadh moltaí leis na húdaráis ábhartha de réir mar ba chúil. Chuathas i gcomhairle leis an mBord, i gcomhréir leis na ceangaltais reachtúla, i ndáil le hoibreacha bonneagair éagsúla, lena áiríodh mórthionscadail bhóithre, agus chuaigh foireann an Bhoird i gcomhthadhall dlúth leis an bpearsanra ábhartha sna húdaráis Áitiúla, leis an NRA agus le cuideachtaí comhairleachta innealtóireachta éagsúla maidir le bearta éigeantach chun doirteadh siolta agus díobháil fhéideartha eile d'iascaigh a íoslaghdú. Ba iad seo a leanas príomhghnéithe de shaothar an Bhoird i ndáil le cosaint agus le cáilíocht an uisce le linn na tréimhse 18 mí:

- Bailíodh agus rinneadh anailís ar 1,517 sampla uisce san iomlán taobh istigh de shaotharlann an Bhoird.
- Rinneadh anailís sheachtrach don Bhord ar 44 sampla breise, arna mbailiú ag an bhfoireann, agus bailíodh 180 sampla breise lena gcur ar aghaidh chuig saotharlann an Phríomh-Bhoird Iascaigh mar chuid de chlár mhonatóireachta fadtéarmacha do Lochanna Con agus Arbhach, a bhfuiltear ina mbun le breis agus 30 bliain anuas.
- Rinneadh measúnú ar 131 iarratas pleanála san iomlán, agus taisceadh moltaí de réir mar a measadh bheith cuí do chosaint cháilíocht an uisce. Thaisc an Bord trí achomharc leis An Bord Pleanála i ndáil le forbairtí ar thug na húdaráis

Áitiúla cead pleanála dóibh. B'amhlaidh i gcás amháin a áiríodh coinníollacha a d'iarr an Bord leis an gcinneadh cead a thabhairt. Diúltaíodh do chead sa dara cás agus níor seasadh le hachomharc an Bhoird sa treas cás ar chúiseanna teicniúla.

- Rinneadh iniúchadh ar sheacht ráiteas um measúnacht tionchair thimpeallachta agus rinneadh aighneachtaí de réir mar ba chuí.
- Breithníodh ceithre iarratas déag ar cheadúnais sceite eisiltigh, agus rinneadh aighneachtaí de réir mar a measadh bheith cuí arís do chosaint cháilíocht an uisce.
- Fuarthas agus fiosraíodh 120 tuairisc truaillithe san iomlán agus glacadh beart leantach i leith gach cás.
- Eisíodh litreacha foláirimh i 36 cás, agus ba rí-éifeachtach iad sin trí chéile agus na ciontóirí ag glacadh birt iomchuí i mbeagnach gach aon chás.
- Thug an Bord ionchúiseamh rathúil in aghaidh úinéara talún i ndáil le teagmhas tromchúiseach truaillithe uisce.
- Rinne foireann an Bhoird iniúcadh ar 149 feirm sa réigiún. Glacadh bearta leantacha de réir mar ba ghá lena áiríodh litreacha foláirimh a eisiúint de réir mar a bhí a leithéid de dhíth.
- Chuathas i mbun 83 iniúchadh san iomlán ag gléasraí cóireála dramhuisce i gcodanna éagsúla den réigiún. B'ábhar buairimh don Bhord a bhí i ngléasra fíor-sheanda ag Coillte Mach (abhantrach na Muaidhe), agus síníodh do thógáil gléasra nua ag Coillte Mach sa bhliain 2009 tar éis go leor blianta de bhrú ón mBord agus ón bpobal áitiúil, agus bhí an obair go maith chun cinn ar thógáil an ghléasra nua faoi 30 Meitheamh 2010.
- Rinneadh monatóireacht ar oibreacha bonneagair éagsúla agus chuathas i mbun 59 iniúchadh san iomlán lena chinntiú nach raibh tionchar díobhálach ag na hoibreacha úd ar cháilíocht an uisce. Glacadh beart leantach i ngach aon chás de

réir mar ba ghá, agus b'iondúil gur glacadh beart iomchuí chun díobháil d'iascaigh a chosc.

- Rinneadh iniúchtaí ginearálta ag 51 ionad san iomlán lenar bhain bagairt, nó bagairt fhéideartha, do cháilíocht an uisce; agus glacadh beart leantach de réir mar ba ghá i ngach aon chás.
- Rinneadh monatóireacht ar na tionchair ar cháilíocht an uisce ag eascairt as an Tionscadal mór do Gháscheantar na Coiribe. Bhí Príomhfheidhmeannach an Bhoird sa chathaoir ar dhá choiste arbh iad a bhfeidhmeanna monatóireacht a dhéanamh i ndáil le (a) tógáil fhoirgneamh an chríochfoirt ag Béal an Átha Buí agus (b) an phíblíne "in aghaidh srutha" isteach ón bhfarraige chuig an gcríochfort féin. D'fheidhmigh an dá choiste go sásúil agus bhain an-saoráid leo d'éascú mhalartú an eolais agus fhaisnéisiú gach páirtí maidir leis an dul chun cinn ar an tionscadal.
- Bhí baint dhíreach ag an mBord le forfheidhmiú na Creat-Treorach Uisce i nDúiche Abhantrach an Iarthair. Bhí CEO Cúnta an Bhoird ina bhall den Choiste Bainistíochta don tionscadal sin agus ghlac foireann an Bhoird rannpháirt i suirbhéanna, a bhain le forfheidhmiú na Treorach, ar dhá loch (Loch Arbhach agus Loch Cuilinn) agus ar thrí abhainn (An Uinsinn, Abhainn Dhún Néill & An Gabhlán) sa bhliain 2009 agus trí shuirbhé abhann breise chuig 30 Meitheamh 2010.

Cur chun Cinn agus Margaíocht na Slatiascaireachta

Chuir an Bord béim chuimsitheach ar chur chun cinn agus margaíocht iascach an réigiúin. Pléadh le fiosruithe slatiascaireachta, táirgeadh tuairiscí slatiascaireachta seachtainiúla, freastalaíodh ar sheónna trádála thar sáile agus éascaíodh d'iriseoirí slatiascaireachta. Thacaigh an Bord le roinnt imeachtaí slatiascaireachta agus chun a chlár *Something Fishy* a mhéadú a thuilleadh sna bunscoileanna. Maidir leis an litir úd, ba chúis áthais don Bhord gurbh í Scoil Náisiúnta Bhréach Mháigh, Béal an Átha, a bhuaigh an gradam náisiúnta *Something Fishy 2009* dá tionscadal, an dara bua as a chéile don réigiún san imeacht sin. Ba iad seo a leanas príomhghnéithe de ghníomhaíochtaí an Bhoird i leith chur chun cinn agus mhargaíocht iascach an réigiúin:



Slatiascaire óg ag cleachtadh a theilgin faoi shúil ghrinn baill fhoirne agus teagascóra teilgin cháilithe, Declan Hughes, i rith an Lá Teilgin Bhréagchuile arna réachtáil ag an mBord mar chuid de sheachtain Fhéile Bradán Bhéal an Átha



Daltaí Scoil Náisiúnta Bhréach Mháigh, sa phictiúr ag oifig an Phríomh-Bhoird lascaigh in éineacht le roinnt dá n-oidí agus le feidhmeannaigh ón bPríomh-Bhord féin, le Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt agus le hIonad Oideachais Mhaigh Eo, tar éis don scoil an Gradam Náisiúnta Something Fishy a fháil



Bainisteoir Eolais Iascach an Bhoird, Markus Muller, ag scaipeadh eolais ar an tsliatiascaireacht in iarthar na hÉireann ag seó trádála thall sa Ghearmáin

- Pléadh le 828 fiosrú slatiascaireachta san iomlán i gcaitheamh na tréimhse; fuarthas iad siúd thar an nguthán, i bhfoirm ríomhphoist agus litreach chomh maith le cuairteoirí i bpearsa chuig ceanncheathrú an Bhoird i mBéal an Átha.
- Dáileadh treoracha slatiascaireachta, bileoga eolais agus ábhair eile mar fhreagra ar 440 de na fiosruithe thuas.
- Tionsaíodh 50 tuairisc slatiascaireachta trí chéile, agus dáileadh iad sin ar na meáin áitiúla agus náisiúnta chomh maith lena gcur ar láithreán gréasáin an Bhoird agus lena gcur ar aghaidh chuig an Phríomh-Bhord Iascaigh lena n-áireamh sna tuairiscí náisiúnta.
- Cuireadh 43 fógra san iomlán i bhfoilseacháin slatiascaireachta in Éirinn agus thar sáile le spreagadh a thabhairt do shliatiascairí teacht chun an réigiúin ar chuairteanna iascaireachta.
- Freastalaíodh ar thrí imeacht trádála dhéag le linn na bliana lenar áiríodh seónna i SAM, sa RA, sa Ghearmáin, sa Fhrainc, san Ollainn agus in Éirinn.

- D'óstáil an Bord cuairteanna ag ochtar iriseoirí slatiascaireachta ó chúig thír thar sáile sa bhliain 2009. Óstáladh 8 iriseoirí breise go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2010. Soláthair foireann margaíocht an Bhoird tacaíocht agus treoir de réir mar ba chuí, chomh maith le hiascaireacht, báid, giollaí srl. a shocrú. Foilsíodh roinnt alt den scoth um shlatiascaireacht sa réigiún in irisí na mór-roinne mar thoradh ar na cuairteanna úd.
- Tháinig táirgeadh DVD Gearmáinise 60 nóiméad ar fhad ó cheann amháin de na cuairteanna thuasluaite, faoin bhflaoidireacht sa réigiún. Chonacthas iascaireacht sa DVD seo ag dhá ionad ar an Muaidh, an Iascaigh, ar an Abhainn Mhór agus an Abhainn Dubh agus ar Loch Cheathrú Mór i mBaingear Iorrais.
- Tháinig an Bord trí fhoilseachán slatiascaireachta nua i gcaitheamh na bliana. Ullmhaíodh agus foilsíodh treoir don ghéimiascaireacht i gCo. Shligigh agus Máguaird den chéad uair. D'fhoilsigh an Bord Treoir nua don tSlatiascaireacht Farraige i gcomhar le Ciste Margaíochta Mhaigh Eo Thuaidh, táirgeadh bileog chun Béal an Átha a chur i mbéal an phobail tar éis a ainmniúcháin mar Phríomhchathair Bradán na hÉireann thiar sa bhliain 2008.
- Tar éis dó Staidéar Féidearthachta a choimsiúnú ar an bhféidearthacht Ionad Beatha Bradáin a bhunú i mBéal an Átha ab amhlaidh a d'aistrigh an Bord príomhfhreagracht as an tionscadal sin do Chomhairle Contae Mhaigh Eo i 2008 arae gur measadh cuid den tionscadal bheith lasmuigh de shainchúram an Bhoird. Choinnigh sé air ag saothrú leis an gComhairle féachaint leis an tionscadal seo a fhorbairt. Bhí an Chomhairle ag réiteach faoi dheireadh na bliana cuireadh a thabhairt do nochtadh spéise ó úinéirí maoinne ar spéis leo suíomh oiriúnach a sholáthar don tionscadal sa cheantar atá molta do Cheathrú Bradán. Thaisc roinnt páirtithe leasmhara nochtadh spéise ag éirí as an méid sin sa bhliain 2010.
- D'eagraigh an Bord lá teilgin bhréagchuile ar bhruach na Muaidhe mar chuid d'Fhéile Bradán Bhéal an Átha don bhliain 2009, ina bhfacthas roinnt teagascóirí teilgin cháilithe ag soláthar teagaisc slatiascaireachta saor in aisce agus ag tabhairt taispeántas in oilteacht an teilgin chianda srl. D'éirigh go han-mhaithe leis

an imeacht in ainneoin na haimsire doineanta, agus is dóichí go mbeidh sí ina gné rialta de chlár na féile. D'eagraigh an Bord "Oíche le Saineolaithe Bradán" mar rannchur eile leis an bhFéile, inar thug roinnt saineolaithe aitheanta cur i láthair i leith gnéithe den bhainistiú bradán. Sholáthair an Bord lá iascaireachta do shlatiascairí óg ar limistéar iascaireachta ceadaithe na hArdeaglaise d'Iascach na Muaidhe le linn seachtain na féile.

- D'eagraigh an Bord nó thug sé tacaíocht dhíreach d'ocht n-imeacht slatiascaireachta óige sa bhliain 2009 lenar bhain 251 rannpháirtí ag ionaid idir Loch an Dúin, Co. Liatroma, agus Loch Bhaile an Locha, in aice le Cathair na Mart i gCo. Mhaigh Eo. Eagraíodh roinnt de na himeachtaí úd chun tarlú in éineacht le Seachtain Feasachta Iascach inar ghlac an Bord rannpháirt i dteannta le Boird Iascaigh eile i mí Mheán Fómhair na bliana 2009. Ghlac 128 daoine óga breise rannpháirt sna himeachtaí arna n-eagrú mar chuid den tSeachtain Feasachta Iascach 2010.

- Reáchtáil an Bord Seachtain Feasachta Iascach fhíor-rathúil i mí na Bealtaine 2010. Eagraíodh 18 imeacht san iomlán agus cuireadh tús le himeachtaí na seachtaine le lá oscailte ag Ceanncheathrú an Bhoird i mBéal an Átha mar ar tugadh an deis don phobal súil a chaitheamh ar thaispeántais stairiúla i leith Iascach na Muaidhe i measc nithe eile is díol spéise. Áiríodh le himeachtaí fíor-rathúla eile turais ar Inbhear na Muaidhe agus ar Abhainn na Garbhóige/Loch Gile, cúrsaí tosaigh sa tslatiascaireacht farraige ar Chuan Chill Ala agus Cuan an Inbhir, cúrsaí tosaigh san Fhlaidireacht do shlatiascairí ban agus imeachtaí garbhiascaireachta agus slatiascaireachta breac dea-dhathach. Ghlac 413 duine, idir óg agus aosta, rannpháirt sa réimse imeachtaí a eagraíodh.

- Cothabháladh agus feabhsaíodh láithreán gréasáin an Bhoird i gcaitheamh na bliana. Baineadh leas as ceamara gréasáin in athuair chun pictiúir fhíor-ama de Linn an Droma, An Mhuaidh a tharchur ar an láithreán, ar gabhadh 137,076 amas chun cuairte air i gcaitheamh na bliana, ar mhéadú 64% ar an mbliain 2008 é. Fuair an láithreán 79,341 amas cuairte le linn na gcéad sé mhí den bhliain 2010, ar mhó nach mór 16% é ná a leath de na cuairteanna a taifeadadh thiar sa bhliain 2009. Threisigh an úsáid mhéadaithe a bhaintear as an láithreán an tábhacht

a bhaineann leis an idirlíon mar mheán do chur chun cinn agus margaíocht na slatiascaireachta.

- Rinneadh anailís ar dhíolacháin na gceadúnas slatiascaireachta bradán sa réigiún le linn 2009 chun bunús na slatiascairí a cheannaigh ceadúnais a fháil amach. Dhíol an Bord 5,555 ceadúnas san iomlán, agus é sin mar laghdú 10% ar fhigiúr 6,158 na bliana 2008. Measadh gurbh iad na leibhéil uisce rí-arda a chonacthas le linn an phríomhshéasúir ba chionsiocair leis an laghdú sna díolacháin, as ar tháinig coinníollacha slatiascaireachta mí-oiriúnacha. As na díolacháin cheadúnais go léir ab amhlaidh a cheannaigh slatiascairí ó lasmuigh den réigiún 67% díobh, agus ba cheannaitheoirí ó lasmuigh den Phoblacht iad 42% díobh, agus cheannaigh slatiascairí ó lasmuigh de na 32 contae 29% den iomlán. Tháinig slatiascairí ó 26 tír thar lear agus ó Thuaisceart Éireann freisin, leis an líon slatiascairí ba mhó ag teacht ó Shasana, ón bhFrainc agus ón nGearmáin. Tugtar anailís ar threochtaí sna díolacháin cheadúnais slatiascaireachta bradán ina n-iomláine sa tuarascáil iomlán BIRIT don bhliain 2009. B'ionann díolacháin na gceadúnas slatiascaireachta bradán do na chéad 6 mhí den bhliain 2010 agus 2,642, agus ní féidir comparáid a dhéanamh leis an mbliain 2009 ach amháin ag deireadh na bliana.

- Comhlíonadh dhá thuras allamuigh déag a bhain leis na 12 scoil i gContae Mhaigh Eo a ghlac rannpháirt sa chlár Something Fishy 2009/2010.

Bainistiú na nIascach Boird

Ba é an Bord a bhí freagrach go díreach as bainistiú roinnt iascach stáit a bhí faoina riail. Iascach na Muaidhe, ag Béal an Átha, agus Iascach Chluain Gaoith, ar an Muaidh freisin, ab ea na cinn ba thábhachtaí díobh siúd. Bhí an Bord i mbun bainistíochta ar roinnt lochanna breac ar fud an réigiúin freisin. Ba iad seo a leanas na príomhghnéithe dá ghníomhaíochtaí maidir le bainistiú na n-iascach thar an tréimhse 18 mí:

- Leithdháileadh an tslatiascaireacht ar an Muaidh i gcomhréir le critéir an Bhoird do leithdháileadh na slatiascaireachta ar an iascach, rud a nuashonraíodh thiar i mí na Nollag 2008. Eisíodh 673 tairiscint slatiascaireachta san iomlán i ndáil le

1,871 lá slaite sa bhliain 2009. D'fháiltigh an t-iascach roimh 2,498 slatiascaire san iomlán ó 18 tír sa bhliain 2009, agus ghabh siad 1,711 bradán, ar laghdú 29% ón mbliain 2008 é, nach raibh ina bliain rathúil don iascach ach an oiread. Chuaigh leibhéil uisce arda seasmhacha i bhfeidhm go mór don treas bliain as a chéile ar an iascaireacht don treas bliain as a chéile. Díoladh 1653 slat ar iascach na Muaidhe sna chéad sé mhí den bhliain 2010.

- D'eisigh an Bord 1,093 cead san iomlán sa bhliain 2009 i ndáil le hiascach Chluain Gaoith, ar mhéadú 24% ón mbliain 2008 é. Táirgeadh gabháil iomlán 288 bradán i gCluain Gaoith, ar mhéadú 15% ar an séasúr roimhe sin í. Rinneadh 834 lá slaite d'iascaireacht ar iascach Chluain Gaoith chuig 30 Meitheamh 2010.
- Oibríodh socrúcháin áirithintí ar gach iascach de chuid an Bhoird agus soláthraíodh báid lena gcur in áirithe ar roinnt lochanna. Díoladh 4,192 lá slaite san iomlán i ndáil le hiascaigh arna mbainistiú ag an mBord sa bhliain 2009 i gcomparáid le 4,409 lá slaite sa bhliain 2008, ar laghdú 5% í. Díolacháin cheada laghdaithe ag iascach na Muaidhe is cúis leis an laghdú, iascach a d'fhulaing go dona mar thoradh ar leibhéil arda seasmhacha uisce. B'ionann líon na laethanta slaite iomlána ar iascaigh arna mbainistiú ag an mBord agus 2,818 do na chéad sé mhí den bhliain 2010.
- Tháinig ioncam ó fhrúiliú cheada agus báid chuig €212,902 san iomlán sa bhliain 2009 i gcomparáid le €233,724 sa bhliain 2008, ar laghdú 9% é; tharla an laghdú den chuid ba mhó de bharr díolachán cheada laghdaithe ar iascach na Muaidhe de dheasca coinníollacha slatiascaireachta mí-oiriúnahca ag teacht ó na leibhéil uisce arda. Tháinig €6,530 d'ioncam breise ó cheadúnú na n-iascach Boird le cumainn slatiascaireachta. Tháinig costas na gceadanna agus an fhrúilithe báid chuig 30 Meitheamh 2010 chuig beagnach €142,000.
- Thug an Bord, i gcomhar le Comhairle Baile Bhéal an Átha, páirtchistiú 50% de na costais a bhain le hathchóiriú bhalla na Muaidhe ag Sráid Emmett i mBéal an Átha. Glanadh an balla a leanann ar feadh Limistéar Iascaireachta Ceadaithe na hArdeaglaise de chuid iascach na Muaidhe, agus athchuireadh cloch bhriste agus

clocha in easnamh agus a athphointeáil. Chuir na hoibreacha go mór le dreach an bhalla, a bhí tar éis éirí mí-mhaiseach.

GABHÁLACHA ÉISC AGUS SLATIASCAIREACHT

Iascaireacht Tráchtála Bradán

I gcomhréir le forálacha na Rialachán um an Scéim Clibeála Bradán agus Breac Geal Fiáin, 2008 agus 2009, leithdháileadh cuóta 2,000 bradán do na blianta 2009 agus 2010 do shealbhóirí 23 Saincheadúnas Áitiúil Líon Tarraingthe ar inbhir na hAbhann Móire agus na hAbhann Duibhe, agus cuóta breise beag arna leithdháileadh do shealbhóirí ceadúnais líon tarraingthe ar inbhear Abhainn na Daraí Duibhe. B'amhlaidh arís a chuaigh na himthosca tuilte i bhfeidhm ar an iascaireacht lín tharraingthe, in ainneoin síneadh an tséasúir iascaireachta tráchtála chuig lár mhí Lúnais, agus níor éirigh leis na sealbhóirí ceadúnais ach 1,107 bradán a ghabháil. Faightear mionsonraí na ngabhálacha tráchtála agus slaite don bhliain 2009, chomh maith le grafaicí a léiríonn treochtaí agus gabhálacha, i dtuarascáil iomlán an BIRIT don bhliain 2009. Bhí an iascaireacht bradán tráchtála don tréimhse idir 12 Bealtaine agus 30 Meitheamh 2010 go done den chuid ba mhó de bharr na gcoinníollacha uisce rí-íseal a bhí i réim ar feadh na tréimhse.

Slatiascaireacht Bradán

Chonacthas leibhéil uisce rí-arda le linn an tséasúir shlatiascaireachta bradán sa bhliain 2009 don treas bliain as a chéile, agus tionchar díobhálach acu siúd, i dteaghlaim le moill breise i dteacht phríomhrith na mbláthán, ar an tslatiascaireacht. Bhí tionchar rídhiúlatach ag uisce ard seasmhach ar lascach na Muaidhe ag Béal an Átha óir an fhlaidireacht bheith dodhéanta ar feadh an chuid ba mhó den séasúr chuici. Bhí an príomhrith bláthán an-mhall arís ag teacht chuig an Abhainn Mhór, ónar tháinig séasúr slatiascaireachta cuibheasach gearr ar an abhainn úd. Ar an láimh eile de, chonacthas séasúr den scoth ag lascach Bhaile Easa Dara, agus rití maithe d'éisc earraigh agus blátháin ag soláthar slatiascaireachta den scoth ar feadh an chuid ba mhó den séasúr, cé go ndeachaigh an t-uisce ard i bhfeidhm go measartha ar an lascach freisin. B'inchomparáide na rití iasc chuig an Abhainn Dubh chuig 30 Meitheamh 2010 leis an mbliain 2009, ach bhí an rith iasc chuig an Abhainn Dubh síos go maith de bharr uisce íseal sheasmhaigh. Chonacthas rith maith bradán ag lascach Bhaile Easa Dara chuig 30 Meitheamh 2010, ach bhí líon mór bradán

sáinnithe sna codanna íochtaracha den abhain agus i gCainéal Bhaile Easa Dara mar gheall ar an uisce íseal in aghaidh srutha ó na heasanna.

B'ionann an ghabháil iomlán bradán a taifeadadh ar an Muaidh sa bhliain 2009 agus 7,310 bradán, i gcomparáid le 7,392 sa bhliain 2008, ar laghdú díreach 1% í. Is ionann an mheánghabháil bhliantúil ar an Muaidh don tréimhse chúig bliana dar críoch an bhliain 2009 agus 8,295, atá mar thoradh fíormhaith os coinne caighdeáin ar bith. B'ionann an ghabháil iomlán bradán le slat i nDúiche Bhaingear agus 1,347 iasc, ar mhéadú 1% é le figiúr na bliana 2008, agus b'ionann ghabháil thaifeadta i nDúiche Shligigh agus 1,719, ar mhéadú 26% freisin é i gcomparáid le 2008. Faightear mionsonraí na ngabhálacha tráchtála agus slaite, chomh maith le léaráidí de na treochtaí, in aguisín 3. Is ábhar misnigh é go raibh treocht ardaithe shocair ann trí chéile sa ghabháil bradán le slat ó céadtiomsaíodh na figiúirí réigiúnacha sa bhliain 1981 (féach an graf sa tuarascáil BIRIT 2009 iomlán), cé go gcaithfear aithint go ndeachaidh an iascaireacht tráchtála ar an Muaidh in éag sna 1990í agus gur cuireadh toirmeasc ar an iascaireacht lín tharraingthe ón mbliain 2007 i leith. Léiríonn sé sin an tábhacht leanúnach a bhaineann leis an tslatiascaireacht bradán don turasóireacht sa réigiún. Chonacthas rith cuibheasach láidir de bhradáin earraigh isteach sa Mhuaidh chuig deireadh mhí an Mheithimh 2010, agus bhí an tslatiascaireacht go maith ag limistéir iascaireachta ceadaithe na habhann. Rinne slatiascairí 1,658 bradán a thaifeadadh ar an Muaidh faoi dheireadh mí an Mheithimh 2010.

Iascaireacht Breac Donn

Chonacthas feabhsú beag sa tslatiascaireacht don bhreac donn ar phríomhlochanna an réigiúin sa bhliain 2009 le hais 2008. Cuireadh cosc ar dhea-chúinsí don fhlaidireacht leis an aimsir dhoineanta agus leis na leibhéil uisce arda neamhshéasúracha. Bhain neamhsheasmhacht leis an iascaireacht breac ar Loch Con arís, agus roinnt slatiascairí in ann iascaireacht réasúnta a fháil laethana áirithe agus díomá ar iascairí eile. Tá an ghabháil thaifeadta iomlán, ag 1,944 breac, de mheáchan 2,041 punt (1.05 punt ar an meán), mar fheabhsú ar shéasúr na bliana 2008 áfach, nuair a taifeadadh 1,837 breac, de mheáchan 1,898 punt (1.03 punt ar an meán). Chonacthas feabhsú breise sa tslatiascaireacht breac ar Loch Arbhach sa bhliain 2009, agus na slatiascairí ag tuairisciú roinnt den spórt is fearr a

chonacthas ar an loch le blianta beaga anuas. Tugadh le fios sna tuairiscí go raibh treocht aníos san iascaireacht breac ar Loch Arbhach tar éis roinnt blianta ina bhfacthas torthaí díomácha, cé go raibh líon na n-iasc a gabhadh an-íseal go fóill.

Chonacthas siotaí gaoithe fuarga anoir aduaidh den chuid ba mhó don tslatiascaireacht ar Loch Con i mí Aibreáin agus sa chuid luath de mhí na Bealtaine 2010, agus ba mhinic solas geal na gréine bheith leo, rud a chuir deacracht leis na cúinsí. Fuarthas roinnt gabhálacha maithe le bréagchuileoga báite go luath sa séasúr d'ainneoin sin ámh. Chuaigh an aimsir i bhfeidhm ar iascaireacht na cuile Bealtaine freisin. D'éirigh go rathúil le slatiascairí bréagchuileog tirim agus tuairiscíodh roinnt gabhálacha maithe an tráth úd. Rinneadh an bádáireamh bliantúil ar Loch Con an 6 Meitheamh 2010 agus taifeadadh 262 bád air i gcomparáid le 245 sa bhliain 2009. Bhí an iascaireacht go rímhaith ar Loch Arbhach idir lár na Bealtaine agus lár an Mheithimh áfach, le goradh maith chuile Bealtaine i rith na tréimhse sin. Bhí an iascaireacht isló táirgiúil ag deireadh mhí na Bealtaine agus tuairiscíodh roinnt gabhálacha den scoth le corrmhiól spionta ag tús mhí an Mheithimh. Cosúil le Loch Con ab amhlaidh a taifeadadh sa bhádáireamh bliantúil ar Loch Arbhach an 28 Bealtaine 2010 154 bád i gcomparáid le 123 sa bhliain 2009.

Iascaireacht Breac Dea-dhathach

D'fhan Loch Bhaile an Locha, ar iascach breac dea-dhathach an Bhoird é, ar oscailt ar feadh gheimhreadh na mblianta 2008/2009. Ba bheag gníomhaíocht slatiascaireachta a rinneadh ar an loch le linn mhíonna an gheimhrigh, agus níor tháinig sí ar ais ar a seanléim go dtí mí an Mhárta. Bhi an loch coitianta arís ar feadh an phríomhshéasúir shlatiascaireachta i 2009, agus 1,458 breac á ngabháil le 533 slat, dar scaoileadh saor tuairim 80% díobh. 5 phunt ab ea an breac ba throime a taifeadadh. Thuairiscigh na slatiascairí 896 breac dea-dhathach sa dá mhí chuig 30 Meitheamh, le ní ba mhó ná 50% díobh á gcur ar ais mar chothrom na féinne.

Iascaireacht Breac Geal

Ba dhíomách í an iascaireacht breac farraige sa bhliain 2009 den chuid ba mhó de bharr tionchar na dtuile, rud ba chúis le mílítheacht an uisce le linn an phríomhshéasúir iascaireachta. Táirgeadh gabháil churiarrachta 662 breac san inbhear, atá i bhfad níos ísle ná an ghabháil 1,001 a tuairiscíodh sa bhliain 2008,

nach raibh ina shéasúr maith é féin. Chonacthas roinnte dea-iascaireachta breac ar Loch na Ceathrún Móire, le gabháil thaifeadta 416 breac dar scaoileadh saor an tromlach díobh. Ba chomhchosúil an iascaireacht breac farraige chuig deireadh mhí an Mheithimh 2010 ar an gcuid ba mhó de na hiascaigh leis an méid a chonacthas sa bhliain 2009. Bhí na gabhálacha breac geal síos go maith ar Loch na Ceathrún Móire áfach.

Slatiascaireacht Farraige

D'ainneoin tréimhsí fada d'aimsir bhriste, chonacthas bliain chuibheasach mhaithe don tslatiascaireacht farraige sa réigiún leis na cumainn éagsúla ag tuairisciú torthaí maithe óna gcomórtais bhliantúla. Ba mhaith an líon cineálacha éisc a gabhadh trí chéile. Taifeadadh éagsúlacht leathan speiceas le linn Fhéile Slatiascaireachta Farraige Bhéal an Mhuirthead 2009, lenar áiríodh mangach, glasán, fíogach, ballach breac, cnúdán dearg, cnúdán glas, cnúdán gorm, faoitín, daba, leith, langa, roc garbh, deoraí agus trosc. Bhí Cumann Slatiascaireachta Farraige Bhaile Uí Fhiacháin taobh thiar de thrí imeacht náisiúnta - An Craobhchomórtas Idirchúigeach Uile-Éireann, Craobhchomórtas Uile-Éireann na mBan agus An Craobhchomórtas Bád Oscailte Uile-Éireann. Thug an Bord urraíocht do chomórtas na n-óg arna eagrú ag cumann Bhaile Uí Fhiacháin. Tuairiscíodh an iascaireacht don siorc gorm bheith go maith ó cheantar an Mhullaigh Mhóir agus tuairiscíodh an iascaireacht chladaigh bheith go maith ar fud an réigiúin, go háirithe ar chósta Mhaigh Eo thuaidh idir Cill Chuimín agus Céide.

D'óstáil Cumann Slatiascaireachta Farraige Bhéal an Mhuirthead an Comórtas Idirnáisiúnta Baile don tSlatiascaireacht Bháid i mí na Bealtaine 2010, le foirne ó Éirinn, ó Shasana agus ón mBreatain Bheag ann. Moladh an imeacht as an rath a bhí uirthi, le 15 speiceas arna dtaifeadadh i measc ghabháil iomlán 1,532 iasc. D'eagraigh an Bord i gcomhpháirt le beirt scipéirí báid chairtfhostaithe mar chuid den tSeachtain Feasachta Iascach 2010 roinnt turas tosaigh shlatiascaireachta farraige ar éirigh go maith leo ar Chuanta Chill Ala agus an Inbhir araon, agus taifeadadh éagsúlacht speiceas iontu.

Iascaireacht Tráchtála Eascann

Níor tharla aon iascach tráchtála eascann sa réigiún sna blianta 2009 ná 2010 tar éis chinneadh an Rialtais thiar sa bhliain 2008, d'fhone na stoic a chaomhnú i gcomhréir le ceangaltais an Phlean Bhainistíochta de chuid an AE do na hiascaigh eascann.

Iascaireacht Oisrí

Níor tharla aon iascaireacht oisrí sa réigiún sa bhliain 2009 ná chuig 30 Meitheamh 2010.

RIALACHAS CORPORÁIDEACH

Bhainistigh an Bord a chuid oibriúchán i gcomhréir le ceangaltais na nAchtanna Iascaigh, le ceangaltais an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus leis an dea-chleachtas. Ba iad seo a leanas na príomhghnéithe a bhain le nósanna imeachta an Bhoird don Rialachas Corparáideach i rith na bliana.

- Rinne an Bord a Phleananna Gnó do 2009 agus 2010 a tháirgeadh agus a chur chun feidhme, agus rinneadh tuairiscí rialta um fhorfheidhmiú an phlean a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird lena n-athbhreithniú.
- Rinneadh na Tuarascálacha Bliantúla do 2008 agus 2009 a tháirgeadh agus a chur faoi bhráid an Phríomh-Bhoird Iascaigh faoi 31 Márta 2009 agus 2010 de réir mar ba gha faoi na hAchtanna Iascaigh 1980.
- Ullmhaíodh agus cuireadh Cuntais an Bhoird do 2008 faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (RCFAN) faoi 28 Feabhra 2009, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, agus faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi 31 Márta, mar a fhorordaítear san Acht Iascaigh, 1980. Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh agus imréiteach ar na Cuntais i mí an Mheithimh 2009. Ba é an Coiste Iniúchta agus an Bord a d'ullmhaigh agus d'athbhreithnigh dréacht-chuntais an Bhoird don bhliain 2009.
- Rinne Sheehan Quinn & Co., Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe iniúchadh inmheánach ar Nósanna Imeachta an Bhoird um Bainistiú Airgeadais. Thuairiscigh siad go raibh córas leordhóthanach um rialáil airgeadais inmheánach

curtha i bhfeidhm ag an mBord sna limistéir ar a ndearnadh iniúchadh. Dheimhnigh na hiniúcháirí gur tugadh aghaidh go sásúil ar na saincheistanna a tugadh aníos in iniúchadh inmheánach na bliana 2008, agus rinne siad roinnt moltaí breise d'fheabhsú sna rialálacha tar éis iniúchadh na bliana 2009.

- Bhuaill Coiste Iniúchta an Bhoird ar a chéile seacht n-uaire thar an tréimhse 18 mí agus bhí comhráite acu, gan an lucht bainistíochta bheith i láthair, leis na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha araon.
- D'fheidhmigh an Bord laistigh dá bhuiséad le linn na bliana 2009, agus chuir cuntais faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha de réir mar ba ghá. Bhí measúnú ar phriacail ghnó i bhfeidhm ag an mBord, ar a ndearnadh athbhreithniú go rialta. Leathnaíodh Téarmaí Tagartha Choiste Iniúchta an Bhoird leis an mBainistiú Priacail a chumhdach.
- Reáchtáladh cúig chruinniú Boird déag i gcaitheamh na bliana. Áirítear mionsonraí tinrimh agus caiteachas a íocadh leis na Baill Bhoird leis an tuarascáil BIRIT iomlán don bhliain 2009.
- Chomhlíon an Bord leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Áirítear leis seo thíos tuairisc ó Chathaoirleach an Bhoird, mar a fhorordaítear faoi chuid 13.1 den Chód.
- Meabhraíodh do na baill Bhoird a bhfreagrachtaí ag éirí as na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001. Chuir an CEO ráiteas faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird i gcomhréir le forálacha na nAchtanna.
- Bhuaill Coiste Sábháilteachta an Bhoird le chéile cúig huaire chun cúrsaí sábháilteachta a athbhreithniú agus cuireadh chun feidhme na moltaí a rinne an Coiste. Ghlac an Bord roinnt tionscnamh chun comhrac i gcoinne leathadh féideartha an Víris H1N1 (Fliú na Muc) i measc na foirne. Soláthraíodh feisteáin uirlisí Sláinte agus Sábháilteachta i ngach aon fheithicil de chuid an Bhoird, agus soláthraíodh cúrsaí oiliúna i ndáil le saincheistanna Sláinte agus Sábháilteachta agus freastalaíodh orthu siúd de réir mar ab iomchuí.

- Cuireadh an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) i bhfeidhm i leith gach ball foirne, agus glacadh beart leantach de réir mar ba ghá.
- Próiseáladh sé iarratas ar fhaisnéis a fuair an Bord faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise thar an tréimhse 18 mí. Tugadh faisnéis don Phríomh-Bhord lascaigh maidir leis an seachtú fiosrú.
- Comhlíonadh ceangaltais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 maidir le foilsiú Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntas Iniúchta an Bhoird do 2008, leis na leaganacha Gaeilge á n-ullmhú agus á gcur ar láithreán gréasáin an Bhoird.
- Chuaigh CEO an Bhoird ar scor an 30 Aibreán, agus rinne an Bord feidhmeanna an CEO a tharmligean don CEO Cúnta nó go mbunófar lascaigh Intíre Éireann.

Tuairisc an Chathaoirligh don Aire maidir le comhlíonadh leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit

A Aire,

Is mian liom an seasamh a thuairisciú duite maidir le forfheidhmiú an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit ag Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt. Chomhlíon an Bord le forálacha an Chóid. Bhí Cód Iompair Ghnó aige do na Baill Bhoird agus d'aontaigh gach ball comhlíonadh le téarmaí an chóid. Rinne gach ball Boird Nochtadh Leasanna i gcomhréir le forálacha Chuid 3, Aguisín A, den Chód Cleachtais. D'fheidhmigh an Bord Cód Iompair d'Fhostaithe i gcaitheamh na bliana freisin. Tá Cairt Chustaiméirí ag an mBord agus cuireadh é sin suas ar láithreán gréasáin an Bhoird. Chothabháil an Bord Clár Priacal Gnó, de réir mar ba ghá faoin gCód Cleachtais, agus rinneadh athbhreithniú air sin i gcaitheamh na bliana. Agus tagairt á déanamh do chuid 13.1 den Chód Cleachtais, is mian liom an seasamh seo a leanas a thuairisciú i ndáil le mo Bhordsa.

- i. Ní dheachaigh aon fhorbairt lenar bhain suntas tráchtála i bhfeidhm ar an mBord i gcaitheamh na tréimhse. Níor bhunaigh an Bord aon fho-chomhlachta, níor ghlac sé rannpháirt in aon chomhfhiontar ná níor shealbhaigh sé scaireanna.
- ii. Chomhlíon an Bord gach nós imeachta iomchuí don tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt na sócmhainní.
- iii. Ceanglaímse leis seo ráiteas um chóras rialála airgeadais inmheánaigh an Bhoird, i gcomhréir le ceangaltais chuid 13.1 (iii) den Chód.
- iv. Tá Cód Iompair Ghnó do Bhaill Bhoird i bhfeidhm mar a maíodh thuas, agus d'aontaigh na baill bheith faoi cheangal ag téarmaí an Chóid. Tá Cód Iompair d'Fhostaithe ann freisin maidir le foireann an Bhoird.
- v. Comhlíonadh beartas an Rialtais um pá Phríomhfheidhmeannach an Bhoird. B'ionann tuarastal an CEO idir 1 Eanáir 2009 agus 30 Aibreán 2010 agus €147,885, agus b'ionann tuarastal an CEO Fheidhmigh idir 1 Bealtaine 2010 agus 30 Meitheamh 2010 agus €12,929.
- vi. Comhlíonadh treoirlínte an Rialtais um íoc táillí stiúrthóra; níor íocadh aon táille le baill an Bhoird. Faightear mionsonraí na gcaiteachas (cinn taistil agus cothabhála i gcomhréir leis na rátaí údaráithe) a íocadh leis na baill Bhoird in aguisín 2 den Tuarascáil Bhliantúil.
- vii. Ní raibh aon eachtra shuntasach ann iar-chláir chomhardaithe go nuige seo. Níor chríochnaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh chuntais an Bhoird don tréimhse 18 mí go fóill, agus is amhlaidh dá réir nach féidir leis an mBord ach dréacht-chuntais a sholáthar ag an tráth seo. Cuirfear na cuntais neamh-iniúchta faoi bhráid do Roinnese, i gcomhréir le ceangaltais an Chóid Chleachtas, agus faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh i gcomhréir leis na ceangaltais reachtúla, ag féachaint do shíneadh na bliana airgeadais ag éirí as athstruchtúrú na seirbhíse iascach.

- viii. Táim sásta go ndearnadh na Treoirlínte do Mheastóireacht agus Bainistiú na dTograí Caiteachais Chaipitiúil a chomhlíonadh.
- ix. Táim sásta go bhfuiltear ag comhall le teoirlínte na Roinne Airgeadais i ndáil leis an taisteal, cé nach bhfuil an Bord tar éis glacadh le Beartas Taistil go foirmiúil.
- x. Deimhnímse gur ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais agus go gcomhlíonann an Bord le forálacha an Chóid.

Córais rialála airgeadais inmheánaigh - cuid 13.1 (iii) den Chód

1. Aithnínmse leis seo gurb é an Bord atá freagrach as a chinntiú go mbíonn córas rialála airgeadais inmheánaigh iomchuí i bhfeidhm laistigh den Bhord.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta ní deimhniú dearfa a sholáthar go mbíonn sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta údaráithe agus taifeadta i gceart, agus go mbíonn earráidí coiscthe nó braite in achar tráthúil.

2. Eochair-nósanna imeachta do rialáil airgeadais inmheánaigh éifeachtach

Tá an córas rialála airgeadais inmheánaigh a fheidhmíonn Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt bunaithe ar na bearta seo a leanas:

- Is é an Bord a ghlacann cinntí móra straitéiseacha agus a bhuaileann le chéile ag eatraimh rialta chun feidhmíocht a mhonatóireacht;
- Tá freagrachtaí sainmhínithe soiléire ann don lucht bainistíochta;
- Cuirtear na mórfhoinsí ioncaim faoi réiteach foriomlán agus roinntear na dualgais fhoirne go hiomchuí de réir mar is féidir, ag tabhairt san áireamh na priacail lena mbaineann agus an líon teoranta foirne;
- Ullmhaítear cuntais agus buiséid mhíosúla ó cheann ceann na bliana, agus is é an Coiste Iniúchta Boird agus an Bord a athbhreithníonn iad;

- Ullmhaítear buiséid i ndáil le gach aon bhliain agus táirgtear ráitis mhíosúla ioncaim agus caiteachais chun comparáid leis na figiúirí bhuiséadaithe a éascú;
- Tá córas iniúchta inmheánaigh i bhfeidhm ag an mBord faoina ndéanann cuideachta sheachtrach iniúcháirí iniúchadh. Is é Coiste Iniúchta an Bhoird, agus an Bord é féin de réir mar is cuí freisin, a bhreithníonn tuairiscí, a bhuaileann le chéile seacht n-uaire le linn na tréimhse 18 mí;
- Leathnaíodh Téarmaí Tagartha Choiste Iniúchta an Bhoird leis an mbainistiú priacail a chumhdach. Is é an coiste iniúchta agus an Bord féin a bhreithnigh na priacail ghnó, agus glacadh bearta sonracha do laghdú na bpriacal a aithníodh.
- Ghlac an Bord lámhleabhar beartas agus nósanna imeachta i leith na rialálacha inmheánacha um fháil agus eisíocaíocht cistí.

2. Nósanna Imeachta Oibriúcháin

Tá nósanna imeachta foirmiúla ann do cheannach gach earra agus seirbhís, d'fhaomhadh na sonrasc i ndáil le hearraí agus seirbhísí agus d'údarú íocaíochta i ndáil le hearraí agus seirbhísí, do shíniú seiceanna agus do shlándáil na seiceanna bána. Treisíodh na nósanna imeachta ina leith sin ó am go chéile agus táthar tar éis moltaí ag éirí as iniúchtaí inmheánacha, torthaí coiste iniúchta agus athbhreithnithe bainistíochta a chur chun feidhme.

4. Athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais Rialála Airgeadais Inmheánaí

Chuaigh Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt i mbun athbhreithniú ar an gcóras rialála airgeadais inmheánaí le linn na tréimhse 18 mí.

John Walkin
Cathaoirleach

Seirbhísí do Dhaoine le Míchumais

Lean an Bord ar aghaidh ag feabhsú sholáthar na rochtana ar sheirbhísí do dhaoine le míchumais mar seo a leanas:

- Feabhsaíodh láithreán gréasáin an Bhoird a thuilleadh d'fhonn comhlíonadh le Treoirlínte W3C maidir le hInrochtaineacht ábhair ar an nGréasán. Breithníodh riachtanais na ndaoine le míchumais i ndáil le gach ábhar fógraíochta arna tháirgeadh ag an mBord.
- Rinneadh feabhsuithe rochtana breise ag ceanncheathrú an Bhoird chun éascú do rochtain fheabhsaithe do dhaoine le míchumais.
- Bhí Oifigeach Rochtana Ainmnithe ar fáil chun plé le fiosruithe i ndáil le rochtain do dhaoine le míchumais.
- Cothabháladh na saoráidí dá raibh ann do shlatiascairí le míchumais de réir mar ba ghá.
- Nuashonraíodh an suirbhé "cuirtear san áireamh mé", a cuireadh i gcrích i mí an Mhárta na bliana 2008, i mí an Mhárta na bliana 2009 agus b'ann a deimhníodh go raibh an Bord fós ag sásamh na sprice 3% d'fhostú daoine le míchumais.
- Thuairiscigh an Bord don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus don Phríomh-Oifig Iascach i ndáil le dul chun cinn um fhorfheidhmiú an phlean earnálaigh agus um chaiteachas ar rochtain.

DRÉACHT-CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS NEAMHINIÚCHTA DO NA 18 MÍ GO DTÍ 30 MEITHEAMH 2010

Ioncam	Nótaí	18 Mí dár críoch 30ú Meithimh 2010	Bliain dár críoch 31ú Nollag 2008
		€	€
Ioncam an Oireachtais	1	4,584,184	3,317,305
Ioncam Eile	2	1,049,228	784,893
Glanchistiúchán iarchurtha le haghaidh pinsean	14c	740,000	676,000
		<u>6,373,412</u>	<u>4,778,198</u>
Aistriú ó Cuntais Caipitil	11	248,143	45,654
		<u>6,621,555</u>	<u>4,823,852</u>
Caiteachas			
Riarachán	3	2,171,359	1,614,716
Oibríochtaí	4	4,158,768	3,074,277
		<u>6,330,127</u>	<u>4,688,993</u>
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		291,428	134,859
Barrachas amhail 1ú Eanáir 2009		635,639	500,780
(Easnamh)/barrachas amhail 30ú Meithimh 2010		€ 927,067	635,639

Bord Iascaigh Réigiúnach an Tuaiscirt

Ráiteas an Chathaoirligh

Na sriantaí buiséadacha, agus go háirithe fógra an Rialtais i mí an Mhárta maidir le moratóir um earcaíocht foirne buaine nó sealadaí; chuaigh siad i bhfeidhm go mór ar chlár bliantúil oibreacha an Bhoird don bhliain. Tugadh faomhadh ina dhiaidh sin do chomhdú eochairphost tosaíochta chun croísheirbhísí don phobal a chothabháil mar thoradh ar aighneachtaí mionsonraithe leis an Roinn Airgeadais. Áiríodh leis sin comhdú ríthábhachtach an phoist fholaimh d'Oifigeach Comhshaoil Iascach i nDúiche an Chabháin, a aithníodh mar thosaíocht náisiúnta ó thaobh cothabháil an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le cosaint agus athchóiriú na saincheisteanna cáilíochta uisce i gcóras na hÉirne Uachtair.

Tháinig laghdú géar sa chistiú a bhí ar fáil chun leanúint ar aghaidh leis an saothar sin mar thoradh ar an meath sa gheilleagar, tar éis roinnt blianta d'infheistíocht shuntasach chaipitiúil um fhorbairt agus cothú na n-iascach i réigiún an Tuaiscirt trí mheán an Chláir Fhorbartha Náisiúnta. Ina ainneoin sin, shlánaigh an BIRT €49,000 tríd an gCiste Caomhnaithe Bradán Fiáin chun dul i mbun oibreacha feabhsúcháin ghnáthóige ar an Leacach i dtuaisceart Dhún na nGall. Dhírigh an Bord fuilleach na n-acmhainní a bhí ar fáil dó ar chlár leanúnach d'athchur nó deisiú an bhonneagair shlatiascaireachta ar fud an réigiúin.

Rinne an Bord clár cuimsitheach monatóireachta cáilíochta uisce agus measúnachtaí stoc éisc le linn na bliana ar aibhneacha, lochanna agus inbhir i gcomhar leis an PBI, EPA agus leis na hÚdaráis Áitiúla chun ceangaltais faoin gCreat-Treoir Uisce a shásamh.

Lean na cruinnithe maidir le hathbhreithniú na n-iascach intíre ar aghaidh i gcaitheamh na bliana, le foilsiú an Bhille um Iascach Intíre 2009 mar thoradh orthu, agus an deimhniú go gcuíchóireofar struchtúir an Phríomh-Bhoird Iascaigh agus na mBord Réigiúnach Iascaigh ina ngníomhaireacht amháin, Iascach Intíre Éireann. Iarchuirtear an dáta molta dílsithe don ghníomhaireacht nua chuig Aibreán 2010.

Bhuail an Bord le chéile aon uair déag i gcaitheamh na bliana, le cruinnithe fo-choiste breise á reáchtáil chun plé leis an iascaireacht tráchtála, an slatiascaireacht, an chosaint, eascainní agus Rialachas Corparáideach.

Athcheapadh John McLaughlin mar Chathaoirleach tar éis toghcháin ag an gcéad chruinniú Bhoird den bhliain an 26 Eanáir 2010. Reáchtáladh 6 chruinniú Boird san iomlán thar an tréimhse chuig 30 Meitheamh 2010. Bhí roinnt cruinnithe fo-choiste ann ina theannta sin maidir leis na coistí Slatiascaireachta, Iniúchta, Tráchtála agus Dúiche Iascach a reáchtáladh.

Níor éirigh leis na hiarrachtaí chun an t-aighneas leanúnach a réiteach maidir le hiascach Ghaoth Beara tríd an eadráin. Táthar ag coinneáil leis an gcúram tríd an Ard-Chúirt chun réiteach a thabhairt do bhainistiú foriomlán an iascaigh.

Síníodh comhaontú dlíthiúil idir an BIRT agus cumann slatiascaireachta an Chraoslaigh i ndáil le bainistiú foriomlán Abhainn an Leacaigh.

Tugadh cur i láthair do gach ball Boird ag Óstán Harvey's Point, Loch Iascaigh an 29 Meitheamh 2010 chun aitheantas a thabhairt don iliomad blianta seirbhíse le Bord Iascaigh Réigiúnach an Tuaiscirt.

Rialachas Corparáideach

Tuairisc maidir le forfheidhmiú an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

Is feasach do gach ball Boird agus tá siad lán-chomhlíontach le forálacha an tAcht um Chaighdeán in Oifig Phoiblí 2001, agus leis an gCód Iompair Ghnó.

Tá gach ball Boird tar éis Nochtadh Leasanna a dhéanamh i gcomhréir le forálacha chuid 3, Aguisín A, den Chód Cleachtais.

Is feasach do gach ball Boird agus tá siad lán-chomhlíontach le forálacha an Chóid Iompair Ghnó d'Fhostaithe.

Tá na cóid iompair ghnó nuashonraithe ar fáil ach iarratas a dhéanamh, agus rochtain ar chóip gach cód mar sin trí láithreán gréasáin an Bhoird.

Tá Cairt Chustaiméirí i bhfeidhm ag an mBord agus cuireadh í sin suas ar láithreán gréasáin an Bhoird.

Tuairisc le tagairt do chuid 10.2 den Chód Cleachtais: Ní dheachaigh aon fhorbairt lenar bhain suntas tráchtála i bhfeidhm ar an mBord i gcaitheamh na bliana. Níor bhunaigh an Bord aon fho-chomhlacht, níor ghlac sé rannpháirt in aon chomhfhiontar ná níor shealbhaigh sé scaireanna.

Chomhlíon an Bord gach nós imeachta iomchuí don tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, soláthar agus diúscairt na sócmhainní.

Tá ráiteas um chóras rialála airgeadais inmheánaigh an Bhoird, i gcomhréir le ceangaltais chuid 10.2 (iii) den Chód ar fáil i gcorp na Ráiteas Airgeadais freisin.

Mar a maíodh thuas is amhlaidh atáthar tar éis Cóid Iompair Ghnó do Bhaill Bhoird agus Fostaithe a chur i bhfeidhm agus cloíodh leo. Comhlíontar le beartas an Rialtais um pá Phríomhfheidhmeannach an Bhoird.

Comhalltar le treoirlínte an Rialtais maidir le híoc táillí Stiúrthóra; ní íoctar táillí le comhaltaí an Bhoird.

Ag an bpointe seo, níl imeachtaí suntasacha iar-chláir chomhardaithe tar éis tarlú. Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais an Bhoird 2009 ach caithfidh sé iad a shíniú fós. Dá bhrí sin, ní féidir leis an mBord ach dréacht-chuntais a sholáthar ag an am seo.

Cloíodh leis na Treoirlínte um Measúnú agus Bainistíocht ar Thograí Caiteachais Chaipitiúil.

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais agus cloíonn sé le forálacha an Chóid.

Rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a hiniúchadh bliantúil ar oibríochtaí agus ar chórais rialála airgeadais an Bhoird. Tháinig an fochoiste iniúchta le chéile ceithre huaire le linn na bliana 2009 agus ghlac an Bord go hiomlán leis na miontuairiscí agus na gníomhaíochtaí a tháinig as na cruinnithe seo.

Rinneadh iniúchadh inmheánach agus daingníodh san iniúchadh seo go raibh córas leordhóthanach rialála airgeadais inmheánaigh curtha chun feidhme ag an mBord. Scaipeadh moltaí iniúchta i measc an Bhoird agus cuireadh iad chun feidhme go hiomchuí.

De réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais CTA17, cheap an Bord achtúire chun dliteanas a Scéime Aoisliúntais Sochair Shainithe a luacháil. Áirítear torthaí na luachálacha le cuntais na bliana 2009.

An tSaoráil Faisnéise

Fuair an Bord iarratas amháin ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a ceadaiódh ina iomláine.

Ceisteanna Parlaiminte

Fuair agus d'fhreagair an Bord 12 ceist Pharlaiminteacha san iomlán i gcaitheamh na bliana.

Acmhainní Daonna

Tá líon lánaimseartha 41 ball foirne ceadaithe buan ag an mBord. Fanann post an CEO gan líonadh faoi láthair, le ceapadh an Dr. Milton Matthews, arna cheapadh mar CEO Feidhmeach, an 13 Samhain 2008 tar éis scor an tUas. H. Lloyd.

Níltear ag athnuachan aon phost buan a éiríonn folamh trí scor nó trí éagadh conarthaí sealadacha, mar thoradh ar an moratóir um earcaíocht foine a d'fhógair an Rialtas i mí an Mhárta 2009. Fostaíodh 12 ball foirne shealadacha breise chun dul i gceann tionscadal sonrach agus dualgas cosanta breise le linn na bliana 2009 tar éis taisceadh cáis ghnó do líonadh na bpost tosaíochta chun croí-sheirbhísí don phobal a chothabháil.

Lean an Bord ar aghaidh lena thiomantas don oiliúint agus forbairt foirne agus don tsláinte agus sábháilteacht. Chríochnaigh ceathrar ball foirne an Teastas um Bainistiú Iascach ag IT Shligigh.

Treoir Aireachta

Eisíodh Treoir Aireachta don Bhord faoi Alt 18A den Acht Iascaigh 1980, chun bearta iomchuí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go dtéitear i gcomhairle leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le forbairt. Cuirtear de cheangal ar an mBord tuairisc a thabhairt ar na comhairliúcháin a dtugtar fúthu agus ar thorthaí na gcomhairliúchán seo sa Tuarascáil Bhliantúil. Tá bearta iomchuí á gcomhaontú ag an mBord i láthair na huaire.

COSAINT AGUS CAOMHNÚ IASCACH

Dúichí Leitir Ceanainn agus Bhéal Átha Seanaidh

Tharla méadú mór i leibhéil na hiascaireachta mídhleathaí a chonacthas ar farraige agus ar na haibhneacha araon, in ainneoin an rith bradán bheith tearc den chuid ba mhó. Ní bhfacthas an leibhéal gníomhaíochta mídhleathaí céanna ó bhí na 1980í ann. Nochtadh borradh in athuair ar líontán daingnithe ar farraige i ndúiche Leitir Ceanainn de bharr méadú sna patróil mhara, agus gabhadh 24 líontán mídhleathach agus thángthas ar 2 iascairí le sruthlíontán ar bord acu.

Cuireadh síneadh leis an séasúr cosanta amach sa bhliain, agus tuairiscíodh gníomhaíocht mhídhleathach agus gabhadh líontáin chomh déanach le mí na Nollag.



Cosaint agus Caomhnú Iascach

Tionscnaíodh 84 ionchúiseamh san iomlán i ndúiche Leitir Ceanainn i gcaitheamh an tséasúir (ar bhain 39 díobh le haighneas slatiascaireachta Ghaoth Beara), agus tionscnaíodh 10 cinn breise i ndúiche Bhéal Átha Seanaidh. Bhain an móramh díobh le líontóireacht aibhneacha nó le húsáid inneall seasmhach (líontáin) ag suímh chois cósta nó oileánda. Rinneadh na rialacháin um chlibeáil bradán, teorainn mála agus cuóta a fhorghníomhú; agus seiceáil déantar ar ní ba mhó ná 1,698 ceadúnas slatiascaireachta agus turasleabhar.



Líon coigistithe

Cuireadh srian leis an tslatiascaireacht sa bhliain 2009 go dtí ceithre abhainn i ndúiche Bhéal Átha Seanaidh (An Duibh, An Drobhaois, An Eidhnigh agus Abhainn Ghlinne) agus go dtí ceithre abhainn i ndúiche Leitir Ceanainn (Abhainn Fhia, Gaoth Beara, Croithlí agus An Chrannach). Bhí comhall na slatiascairí leis na rialacháin go maith trí chéile, cé go ndearnadh roinnt ionchúiseamh in aghaidh slatiascairí ag iascaireacht ar aibhneacha a bhí dúnta lena gcaomhnú nó ar ar mhainnigh bradáin ghafa a chlibeáil. Braitheadh feallgheafáil na mbradán freisin ag suímh shonracha mar a mbailíonn an bradán le chéile le sruth ó easanna. Eisíodh fineálacha ar an toirt nó ionchúisimh ar Aibhneacha na Duibhe agus Thulacha Beigile i ndáil leis sin agus le cionta gaolmhara.

Bhí an tslatiascaireacht srianta arís go dtí ceithre abhainn i ndúiche Bhéal Átha Seanaidh sa bhliain 2010 (An Duibh, An Drobhaois, An Eidhnigh agus Abhainn Ghlinne), agus An Eidhnigh srianta do rialacháin chlibe doinne agus do bharrachas 283 bradán a comhroinneadh go cothrom idir na hearnálacha tráchtála lín tharraingthe agus slatiascaireachta.

Bhí cúig abhainn ar lán-oscailt don tslatiascaireacht bhradán i ndúiche Leitir Ceanainn (Abhainn Fhia, Gaoth Beara, Croithlí agus An Chrannach) agus An Chláidigh gan bheith ar oscailt ach amháin don ghabháil agus scaoileadh saor.

Loch Éirne Uachtair

Rinneadh patróil rialta ar bhuaicghníomhaíocht slatiascaireachta liús chun comhall leis na fo-dhlíthe liús a chinntiú. Is ard é leibhéal na feasachta agus an chomhail i measc slatiascairí áitiúla agus cuairte araon.

B'éigean patróil chosanta breise a stiúradh mar fhreagra ar theagmhais ghníomhaíochta iascaireachta mídhleathaí ina raibh inimircigh - ar de bhunadh oirthear na hEorpa de chuid ba mhó iad, ach iad go léir gan bheith dá bhunadh sin - ag díriú ar gharbhéisc. Bhain tromlach na dteagmhas le líon rí-íseal iasc, agus 13 liús agus 86 iasc eile san iomlán urghafa thar an séasúr. Tionscnaíodh 17 ionchúiseamh san iomlán, agus gearradh fineálacha agus costais mhóra dá mbarr sin ar chosantóirí in éineacht le forghéilleadh bás, líonta agus míreanna eile a urghabhadh.

COMHSHAOL UISCEACH - DÚN NA nGALL, LIATROIM AGUS SLIGEACH THUADH

Fiosrúcháin agus Pleanáil

Chuathas i mbun 1,343 measúnú agus fiosrúchán i ndáil le saincheisteanna uisceacha. Rinneadh iniúchadh ar 191 iarratas pleanála, leis na tuairimí ar thángthas orthu á gcur ar aghaidh chuig an Údarás Pleanála ábhartha. Bhain éagsúlacht le cineál na n-iarratas sin, idir fhorbairtí neamhúdaraíthe agus tograí teicniúla am-íditheacha hidreacha agus feirme gaoithe. Tá go leor díobh siúd ag dul tríd an bpróiseas pleanála reachtúil go fóill.

B'éigean roinnt comhairliúchán pleanála suímh d'athshuiteáil agus athchóiriú suímh hidrigh ag Abhainn Bhaile an tSratha ag *Aghadullagh*. Tiocfaidh an scéim chun críche agus coimisiúnaithe faoi cheann mhí an Mhárta 2010.



Cora iontógála nua agus saoráid pasáiste iasc ag Aghadullagh

Chuathas i gceann suirbhéanna feirme ar an Abhainn Bhuí (An Chrannach) agus ar an nGlaiseach íochtair/uachtair (An Leanainn) i gcaitheamh na bliana. Tugadh cuairt ar 17 aonad ar an Abhainn Bhuí, agus 16 acu arna rangabháil mar phriacal íseal agus 1 mar mheánphriacal. Tugadh cuairt ar 53 aonad ar chraobh-aibhneacha na Glaisí, agus 50 acu arna dtaifeadadh mar phriacal íseal agus 3 mar mheánphriacal. Déanfar tuilleadh monatóireachta ar gach feirm sa chatagóir priacail íseal.

Foraoiseacht

Rinne an Bord measúnú ar 28 iarratas foraoiseachta, agus cuireadh na moltaí ar aghaidh chuig an tSeirbhís Foraoiseachta. Taisceadh cion mór iarratas faoi FEPS (An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Foraoise) agus líon ní ba lú don fhoraoisiú agus don NWS (Scéim na Coillearnaí Dúchasaí).

Tuairiscí

Fuair agus d'fhiosraigh an Bord 49 tuairisc. Taifeadadh teagmhas báis iasc amháin ar an Abhainn Bhuí (An Chrannach) go luath i mí Eanáir. Mhainnigh ar an tsampláil fhiosraitheach foinse truailithe shainithe a bhrath.



Tuairisc um Sciorradh talún ag an Abhainn Ghlinne (Meán Fómhair 2009)



Sciorradh talún ag an Abhainn Ghlinne bainte di gan aon tionchar ar an abhainn féin

Bonneagar

Cuireadh tús le hoibreacha um shaoráidí cóireála dramhuisce nua agus uasghrádaithe do Chionn Locha agus Coillte Clochair i gcaitheamh na bliana. Cuirfidh na feabhsúcháin méadú leis an gcumas cóireála foriomlán (idir chinn hiodrálacha agus bitheolaíochta) agus forálfaidh siad freisin do bhaint an fhosfair. Tá an dá ghléasra laistigh d'abhantrach Loch Meilbhe agus is céim shuntasach í an infheistíocht um chosaint an dobharlaigh rí-leochailigh seo.



Oibreach ar fheabhsúcháin do WWTP Choillte Clochair

Uasghrádú WWTP Chionn Locha

Tá clár leanúnach ag na hÚdaráis Áitiúla d'oibreacha cothabhála ar struchtúir dhroichid, agus baineann fadhb leis sin ó thaobh na n-iascach de má dhéantar iad ag baint leasa as cleachtais oibre lochtacha. Bhí baint dhíreach ag an mBord sa mhéid sin le tionscadal cothabhála ag Clár Dhroim na nGuthann ar an Iascaigh ag limistéar sceathraí agus naíolainne do shalmainidí. Bhí diúilicíní péarla fionnuisce ann freisin. Bhí sé riachtanach dá réir nach ndeachaigh an clár oibreacha i bhfeidhm ar an acmhainn uisceach in aon chor. Aithníodh agus cuireadh chun feidhme nósanna imeachta bainistíochta docta dá éis sin lena chinntiú go mbíonn gach obair teoranta go hiomlán don struchtúr é féin.



Fo-réise droichid arna daingniú chun aon chailliúint ábhair chothabhála a chosc



Modhanna simplí coimeádta

Creat-Treoir Uisce

Lean an Bord ar aghaidh bheith gníomhach le Fóram na nÚdarás Áitiúil i nDúichí Idirnáisiúnta Abhantracha an Iarthuaiscirt agus Loch nEathach-na Banna. Chuir an Bord a thuairimí ar aghaidh i leith an Dréacht-Phlean um Bainistiú Abhantracha (RBMP) do Dhúiche Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt (NWIRBD) i mí an Mheithimh 2009. Áiríodh le tuairimí ina leith sin saincheisteanna a bhain le cairéil, foraoiseacht, oibreacha insrutha, uiscí comhroinnte agus dobharlacha rí-mhodhnaithe - a bhfuil roinnt díobh le fáil i gCo. Dhún na nGall.



Íostarraingt ar dhobharlach rí-mhodhnaithe - cad iad na himpleachtaí do theorainneacha caomhnúcháin?

Táthar chun na RBMPí deiridh a thabhairt os comhair an Údaráis áitiúil idir Eanáir agus Feabhra 2010, agus tuairiscítear ansin iad chuig an gCoimisiún Eorpach faoi mhí an Mhárta 2010.

Foilsíodh na dréachtpheananna fo-abhantraí don Diúilicín Péarla Fionnuisce thiar sa bhliain 2009, agus rinne an Bord a n-aighneacht i leith na bpleananna i mí an Mheithimh. Tá 6 cinn de na fo-abhantracha cosanta sin ag Dún na nGall, mar atá - Abhainn Fhia, Abhainn Choradh, An Chláidigh, An Iascaigh, *Glaskeelan* agus An Leanainn. Tá an speiceas incháilithe ag stádas meathlaitheach sna haibhneacha úd óir go n-aicmítear iad mar stádas measartha faoi CTU agus caithfear é sin a fheabhsú. Tharla an meath ina líonmhaireacht den chuid ba mhó de bharr teipe leanúnaí glúnta nua a tháirgeadh mar thoradh ar shioltachan gairbhéil nó ar shaibhriú cothaitheach, rud a fheictear le ró-fhás algaí nó macraifhítí.



Cailliúint dríodair ag éirí as creimeadh agus éagobhsaíocht bruaigh



SAC na hlascaí le ró-fhás macraifhítí

Caithfear straitéisí caomhnaithe a shannadh ar mhaithe le riachtanais na n-aibhneacha FPM chun tosca tagartha a fháil amach, agus chun na haibhneacha úd a thabhair ar ais chuig na tosca tagartha úd gan aon sioltachán ná cailliúint cothaitheach iontu.

Cothabháil Draenála

Tá roinnt aibhneacha Dhún na nGall mar chuid de chlár leanúnach d'Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) don bhainistiú bruachánach lena n-áirítear baint fásra roghnaithe, oibreacha insrutha agus feabhsú/atreisiú cois bruaigh. Tá na hoibreacha seo mar chuid lárnach den straitéis cothabhála draenála náisiúnta a bhfuil an OPW ina ceann ar abhantracha sonrach agus an reachtaíocht faoina bun.

Tá an Bord agus an OPW tar éis tuiscint a fhorbairt le blianta fada ar riachtanais gach eagrais agus táthar tar éis cleachtais, nósanna imeachta agus moltaí nua a fhorbairt. Táthar tar éis oibreacha forbartha iascaigh luachmhara a dhéanamh go comhuaineach le hoibriúcháin an OPW sa chuid is mó de na háisc, rud a chruthaigh toradh comhthairbheach don bheirt acu. Chuaigh an OPW i mbun oibre sa bhliain 2009 ar abhantrach na Duibhe lena áiríodh baint ábhar insrutha, sil-leagain ghairbhéil iomarcacha agus crainn ina seasamh thar an abhainn. Cruthaíodh linnte nua tar éis comhairle a fháil ón bPríomh-Bhord Iascaigh, rinneadh gairbhéil a athdháileadh go straitéiseach agus cuireadh cosc ar chreimeadh cois bruaigh. Táthar tar éis achar breise den Duibh a sceidealú d'oibreacha feabhsúcháin bhreise le linn na bliana 2010.



Abhainn na Duibhe tar éis oibreacha an OPW i 2009

Tuarascáil Comhshaoil Eanáir - Meitheamh 2010 do Dhún na nGall, Liatroim Thuaidh agus Sligeach Thuaidh

Chuathas i gceann 758 iniúchadh agus fiosrúchán sa tréimhse lenar áiríodh 63 iarratas pleanál, 10 san fhoraoiseacht, 6 cheadúnas doirte, 7 n-iarratas ar chead dramhaíola agus 27 tuairisc i leith díghrádú féideartha uisceach. Ba léir treocht is díol spéise i measc na n-iarratas ar thionscadail fheirme gaoithe sa tréimhse, agus b'fhollas naimhdeas bheith le roinnt suíomh ón bpobal áitiúil. Tá trí thogra den chineál sin leis An Bord Pleanál nó ag céim breis eolais dá bharr sin.

Creat-Treoir Uisce

Thug foireann IFI cúnamh don EPA leis na cúrsaí monatóireachta sa Mhaoil Rua, ar Loch Súilí, in inbhear Ghaoth Beara agus ar an Iascaigh. Bhí baint ag an bhfoireann freisin le Fóram na nÚdarás Áitiúil sa Tionscadal Comhroinnte Thuaidh Theas, agus d'fheidhmigh mar ionadaithe don IFI ag na cruinnithe.

Foraoiseacht

Bhí na hiarratais ar fhoraoisiú síos go maith, agus bhain an chuid ba mhó den ghníomhaíocht san earnáil le tanúcháin agus páirt-leagan na bhfáschoillte. Rinneadh iniúchadh rialta ar na suímh sa dara catagóir chun a chinntiú go ndearnadh na bearta ar chaoi

shásúil.



Oibreacha Sibhialta

Chuaigh an IFI i gcomhthadhaill i leith roinnt suíomh leis na hÚdaráis Áitiúla agus lena ngníomhairí ar dheisiúcháin agus athchur droichead agus rinneadh iniúchadh go rialta go dtí an chéim chríochnaithe. Ba ríleochaileach go leor de na suímh ó thaobh na n-iascach de, agus b'amhlaidh dá réir a bhain tábhacht leis an gcaoi nach mbeadh tionchar ag na hoibreacha ar an acmhainn uisceach.



Droichead le hathchur thar an Abhainn Ráite ar an bhFál Carrach.

COMHSHAOL UISCEACH - LOCH ÉIRNE UACHTAIR

Comhshaol Uisceach

Tugtar le fios ó mhonatóireacht leanúnach ar abhantrach na hÉirne, ar aibhneacha agus lochanna go bhfuil an t-eotrófú agus cailliúint na ngnáthóg ina bhfadhbanna leanúnacha nach beag. Thóg an BIRT 564 sampla san iomlán i gcaitheamh na bliana ó aibhneacha, srutháin agus lochanna in abhantrach na hÉirne. Rinne an Príomh-Bhord Iascaigh agus saotharlann sheachtrach anailís freisin ar na samplaí úd. Déantar anailís ar na samplaí uisce míosúla i gcomhair TP, MRP, TN, TON agus clóraifille; déantar trédhearcacht an uisce (Diosca Secchi) a thomhas san allamuigh freisin. Is iad na príomh-chomhábhair is buaireamh do cháilíocht an uisce i loch an TP agus an chlóraifill. Dealraítear ceantair áirithe bheith go dona ó thaobh an truailithe de, mar a táscadh sna blianta roimhe sin. Feictear iad sin den chuid is mó le sruth ó ghléasraí cóireála séaraigh, rud a thugann le fios go foriomlán gur faoi bhun na gcaighdeán atá an leibhéal eisilteach a dhoirtear uathu. Ba cheart go rannchuirdeadh an réimeas ceadúnúcháin nua de chuid an EPA le deisiú na faidhbe sin le himeacht ama, in éineacht leis an gclár monatóireachta leanúnach arb í foireann an BIRT atá ina bhun.

Pleanáil

Rinneadh iniúchadh ar 105 iarratas pleanála, leis na tuairimí ar thángthas orthu á gcur ar aghaidh chuig an údarás pleanála ábhartha. Léiríodh tacar éagsúil forbairtí sna hiarratais, idir fhorbairtí sa chlós feirme lenar áiríodh seideanna lataí, tithe cónaithe aonair agus cinn ar mhinic iad bheith casta agus achrannach ar nós plean Seoltóireachta Loch Uachtair agus plean Chanáil Chluain Eois, seach-bhóithre, tograí muiríne, agus uasghráduithe do Ghrúpscéimeanna Uisce. Bhain roinnt comhairliúchán leis an Údarás Áitiúil ábhar leis an gcuid ba mhó de na hiarratais. Theastódh comhairliúcháin díreacha leis an forbróirí comh maith leis na comhairligh chomhshaoil ó roinnt eile arbh ábhar buairimh iad.

Foraoiseacht

Rinne an Bord measúnú ar 30 iarratas foraoiseachta, agus cuireadh na moltaí ar aghaidh chuig an tSeirbhís Foraoiseachta. Bhain na hiarratais sin le foraoisiú,

leagan, An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Foraoise (FEPS), an Scéim Coillearnaí Dúchasaí (NWS) agus le tógáil bóithre.

Iniúchtaí

Rinne foireann BIRT ní ba mhó ná 6,000 iniúchadh neamhghnách agus gnáth-iniúchadh patróil ag suímh éagsúla in Abhantrach na hÉirne. Bhain na hiniúchtaí neamhghnácha le cineálacha éagsúla aonad a imlínítear thíos, agus cuimsíonn na gnáthchinn seiceálacha míosúla ag na suímh chéanna de gnáth.

Ionaid	Líon na nIniúchtaí
Feirmeacha	141
Cinn Tionsclaíocha	313
Dramhuisce & WTP	358
Oibreacha Innealtóireachta Sibhialta	4
Iniúchtaí Uisce Ginearálta	5313

Tábla 1: Iniúchtaí sa BIRT

Glacadh beart leantach tar éis na n-iniúchtaí úd do leasúchán aon fhadhbanna a thagann aníos Tionscnaíodh dhá ionchúiseamh.

Talmhaíocht

Rinneadh monatóireacht sa mhéid agus arbh fhéidir do ghníomhaíochtaí diúscartha sciodair. Taifeadadh teagmhais ilíocha den dumpáil nó míbhainistiú sciodair. Eisíodh 57 litir foláirimh. Rinneadh iniúchadh leantach i ngach aon chás féachaint ar ceartaíodh an fhadhb. Cuireadh trí shlad ar éisc san abhantrach sa bhliain 2009 i leith na gníomhaíochta talmhaíochta, ar bhain beirt acu le hobair thochailte a rinne an feirmeoir.



Teagmhas Truailithe

Cinn Tionsclaíocha

Rinneadh 1,313 seiceáil comhshaoil thionsclaíoch ar thionscail éagsúla sa réigiún. Rinneadh an seiceálacha úd thar na gnáthsheiceálacha, rinneadh iad mar thoradh ar thuairiscí truailithe ón bpobal nó mar iniúchtaí leantacha tar éis teagmhais arna mbrath ag baill fhoirne.



Teagmhas Truailithe

Gléasraí Cathrach

Rinneadh 358 iniúchadh comhshaoil ar ghléasraí cóireála séaraigh agus stáisiúin chaidéalúcháin de chuid na nÚdarás Áitiúil. Tionscnaíodh ionchúiseamh rathúil amháin i gcoinne Chomhairle Contae an Chabháin dá éis sin. Saincheist rialta a luaigh na hInnealtóirí Údaráis Áitiúil ab ea calcadh tionóisceach na stáisiún caidéalúcháin agus cur thar maoil uaineach na ndraenacha áir bháistí isteach sna huiscí dromchla tar éis teagmhas tuilte. Bhí Gléasra Cóireála Séaraigh Údaráis Áitiúil freagrach as 1 slad ar éisc sa réigiún sa bhliain 2009.

Sladanna ar Éisc

Tharla 5 shlad ar éisc sa chuid BIRT (RoI) d'Abhantrach na hÉirne mar a shonraítear thíos.

Dáta	Ionad	Speiceas	Cúis
24/06/2009	An Bhláthach	1 Róiste	Séarachas Údaráis Áitiúil
		1 Péirse	
13/06/2009	Abhainn na hEoghancha Abhainn na Cnapaí	84 Gliomach Fionnuisce & Diúilicíní Eala	Obair thochailte ag feirmeoir áitiúil
		1 Breac	
		1 Loimpre	
30/06/2009	Abhainn na hEoghancha Abhainn na Cnapaí	400 Gliomach Fionnuisce & Diúilicíní Eala	Obair thochailte ag feirmeoir áitiúil
		3 Eascann	
		5 Breac	
06/07/2009	Abhainn an Droma Mhóir	81 Breac Donn	ní fios
		16 Péirse	
		1 Hibrid	
21/9/2009	Abhainn Bhaile an tSraitha	Breac 986	Aonad feirme áitiúil, sampla tógtha
		Péirse 34	
		Gliomach Fionnuisce 369	
		Eascann 2	
		Liús 20	
		Loimpre 69	
		Róiste 46	

Tábla 2: Sladanna ar Éisc sa BIRT



Sladanna ar Éisc

Tuarascáil Comhshaoil Bhliantúil d'Abhantrach na hÉirne (An Cabhán, Muineachán, Longfort, Liatroim) Eanáir - Meitheamh 2010

Comhshaoil Uisceach

Rinneadh monatóireacht leanúnach ar aibhneacha agus lochanna Abhantrach na hÉirne. Tógadh 245 sampla sna míonna idir Eanáir agus Meitheamh agus rinneadh anailís ar na torthaí.

Pleanáil

Rinneadh iniúchadh ar 150 iarratas pleanála, leis na tuairimí ar thángthas orthu á gcur ar aghaidh chuig an Údarás Pleanála ábhartha. Léiríodh tacar éagsúil forbairtí sna hiarratais, idir fhorbairtí feirme gaoithe, aonad biteicneolaíochta, aonad athchúrsála plaisteach meashta, forbairt Bithpháirce, trasnuithe abhann do ghrúpscéimeanna uisce agus fhorbairt tithíochta ghinearálta. Bhain an chuid ba mhó de na hiarratais le roinnt comhairliúchán leis an Údarás Áitiúil ábhartha; bhain comhairliúcháin dhíreacha leis na forbróirí agus le comhairligh chomhshaoil i gcás roinnt eile de bhuaireamh mór.

Déantar oibreacha draenála in abhantracha éagsúla agus tugadh comhairle i leith na dtreoirínte a theastaíonn do na conraitheoirí roimh thosú na n-oibreacha úd. Rinneadh breathnóireachtaí dlútha freisin le linn fheidhmiú na n-oibreacha lena chinntiú nach raibh aon tionchar diúltach ar ghnáthóg na n-iascach.

Foraoiseacht

Rinne an Bord measúnú ar 18 iarratas foraoiseachta, agus cuireadh na moltaí ar aghaidh chuig an tSeirbhís Foraoiseachta. Bhain na hiarratais sin le foraoisiú,

leagan, An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Foraoise (FEPS), an Scéim Coillearnaí Dúchasaí (NWS) agus le tógáil bóithre.

Iniúchtaí

Rinne foireann BIRT ní ba mhó ná 3,975 iniúchadh neamhghnách agus gnáth-iniúchadh patróil ag suímh éagsúla in Abhantrach na hÉirne. Bhain na hiniúchtaí neamhghnácha le cineálacha éagsúla aonad a imlínítear thíos, agus cuimsíonn na gnáthchinn seiceálacha míosúla ag na suímh chéanna de gnáth.

Ionaid	Líon na nIniúchtaí
Feirmeacha	101
Cinn Tionsclaíocha	160
Dramhuisce & WTP	159
Oibreacha Innealtóireachta Sibhialta	5
Iniúchtaí Uisce Ginearálta	3485

Glacadh beart leantach tar éis na n-iniúchtaí úd d'fheabhsú aon fhadhbanna a chonacthas, agus tionscnaíodh 3 ionchúiseamh. Fuarthas ciontú amháin uaidh sin i mí Mheán Fómhair 2010, agus dhá chás eile ar feitheamh. Fuarthas ciontú rathúil amháin i mí Feabhra na bliana 2010.

Talmhaíocht

Eisíodh 28 litir foláirimh agus rinneadh iniúchadh leantach i ngach aon chás féachaint ar ceartaíodh an fhadhb.

Sladanna ar Éisc

Tharla 2 shlad ar éisc in Abhantrach na hÉirne de chuid Boird Iascaigh Réigiúnaigh an Tuaiscirt idir mí Eanáir - Meitheamh. Níor aithníodh aon fhoinsé, le 21 iasc maraithe san iomlán.

Tharla athstocáil Abhainn Bhaile an tSraitha tar éis ionchúisimh rathúil. Athstocáladh ní ba mhó ná 1,000 breac donn de chuid na hÉirne ar ais san abhainn.



Athstocáil Abhainn Bhaile an tSraitha

Cainteanna Comhshaoil

Tugadh 3 chaint REPS d'fheirmeoirí áitiúla agus reáchtáladh lá oideachasúil i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin in Ionad Bogach Bhéal Átha Beithe.

Creat-Treoir Uisce

Rinne an Bord roinnt suirbhéanna meastóireachta stoc éisc a stiúradh timpeall an réigiúin i ndáil le monatóireacht faireachais don Chreat-Treoir Uisce.

Rinneadh suirbhéireacht ar 7 loch san iomlán, ag obair i gcomhar leis an bPríomh-Bhord Iascaigh (mar atá Loch an tSeisigh, Loch Chionn Droma, Loch an Iúir, Loch Chlocháin Léith, Loch an Ghainimh, *Nashidna*, An Loch Ban) ag baint leasa as eangacha geolbhaí agus eangacha *fyke* suirbhéireachta. Rinneadh suirbhéireacht ar 3 shuíomh abhann (An Chláidigh, An Éirne agus An Fhinn) trí leictre-iascaireacht chun flúirseacht agus éagsúlacht an stoic reatha a fháil amach.

Rinneadh suirbhéireacht 6 dobharlach trasdula (inbhir) freisin (An Éirne, Doirinis, Bá Dhún na nGall cois cósta, Béal an Bheara, Loch Súilí agus An Inis). Is féidir teacht ar réamh-thorthaí na suirbhéanna sin ar an láithreán gréasáin www.wfdfish.ie. Thug an BIRT tacaíocht freisin don EPA i gcaitheamh na bliana as monatóireacht na cáilíochta uisce ar an Éirne, an Iascaigh, Loch Súilí, an Mhaoil Rua agus Béal an Bheara.

Thug foireann an BIRT cúnamh don EPA le sampláil na cáilíochta uisce ar an Éirne, an Iascaigh, ar Bhéal an Bheara agus ar Loch Súilí i rith na bliana mar chuid de cheangaltais na Creat-Treorach Uisce (CTU) d'uiscí trasdula.

Chuathas i mbun suirbhéanna leictre-iascaireachta ar fud an dobharlaigh i 16 córas abhann atá iata don tslatiascaireacht bradán chun críocha caomhnaithe. Soláthraítear meastacháin díreacha leis na suirbhéanna sin - lenar bhain suirbhéanna leictre-iascaireachta ag suímh roghnaithe ar fud gach aon abhainnchóras - ar fhlúirseacht an stoic óig bhradán do gach aon cheann de na haibhneacha úd chun tacú le moltaí bainistíochta na todhchaí.

Monatóireacht ar leibhéil Míolta Mara ar an mbreac geal

Leanadh ar aghaidh leis an tsampláil in abhainnchórais na hEidhní, na hlascaí, na Leanainne agus na Cranncha do bhreac geal fillteach agus iad fínithe le míolta mara. Tugadh faoi deara ualach mór míolta mara bheith ar an líon breac geal a samplaíodh, go háirithe ón Iascaigh. Is ábhar buairimh don Bhord go fóill é an tionchar féideartha ar oibriúcháin uisce-shaothraithe sna haibhneacha breac geal fiáin, i bhfianaise mhinice na sárúithe tromchúiseacha um thairseacha rialála míolta mara a taifeadadh ag saoráidí uisce-shaothraithe áirithe le blianta beaga anuas.

Iascaireacht Tráchtála Bradán

Bhí an t-iascach lín tharraingthe tráchtála bradán teoranta do thrí inbhear sa bhliain 2009:- Gaoth Luacharois Mór (Abhainn Fhia), Gaoth Beara agus Bá Inbhir (An Eidhnigh). Comhroinneadh an barrachas a bhí ar fáil sna hiascaigh sin go cothrom idir líonta tarraingthe tráchtála agus slatiascairí. De bharr meatha fhoriomláin i líon na mbradán ag filleadh ar na hiascaigh sin; glacadh cinneadh dul ar ais chuig an séasúr tráchtála traidisiúnta líon tarraingthe idir 12 Bealtaine agus 30 Iúil. Bhí na gabhálacha a tuairiscíodh síos go maith ar an TAC sna trí iascach go léir, agus níos lú ná a leath den ghabháil cheadaithe bainte.

Iascach	Gabháil lomlán	Cheadaithe	Gabháil Iarbhír
Gaoth Luacharois Mór	593		271
Gaoth Beara	284		127
Bá an Inbhir (An Eidhnigh)	404		129

Tábla 3: Gabhálacha tráchtála bradán 2009

Áiritheoir na hlascaí			
Bliain	2007	2008	2009
Líon na mBradán	1,080	957	894
Líon na mBreac	30	36	62
Líon lomlán Iasc	1,110	993	956
Barrachas Bradán	257	134	71

Tábla 4: Áiritheoir na hlascaí

Áiritheoirí Bradán

Chothabháil an Bord a gclár seirbhísithe, íoslódála agus gnáthchothabhála de na háiritheoirí bradán agus breac geal ar aib hneacha na hEidhní agus na hlascaí. Bhí na rití bradán síos ar na blianta roimhe sin sa dá abhainn, agus ba léir meath nach beag go háirithe san Eidhnigh. Bhí an rith bláthán go dona in ainneoin fhliuchras neamhshéasúrach an tsamhraidh, le tromlach na mbradán ag teacht ó lár mhí Iúil ar aghaidh.

ÁIRITHEOIR NA hEIDHNÍ			
Bliain	2007	2008	2009
Líon na mBradán	1080	957	894
Líon na mBreac	30	36	62
Líon lomlán Iasc	1110	993	956
Barrachas Bradán	257	134	71

Tábla 5: Áiritheoir na hEidhní



Áiritheoir lasc

Iascach Oisrí (Loch Súilí)

Choinnigh an Bord air ag déanamh dlúthmhonatóireachta ar an iascach oisrí i Loch Súilí le hiniúchtaí randamacha ar ghabhálacha oisrí agus ar bháid i gcaitheamh na bliana chun piocadh láimhe mídhleathach a chosc agus chun a chinntiú go gcuirtear oisrí róbheaga ar ais ó na gabhálacha dreideála. Tháinig laghdú ar líon na dteagmhas phiocadh láimhe oisrí sa bhliain 2009, den chuid ba mhó de bharr faireachais mhéadaithe.

Tugann an Bord spreagadh gan staonadh don chomhoibriú agus féin-rialúchán i measc an phobail iascaireachta traidisiúnta oisrí. D'fhreastail oifigigh an BIRT ar laethanta díolacháin oisrí chun ligean d'oifigigh lascaigh gabhálacha a iniúchadh agus chun a chinntiú nár tógadh aon oisre róbheag. Tháinig laghdú leanúnach ar an iarracht iascaigh fhoriomlán sa bhliain 2009 de bharr meatha san éileamh ón margadh agus tionchair an *Bonamia* (seadán prótasónach) ar an iascach.

Caomhnú Eascann

Thug Coimisiún an AE isteach Rialachán na Comhairle i mí Mheán Fómhair na bliana 2007 de bharr an mheatha leanúnaigh fhadtéarmaigh ar stoic eascann na hEorpa, faoinarbh éigean do gach Ballstát Pleananna Bainistíochta Eascann a ullmhú d'athshlánú na stoc lena gcur faoi bhráid an AE faoi 31 Nollaig 2008. Ritheadh reachtaíocht sa bhliain 2009 ag éirí as sin, lenar cuireadh cosc le

hiascaireacht, sealbhú nó díol eascann a gabhadh i bPoblacht na hÉireann. Chuir an mhoill le faomhadh pleananna Bainistíochta Eascann na Ríochta Aontaithe bac ar oibríochtaí cosanta san Éirne Uachtair, lena n-áirítear cuid Thuaisceart Éireann den Éirne, rud a chiallaigh go mb'éigean monatóireacht a dhéanamh ar cheannaitheoirí eascann ag taisteal isteach go Tuaisceart Éireann agus amach uaidi.

Ceann de na heochairbhearta bainistíochta a aithníodh sa phlean Bainistíochta Eascann do Dhúiche Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt (NWIRBD) ab ea tús a chur leis an gclár 'gaistiú agus iompar' d'eascanna geala de chuid BSL chun éalú na n-eascann geal imirceach le sruth timpeall saoráidí cumhachta hidrileictreacha ag Béal Leice agus Béal Átha Seanaidh ar chodanna íochtaracha de chóras na hÉirne. Rinneadh iascaireacht ar dhá shuíomh i gcaitheamh na bliana, le suíomh amhain suite ar Loch Éirne Uachtair agus an ceann eile ag *Ferny Gap* ag eisreabhadh Loch Éirne Íochtair. Gaistíodh agus iompraíodh 9.4 tona d'eascanna beo san iomlán le cúnamh ó oifigigh BSL, BIRT, DCAL (An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta). Ba iad OÉ, Gaillimh agus an PBI a rinne an mhonatóireacht eolaíochta.

Slatiascaireacht

Dúichí Leitir Ceanainn agus Bhéal Átha Seanaidh

Ba é Adrian McGrane ó Cheanannas Mór a ghabh an chéad bhradán de shéasúr na bliana 2009, ar an Drobhaois an 23 Eanáir, ar bhradán deas 10 bpunt é a bhronn Bialann Peak, Bun Dobhráin ar chiste bád tarrthála an INRBT. Bhain deacrachtaí leis an tslatiascaireacht bradán i gcaitheamh an tséasúir, le rith bláthán déanach díomách ag teacht ó lár mhí Iúil ar aghaidh. Tógadh na gabhálacha ab fhearr ar iascaigh na hAbhainn Fia agus Ghaoth Beara, agus an iascaireacht bheith go dona ar an Abhainn Iascaigh. Tháinig méadú ar mheánmhéid na mbradán fillteach, ar cúis mhisnigh é do tháirgeadh sceathraí na todhchaí.

Gabhadh an chéad bhradán den bhliain ar an Drobhaois arís an 1 Eanáir 2010 le linn aimsire fíor-fhuair (-7°C Celsius). Bhí meácha n 10 bpunt leis an mbradán, agus ba é Brian McEvoy ó Inis Céithleann a ghabh é le Bodairlín Tarrbhuí Devon le sruth ó Dhroichead na gCeithre Máistrí.

Chonacthas rith díomách de bhradáin an earraigh ar aibhneacha Dhún na nGall trí chéile, agus triomach géar ina dhiaidh sin amach san earrach agus go luath sa samhradh. Thosaigh an chéad rith bláthán den séasúr idir lár agus deireadh mhí an Mheithimh.

Bhí an tslatiascaireacht go maith síos tríd an mbliain go léir, agus tuairiscíodh iascaireacht sceire mhaith agus taifeadadh gabhálacha gearrthóirí den scoth i rith an tséasúir. Ba é an BIRT a d'óstáil an Dúshlán Traenála agus Foirne Slatiascaireachta Mara idirghníomhaireachta an Bhoird Iascaigh sna Cealla Beaga i mí Mheán Fómhair, le cúnamh luachmhar ó Scipéirí Cairte an Iarthuaiscirt, ó chomhghleacaithe PBI agus BIR. Léiríodh san imeacht, arna buachan ag an nGníomhaireacht um Chosaint Iascaigh Mhara, cáilíocht agus éagsúlacht na speicear atá ar fáil in uiscí Dhún na nGall, arna poibliú ag an **Irish Angler's Digest** a thuairiscigh an imeacht.



Dúshlán Traenála agus Foirne Slatiascaireachta Mara idirghníomhaireachta an Bhoird Iascaigh

Loch Éirne Uachtair

Bhí an gharbhiascaireacht ar an Éirne Uachtair fós ina mealladh do thurasóirí ón mBreatain agus ó Mhór-roinn na hEorpa, cé go ndealraítear meath bheith i líon na ngarbhiascairí ag teacht anall ón mBreatain.

Bhí na slatiascairí ar aon tuairim gur shásúil í an gharbhiascaireacht, cé go bhfuil siad buartha faoin easpa bran a bhraitear in uiscí áirithe.

D'éirigh go han-mhaith arís eile leis na féilte garbhiascaireachta a eagraíodh go háitiúil agus tháinig méadú suntasach ar an méid iomaitheoirí, go háirithe i mBéal Tairbirt, Muinchille agus Carraig Álainn. Bhí bliain rathúil eile ag an *King of Clubs* Sasanach, a bhí urraithe ag Irish Ferries agus Fáilte Éireann, agus ghabh 100 slatiascaire ar éisc de mheáchan iomlán 3,563.3 kg. Bhí meánmheáchan de 7.4 kg sna héisc a gabhadh ag gach pionna.

Bhí an tslatiascaireacht liús go han-mhaith ag tús na bliana agus thuairiscigh roinnt páirtithe cuartaíochta ó mhór-roinn na hEorpa gur gabhadh a lán liús beag. Gabhadh roinnt liús mór freisin.

Thaifid cumainn áitiúla ag a raibh iascaigh 'cuir-isteach-agus-beir-lead' á bhfeidhmiú acu go raibh ticéid lae á lorg ag a lán daoine agus tá roinnt cumann ag breithniú anois ar shrianta a chur leis an méid cuairteoirí, d'fhonn spás a chur i leataobh dá gcomhaltaí féin. Bhí an iascaireacht go sásúil ar Loch na Maí Duibhe, atá faoi bhainistiú ag an mBord, ach tháinig laghdú ar dhíolacháin cheadanna i gcomparáid leis an mbliain 2007.

Forbairt agus Feabhsú Iascach

Dún na nGall

Choinnigh an Bord air, i gcomhar leis na cumainn slatiascaireachta áitiúla, ag bainistiú roinnt eochair-iascach faoi úinéireacht stáit i gCo. Dhún na nGall lena n-áirítear an Iascaigh, Abhainn Fhia agus Gaoth Beara. Táthar tar éis comhaontuithe bainistíochta a shíniú le Cumann Slatiascaireachta Chloich Chionnaola (Aibhneacha Ráithe agus Thulacha Beigile) agus le Cumann Slatiascaireachta Dhún Fionnachaidh (Loch an tSeisígh, Loch an Phoirt agus Loch Úr). Thángthas ar chomhaontú leis an NWPS maidir le bainistiú na slatiascaireachta ar Loch Ghleann

Bheatha i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha le dhá bhád slatiascaireachta nua, transaim agus múrálacha arna soláthar ag an mBord.

Rinneadh gnáthchothabháil ar bhonneagar na slatiascaireachta, fálú, glanadh bruaigh agus feabhsú gnáthóg ar an nGaoth Beara, an Eidhnigh, an Iascaigh agus Abhainn Fhia.

Ciste Caomhnaithe Bradán Fiáin

Fuair an BIRT €49,000 san iomlán faoin gciste seo d'fheabhsú na gnáthóige bradán ar an Leacach, i nDún na nGall thuaidh. Chlúdaigh an tionscadal sin cruthú linnte chun cúnamh le himirce iasc, glanadh bruaigh roghnaitheach, agus fálú ar feadh craobh-aibhneacha tábhachtacha sceathraí leis an iascach féin. Cuireadh fálú ar feadh achar fada de na príomhshrutháin sceathraí d'fhonn rochtain ag beostoc ar bhruach na habhann a chosc, rud a ligeann d'fhásra nádúrtha cois bruaigh chun dídean agus beathú a sholáthar d'éisc óga. Comhlíonadh an glanadh bruaigh roghnaitheach ar feadh achar roghnaitheach inar tháinig tollánú ó rófhás crann agus tor.



Abhantrach na hÉirne Uachtair (An Cabhán, Muineachán agus Liatroim)

Ní raibh aon chistiú ar fáil sa bhliain 2009 tar éis roinnt blianta d'infheistíocht chaipitiúil nach beag i saoráidí slatiascaireachta trí chistí an NDP. Bhain athchur

clampaí agus dreapaí le hoibreacha forbartha a bhí tar éis éirí dearóil den chuid ba mhó. Déanann an BIRT clár rolltach deisiúcháin agus cothabhála de na struchtúir shlatiascaireachta de réir mar a cheadaítear leis na hacmhainní.

An Ciste Caomhnaithe Bradán Fiáin (Eanáir- Meitheamh 2010)

Faomhadh leis na tionscadail seo a leanas don chistiú sa bhliain 2010 faoi réir pleanála, comhaontuithe úinéirí talún agus ceadú na foirne sealadaí. Cuireadh na hoibreacha ar aghaidh tríd an bhfoinsiú allamuigh agus comhlíonadh na gcéimeanna pleanála agus féidearthachta de bharr an mhoratóir leanúnaigh um earcaíocht foirne.

	Molta	Ceadaithe
An Leacach	€170,000	€128,000
Abhainn Ghleann Ó gCanann	€13,000	€11,500
An Iascaigh	€50,000	€45,000
Cloich Chionnaola	€25,000	Gan cheadú

Loch Éirne Uachtair

Tháinig glanadh na dtosca moirtiúla roimhe sin ó leathadh na ndiúilicíní riabhacha ar fud chóras na hÉirne, rud a lig do bhorradh na macraifhítí. Theastaigh leithdháileadh acmhainní foirne breise uaidh sin chun dul i ngleic le fás fiailí nach beag i roinnt ionad comórtas, go háirithe ag Loch Uachtair.

Lean an Bord ar aghaidh ag soláthar cúnaimh d'imeachtaí agus féilte slatiascaireachta áitiúla agus urraithe. Áirítear leis an tacaíocht pleanáil, ullmhú ionad, glanadh cúrsaí snámha, pionnáil, comharthaíocht agus soláthar seirbhíse maoirseachta agus promhadh meáchain. Áirítear leis na himeachtaí dár tugadh cúnamh le linn na bliana:-

- Féile Mhuinchille na Cásca
- Rí na gClub Benelux
- Stena Challenge
- Féile Slatiascaireachta Loch an Scoir

- Féile Bhéal Átha Beithe
- Féil Slatiascaireachta Ármhach (Heineken)
- Rí na gClub Briotanach
- Féile Slatiascaireachta Mhuinchille
- Féile Slatiascaireachta Chora Droma Rúisc
- Féile 5 Lá Charraig Álainn

Cur chun Cinn agus Margaíocht

Na Seónna ar ar Fhreastail an BIRT	Leas
Pêche Loisirs, Clermont-Ferrand, An Fhrainc	Slatiascaireacht Liús & Géimiascaireacht
The Big One, Farnborough, An Ríocht Aontaithe	Garbhiascaireacht & Slatiascaireacht Farraige
An Seó Slatiascaireachta Náisiúnta, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath	Géimiascaireacht, Garbhiascaireacht & Slatiascaireacht Farraige
An tSlatiascaireacht in Éirinn, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann	Géimiascaireacht, Garbhiascaireacht & Slatiascaireacht Farraige
Seó Slatiascaireachta Visma, Rotterdam, An Ollainn	Slatiascaireacht Farraige, Breac Geal & Liús
Utrecht, An Ollainn	Slatiascaireacht Farraige & Liús
Gortrecht, An Bheilg	Slatiascaireacht Farraige & Liús

D'fhreastail foireann an BIRT ar roinnt seónna slatiascaireachta le linn na blianta chun an tslatiascaireacht a chur chun cinn sa réigiún. Tugadh freagra maith faoi deara, go háirithe ó sheó Clermont-Ferrand ó slatiascairí liús agus breac agus ó oibreoirí turas. Tháinig an chuideachta teilifíse Fhrancach 'Seasons' DVD faoin

bhFlaidireacht Liús a scannánaíodh ar an Éirne. Gineadh freagra dearfach comhchosúil ag na seónna Ísiltíreacha agus Beilgeacha um shlatiascaireachta farraige agus liús, ónar tháinig ailt leantacha ag iriseoirí, oibreoirí turas agus cuairteoirí chun an réigiúin.

Fáiltíodh roimh roinnt iriseoirí slatiascaireachta i gcaitheamh na bliana féachaint le hait fhoilsithe um iascaigh i réigiún an Tuaiscirt a ghiniúint. Tharla roinnt gné-alt ar iascaigh an réigiúin mar thoradh ar chuairteanna iriseoirí arna n-eagrú i gcomhar le Fáilte Éireann, Turasóireacht Éireann agus leis an bPríomh-Bhord Iascaigh, lenar áiríodh **Trout and Salmon** (L. Ghleann Bheatha agus L. Iascaigh), Zee **Engelsport** (Slatiascaireacht Farraige- An Ísiltír), **Beet Magazine** (Slatiascaireacht Liús- An Ísiltír), **Total Coarse Fishing** agus **Anglers Mail**.

Chuir an BIRT, i gcomhar le foireann PBI, bailchríoch le táirgeadh '**Guide to Pike Angling Waters in the Northern Fisheries Region**' a seoladh i mí Feabhra na bliana 2010 ag an seó **Slatiascaireacht Éireann 2010** i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath leis an iriseoir agus craoltóir slatiascaireachta, Matt Hayes. Is ann a sholáthraítear treoir chuimsitheach d'uisce slatiascaireachta liús sa réigiún, agus beidh sí ar fáil saor in aisce.

Áiríodh leis na seónna eile ar ar fhreastail foireann BIRT idir Eanáir agus Meitheamh 2010:-

Na Seónna ar ar Fhreastail an BIRT (Eanáir-Meitheamh 2010)	Leas
Peche Loisirs, Clermont-Ferrand, An Fhrainc	Slatiascaireacht Liús & Géimiascaireacht
The Big One, Farnborough, An Ríocht Aontaithe	Slatiascaireacht Farraige & Garbhascaireacht
An Seó Slatiascaireachta Náisiúnta, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath	Géimiascaireacht, Garbhascaireacht & Slatiascaireacht Farraige
Hooked Live, Iarthar na Cathrach, Co. Bhaile Átha Cliath	Géimiascaireacht, Garbhascaireacht & Slatiascaireacht Farraige
Seó Slatiascaireachta Visma, Rotterdam, An Ísiltír	Slatiascaireacht Farraige, Breac Geal & Liús

Nuashonraíodh an t-eolas slatiascaireachta do réigiún an Tuaiscirt ar an láithreán gréasáin, www.fishinginIreland.info, ina soláthraítear treoir chuimsitheach d'ionaid slatiascaireachta, nuashonruithe nuachta, comórtais agus soláthróirí ghléas iascaireachta. D'fhreagair oifigeach slatiascaireachta agus cigirí Dúiche an Bhoird ar fhiosruithe ginearálta tríd an séasúr agus thiomsaigh siad tuairiscí slatiascaireachta seachtainiúla ar fud an tséasúir. Seoltar nuashonruithe slatiascaireachta trí ríomhphost chuig slatiascairí agus iriseoirí i leith ár liosta dáileacháin tríd an séasúr.

Oideachas agus Feasacht Iascach (2008-2009)

Stiúradh an clár oideachais Something Fishy uair amháin eile i gcomhar le hionaid oideachais Dhún na nGall agus Mhuineacháin. Tugadh cuairt ar 12 scoil i gceantar Inis Eoghain, ar 16 scoil i nDún na nGall theas agus ar 17 scoile breise i gceantar an Chabháin. Spreagadh na scoileanna rannpháirteacha tionscadail ranga a thaisceadh i leith a dtaithí ar éisc, feithidí agus gnáthóg a n-abhann áitiúla. Roghnaíodh Scoil Niall Mór, sna Cealla Beaga mar bhuaiteoirí réigiúnacha agus ionad acu sa chomórtas ceannais náisiúnta.

Oideachas agus Feasacht Iascach (2009-2010)

Tugadh cuairt ar 23 scoil i ndúiche an Chabháin-Mhuineacháin faoin gClár Scoileanna Something Fishy lenar áiríodh óráid oideachasúil a thabhairt do leanaí ní ba shine agus óráid phraiticiúil ar gach aon leanbh agus speicis bheo iasc agus inveirteabrach a thaispeáint dóibh. Ghlac ní ba mhó ná 669 leanbh rannpháirt ann. Bhí comórtas áitiúil ann, agus duaiseanna ar na buaiteoirí.



S.N. Ros Eoghain Buaiteoirí foriomlána Something Fishy (Dúiche an Chabháin).

Ghlac ní ba mhó ná 1,000 dalta ar fud an réigiúin rannpháirt sa chlár le linn na bliana; de bharr 16 scoil breise i ndúiche Leitir Ceanainn agus 14 scoil i ndúiche Bhéal Átha Seanaidh bheith ann.

Tharla bronnadh na nduaiseanna réigiúnacha i nDún na nGall in Ionad Oideachais Dhún na nGall Dé Luain an 10 Bealtaine. Bhí ionadaíocht ag gach scoil a d'iontráil tionscadal ar an oíche úd. Iarradh ar leanaí ó scoileanna éagsúla achoimre ghairid a thabhairt dá dtionscadail sular fógraíodh na buaiteoirí. Bhí caighdeán den scoth ag na tionscadail, ach níorbh fhéidir ach buaiteoir amháin bheith ann ar an drochuair, agus b'in í S.N. Robertson ó Bhaile an tSratha. Bhí S.N. Chill Leacht Aodha sa dara háit agus bhí S.N. Fhionntrá sa treas háit.

Ba í Scoil Náisiúnta Robertson, Baile an tSratha a ceapadh mar Bhuaiteoirí Náisiúnta ag an bPríomh-Bhord Iascaigh i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath an 11

Meitheamh dá dtionscadal - the 'EELusive Eel'. Cuireadh críoch le réimse tionscadal, líníochtaí agus gníomhaíochtaí allamuigh um thimthriall, iompar agus meath domhanda na stoc eascann - agus é sin go léir le fáil ar DVD ceoil.



Seachtain Feasachta Iascach (22-30 Bealtaine 2010)

Eagraíodh réimse gníomhaíochtaí ar fud an réigiúin, agus freastal maith ag an bpobal orthu. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí:- taispeántais ghéimiascaireachta, gharbhiascaireachta agus slatiascaireachta farraige, teilgean bréagchuileoige, cóiriú bréagchuileoige agus siúlóidí cois abhann.

DRÉACHT-CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS NEAMHINIÚCHTA DO NA 18 MÍ GO DTÍ 30 MEITHEAMH 2010

Ioncam	Nótaí	18 Mí dár críoch 30ú Meithimh 2010	Bliain dár críoch 31ú Nollag 2008
		€	€
Ioncam an Oireachtais	1	4,226,901	3,404,724
Maoiniú ón AE	2	10,751	456,686
Ioncam Eile	3	417,265	530,537
Glanchistiúchán iarchurtha le haghaidh pinsean	15 (c)	745,136	367,943
		<u>5,400,053</u>	<u>4,759,890</u>
Aistriú ó Cuntais Caipitil	11	166,408	79,211
		<u>5,566,461</u>	<u>4,839,101</u>
Caiteachas			
Riarachán	4	2,411,455	2,013,670
Oibríochtaí	5	3,241,720	2,810,040
		<u>5,653,175</u>	<u>4,823,710</u>
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		(86,714)	15,391
Barrachas amhail 1ú Eanáir 2009		<u>440,657</u>	<u>425,266</u>
(Easnamh)/barrachas amhail 30ú Meithimh 2010		<u>353,943</u>	<u>440,657</u>

Aguisíní

		Bord an Oirthir	Bord an Deiscirt	Bord an Iar-dheiscirt	Bord na Sionainne	Bord an Iarthair	Bord an Iar-thuaiscirt	Bord an Tuaiscirt
Sceitheadh / Feabhsú Insrutha								
Méid Aibhneacha / Sruthanna a Cuireadh Feabhas Orthu	Méid	8	12	1	10	24	8	8
Infheistíocht i bhFeabhsú Insrutha / Sceite	€	15960	75000	10000	25000	90,000	188401	45,000
Fad na hAbhann nó an tSrutha a Forbraíodh	Km	3.7	2.5	0.7	5.4	57.3	4.3	5.4
Forbairt Slatiascaireachta								
Méid Tionscadal inar Cuireadh Feabhas ar Shaoráidí Slatiascaireachta	Méid	14	4	3	10	5	7	6
Infheistíocht i bhFeabhsú ar Shaoráidí Slatiascaireachta	€	91,633	25000	135000	15000	2,000	134063*	15000
Linnte Slatiascaireachta a Cruthaíodh	Méid	9	15	0	1	0	0	0
Dreapaí, Droichid Choisithe, Seastáin, Srl.	Méid	26	10	5	48	0	41	165
Spásanna Iascaireachta Breise a Cruthaíodh	Méid	254	24	25	0	0	3	40
Méid Garbhiasc a Aistríodh	Méid	0	0	0	2084	578	1826	59
Glanadh Bruaigh / Feabhsú Gnáthóige	Km	0	18	0	0	0	28.9	2.995
Suirbhéanna								
Suirbhéanna Bradán	Méid	193	3	13	52	11	7	2**
Suirbhéanna Garbhiasc	Méid	6	2	0	2	12	3	
Suirbhéanna Eile	Méid	0	0	0	16	9	1	
Infheistíocht i Suirbhéanna Iascaigh	€	69,931	96,000	12500	WFD	70,000	40035	

* Iena n-áirítear obair ar limistéar iascaireachta ceadaithe na hardeaglaise (71k) agus Scéim FÁS (21k)

** féach suirbhéanna WFD freisin

Aguisín 1. Forbairt Iascach agus Suirbhéanna a tugadh fúthu idir Eanáir 2009 agus Meitheamh 2010

		Bord an Oirthir	Bord an Deiscirt	Bord an Iar-dheiscirt	Bord na Sionainne	Bord an Iarthair	Bord an Iar-thuaiscirt	Bord an Tuaiscirt	Suim Iomlán
Rialú ar Thruailliú									
Sladanna ar Éisc a Tuairiscíodh	Méid	7	7	3	5	2	8	8	40
Sladanna ar Éisc de bharr na Talmhaíochta	Méid	0	5 (1 amhrastach)	0	1	0	1*	4	11
Sladanna ar Éisc de bharr Tionscail	Méid	0	0	0	0	0	0	0	0
Sladanna ar Éisc de bharr Eotrófaithe	Méid	0	0	0	0	0	0	0	0
Sladanna ar Éisc de bharr Údaráis Áitiúil	Méid	0	0	0	1	1	3	1	6
Cúiseanna Eile	Méid	5	2	3	3	1	4	3	21
Imscrúduithe Truailithe	Méid	1350	1322	195	1,180	1341	120	7,951	13459
Litreacha Rabhaidh a Eisíodh	Méid	54	430	83	35	24	36	75	737
Ionchúisimh Truailithe a Cuireadh Tús Leo	Méid	1	2	2	15	2	2	7	31
Cáilíocht an Uisce									
Samplaí Uisce a Tógadh	Méid	32	142	240	3,382	593	1,741	933	7063
Samplaí a rinne Saotharlann na mBord Réigiúnach Tástálacha Orthu	Méid	32	133	155	0	180	1,517	35	2052
Samplaí a rinne Saotharlann an PBI Tástálacha Orthu do na BIRa	Méid	0	0	69	2,648	0	180	575	3472
Samplaí a Tástáladh in Ionaid Eile	Méid	0	10	12	704	453	44	323	1546
Tástálacha Uisce Iomlána	Méid	32	142	240	3,352	1,865	1,741	933	8305
Meánmhéid na gCinntitheach ar a nDearnadh Tástálacha	Méid	5	3.4	5	5	5	9	16	48.4

* gníomhaíocht talmhaíochta ina cúis amhrasta

Aguisín 2. Tuarascáil i dtaca le Rialú ar Thruailliú agus Cáilíocht Uisce don tréimhse Eanáir 2009 go dtí Meitheamh 2010

		Bord an Oirthir	Bord an Deiscirt	Bord an Iar-dheiscirt	Bord na Sionainne	Bord an Iarthair	Bord an Iar-thuaiscirt	Bord an Tuaiscirt	Suim Iomlán
Stocáil Éisc									
Breac Donn a Stocáladh	Méid	301,500	100,990	0	507,200	3,000	6,350	337,000	1,256,040
Bradán a Stocáladh	Méid	42,000	0	0	0	108,000	0	0	150,000
Breac Dea-Dhathach a Stocáladh	Méid	3,000	0	74,000	33,330	0	15,754	0	126,084
Garbhiasc a Stocáladh	Méid	527	0	0	0	0	0	0	527
Suim Iomlán		347,027	100,990	74,000	540,530	111,000	22,104	337,000	1,532,651
Stocáil PBI do na Boird Réigiúnacha									
Breac Donn Óg	Méid	300,000	100,000	0	330,000	0	0	310,000	1,040,000
Breac Donn Samhraidh Óg	Méid	0	0	0	0	0	0	1500*	1,500
Breac Donn de Dhá Bhliain d'Aois	Méid	1,500	990	0	41,350	3,000	3,000	3,150	52,990
Breac Dea-Dhathach Óg	Méid	0	0	0	0	0	0	0	0
Breac Dea-Dhathach Samhraidh Óg	Méid	0	0	0	0	0	0	0	0
Breac Dea-Dhathach d'Aon Bhliain d'Aois	Méid	3,000	0	71,000	33,430	0	2,000	0	109,430
Breac Dea-Dhathach de Dhá Bhliain d'Aois	Méid	0	0	3,000	200	0	0	3,200	6,400
Breac Dea-Dhathach 3+	Méid							300	300

*Breac donn 1+

Aguisín 3. Tuarascáil Stocála Éisc don tréimhse Eanáir 2009 go dtí Meitheamh 2010

		Bord an Oirthir	Bord an Deiscirt	Bord an Iar-dheiscirt	Bord na Sionainne	Bord an Iarthair	Bord an Iar-thuaiscirt	Bord an Tuaiscirt	Suim Iomlán
Ceadúnas Slatiascaireachta Slaite Eisiithe									
Bradán / Breac Geal	2009 uimh.	1,266	2,321	2,753	1,348	2,292	5,555	2,779	18,314
Scairdheimhnithe	2009 uimh.	0	0	0	0	0	0	0	0
Ceadúnas Tráchtála Eisiithe									
Bradán									
Sruthlón	Méid	0	0	0	0	0	0	0	0
Líon Tarraingthe	Méid	0	2	29	10	16	2	25	84
Dréacht CFO		0	0	0	42	0	0	0	42
Líon Tarraingthe Áitiúil Speisialta	Méid	0	0	0	0	0	23	10	33
Sciob-Líon	Méid	0	37	0	0	0	0	0	37
Gaiste	Méid	0	0	0	0	0	0	0	0
Ceadúnais Eile	Méid	0	0	1	0	16	0	21	38
Ceadúnais Iomlána		0	39	30	52	16	25	46	208
Mangairí Bradán / Breac	Méid	92	43	41	36	27	27	36	302
Mangairí Eascann	Méid	7	1	28	2	0	2	2	42
Mangairí Moileasc	Méid	71	25	0	30	12	4	30	172
Iascaigh faoi Bhainistiú ag an mBord									
Iascaigh Bainistithe	Méid	1	2	15	27	6	7	7	65
Laethanta Slaite	Méid	1,500	964	13,000	n/b	1,807	4,192	814	22,277
Ioncam	€	1,000	8,768	172,073	109,255	127,504	212,902	38,485	669,987

Aguisín 4a. Tuarascáil um cheadúnais iascaireachta agus iascaigh faoi bhainistiú na mBord 2009.

* Iena n-áirítear 5 cheadúnas dreidireachta oisre agus 7 cheadúnas déileálaí moilisc

		Bord an Oirthir	Bord an Deiscirt	Bord an Iar-dheiscirt	Bord na Sionainne	Bord an Iarthair	Bord an Iar-thuaiscirt	Bord an Tuaiscirt	Suim Iomlán
Ceadúnas Slatiascaireachta Slaite Eisithe		le leanúint							
Bradán / Breac Geal	Méid	1017	1,303	1,948	911	1,131	3,111	1,808	11,229
Scairdheimhnithe	Méid	0	0	0	0	0	0	0	0
Ceadúnas Tráchtála Eisithe									
Bradán									
Sruthlón	Méid	0	0	0	0	0	0	0	0
Líon Tarraingthe	Méid	0	2	29	10	16	2	15	74
Dréacht CFO		0	0	0	37	0	0	9	46
Líon Tarraingthe Áitiúil Speisialta	Méid	0	0	0	0	0	22	0	22
Sciob-Líon	Méid	0	37	0	0	0	0	0	37
Gaiste	Méid	0	0	0	0	0	0	0	0
Ceadúnais Eile	Méid	0	0	1	0	0	0	0	1
Ceadúnais Iomlána		0	39	30	47	16	24	24	180
Mangairí Bradán / Breac	Méid	57	43	30	21	16	16	0	183
Mangairí Eascann	Méid	0	0	0	0	0	0	0	0
Mangairí Moileasc	Méid	63	24	28	28	10	7	11	171
									0
Iascaigh faoi Bhainistiú ag an mBord									0
									0
Iascaigh Bainistithe	Méid	2	2	15	27	6	7	6	65
Laethanta Slaite	Méid	300	867	3,000	n/b	882	2,818	720	8,587
Ioncam	€	1,500	n/b	n/b	60,584	66,615	141,979	35,089	305,767

Aguisín 4b. Tuarascáil um Cheadúnais Iascaireachta agus Iascaigh Faoi Bhainistiú na mBord Eanáir go dtí Iúil 2010

		Bord an Oirthir	Bord an Deiscirt	Bord an Iar-dheiscirt	Bord na Sionainne	Bord an Iarthair	Bord an Iar-thuaiscirt	Bord an Tuaiscirt	Suim Iomlán
Cosaint & Faireachas									
Bádphatróil	Daonuaireanta	4,875	8,555.00	5350	13,160	4,535	4,176	4,057	44,708
Ghearrthéarmacha	Slata	1,750	3,600	12,259	2,934	6,532	6,597	8,171	41,843
Líonta a Urghabhadh	Méid	10	0	0	5	0	0	18	33
Báid a Urghabhadh	Méid	43	42	28	34	5	28	137	317
Ionchúisimh a Cuireadh Tús Leo									

Aguisín 5. Tuarascáil Chosanta agus Faireachais Eanáir 2009 go dtí Meitheamh 2010

An Fhoireann		An Príomh-Bhord	Bord an Oirthir	Bord an Deiscirt	Bord an Iar-dheiscirt	Bord na Sionainne	Bord an Iarthair	Bord an Iar-thuaiscirt	Bord an Tuaiscirt	Suim Iomlán
An Fhoireann Sheasta	Méid	39	41	31	31	45	51	41	41	320
An Fhoireann Shealadach Cistithe ag an Státhchiste	Méid	27	0	4	0	5	0	0	0	36
An Fhoireann Cistithe ag Tionscadail (AE nó Tionscadail eile)	Méid	12	0	0	0	2	3	0	0	17
An Fhoireann Iomlán		78	41	35	31	52	54	41	41	373
An Fhoireann Forbartha / Sheachtrach	Méid	50	4	5	4	18	16	9	10	116
An Fhoireann Cosanta	Méid	0	26	21	18	21	24	22	22	154
An Fhoireann Truaillithe / Comhshaoil	Méid	0	6	4	2	3	1	2	2	20
An Fhoireann Riaracháin / Airgeadais & Comhaltaí Foirne Eile	Méid	29	5	5	7	7	10	8	7	78
An Fhoireann AE + Comhaltaí Foirne Eile		12	0	0	0	3	3	0	0	18
An Fhoireann Iomlán		78	41	35	31	52	54	41	41	373

Aguisín 6. Tuarascáil foirne 2008

Aguisín 7. Comhaltaí na mBord Iascaigh Réigiúnach Meitheamh 2010

	Bord an Oirthir	Bord an Deiscirt	Bord an Iar-deiscirt	Bord na Sionainne	Bord an Iarthair	Bord an Iar-thuaiscirt	Bord an Tuaiscirt
Cathaoirleach	John Chambers	Joe Teesdale	Ms. Ellen Godfrey	Michael Callaghan	Lal Faherty	John Walkin	John McLaughlin
Ionadaithe Slatiasc. Bradán	Kieran Caffrey	Jim Wemyss	Paul Lawton	Jim Horgan	Martin Beatty	Seamus Henry	Chris Shaw
	Roddy Minogue		D.J. O'Riordan	Andy McAllion	Lal Faherty	Declan Turnbull	Gerry McNulty
Ionadaithe Líon Tarraingthe	Brendan Long		Jack Howard	Gabriel McKenna (RIP Iúil 09)	John Joe Flaherty	John Munnelly	John McIntyre
	Leo Boyle		Denis Teahan	John Slattery			
	Edward McCormack			-			
Ionadaithe Sruthlín	Martin Costigan	David Neal	Seamus DeBurca	Patrick Peril	John Needham	Michael Waters	Vacant
		Michael Connors	Thomas B. O'Rourke	Matthew Benn	Christy Martyn	Melvin Tighe	Roger Curran
		John Furlong		-	Francis Flanagan		Stephen McGonagle
		Tom Walsh		-			
Ionadaithe Líoniascairí Bradán Eile		Peter Walsh		-			Mary O'Donnell
		John Carroll		-			
Ionadaithe Ceadúnais Eascann.	Anthony Wilde	Pat Diggins		Michael Flanagan	Michael Gannon	John Hughes	Kieran Lynch
Áititheoir Rátaithe Slatiascaire Breac	John Murphy	Joe Teesdale (Cathaoirleach)	Ms. Ellen Godfrey	Edmond P Costelloe	Leslie Lyons	Peter Layden	Shane Gallagher
	Stewart McGrane	Michael Byrne		Martin McEnroe	John Burke	Finian Dodd	Frankie Byrne
		Kyrle Delaney		Michael Callaghan	Paddy Tierney	Francis Taaffe	
Slatiascaire Garbhiasc	John Chambers	Michael Walsh		Sean Young	Vacant		Brendan Coulter
				Joe O'Donoghue			Terence Sheridan
Slatiascaire Mara	Hugh O'Rorke	Paddy Power (RIP Bealtaine 2010)	John Martin	Jim Robinson	Duncan Brown	John Walkin	Bill McGarvey
Comhalta Saoil IFT	Patrick J. Conneff	David Willis	Gerry Keating	Patrick J Isdell	Edmond Cusack		Patrick Foley
Comhalta Foirne	Kevin O'Brien	Pat Bowe	John Harte	Seamus McDermott	Ruaidhri De Barra	Padraic Traynor	-
Ionadaithe Oisre Ceapaithe Airí			Joe Tansley	-	vacant	Paddy Quinn	
	Carmel Lynn	John Condon	James Doyle	Cllr. Mary Bohan	Mary O'Muircheartaigh	James Maloney	Patrick Sweeney
	Des Taylor	Mary Ferns		Declan Quigley	Marie O'Connor	Brendan O'Mahony	Matt Caulfield
	Anne Farrell	Anne Gibbons	John Harrington	Mary Candler-Kennedy	Dr. Jimmy Dunne	Anthony Ferguson	Maeve Quinn
	Betty Hayes	Folúntas 1	John Lucey	Peg Ward-Heslin	Tomas Browne	Mary Gallagher McBride	Caroline Connolly
	Karin Dubsky	Folúntas 2	Marry O'Connor	Paddy Mackey	Vacant	Mary Hensey	Joan Kelly
	Michael Joyce	Folúntas 3		Breege Murray	Vacant	Ann Campbell	Enda Bonner
		Folúntas 4		Kevin Duffy	Vacant	Ann Geary	Jerry Lundy

	Díolacháin ceadúnas	Logleabhair seolta ar ais	% Logleabhair seolta ar ais	Fachtóir ardúcháin
Réigiún				
Bord an Oirthir	1,266	1,085	85.70%	1.050
Bord an Deiscirt	2,321	1,896	81.69%	1.067
Bord an Iardheiscirt	2,753	2,238	81.29%	1.069
Bord na Sionainne	1,348	1,056	78.34%	1.083
Bord an Iarthair	2,292	1,697	74.04%	1.105
Bord an Iarthuaiscirt	5,555	2,950	53.11%	1.265
Bord an Tuaiscirt	2,779	1,968	70.82%	1.124
Náisiúnta	18,314	12,890	70.38%	1.126

Aguisín 8. Díolachán ceadúnais slatiascaireachta agus logleabhair a seoladh ar ais i ngach Bord Iascaigh Réigiúnach sa bhliain 2009.

Catagóir Cheadúnais	Ceadúnas Bliantúil A	Ceadúnas Ceantair B	Ceadúnas Ógánaigh P	Ceadúnas 21 Lá R	Ceadúnas Aon Lá S	Síneadh an Fheabhail Thiar	Ceadúnas Áitiúil Speisialta W	Ceadúnais Iomlána don Réigiún
Bord an Oirthir	486	601	73	88	16	2	0	1266
Bord an Deiscirt	376	893	111	750	191	0	0	2321
Bord an Iardheiscirt	589	1384	123	514	143	0	0	2753
Bord na Sionainne	253	881	117	73	24	0	0	1348
Bord an Iarthair	356	812	133	707	270	14	0	2292
Bord an Iarthuaiscirt	547	2167	424	1890	460	67	0	5555
Bord an Tuaiscirt	233	1029	185	456	197	539	140	2779
Náisiúnta	2840	7767	1166	4478	1301	622	140	18314

Aguisín 9a. Díolacháin ceadúnais slatiascaireachta i ngach Bord Iascaigh Réigiúnach i 2009.

Catagóir Cheadúnais	Ceadúnas Bliantúil A	Ceadúnas Ceantair B	Ceadúnas Ógánaigh P	Ceadúnas 21 Lá R	Ceadúnas Aon Lá S	Síneadh an Fheabhail Thiar	Ceadúnas Áitiúil Speisialta W	Ceadúnais Iomlána don Réigiún
Bord an Oirthir	273	313	38	53	16	0	4	697
Bord an Deiscirt	102	301	37	250	67	0	0	757
Bord an Iardheiscirt	555	1103	89	145	50	0	0	1942
Bord na Sionainne	128	421	24	4	1	0	0	578
Bord an Iarthair	276	533	56	214	43	9	0	1131
Bord an Iarthuaiscirt	382	1372	167	506	114	101	-	2642
Bord an Tuaiscirt	110	535	50	184	14	441	77	1411
Náisiúnta	1744	4456	461	1356	305	551	81	8954

Aguisín 9b. Díolachán ceadúnais slatiascaireachta i ngach Bord Iascaigh Réigiúnach

Eanáir-Meitheamh 2010

Ceantar lascaireachta	Cineál Innill	Abhainn	Bradán a Gabhadh	Breac Geal a Gabhadh	Gabháil Iomlán Bradán agus Breac Geal a Tuairiscíodh
Port Láirge	Sciob-Líon	An Fheoir	211	10	221
Lios Mór	Líon Tarraingthe	An Abhainn Mhór (Cúige Mumhan)	64		64
Lios Mór	Sciob-Líon	An Abhainn Mhór (Cúige Mumhan)	368		368
Corcaigh	Líon Tarraingthe	Abhainn na Bandan	59	9	68
		An Aighlinn	44	0	44
		An Laoi (Corcaigh)	1,182	8	1,190
Ciarraí	Líon Tarraingthe	Abhainn Chárthaí	13	5	18
		Abhainn na hUíne (An Cnoc Maol)	28		28
		An Leamhain	1,620	3	1,623
		An Abha Mhór (Cé Bhréanainn)	95	6	101
		An Ruachtach	12		12
Luimneach	Líon TarraingtheCFO	An Fhéil	1,252		1,252
Baile na Cille	Líon Tarraingthe	Abhainn an Chlocháin	6		6
		Abhainn Damhrois	8		8
		Abhainn agus Loch Delphi	6		6
		Abhainn Oirimh	40		40
		An Caoláire Rua (nóta 1)	94		94
Beannchar	Líon Tarraingthe	An Abhainn Dubh	456		456
		An Abhainn Mhór	674	2	676
Béal Átha Seanaidh	Líon Tarraingthe	An Eidhnigh	127	2	129
Leitir Ceanainn	Líon Tarraingthe	Gaoth Beara	127		127
	Líon TarraingtheSpeisi alta Áitiúil	Abhainn Fhia	271		271
Iomlán			6,757	45	6,802

Aguisín 10. Gabhálacha tráchtála agus slatiascaireachta de bhreac geal agus bradán de réir abhann ó thorthaí logleabhair sa bhliain 2009.

	Líon Clibeáilte go dtí Meitheamh 2010	Líon a Athghabhadh go dtí Meitheamh 2010	% Ais-ghabhálacha	Méid Laethanta Saoirse	Fad an Turais (Mílte)	Líon Clibeáilte i 2009- Meitheamh 2010
Siorc Gorm	18422	828	4.49	180827	0-4250	188
Siorc Craosaire	149	7	4.70	71-3947	89-2300	21
Siorc Súisteála	1	0	0.00	-	-	0
Gearrthóir	6299	421	6.68	28-6587	0-2185	257
Láimhíneach	1027	190	18.50	0-4525	0-720	0
Sciata	1174	156	13.29	501022	0-120	38
Sciata Socfhada	3	0	0.00	-	1	0
Sciata Bán	21	1	4.76	975	3	0
Roc Fionn	711	115	16.17	26-1871	0-45	4
Roc Dústrioctha	1094	55	5.03	0-2676	0-60	0
Roc Garbh	9582	281	2.93	0-2190	0-80	264
Roc Dathannach	262	13	4.96	13-1398	0-20	0
Roc Mín	341	13	3.81	294-1373	0-72	11
Fíogach Gobhach	120	0	-	-	-	67
Bas	1805	56	3.10	0-1373	0-88	0
Milléad Liath	311	5	1.61	0-275	0-200	0
Leith	287	30	10.45	0-738	0-3.5	0
Roc an Gha Nimhe	40	0	0.00	-	-	0
Fíogach Mór	90	5	5.56	103-1499	0-125	17
Daba	43	2	4.65	378	2	0
Scoirneach	102	0	0.00	-	-	45
Leathóg	5	1	20.00	70	0	0
Tuinnín Gorm	11	0	0.00	-	-	0
Suimeanna Iomlána	41,900	2,179				912

**Aguisín 11. Speicis Mhuirí Clibeáilte agus Athghafa suas go dtí Nollaig 2009.
(Tiomsófar sonraí do 2010 don tuarascáil 2010)**




Fig.1 Gabháil bradán agus breac geal thráchtála agus slatiascaireachta de réir chineál innill 2009.




Fig 2. Céatadán de logleabhair seolta ar ais i ngach Bord Iascaigh Réigiúnach i 2009.




Fig 3. Náisiúntacht na slatiascairí a cheannaigh ceadúnais iascaireachta bradán i 2009.




Fig 4. Diúscairt na mbradán gabháilte ag iascairí tráchtála i 2009.

An Príomhbhord Iascaigh
Campas Gnó Shord
Sord
Co. Bhaile Átha Cliath
Eire.

Web: www.cfb.ie
Email: info@cfb.ie
Tel: +353 1 8842600
Fax: +353 1 8360060



Central Fisheries Board
An Príomh-Bhord Iascaigh